# *Treaty Series*

*Treaties and international agreements registered or filed and recorded with the Secretariat of the United Nations*

VOLUME 1378

# *Recueil des Traités*

*Traités et accords internationaux enregistrés ou classés et inscrits au répertoire au Secrétariat de l'Organisation des Nations Unies*

United Nations • Nations Unies
New York, 1993

Volumes 1374 to 1378 contain the texts drawn up and adopted within the Conference between the European Communities and the States which have applied for accession to those Communities, registered under No. I-23108. The first two volumes reproduce the official texts of the Treaty of 22 January 1972 and of the Council Decision of 1 January 1973 in Italian, Danish, Dutch, English, French and German, each volume being devoted to three official texts, i.e.:

Volume 1374: Italian, Danish and Dutch.

Volume 1375: English, French and German.

Volume 1376 contains the texts of the Treaty and of the Council Decision in Irish as well as the texts of the Treaties annexed in Danish.

Volume 1377/1378 contains the texts of the Treaties annexed in English (volume 1377) and in Irish (volume 1378).

---

Les volumes 1374 à 1378 renferment les textes établis et arrêtés au sein de la Conférence entre les Communautés européennes et les Etats ayant demandé l'adhésion à ces Communautés, enregistrés sous le numéro I-23108. Dans les deux premiers volumes, le texte officiel du Traité du 22 janvier 1972 et de la Décision du Conseil du 1er janvier 1973 se trouve reproduit en italien, danois, néerlandais, anglais, français et allemand, chaque volume étant consacré à trois textes officiels comme il est indiqué ci-dessous :

Volume 1374 : italien, danois et néerlandais.

Volume 1375 : anglais, français et allemand.

Le volume 1376 contient le texte du Traité et de la Décision du Conseil en irlandais ainsi que le texte des Traités annexés en danois.

Le volume 1377/1378 contient le texte des Traités annexés en anglais (volume 1377) et en irlandais (volume 1378).

# *Treaties and international agreements registered or filed and recorded with the Secretariat of the United Nations*

VOLUME 1378 1984 I. No. 23108 *(continued)*

TABLE OF CONTENTS

I

*Treaties and international agreements registered on 22 October 1984*

*Page*

**No. 23108. Italy, Belgium, Denmark, France, Germany, Federal Republic of, Ireland, Luxembourg, Netherlands and United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland *(continued)*:**

Treaty concerning the accession of the Kingdom of Denmark, Ireland, the Kingdom of Norway and the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland to the European Economic Community and to the European Atomic Energy Community (with Act concerning the conditions of accession and the adjustments to the Treaties, annexes, and annexed Protocols and exchange of letters; with Final Act, and annexed declarations and procedure for the adoption of certain decisions and other measures to be taken during the period preceding accession). Concluded at Brussels on 22 January 1972

Council Decision of the European Communities adjusting the instruments concerning the accession of new Member States to the European Communities (with annex). Adopted at Brussels on 1 January 1973 ...... 2

The texts of the Treaty establishing the European Economic Community and the Treaty establishing the European Atomic Energy Community, and the Treaties amending or supplementing them, drawn up in the Danish, English and Irish languages, are annexed to the above-mentioned Treaty of 22 January 1972, as follows:

Final Act of the Intergovernmental Conference on the Common Market and EURATOM (with declarations). Done at Rome on 25 March 1957

Treaty establishing the European Economic Community (with annexes, Protocols of 25 March 1957, Protocol of 17 April 1957, and Implementing Convention of 25 March 1957). Done at Rome on 25 March 1957

Treaty establishing the European Atomic Energy Community (EURATOM) (with annexes, Protocol of 25 March 1957 and Protocol of 17 April 1957). Done at Rome on 25 March 1957

Convention on certain institutions common to the European Communities. Done at Rome on 25 March 1957

Protocol concerning imports into the European Economic Community of petroleum products refined in the Netherlands Antilles (with annex). Concluded at Brussels on 13 November 1962

# *Traités et accords internationaux enregistrés ou classés et inscrits au répertoire au Secrétariat de l'Organisation des Nations Unies*

**VOLUME 1378** **1984** **I. N° 23108** ***(suite)***

## TABLE DES MATIÈRES

I

*Traités et accords internationaux enregistrés le 22 octobre 1984*

*Pages*

**N° 23108. Italie, Allemagne, République fédérale d', Belgique, Danemark, France, Irlande, Luxembourg, Pays-Bas et Royaume-Uni de Grande-Bretagne et d'Irlande du Nord** ***(suite)*** **:**

Traité relatif à l'adhésion à la Communauté économique européenne et à la Communauté européenne de l'énergie atomique du Royaume du Danemark, de l'Irlande, du Royaume de Norvège et du Royaume-Uni de Grande-Bretagne et d'Irlande du Nord (avec Acte relatif aux conditions d'adhésion et aux adaptations des traités, annexes, et Protocoles et échange de lettres annexés; avec Acte final, et déclarations et procédure d'adoption de certaines décisions et autres mesures à prendre pendant la période précédant l'adhésion annexées). Conclu à Bruxelles le 22 janvier 1972

Décision du Conseil des Communautés européennes portant adaptation des actes relatifs à l'adhésion de nouveaux Etats membres aux Communautés européennes (avec annexe). Adoptée à Bruxelles le 1er janvier 1973 ...... 3

Les textes du Traité instituant la Communauté économique européenne et du Traité instituant la Communauté européenne de l'énergie atomique ainsi que des traités qui les ont modifiés ou complétés, établis en langues danoise, anglaise et irlandaise, sont annexés au Traité susmentionné du 22 janvier 1972, comme suit :

Acte final de la Conférence intergouvernementale pour le marché commun et l'EURATOM (avec déclarations). Fait à Rome le 25 mars 1957

Traité instituant la Communauté économique européenne (avec annexes, Protocoles du 25 mars 1957, Protocole du 17 avril 1957 et Convention d'application du 25 mars 1957). Fait à Rome le 25 mars 1957

Traité instituant la Communauté européenne de l'énergie atomique (EURATOM) [avec annexes, Protocole du 25 mars 1957 et Protocole du 17 avril 1957]. Fait à Rome le 25 mars 1957

Convention relative à certaines institutions communes aux Communautés européennes. Faite à Rome le 25 mars 1957

Protocole relatif aux importations dans la Communauté économique européenne de produits pétroliers raffinés aux Antilles néerlandaises (avec annexe). Conclu à Bruxelles le 13 novembre 1962

Page

Treaty establishing a single council and a single commission of the European Communities (with Protocol on the privileges and immunities of the European Communities, Final Act and annexes). Concluded at Brussels on 8 April 1965

Decision of the Representatives of the Governments of the Member States on the provisional location of certain institutions and departments of the Communities. Adopted at Brussels on 8 April 1965

Treaty amending certain budgetary provisions of the Treaties establishing the European Communities and of the Treaty establishing a single council and a single commission of the European Communities. Concluded at Luxembourg on 22 April 1970

*Pages*

Traité instituant un conseil unique et une commission unique des Communautés européennes (avec Protocole sur les privilèges et immunités des Communautés européennes, Acte final et annexes). Conclu à Bruxelles le 8 avril 1965

Décision des représentants des Gouvernements des États membres relative à l'installation provisoire de certaines institutions et de certains services des Communautés. Adoptée à Bruxelles le 8 avril 1965

Traité portant modification de certaines dispositions budgétaires des Traités instituant les Communautés européennes et du Traité instituant un conseil unique et une commission unique des Communautés européennes. Conclu à Luxembourg le 22 avril 1970

## NOTE BY THE SECRETARIAT

Under Article 102 of the Charter of the United Nations every treaty and every international agreement entered into by any Member of the United Nations after the coming into force of the Charter shall, as soon as possible, be registered with the Secretariat and published by it. Furthermore, no party to a treaty or international agreement subject to registration which has not been registered may invoke that treaty or agreement before any organ of the United Nations. The General Assembly, by resolution 97 (I), established regulations to give effect to Article 102 of the Charter (see text of the regulations, vol. 859, p. VIII).

The terms "treaty" and "international agreement" have not been defined either in the Charter or in the regulations, and the Secretariat follows the principle that it acts in accordance with the position of the Member State submitting an instrument for registration that so far as that party is concerned the instrument is a treaty or an international agreement within the meaning of Article 102. Registration of an instrument submitted by a Member State, therefore, does not imply a judgement by the Secretariat on the nature of the instrument, the status of a party or any similar question. It is the understanding of the Secretariat that its action does not confer on the instrument the status of a treaty or an international agreement if it does not already have that status and does not confer on a party a status which it would not otherwise have.

*

* *

Unless otherwise indicated, the translations of the original texts of treaties, etc., published in this *Series* have been made by the Secretariat of the United Nations.

---

## NOTE DU SECRÉTARIAT

Aux termes de l'Article 102 de la Charte des Nations Unies, tout traité ou accord international conclu par un Membre des Nations Unies après l'entrée en vigueur de la Charte sera, le plus tôt possible, enregistré au Secrétariat et publié par lui. De plus, aucune partie à un traité ou accord international qui aurait dû être enregistré mais ne l'a pas été ne pourra invoquer ledit traité ou accord devant un organe des Nations Unies. Par sa résolution 97 (I), l'Assemblée générale a adopté un règlement destiné à mettre en application l'Article 102 de la Charte (voir texte du règlement, vol. 859, p. IX).

Le terme «traité» et l'expression «accord international» n'ont été définis ni dans la Charte ni dans le règlement, et le Secrétariat a pris comme principe de s'en tenir à la position adoptée à cet égard par l'Etat Membre qui a présenté l'instrument à l'enregistrement, à savoir que pour autant qu'il s'agit de cet Etat comme partie contractante l'instrument constitue un traité ou un accord international au sens de l'Article 102. Il s'ensuit que l'enregistrement d'un instrument présenté par un Etat Membre n'implique, de la part du Secrétariat, aucun jugement sur la nature de l'instrument, le statut d'une partie ou toute autre question similaire. Le Secrétariat considère donc que les actes qu'il pourrait être amené à accomplir ne confèrent pas à un instrument la qualité de «traité» ou d'«accord international» si cet instrument n'a pas déjà cette qualité, et qu'ils ne confèrent pas à une partie un statut que, par ailleurs, elle ne posséderait pas.

*

* *

Sauf indication contraire, les traductions des textes originaux des traités, etc., publiés dans ce *Recueil* ont été établies par le Secrétariat de l'Organisation des Nations Unies.

# I

## *Treaties and international agreements*

*registered*

*on 22 October 1984*

*No. 23108* **(continued)**

---

## *Traités et accords internationaux*

*enregistrés*

*le 22 octobre 1984*

*Nos 23108* **(suite)**

# No. 23108
*(continued)*

---

# ITALY, BELGIUM, DENMARK, FRANCE, GERMANY, FEDERAL REPUBLIC OF, IRELAND, LUXEMBOURG, NETHERLANDS and UNITED KINGDOM OF GREAT BRITAIN AND NORTHERN IRELAND

## Treaty concerning the accession of the Kingdom of Denmark, Ireland, the Kingdom of Norway and the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland to the European Economic Community and to the European Atomic Energy Community (with Act concerning the conditions of accession and the adjnstments to the Treaties, annexes, and annexed Protocols and exchange of letters; with Final Act, and annexed declarations and procednre for the adoption of certain decisions and otber measures to be taken dnring the period preceding accession). Concluded at Brussels on 22 Jannary 1972

## Council Decision of the European Communities adjusting the instruments concerning the accession of new Member States to the European Commnnities (with annex). Adopted at Brussels on 1 January 1973

The texts of the Treaty establishing the European Economic Community and the Treaty establishing the European Atomic Energy Community, and the Treaties amending or supplementing them, drawn up in the Danish, English and Irish languages, are annexed to the above-mentioned Treaty of 22 January 1972, as follows:

Final Act of the Intergovernmental Conference on the Common Market and EURATOM (with declarations). Done at Rome on 25 March 1957

Treaty establishing the European Economic Community (with annexes, Protocols of 25 March 1957, Protocol of 17 April 1957, and Implementing Convention of 25 March 1957). Done at Rome on 25 March 1957

Treaty establishing the European Atomic Energy Community (EURATOM) (with annexes, Protocol of 25 March 1957 and Protocol of 17 April 1957). Done at Rome on 25 March 1957

## N° 23108
*(suite)*

---

# ITALIE, ALLEMAGNE, RÉPUBLIQUE FÉDÉRALE D', BELGIQUE, DANEMARK, FRANCE, IRLANDE, LUXEMBOURG, PAYS-BAS et ROYAUME-UNI DE GRANDE-BRETAGNE ET D'IRLANDE DU NORD

**Traité relatif à l'adhésion à la Communauté économique européenne et à la Communauté européenne de l'énergie atomique du Royaume du Danemark, de l'Irlande, du Royaume de Norvège et du Royaume-Uni de Grande-Bretagne et d'Irlande du Nord (avec Acte relatif aux conditions d'adhésion et aux adaptations des traités, annexes, et Protocoles et échange de lettres annexés; avec Acte final, et déclarations et procédure d'adoption de certaines décisions et autres mesures à prendre pendant la période précédant l'adhésion annexées). Conclu à Bruxelles le 22 janvier 1972**

**Décision du Conseil des Communautés européennes portant adaptation des actes relatifs à l'adhésion de nouveaux Etats membres aux Communautés européennes (avec annexe). Adoptée à Bruxelles le 1er janvier 1973**

Les textes du Traité instituant la Communauté économique européenne et du Traité instituant la Communauté européenne de l'énergie atomique ainsi que des traités qui les ont modifiés ou complétés, établis en langues danoise, anglaise et irlandaise, sont annexés au Traité susmentionné du 22 janvier 1972, comme suit :

Acte final de la Conférence intergouvernementale pour le marché commun et l'EURATOM (avec déclarations). Fait à Rome le 25 mars 1957

Traité instituant la Communauté économique européenne (avec annexes, Protocoles du 25 mars 1957, Protocole du 17 avril 1957 et Convention d'application du 25 mars 1957). Fait à Rome le 25 mars 1957

Traité instituant la Communauté européenne de l'énergie atomique (EURATOM) [avec annexes, Protocole du 25 mars 1957 et Protocole du 17 avril 1957]. Fait à Rome le 25 mars 1957

# No. 23108
## (*continued*)

Convention on certain institutions common to the European Communities. Done at Rome on 25 March 1957

Protocol concerning imports into the European Economic Community of petroleum products refined in the Netherlands Antilles (with annex). Concluded at Brussels on 13 November 1962

Treaty establishing a single council and a single commission of the European Communities (with Protocol on the privileges and immunities of the European Communities, Final Act and annexes). Concluded at Brussels on 8 April 1965

Decision of the Representatives of the Governments of the Member States on the provisional location of certain institutions and departments of the Communities. Adopted at Brussels on 8 April 1965

Treaty amending certain budgetary provisions of the Treaties establishing the European Communities and of the Treaty establishing a single council and a single commission of the European Communities. Concluded at Luxembourg on 22 April 1970

*Authentic texts of the Treaty and of the Council Decision: Italian, Danish, Dutch, English, French, German and Irish.*

*Authentic texts of the annexed Treaties: Danish, English and Irish.*

*Registered by Italy on 22 October 1984.*

# N° 23108
## (*suite*)

Convention relative à certaines institutions communes aux Communautés européennes. Faite à Rome le 25 mars 1957

Protocole relatif aux importations dans la Communauté économique européenne de produits pétroliers raffinés aux Antilles néerlandaises (avec annexe). Conclu à Bruxelles le 13 novembre 1962

Traité instituant un conseil unique et une commission unique des Communautés européennes (avec Protocole sur les privilèges et immunités des Communautés européennes, Acte final et annexes). Conclu à Bruxelles le 8 avril 1965

Décision des représentants des Gouvernements des États membres relative à l'installation provisoire de certaines institutions et de certains services des Communautés. Adoptée à Bruxelles le 8 avril 1965

Traité portant modification de certaines dispositions budgétaires des Traités instituant les Communautés européennes et du Traité instituant un conseil unique et une commission unique des Communautés européennes. Conclu à Luxembourg le 22 avril 1970

*Textes authentiques du Traité et de la Décision du Conseil : italien, danois, néerlandais, anglais, français, allemand et irlandais.*

*Textes authentiques des Traités annexés : danois, anglais et irlandais.*

*Enregistrés par l'Italie le 22 octobre 1984.*

# ANNEXED TREATIES[1] — TRAITÉS ANNEXÉS[2]

[IRISH TEXT — TEXTE IRLANDAIS]

# IONSTRAIM CHRÍOCHNAITHEACH[3, 4]

Tá an Chomhdháil Idir-rialtasach ar an gCómhargadh agus Euratom, a comóradh sa Veinéis an 29 Bealtaine 1956 ag Airí Gnóthaí Eachtracha Ríocht na Beilge, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Phoblacht na Fraince, Phoblacht na hIodáile, Ard-Diúiceacht Lucsamburg agus Ríocht na hÍsiltíre, ar leanúint di dá plé sa Bhruiséil agus, tar éis a chríochnaithe, ar theacht le chéile di sa Róimh an 25 Márta 1957, tar éis glacadh leis na téacsanna seo a leanas:

I

1. An Conradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, agus na hIarscríbinní atá i gceangal leis,
2. An Prótacal ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta,
3. An Prótacal ar Thrádáil Inmheánach na Gearmáine agus Fadhbanna a bhaineann leis sin,
4. An Prótacal ar Fhorálacha Áirithe maidir leis an bhFrainc,
5. An Prótacal ar an Iodáil,
6. An Prótacal ar Ard-Diúiceacht Lucsamburg,
7. An Prótacal ar Earraí de thionscnamh Tíortha Áirithe a thig ó na thíortha sin agus a fhaigheann Cóir Speisialta arna n-allmhairiú isteach i gceann de na Ballstáit,
8. An Prótacal ar an gCóir atá le cur chun feidhme ar Tháirgí laistigh de réim an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach i leith na hAilgéire agus na Ranna Thar Lear de chuid Phoblacht na Fraince,
9. An Prótacal ar Olaí Mianracha agus Díorthaigh Áirithe uathu,

[1] The footnotes refer, in respect of the annexed Treaties concluded and registered prior to the Treaty of accession of 22 January 1972,* to the English translation published together with the authentic French text of those Treaties. For the English text of the said annexed Treaties, drawn up pursuant to article 160 of the Act** annexed to the above-mentioned Treaty of 22 January 1972 and concerning the conditions of accession and the adjustments to the Treaties, see volume 1377.
* United Nations, *Treaty Series*, vol. 1375, p. 6.
** *Ibid.*, p. 12.

[2] Les notes de bas de page se réfèrent, en ce qui concerne les Traités annexés conclus et enregistrés antérieurement au Traité d'adhésion du 22 janvier 1972*, à la traduction anglaise publiée avec le texte authentique français de ces Traités. Pour le texte anglais desdits Traités annexés, établi en vertu de l'article 160 de l'Acte** annexé au Traité susmentionné du 22 janvier 1972 et relatif aux conditions d'adhésion et aux adaptations des traités, voir le volume 1377.
* Nations Unies, *Recueil des Traités*, vol. 1375, p. 6.
** *Ibid.*, p. 12.

[3] For the English translation, see United Nations, *Treaty Series*, vol. 298, p. 3 — Pour la traduction anglaise, voir le *Recueil des Traités* des Nations Unies, vol. 298, p. 3.

[4] Pour le texte français, voir le *Recueil des Traités* des Nations Unies, vol. 294, p. 3 — For the French text, see United Nations, *Treaty Series*, vol. 294, p. 3.

10. An Prótacal ar an gConradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa a chur chun feidhme ar na Codanna neamhEorpacha de Ríocht na hÍsiltíre,
11. An Coinbhinsiún Feidhmiúcháin ar Chomhlachú na dTíortha agus na gCríocha Thar Lear leis an gComhphobal, agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis,
12. An Prótacal ar an Taraif-Chuóta d'Allmhairí Bananaí,
13. An Prótacal ar an Taraif-Chuóta d'Allmhairí Caife Amh.

II

1. An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus na hIarscríbhinní a ghabhann leis,
2. An Prótacal ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a chur chun feidhme ar na codanna neamhEorpacha de Ríocht na hÍsiltíre.

III

An Coinbhinsiún ar Institiúidí Áirithe is Coiteann do na Chomhphobail Eorpacha.

An tráth a siníodh na téacsanna sin, ghlac an Chomhdháil leis na Dearbhuithe atá sa liosta seo thíos agus i gceangal leis an Ionstraim seo:

1. Dearbhú Comhpháirteach ar Chomhoibriú leis na Stáit is Comhaltaí d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta,
2. Dearbhú Comhpháirteach ar Bheirlín,
3. Dearbhú Intinne ar Chomhlachú Tíortha Neamhspleácha Limistéar an Fhranc le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa,
4. Dearbhú Intinne ar Chomhlachú Ríocht na Libia le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa,
5. Dearbhú Intinne ar Chríoch Iontaobhais na Somálalainne atá faoi Riarachán Phoblacht na hIodáile i láthair na huaire,
6. Dearbhú Intinne ar Chomhlachú Shuranam agus Aintillí na hÍsiltíre le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.

Thug an Chomhdháil suntas freisin do na dearbhuithe atá sa liosta seo thíos agus i gceangal leis an Ionstraim seo:

1. Dearbhú ó Rialtas Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine ar Shainiú na hAbairte "Náisiúnach Gearmánach",
2. Dearbhú ó Rialtas Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine ar na Conarthaí a chur chun Feidhme ar Bheirlín,
3. Dearbhú ó Rialtas Phoblacht na Fraince ar Iarratais le haghaidh Paitinní a chumhdaíonn Faisnéis atá le coimeád faoi rún ar Chúiseanna Cosanta.

I ndeireadh na dála, chinn an Chomhdháil ar na téacsanna seo a tharraingt suas tráth níos déanaí:

1. An Prótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa,

2. An Prótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa,
3. An Prótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,
4. An Prótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

Cuirfear Prótacail 1 agus 2 i gceangal leis an gConradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa; cuirfcar Prótacail 3 agus 4 i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

DA FHIANÚ SIN, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an Ionstraim Chríochnaiteach seo.

ARNA DHÉANAMH sa Róimh, an cúigiú lá is fiche de Mhárta sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

| | |
|---|---|
| P. H. SPAAK | J. CH. SNOY ET D'OPPUERS |
| ADENAUER | HALLSTEIN |
| PINEAU | M. FAURE |
| ANTONIO SEGNI | GAETANO MARTINO |
| BECH | LAMBERT SCHAUS |
| J. LUNS | J. LINTHORST HOMAN |

## DEARBHÚ COMHPHAIRTEACH AR CHOMHOIBRIÚ LEIS NA STÁIT IS COMHALTAÍ D'EAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

Tá Rialtais Ríocht na Beilge, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Phoblacht na Fraince, Phoblacht na hIodáile, Ard-Diúiceacht Lucsamburg agus Ríocht na hÍsiltíre,

Tráth sínithe na gConarthaí ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ós fios dóibh na freagrachtaí atá siad a ghabháil orthu féin i leith na hEorpa san am le teacht trína margaí a chomhcheangal, trína ngeilleagair a chomhfhogasú agus trí phrionsabail agus sonraí comhbheartais sa réim sin a leagan síos,

Á aithint dóibh go dtiocfaidh as aontas custam a bhunú agus as comhoibriú go dlúth le chéile ar fhorbairt shiochánta an fhuinnimh núicléigh go ndéanfar ascnamh eacnamaíoch agus sóisialta agus dá bharr sin go gcuideofar ní amháin lena rathúnas féin ach le rathúnas tíortha eile chomh maith,

Ós é a miangas go mbeadh na tíortha sin páirteach sa bhisiú is dóigh a theacht dá thoradh sin,

Ag dearbhú a bhfonnmhaireachta chun comhaontuithe a thabhairt i gcrích, a luaithe a thiocfaidh na Conarthaí seo i bhfeidhm, le tíortha eile, go háirithe faoi chuimsiú na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta lena mbaineann siad, d'fhonn na haidhmeanna comhleasa sin a bhaint amach agus forbairt chomhchuí a áirithiú don trádáil i gcoitinne.

## DEARBHÚ COMHPHAIRTEACH AR BHEIRLÍN

Déanfaidh Rialtais Ríocht na Beilge, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Phoblacht na Fraince, Phoblacht na hIodáile, Ard-Diúiceacht Lucsamburg agus Ríocht na hÍsiltíre,

Ag féachaint don chor speisialta atá ar Bheirlín agus ar an riachtanas atá le tacaíocht di ó dhomhan na saoirseach,

Ós é a miangas a ndlúthpháirtíocht le pobal Bheirlín a dhaingniú,

A nduthracht a chur chun fonaimh sa Chomhphobal i dtreo go ndéanfar gach beart is gá chun cor eacnamaíoch agus sóisialta Bheirlin a éascú, chun a forbairt a chur chun cinn agus a cobhsaíocht eacnamaíoch a áirithiú.

## DEARBHÚ INTINNE AR CHOMHLACHÚ TÍORTHA NEAMHSPLEACHA LIMISTÉAR AN FHRANC LE COMHPHOBAL EACNAMAÍOCHTA NA hEORPA

Tá Rialtais Ríocht na Beilge, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Phoblacht na Fraince, Phoblacht na hIodáile, Ard-Diúiceacht Lucsamburg agus Ríocht na hÍsiltíre,

Ag féachaint do na comhaontuithe agus do na coinbhinsiúin eacnamaíochta, airgeadais agus airgeadaíochta a rinneadh idir an Fhrainc agus Tíortha neamhspleácha eile limistéar an fhranc,

Ós é a miangas na sruthanna seanbhunaithe trádála idir Ballstáit Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus na Tíortha neamhspleácha sin a chothú agus a neartú agus cuidiú le forbairt eacnamaíoch agus sóisialta na dtíortha sin,

Ag derabhú a bhfonnmhaireachta chun togra a chur faoi bhráid na dTíortha sin, a luaithe a thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm, go dtosófar ar chaibidlí d'fhonn coinbhinsiúin a thabhairt i gcrích le haghaidh comhlachú eacnamaíoch leis an gComhphobal.

## DEARBHÚ INTINNE AR CHOMHLACHÚ RÍOCHT NA LIBIA LE COMHPHOBAL EACNAMAÍOCHTA NA hEORPA

Tá Rialtais Ríocht na Beilge, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Phoblacht na Fraince, Phoblacht na hIodáile, Ard-Diúiceacht Lucsamburg agus Ríocht na hÍsiltíre,

Ag féachaint do na ceangail eacnamaíochta idir an Iodáil agus Ríocht na Libia,

Ós é a miangas na sruthanna seanbhunaithe trádála idir Ballstáit an Chomhphobail agus Ríocht na Libia a chothú agus a neartú, agus cuidiú le forbairt eacnamaíoch agus sóisialta na Libia,

Ag dearbhú a bhfonnmhaireachta chun togra a chur faoi bhráid Ríocht na Libia, a luaithe a thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm, go dtosófar ar chaibidlí d'fhonn coinbhinsiúin a thabhairt i gcrích le haghaidh comhlachú eacnamaíoch leis an gComhphobal.

## DEARBHÚ INTINNE AR CHRÍOCH IONTAOBHAIS NA SOMALALAINNE ATA FAOI RIARACHAN PHOBLACHT NA hIODAILE I LATHAIR NA HUAIRE

Tá Rialtais Ríocht na Beilge, Phoblacht Chónaidhme ne Gearmáine, Phoblacht na Fraince, Phoblacht na hIodáile, Ard-Diúiceacht Lucsamburg agus Ríocht na hÍsiltíre,

Ós é a miangas, tráth sinithe an Chonartha ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, sainiú a thabhairt ar scóip Airteagail 131 agus 227 den Chonradh seo ós rud é, faoi Airteagal 24 den Chomhaontú Iontaobhais maidir le Críoch Iontaobhais na Somálalainne, go mbeidh deireadh le riarachán na hIodáile ar an gCríoch sin an 2 Nollaig 1960,

Tar éis comhaontú ar é a thabhairt de rogha do na húdaráis a bheidh freagrach i ndiaidh an dáta sin i gcaidreamh eachtrach na Somálalainne comhlachú na Críche sin leis an gComhphobal a dhaingniú, agus dearbhaíonn siad a bhfonnmhaireacht chun togra a chur, más gá, faoi bhráid na n-údarás sin go dtosófar ar chaibidlí chun coinbhinsiúin a thabhairt i gcrích le haghaidh comhlachú eacnamaíoch leis an gComhphobal.

## DEARBHÚ INTINNE AR CHOMHLACHÚ SHURANAM AGUS AINTILLÍ NA hÍSILTÍRE LE COMHPHOBAL EACNAMAÍOCHTA NA hEORPA

Tá Rialtais Ríocht na Beilge, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Phoblacht na Fraince, Phoblacht na hIodáile, Ard-Diúiceacht Lucsamburg agus Ríocht na hÍsiltíre,

Ag féachaint do na dlúthnaise a aontaíonn na codanna éagsúla de Ríocht na hÍsiltíre,

Ós é a miangas na sruthanna seanbhunaithe trádála idir Ballstáit Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa ar thaobh amháin agus Suranam agus Aintillí na hÍsiltíre ar an taobh eile a chothú agus a neartú, agus cuidiú le forbairt eacnamaíoch agus sóisialta na dtíortha sin,

Ag dearbhú a bhfonnmhaireachta chun tosú, a luaithe a thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm agus ar iarratas ó Ríocht na hÍsiltíre, ar chaibidlí d'fhonn coinbhinsiúin a thabhairt i gcrích le haghaidh comhlachú eacnamaíoch Shuranam agus Aintillí na hÍsiltíre leis an gComhphobal.

DEARBHÚ Ó RIALTAS PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMAINE AR SHAINIÚ NA HABAIRTE "NAISIÚNACH GEARMANACH"

Tráth sínithe an Chonartha ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh de Fhuinneamh Adamhach, dearbhaíonn Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine mar a leanas:

> "Measfar gur náisiúnach de chuid Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine gach Gearmánach mar a shainítear sa Bhundlí do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine".

DEARBHÚ Ó RIALTAS PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE AR CONARTHAÍ A CHUR CHUN FEIDHME AR BHEIRLÍN

Forchoimeádann Rialtas Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine aige féin an ceart chun a dhearbhú, ar a ionstraimí daingniúcháin a bheith á dtaisceadh aige, go mbeidh feidhm ar Land Bheirlín freisin ag an gConradh ag búnú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus ag an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

DEARBHÚ Ó RIALTAS PHOBLACHT NA FRAINCE AR IARRATAIS LE HAGHAIDH PAINTINNÍ A CHUMHDAÍONN FAISNÉIS ATA LE COIMÉAD FAOI RÚN AR CHÚISEANNA COSANTA

Tá Rialtas Phoblacht na Fraince,

Á chur san áireamh forálacha Airteagal 17 agus 25(2) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag dearbhú a fhonnmhaireachta chun bearta riaracháin a dhéanamh agus chun bearta reachtaíochta a mholadh do Pharlaimint na Fraince mar is gá chun a áirithiú go ndéanfar, a luaithe a thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm, i gcás iarratais a fháil ar phaitinní a chumhdaíonn faisnéis rúnda, paitinní a dheonú ar an ngnáthnós imeachta a chomhlíonadh, faoi réir toirmisc shealadaigh ar a bhfoilsiú.

# CONRADH[1, 2] AG BUNÚ CHOMHPHOBAL EACNAMAÍOCHTA NA hEORPA

## I. TÉACS AN CHONARTHA

Tá A Shoilse Rí na mBeilgeach, Uachtarán Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Uachtarán Phoblacht na Fraince, Uachtarán Phoblacht na hIodáile, A Mórgacht Ríoga Ard-Bhandiúc Lucsamburg, A Soilse Banríon na hÍsiltíre,

Ar a bheith de rún daigean acu na fothaí a leagan síos d'aontas buandlúite idir pobail na hEorpa,

Ar a bheith beartaithe acu ascnamh eacnamaíoch agus sóisialach a dtíortha a áirithiú le comhghníomhaíocht chun na bacainní a dhíchur atá ag deighilt na hEorpa,

Á dhearbhú é a bheith de chuspóir bunúsach lena n-iarrachtaí dálaí maireachtála agus oibre a bpobal a shíorchur chun feabhais,

Á aithint dóibh go bhfuil gá, d'fhonn bacainní atá ann a aschur, le gníomhaíocht chomhbheartaithe chun forleathnú seasta, trádáil chothromúil agus iomaíocht chóir a urrú,

Ós é a miangas aontacht a ngeilleagar a neartú agus a bhforbairt chomhchuí a áirithiú trí laghdú a thabhairt ar na difríochtaí idir na réigiúin éagsúla agus ar mhallréim na réigiún nach bhfuil bail ar fónamh orthu,

Ós mian leo, de thoradh comhbheartais tráchatála, cuidiú chun srianta leis an trádáil idirnáisiúnta a dhíothú go comhleanúnach,

Le hintinn a dlúthpháirtíocht a dhaingniú a chónaisceann an Eoraip agus na tíortha thar lear agus d'fhonn forbairt ar a rathúnas a áirithiú de réir phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe,

Ar a bheith bearthaithe acu trid an gcomhthiomsú sin ar a n-acmhainní an tsíocháin agus an tsaoirse a chaomhnú agus a neartú agus á ghairm dóibh ar na pobail eile san Eoraip a phairtíonn a mbarrshamhail lui isteach lena n-iarrachtaí,*

---

[1] For the English translation, see United Nations, *Treaty Series*, vol. 298, p. 3 — Pour la traduction anglaise, voir le *Recueil des Traités* des Nations Unies, vol. 298, p. 3.

[2] Pour le texte français, voir le *Recueil des Traités* des Nations Unies, vol. 294, p. 3 — For the French text, see United Nations, *Treaty Series*, vol. 294, p. 3.

* NÓTA Ó NA HEAGARTHÓIRÍ. Shinigh Uachtaráin an Tionóil na Comhairle agus an Choimisiúin Comhdhearbhú i Lucsamburg ar an 5 Aibréan 1977 a foilsiodh in *Iris Oifigiúl na gComhphobal Eorpach* Uimh. C 103, 27 Aibreán 1977, agus a thugtar anseo mar áis don léitheoir:

COMHDHEARBHÚ ÓN TIONÓL, ÓN gCOMHAIRLE
AGUS ÓN gCOIMISIÚN

Tá an Tionól, an Chomhairle agus an Coimisiún,

De bhrí go bhfuil na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach bunaithe ar an bprionsabal nach foláir an dlí a urramú;

De bhrí gurb amhlaidh, mar atá aitheanta ag an gCúirt Bhreithiúnais, go bhfuil ar áireamh sa dlí seo, mar aon le rialacha na gConarthai agus dlí diorthaithe an Chomhphobail, prionsabail ghinearálta an dlí agus go speisialta na cearta bunaidh, na prionsabail agus na cearta ar a bhfuil dlí bunreachtúil na mBallstát bunaithe;

De bhrí go háirithe gur páirithe conarthacha na Ballstáit go léir don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsi Bunúsacha a Chosaint a siníodh sa Róimh an 4 Samhaim 1950,

Tar éis dearbhú seo a ghlacadh:

1. Cuireann an Tionól, an Chomhairle, agus an Coimisiún treise leis an ard-thábhacht atá acu i gcaomhnú na mbuncheart a thagann go háirithe de bhunreachta na mBallstát agus den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsi Bunúsacha a Chosaint.

2. Ag feidhmiú a gcumhachtaí agus ag cur cuspóiri na gComhphobal Eorpach i gcrích doibh urramaíonn siad na cearta seo agus leanfaidh siad dá n-urramú.

ARNA DHÉANAMH i Lucsamburg, an cúigiú lá de mhí Aibreáin sa bhliain mile naoi gcéad seachtó a seacht.

| Thar ceann an Tionóil: | Thar ceann na Comhairle: | Thar ceann an Choimisiúin: |
|---|---|---|
| E. COLOMBO | D. OWEN | R. JENKINS |

Tar éis cinneadh ar Chomhphobal Eacnamaíochta Eorpach a chur ar bun agus chun na críche sin tar éis na daoine seo a leanas a cheapadh mar Lánchumhachtaigh:

A Shoilse Rí na mBeilgeach:

M. Paul-Henri Spaak, Aire Gnóthaí Eachtracha,

An Barún J. Ch. Snoy et d'Oppuers, Ardrúnaí na hAireachta Gnóthaí Eacnamaíochta, Uachtarán Thoscaireacht na Beilge ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

Uachtarán Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine:

An Dr. Konrad Adenauer, Seansailéir na Cónaidhme,

An Dr. Walter Hallstein, Ollamh, Stát-Rúnaí Oifig Gnóthaí Eachtracha na Cónaidhme;

Uachtarán Phoblacht na Fraince:

M. Christian Pineau, Aire Gnóthaí Eachtracha,

M. Maurice Faure, Stát-Rúnaí Gnóthaí Eachtracha;

Uachtarán Phoblacht na hIodáile:

M. Antonio Seigni, Uachtarán Chomhairle na nAirí,

An tOllamh Gaetano Martino, Aire Gnóthaí Eachtracha;

A Mórgacht Ríoga Ard-Bhandiúc Lucsamburg:

M. Joseph Bech, Uachtarán an Rialtais, Aire Gnóthaí Eachtracha,

M. Lambert Schaus, Ambasadóir, Uachtarán Thoscaireacht Lucsamburg ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

A Soilse Banríon na hÍsiltíre:

M. Joseph Luns, Aire Gnóthaí Eachtracha,

M. Linthorst Homan, Uachtarán Thoscaireacht na hÍsiltíre ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

noch a rinne, tar éis dóibh a Lánchumhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chuí, a thabhairt ar aird dá chéile, comhaontú mar a leanas:

## CUID A hAON. PRIONSABAIL

*Airteagal 1.* Leis an gConradh seo, bunaíonn na hArdpháirtithe Conarthacha eatharthu féin Comhphobal Eacnamaíochta Eorpach.

*Airteagal 2.* Beidh de chúram ar an gComhphobal, trí chómhargadh a bhunú agus beartais eacnamaíocha na mBallstát a chomhfhogasú go comhleanúnach, dlús a chur ar fud an Chomhphobail le forbairt chomhchuí ar ghníomhaiochtaí eacnamaíocha, le forleathnú leanúnach cothromúil, le méadú cobhsaíochta, le hardú bíogúil ar an gcaighdeán maireachtála, agus le dlúthú caidrimh idir na Stáit a bhaineann leis an gComhphobal.

*Airteagal 3.* Chun na gcríocha atá leagtha amach in Airteagal 2, áiritear ar ghníomhaíochtaí an Chomhphobail, mar a fhoráiltear sa Chonradh seo agus de réir an tháthchláir atá leagtha amach ann:

*a)* dleachtanna custam agus srianta cainníochtúla ar allmhairiú agus onnmhairiú earraí, agus gach beart eile comhéifeachta, a dhíchur idir na Ballstáit;

*b)* comhtharaif chustam agus comhbheartas tráchtála a bhunú i leith tríú tíortha;

*c)* constaicí in aghaidh saorghluaiseachta daoine, seirbhísí agus caipitil a dhíothú idir na Ballstáit;

*d)* comhbheartas a ghlacadh i réimse na talmhaíochta;

*e)* comhbheartas a ghlacadh i réimse an iompair;

*f)* córas a thionscnamh a áiritheoidh nach saobhfar an iomaíocht sa chómhargadh;

*g)* nós imeachta a chur chun feidhme trína bhféadfar beartais eacnamaíocha na mBallstát a chomhordú agus míchothromaíochtaí i gcomhardú a n-íocaíochtaí a leigheas;

*h)* dlíthe na mBallstát a chomhfhogasú an oiread is gá chun go bhfeidhmeoidh an cómhargadh mar is cuí;

*i)* Ciste Sóisialach Eorpach a chur ar bun chun deiseanna fostaíochta d'oibrithe a fheabhsú agus chun cuidiú lena gcaighdeán maireachtála a ardú;

*j)* Banc Eorpach Infheistíochta a bhunú chun forleathnú eacnamaíoch an Chomhphobail a éascú trí acmhainní úra a chur ar fáil;

*k)* na tíortha agus na críocha thar lear a chomhlachú d'fhonn trádáil a mhéadú agus forbraíocht eacnamaíoch agus shóisialta a chur chun cinn i gcomhar le chéile.

*Airteagal 4.* 1. Na cúraimi a chuirtear ar an gComhphobal, beidh siad le cur i gcrich ag na hinstitiúidí seo a leanas:

— Tionól,

— Comhairle,

— Coimisiún,

— Cúirt Bhreithiúnais.

Gníomhóidh gach institiúid acu faoi theorainn na gcumhachtaí a thugtar di leis an gConradh seo.

2. Beidh cúnamh le fáil ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta ag gníomhú i gcáil chomhairleach dó.

3. Déanfaidh Cúirt Iniúchóirí, ag gníomhú di faoi réir na gcumhachtaí a thugtar di leis an gConradh seo, iniúchóireacht ar na cuntais.*

*Airteagal 5.* Déanfaidh na Ballstáit gach beart, ginearálta nó leithleach, is cuí chun a áirithiú go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a thig den Chonradh seo nó de dhroim gniomhaíochta a rinne institiúidí an Chomhphobail. Éascóidh siad don Chomhphobal comhall a chúraimí.

* 1 an alt a cuireadh isteach ag Airteagal 11 den Chonradh a leasaíonn forálacha áirithe airgeadais.

Staonfaidh siad ó aon bheart a d'fhéadfadh gnóthú cuspóirí an Chonartha seo a chur i gcontúirt.

*Airteagal 6.* 1. Déanfaidh na Ballstáit, i ndlúthchomhar le hinstitiúidí an Chomhphobail, comhordú ar a mbeartais eacnamaíocha faoi seach, oiread agus is gá sin chun aidhmeanna an Chonartha seo a ghnóthú.

2. Féachfaidh institiúidí an Chomhphobail chuige nach ndéanfar dochar do chobhsaíocht airgeadais, inmheánach agus eachtrach, na mBallstát.

*Airteagal 7.* Laistigh de raon feidhme an Chonartha seo, agus gan dochar d'aon fhorálacha speisialta ann, toirmisctear aon idirdhealú de bhíthin náisiúntachta.

Féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól, rialacha a ghlacadh trí thromlach cáilithe, chun idirdhealú den sórt sin a thoirmeasc.

*Airteagal 8.* 1. Bunófar an cómhargadh go comhleanúnach i rith idirthréimhse dhá bhliain déag.

Roinnfear an idirthréimhse sin i dtrí chéim de cheithre bliana an ceann; féadfar fad gach céime a athrú de réir na bhforálacha atá leagtha amach thios.

2. Sannfar do gach céim sraith beart a bheidh le tosú agus le cur i gcrích in éineacht.

3. Chun gabháil ón gcéad chéim go dtí an dara céim ni foláir deimhniú a bheith ann gur gnóthaíodh bunús na n-aidhmeanna atá leagtha síos go sonrach sa Chonradh seo don chéad chéim agus, faoi réir na n-eisceachtaí agus an nós imeachta dá bhforáiltear sa Chonradh seo, gur comhlíonadh na hoibleagáidí.

Is í an Chomhairle a dhéanfaidh an deimhniú sin ag deireadh an ceathrú bliain, ag gníomhú di d'aontoil ar thuarascáil ón gCoimisiún. Ní fhéadfaidh Ballstát, áfach, an t-aontoiliú a bhac trí fheidhm a bhaint as neamhchomhlíonadh a oibleagáidí féin. Mura mbítear d'aontoil, cuirfidh sin uaidh féin bliain leis an gcéad chéim.

Ag deireadh an cúigiú bliain, déanfaidh an Chomhairle a deimhniú faoi na coinníollacha céanna. Mura mbítear d'aontoil, cuirfidh sin uaidh féin bliain eile leis an gcéad chéim.

Ag deireadh an séú bliain, déanfaidh an Chomhairle a deimhniú, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thuarascáil ón gCoimisiún.

4. Laistigh de mhí ón vótáil is déanaí atá luaite, beidh de cheart ag aon Bhallstát a vótáil leis an mionlach, nó, mura bhfuarthas an tromlach ba ghá, ag Ballstát ar bith, a éileamh ar an gComhairle bord eadrána a cheapadh a mbeidh a chinneadh ina cheangal ar gach Ballstát agus ar institiúidí an Chomhphobail. Is iad a bheidh ar an mbord eadrána sin tríur comhalta arna gceapadh ag an gComhairle ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún.

Mura mbeidh comhaltaí an bhoird eadrána ceaptha ag an gComhairle laistigh de mhí tar éis a churtha d'éileamh uirthi, ceapfaidh an Chúirt Bhreithiúnais iad laistigh de thréimhse eile miosa.

Toghfaidh an bord eadrána a Chathaoirleach féin.

Tabharfaidh an bord a bhreith laistigh de shé mhí ó dháta na vótála ag an gComhairle dá dtagraítear san fhomhir dheiridh de mhír 3.

5. Ní féidir an dara céim ná an tríú céim a fhadú ná a ghiorrú, ach amháin le cinneadh ón gComhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gComisiún.

6. Ní chuirfidh aon ní dá bhfuil sna míreanna roimhe seo fad leis an idirthréimhse a bhéarfadh go mairfeadh sí thar chúig bliana déag ó theacht i bhfeidhm don Chonradh seo.

7. Amach ó na heisceachtaí nó na maoluithe dá bhforáiltear sa Chonradh seo, is é dáta críochnaithe na hidirthréimhse an dáta is déanaí chun na rialacha uile atá leagtha síos a theacht i bhfeidhm agus chun na bearta uile a chur i ngníomh is gá do bhunú an chómhargaidh.

## CUID A DÓ. FOTHAÍ AN CHOMHPHOBAIL

### TEIDEAL I. SAORGHLUAISEACHT EARRAÍ

*Airteagal 9.* 1. Beidh an Chomhphobal bunaithe ar aontas custam a bhainfidh leis an trádáil go léir in earraí, agus a bhéarfaidh go dtoirmiscfear idir na Ballstáit dleachtanna custam ar allmhairí agus onnmhairí agus gach muirear comhéifeachta, agus go nglacfar le comhtharaif chustam ina gcaidreamh le tríú tíortha.

2. Bainfidh forálacha Chaibidil 1, Roinn 1, agus Chaibidil 2 den Teideal seo le táirgí de thionscnamh na mBallstát agus le táirgí ó thríu tíortha atá i saorchúrsaíocht sna Ballstáit.

*Airteagal 10.* 1. Measfar táirgí ó thríú tír a bheith i saorchúrsaíocht i mBallstát má comhlíonadh foirmiúlachtaí an allmhairithe agus gur toibhíodh sa Bhallstát sin aon dleachtanna custam nó muirir chomhéifeachta is iníoctha agus murar thairbhigh siad d'aisíoc iomlán nó páirteach ar na dleachtanna nó na muirir sin.

2. Roimh dheireadh na chéad bhliana tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm, cinnfidh an Coimisiún na modhanna ina ndéanfar comhoibriú riaracháin d'fhonn Airteagal 9(2) a chur chun feidhme, á chur san áireamh gur gá laghdú a thabhairt, oiread agus is féidir, ar na foirmiúlachtaí a fhorchuirtear ar an trádáil.

Roimh dheireadh na chéad bhliana tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm, leagfaidh an Coimisiún síos na forálacha is infheidhme sa trádáil idir Ballstáit ar earraí de thionscnamh Ballstáit eile ar úsáideadh ina ndéanamh táirgí nár thoibhigh Ballstát a n-onmhairithe orthu na dleachtanna custam nó na muirir chomhéifeachta ba chuí, nó a thairbhigh d'aisíoc iomlán nó páirteach ar na dleachtanna nó na muirir sin.

Ag glacadh dó leis na forálacha sin, tabharfaidh an Coimisiún aird ar na rialacha chun dleachtanna custam a dhíchur sa Chomhphobal agus chun an chomhtharaif chustam a chur chun feidhme go comhleanúnach.

*Airteagal 11.* Déanfaidh na Ballstáit gach beart is cuí chun go bhféadfaidh Rialtais, laistigh de na tréimhsí atá leagtha síos, na hoibleagáidí a chur i gcrích a thitfidh orthu i gcúrsaí dleachtanna custam de bhun an Chonartha seo.

CAIBIDIL 1. AN tAONTAS CUSTAM

*Roinn 1.* DLEACHTANNA CUSTAM IDIR BALLSTÁIT A DHÍCHUR

*Airteagal 12.* Staonfaidh na Ballstáit ó aon dleachtanna nua custam ar allmhairí nó onnmhairí nó aon mhuirir chomhéifeachta a thabhairt isteach eatarthu féin agus óna bhfuil á dtobhach acu cheana dá leithéidí ina dtrádáil lena chéile a mhéadú.

*Airteagal 13.* 1. Na dleachtanna custam ar allmhairí atá i bhfeidhm idir na Ballstáit, déanfaidh siad díothú comhleanúnach orthu, le linn na hidirthréimhse de réir Airteagail 14 agus 15.

2. Na muirir ar comhéifeacht le dleachtanna custam ar allmhairí atá i bhfeidhm idir na Ballstáit, déanfaidh siad díothú comhleanúnach orthu le linn na hidirthréimhse. Cinnfidh an Coimisiún, le treoracha, an tráthchlár don díothú sin. Beidh mar stiúir ag an gCoimisiún na rialacha atá in Airteagal 14(2) agus (3), agus na treoracha a d'eisigh an Chomhairle de bhun Airteagal 14(2).

*Airteagal 14.* 1. I gcás gach táirge, is í an bhundleacht lena mbainfidh na laghduithe leanúnacha ná an dleacht a bhí á feidhmiú an 1 Eanáir 1957.

2. Cinnfear mar a leanas an tráthchlár do na laghduithe:

*a*) i rith na chéad chéime, déanfar an chéad laghdú bliain tar éis dáta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm; an dara laghdú ocht mí dhéag ina dhiaidh sin; an tríú laghdú ag deireadh an ceathrú bliain tar éis dáta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm;

*b*) i rith an dara céim, déanfar laghdú ocht mí dhéag tar éis an chéim sin a thosú; an dara laghdú ocht mí dhéag tar éis an chinn sin; an tríú laghdú bliain ina dhiaidh sin;

*c*) aon laghduithe is gá thairis sin, déanfar iad í rith an tríú céim; cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, an tráthchlár dóibh trí bhíthin treoracha.

3. Tráth an chéad laghdaithe, tabharfaidh Ballstáit isteach eatarthu féin dleacht ar gach táirge is ionann agus an bhundleacht lúide 10%.

Tráth gach laghdú ina dhiaidh sin, déanfaidh gach Ballstát a dleachtanna custam ina n-iomláine a laghdú sa dóigh go n-ísleofar 10% iomlán a fháltas custam, mar a shainítear i mír 4 agus go laghdófar an dleacht ar gach táirge ar leith cuid nach lú ná 5% den bhundleacht.

Ach i gcás na dtáirgí a bhfuil an dleacht orthu fós níos mó ná 30% ni foláir cuid nach lú ná 10% den bhundleacht a bheith i ngach laghdú ar leith.

4. I gcás gach Ballstáit déanfar iomlán na bhfáltas custam, mar a luaitear i mír 3, a ríomh trí luach a allmhairí ó Bhallstáit eile i gcaitheamh 1956 a iolrú faoi mhéid na mbundleachtanna.

5. Aon fhadhbanna speisialta a bhainfidh le feidhm a thabhairt do mhíreanna 1 go 4, réiteofar iad le treoracha a eiseoidh an Chomhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún.

6. Tabharfaidh na Ballstáit tuarascáil don Choimisiún ar an modh inar tugadh éifeacht do na rialacha roimhe seo chun dleachtanna a laghdú. Féachfaidh siad lena áirithiú go ndearnadh de laghdú sna dleachtanna ar gach táirge ar leith:

— ag deireadh na chéad chéime, cuid nach lú ná 25% den bhundleacht;

— ag deireadh an dara céim, cuid nach lú ná 50% den bhundleacht.

Má thaigheann an Coimisiún go bhfuil baol ann nach féidir na haidhmeanna atá leagtha síos in Airteagal 13, agus na céatadáin atá leagtha síos sa mhír seo, a ghnóthú, cuirfidh sé gach moladh is iomchuí faoi bhráid na mBallstát.

7. Féadfaidh an Chomhairle forálacha an Airteagail seo a leasú, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól.

*Airteagal 15.* 1. Gan spleáchas d'fhorálacha Airteagal 14, féadfaidh aon Bhallstát, i gcúrsa na hidirthréimhse, bailiú na ndleachtanna a fhorchuireann sé ar tháirgí a allmhairítear ó Bhallstáit eile a fhionraí go hiomlán nó go páirteach. Cuirfidh sé é sin i bhfios do na Ballstáit eile agus don Choimisiún.

2. Dearbhaíonn na Ballstáit a bhfonnmhaireacht chun dleachtanna custam in aghaidh na mBallstát eile a laghdú níos gasta ná mar a fhoráiltear faoir Airteagal 14 má bhionn a staid eacnamaíoch i gcoitinne agus bail na hearnála áirithe dá ngeilleagar á cheadú sin.

Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na mBallstát a bheidh i gceist.

*Airteagal 16.* Déanfaidh na Ballstáit dleachtanna custam ar onnmhairí agus muirir chomhéifeachta a dhíothú eatarthu féin um dheireadh na chéad chéime ar a dhéanaí.

*Airteagal 17.* 1. Beidh feidhm freisin ag forálacha Airteagail 9 go 15(1) maidir le dleachtanna custam de chineál fioscach. Ach ní chuirfear na dleachtanna sin san áireamh chun iomlán na bhfáltas custam a ríomh ná chun dleachtanna custam ina n-iomláine a laghdú mar a luaitear in Airteagal 14(3) agus (4).

Déanfar, tráth gach laghdaithe, na dleachtanna sin a ísliú cuid nach lú na 10% den bhundleacht. Féadfaidh na Ballstáit na dleachtanna sin a laghdú níos gasta ná mar a fhoráiltear in Airteagal 14.

2. Cuirfidh na Ballstáit i bhfios don Choimisiún, roimh dheireadh na chéad bhliana tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm, cad iad na dleachtanna custam dá gcuid is de chineál fioscach.

3. Coinneoidh na Ballstáit de cheart acu féin cáin inmheánach de réir forálacha Airteagal 95 a chur in ionad na ndleachtanna sin.

4. Más deimhin leis an gCoimisiún go mbaineann mór-dheacrachtaí i mBallstát le malairt chánach a chur in ionad aon dleachta custam de chineál fioscach, údaróidh sé don Stát sin an dleacht a choinneáil ar an gcoinníoll go ndíothóidh sé í tráth nach déanaí ná sé bliana tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm. Ní foláir an t-údarás sin a iarraidh roimh dheireadh na chéad bhliana tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm.

### *Roinn 2.* AN CHOMHTHARAIF CHUSTAM A CHUR AR BUN

*Airteagal 18.* Dearbhaíonn na Ballstáit a bhfonnmhaireacht chun cuidiú le forbairt na trádála idirnáisiúnta agus le hisliú constaicí i gcoinne na trádála trí dhul i gcomhaontuithe, a bheidh ceaptha ar bhonn comharaíochta agus comhshochair, chun dleachtanna custam a laghdú faoi bhun an leibhéil ghinearálta arbh fhéidir dóibh tairbhiú de mar gheall ar aontas custam a bhunú eatarthu.

*Airteagal 19.* 1. Faoi réir na gcoinníollacha agus na dteorainneacha dá bhforáiltear anseo ina dhiaidh seo, beidh na dleachtanna sa chomhtharaif chustam

ar leibhéal mheán uimhríochtúil na ndleachtanna a fheidhmítear sna ceithre chríoch chustam a chuimsítear sa Chomhphobal.

2. Is iad na dleachtanna a bhí á bhfeidhmiú ag na Ballstáit an 1 Eanáir 1957 a ghlacfar mar bhonn chun an meán sin a ríomh.

Ach, chomh fada is a bhaineann le taraif na hIodáile, is í an dleacht gan an 10% de laghdú sealadach an ceann a chuirfear chun feidhme amhlaidh. Ina theannta sin, maidir le míreanna a bhfuil dleacht choinbhinsiúnta orthu i dtaraif na hIodáile, cuirfear an dleacht sin in ionad na dleachta a fheidhmítear mar a shainítear thuas, ar choinníoll nach bhfuil sí thar 10% níos airde ná an dleacht deiridh sin. Má bhíonn an dleacht choinbhinsiúnta thar 10% níos airde ná an dleacht a fheidhmítear mar a shainítear thuas, is i an dleacht deiridh sin móide 10% a ghlacfar mar bhonn chun an meán uimhríochtúil a ríomh.

Maidir leis na ceannteidil taraife ar Liosta A, déanfar, chun an meán uimhríochtúil a ríomh, na dleachtanna a thaispeántar sa Liosta sin a chur in ionad na ndleachtanna a fheidhmítear.

3. Ní rachaidh na dleachtanna sa chomhtharaif chustam thar:

*a*) 3% do tháirgí a bhaineann leis na ceannteidil taraife i Liosta B;

*b*) 10% do tháirgí a bhaineann leis na ceannteidil taraife i Liosta C;

*c*) 15% do tháirgí a bhaineann leis na ceannteidil taraife i Liosta D;

*d*) 25% do tháirgí a bhaineann leis na ceannteidil taraife i Liosta E; in aon chás, maidir leis na táirgí sin, a bhfuil dleacht nach mó ná 3% i dtaraif thíortha Bhenelux, déanfar, chun an meán uimhríochtúil a ríomh, an dleacht sin a ardú go 12%.

4. Ordaíonn Liosta F na dleachtanna is infheidhme maidir leis na táirgí atá luaite ann.

5. Tá Liostaí na gceannteideal taraife dá dtagraítear san Airteagal seo agus in Airteagal 20 leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh seo.

*Airteagal 20.* Cinnfear trí chaibidlí idir na Ballstáit na dleachtanna is inchurtha ar na táirgí i Liosta G. Féadfaidh gach Ballstát tuilleadh táirgí a chur leis an Liosta sin go feadh teorainn 2% de luach iomlán a allmhairí ó thríú tíortha i gcúrsa na bliana 1956.

Déanfaidh an Coimisiún gach beart is cuí chun a áirithiú go rachfar i mbun na gcaibidlí sin roimh dheireadh an dara bliain tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm agus go gcríochnófar iad roimh dheireadh na chéad chéime.

Más rud é, i gcás táirgí áirithe, nach féidir teacht ar chomhaontú laistigh de na tréimhsí sin, déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún ag gníomhú di d'aontoil go dtí deireadh an dara céim agus ina dhiaidh sin trí thromlach cáilithe, na dleachtanna sa chomtharaif chustam a chinneadh.

*Airteagal 21.* 1. Aon deacrachtaí teicniúla a bhainfidh le hAirteagail 19 agus 20 a chur chun feidhme, réiteofar iad laistigh de dhá bhliain én gConradh seo a theacht i bhfeidhm le treoracha a eiseoidh an Chomhairle ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún.

2. Roimh dheireadh na chéad chéime, nó ar a dhéanaí an tráth a shocrófar na dleachtanna, cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, aon choigeartuithe is gá ar mhaithe le comhchuibheas

inmheánach na comhtharaife custam de chionn na rialacha atá leagtha amach in Airteagail 19 agus 20 a chur chun feidhme, á chur san áireamh go háirithe a ndearnadh de phróiseáil ar na hearraí éagsúla lena mbaineann an chomhtharaif.

*Airteagal 22.* Cinnfidh an Coimisiún, laistigh de dhá bhliain ón gConradh seo a theacht i bhfeidhm, cá mhéad is gá na dleachtanna custam de chineál fioscach, a dtagraítear dóibh in Airteagal 17(2), a chur san áireamh chun an meán uimhríochtúil dá bhforáiltear in Airteagal 19(1) a ríomh. Tabharfaidh an Coimisiún aird ar aon chailocht chosanta a bhainfeadh leis na dleachtanna sin.

Tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis an chinnte sin, féadfaidh aon Bhallstát a iarraidh go gcuirfí i bhfeidhm ar an táirge áirithe an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 20, ach sa chás sin ní bhainfidh an teorainn dá bhforáiltear san Airteagal sin leis an Stát sin.

*Airteagal 23.* 1. Chun an Chomhtharaif chustam a thabhairt isteach go comhleanúnach, déanfaidh na Ballstáit na taraifí dá gcuid is infheidhme maidir le tríú tíortha a leasú mar a leanas:

*a)* i gcás na gceannteideal taraife nach bhfuil na dleachtanna a bhí á bhfeidhmiú orthu iarbhír an 1 Eanáir 1957 thar 15% níos mó nó níos lú ná na dleachtanna sa chomhtharaif chustam, cuirfear na dleachtanna deiridh sin chun feidhme ag deireadh an ceathrú bliain tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm;

*b)* in aon chás eile déanfaidh gach Ballstát, ón dáta céanna, dleacht a chur chun feidhme a laghdóidh 30% an difríocht idir an dleacht a bhí i bhfeidhm iarbhír an 1 Eanáir 1957 agus an dleacht sa chomhtharaif chustam;

*c)* ag deireadh an dara céim laghdófar an difríocht sin athuair 30%;

*d)* i gcás na gceannteideal taraife nach bhfuil na dleachtanna orthu sa chomhtharaif chustam ar eolas fós ag deireadh na chéad chéime, déanfaidh gach Ballstát, laistigh de shé mhí ón uair a rinne an Chomhairle beart de réir Airteagal 20, na dleachtanna sin a chur chun feidhme a thiocfadh as na rialacha atá sa mhír seo a fheidhmiú.

2. Má deonaíodh údarás faoi Airteagal 17(4) do Bhallstát, ní gá dó, fad is bailí don údarás sin, na forálacha roimhe seo a chur chun feidhme ar na ceannteidil taraife lena mbaineann an t-údarás sin. Nuair a rachaid an t-údarás sin as feidhm, cuirfidh an Ballstát áirithe chun feidhme an dleacht a thiocfadh as na rialacha atá i mír 1 a fheidhmiú.

3. Cuirfear an chomhtharaif chustam chun feidhme ina hiomláine tráth nach déanaí ná deireadh na hidirthréimhse.

*Airteagal 24.* Beidh saorchead i gcónaí ag na Ballstáit a ndleachtanna a athrú níos gasta ná mar a fhoráiltear in Airteagal 23 d'fhonn iad a thabhairt ar chomhrian leis an gcomhtharaif chustam.

*Airteagal 25.* 1. Má fhaigheann an Coimisiún go bhfuil a dtáirgtear sna Ballstáit de tháirgí áirithe i Liostaí B, C agus D gan bheith leordhóthanach chun soláthar don éileamh ó cheann de na Ballstáit, agus gur seanghnás é an soláthar sin a bheith ag brath cuid mhór ar allmhairí ó thríú tíortha, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, taraif-chuótaí ar ráta laghdaithe dleachta nó saor ó dhleacht, a dheonú don Bhallstát áirithe.

Ní cead na cuótaí sin a ghabháil thar na teorainneacha a d'fhágfadh go mbeadh baol ann gníomhaíochtaí a aistriú chun dochair do Bhallstáit eile.

2. I gcás na dtáirgí i Liosta E, agus na dtáirgí sin i Liosta G ar socraíodh na rátaí dleachta orthu de réir an nós imeachta dá bhforáiltear faoi Airteagal 20, an tríú mír, déanfaidh an Coimisiún, má athraíonn ne foinsí soláthair nó má éiríonn soláthairtí gann laistigh den Chomhphobal ar dhóigh ba thrúig dhochair do na tionscail phróiseála i mBallstát, taraif-chuótaí a dheonú don Bhallstát sin ar ráta laghdaithe dleachta nó saor ó dhleacht, má iarrann sé iad.

Ní cead na cuótaí sin a ghabháil thar na teorainneacha a d'fhágfadh go mbeadh baol ann gniomhaíochtaí a aistriú chun dochair do Bhallstáit eile.

3. I gcás na dtáirgí sa liosta in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gConradh seo, féadfaidh an Coimisiún a údarú d'aon Bhallstát bailiú na ndleachtanna is infheidhme a fhionraí go hiomlán nó go páirteach, nó taraif-chuótaí a dheonú don Bhallstát sin ar ráta laghdaithe dleachta nó saor ó dhleacht, ar an gcoinníoll nach dtabharfaidh sin aon suaitheadh tromchúiseach ar mhargadh na dtáirgí áirithe sin.

4. Déanfaidh an Coimisiún scrúdú tréimhsiúil ar tharaif-chuótaí a deonaidh de bhun an Airteagail seo.

*Airteagal 26.* Féadfaidh an Coimisiún a údarú d'aon Bhallstát dá mbainfidh deacrachtaí speisialta an t-ísliú nó an t-ardú dleachtanna dá bhforáiltear in Airteagal 23 a chur siar i gcás ceannteideal áirithe ina tharaif.

Ní féidir an t-údarás sin a dheonú ach do thréimhse theoranta agus i leith ceannteideal taraife is ionann i gcás an Stáit sin, ar iad a thógáil le chéile, agus cuid nach mó ná 5% de luach a allmhairí ó thríú tíortha i gcúrsa na bliana is déanaí dá bhfuil sonraí staitistiúla ar fáil.

*Airteagal 27.* Roimh dheireadh na chéad chéime, déanfaidh na Ballstáit bearta, a mhéid is gá sin, chun a bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin i gcúrsaí custam a chomhfhogasú. Chuige sin cuirfidh an Coimisiún na moltaí go léir is cuí faoi bhráid na mBallstát.

*Airteagal 28.* Déanfaidh an Chomhairle aon athrú nó fionraí uathrialach ar dhleachtanna sa chomhtharaif chustam a chinneadh d'aontoil. Ach ar an idirthréimhse a bheith caite, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, cinneadh ar arthú nó fionraí nach rachaidh thar 20% den ráta i gcás aon dleachta áirithe, ar feadh tréimhse nach faide ná sé mhí. Ní féidir athrú ná fionraí den sórt sin a fhadú faoi na coinníollacha céanna, ach ar feadh tréimhse amháin eile sé mhí.

*Airteagal 29.* Chun na cúraimí a chuirtear air faoin Roinn seo a chomhlionadh beidh mar stiúir ag an gCoimisiún:

*a)* a riachtanaí atá sé an trádáil idir na Ballstáit agus tríú tíortha a chur chun cinn;

*b)* forbairtí i gcoinníollacha iomaíochta laistigh den Chomhphobal sa mhéid go dtugann siad feabhsú ar chumas iomaíochta gnótas;

*c)* riachtanais an Chomhphobail maidir le soláthar amhábhar agus earraí leathchríochnaithe; i ndáil leis sin de féachfaidh an Coimisiún chuige nach saobhfar coinníollacha iomaíochta idir na Ballstáit i gcás earraí críochnaithe;

*d)* a riachtanaí atá sé suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagair na mBallstát a sheachaint agus a áirithiú go dtiocfaidh forbairt réasúnach faoin táirgeadh agus forleathnú ar úsáid earraí sa Chomhphobal.

CAIBIDIL 2. SRIANTA CAINNÍOCHTÚLA IDIR NA BALLSTÁIT A DHÍCHUR

*Airteagal 30.* Toirmiscfear idir na Ballstáit, gan dochar do na forálacha ina dhiaidh seo, srianta cainníochtúla ar allmhairí agus gach beart comhéifeachta.

*Airteagal 31.* Staonfaidh na Ballstáit ó aon srianta cainníochtúla nua nó aon bhearta comhéifeachta a thabairt isteach eatarthu féin.

Ní bhainfidh an oibleagáid sin, áfach, ach leis an gcéimse léirscaoilte a gnóthaíodh de bhun cinnti Chomhairle na hEagraíochta um Chomhar Eacnamaíoch san Eoraip dar dáta 14 Eanáir 1955. Tabharfaidh na Ballstáit don Choimisiún, tráth nach déanaí ná sé mhí tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm, liostaí de na táirgí a léarscaoil siad de bhun na gcinntí sin. Déanfar comhdhlúthú ar na liostaí sin idir na Ballstáit.

*Airteagal 32.* Ina dtrádáil lena chéile staonfaidh na Ballstáit ó na cuótaí agus na bearta comhéifeachta a bhí ann ar theacht i bhfeidhm don Chonradh seo a dhéanamh níos sriantaí fós.

Díothófar na cuótaí sin tráth nach déanaí ná deireadh na hidirthréimhse. Le linn na tréimhse sin, díothófar iad go comhleanúnach de réir na bhforálacha ina dhiaidh seo.

*Airteagal 33.* 1. Bliain tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm, déanfaidh gach Ballstát aon chuótaí déthaobhacha atá ar oscailt d'áon Bhallstáit eile a athrú ina gcuótaí comhchruinnithe a bheidh ar oscailt gan idirdhealú do gach Ballstát eile.

Ar na dáta céanna, méadóidh na Ballstáit comhiomlán na gcuótaí comhchruinnithe a bhunófar amhlaidh sa dóigh go méadófar a luach iomlán cuid nach lú ná 20% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Déanfar, áfach, an cuóta comhchruinnithe do gach táirge ar leith a mhéadú cuid nach lú ná 10%.

Méadofar na cuótaí gach bliain de réir na rialacha céanna agus sna cionúireachtaí céanna i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

Déanfar an ceathrú méadú ag deireadh an ceathrú bliain tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm; an cúigiú méadú, bliain tar éis tosach an dara céim.

2. Más rud é, i gcás táirge nár léirscaoileadh, nach sroicheann an cuóta comhchruinnithe 3% de tháirgeadh náisiúnta an Stáit áirithe, déanfar cuóta nach lú ná 3% den táirgeadh náisiúnta sin a thabhairt isteach tráth nach déanaí ná bliain tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm. Ardófar an cuóta sin go 4% ag deireadh an dara bliain, agus go 5% ag deireadh an tríú bliain. As sin amach déanfaidh an Ballstát áirithe an cuóta a mhéadú cuid nach lú ná 15% in aghaidh na bliana.

Mura bhfuil aon táirgeadh náisiúnta den sórt sin ann, déanfaidh an Coimisiún cinneadh ag bunú cuóta iomchuí.

3. Ag deireadh an deichiú bliain, ní foláir gach cuóta a bheith comhionann le cuid nach lú ná 20% den táirgeadh náisiúnta.

4. Má fhaigheann an Coimisiún, trí chinneadh, go raibh an méid a allmhairíodh d'aon táirge i gcaitheamh dhá bhliain as a chéile faoi bhun leibhéal an chuóta a osclaíodh, ní chuirfear an cuóta comhchruinnithe sin san áireamh chun luac iomlán na gcuótaí comhchruinnithe a ríomh. Sa chás sin, díothóidh an Ballstát na srianta cuóta ar an táirge áirithe.

5. I gcás cuótaí atá in ionannas le breis is 20% de tháirgeadh náisiúnta an táirge áirithe, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gComisiún, an céatadán fosta 10% atá leagtha síos i mír 1 a laghdú. Ach ní dhéanfaidh an t-athrú sin difear don oibleagáid chun luach iomlán cuótaí comhchruinnithe a mhéadú 20% gach bliain.

6. Ballstáit a chuaigh níos faide ná mar a bhí d'oibleagáid orthu maidir leis an gcéimse léirscaoilte a gnóthaíodh de bhun cinnti Chomhairle na hEagraíochta um Chomhar Eacnamaíoch san Eoraip dar dáta 14 Eanáir 1955, féadfaidh siad, chun an méadú iomlán bliantúil 20% dá bhforáiltear i mír I a ríomh, méid na n-allmhairí a léirscaoileadh go huathrialach a chur san áireamh. Cuirfear an ríomhaireacht sin faoi bhráid an Choimisiúin lena fhormheas roimh ré.

7. Eiseoidh an Coimisiún treoracha ag bunú an nós imeachta agus an tráthchláir ar dá réir a dhíothóidh na Ballstáit, eatarthu féin, aon bhearta a bheidh ann ar theacht i bhfeidhm don Chonradh seo, agus iad ar chomhéifeacht le cuótaí.

8. Má fhaigheann an Coimisiún go dtiocfaidh d'fhorálacha an Airteagail seo, agus go háirithe na forálacha i dtaobh céatadán, a chur chun feidhme, nach féidir a áirithiú go ndéanfar an díothú cuótaí dá bhforáiltear in Airteagal 32, an dara mír, a chur i gcrích go comhleanúnach, féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, ag gníomhú di d'aontoil i rith na chéad chéime agus trí thromlach cáilithe ina dhiaidh sin, an nós imeachta atá leagtha síos san Airteagal seo a leasú agus, go háirithe, na céatadáin a socraíodh a mhéadú.

*Airteagal 34.* I. Toirmiscfear idir na Ballstáit srianta cainníochtúla ar onnmhairí, agus gach beart comhéifeachta.

2. Díothóidh na Ballstáit, tráth nach déanaí ná deireadh na chéad chéime, gach srian cainníochtúil ar onnmhairí agus gach beart comhéifeachta a bheidh ann ar theacht i bhfeidhm don Chonradh seo.

*Airteagal 35.* Dearbhaíonn na Ballstáit a bhfonnmhaireacht chun srianta cainníochtúla ar allmhairí ó na Ballstáit eile agus ar onnmhairí chucu a dhíothú níos gasta ná mar a fhoráiltear sna hAirteagail roimhe seo, má bhíonn a staid eacnamaíoch i gcoitinne agus bail na hearnála áirithe dá ngeilleagar á cheadú sin.

Chuige sin cuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na mBallstát a bheidh i gceist.

*Airteagal 36.* Ní fhágann forálacha Airteagail 30 go 34 go mbeidh bac ar thoirmisc nó srianta le hallmhairí nó onnmhairí nó earraí faoi bhealach, más gá a leithéid ar mhaithe leis an moráltacht phoiblí, leis an mbeartas poiblí nó le slándáil an phobail; chun sláinte agus saol daoine nó ainmhithe nó plandaí a chosaint; chun seoda náisiúnta atá luachmhar ó thaobh na healaíne, na staire nó na seandálaíochta a chosaint; nó chun maoin tionscail agus tráchtála a chosaint. Ach ní cead áis a bhaint as na toirmisc ná na srianta sin le haghaidh idirdhealú treallach ná chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar an trádáil idir Ballstáit.

*Airteagal 37.* I. Déanfaidh na Ballstáit coigeartú go comhleanúnach ar aon Stát-mhonaplachtaí de chineál tráchtálach chun a áirithiú nach mbeidh ann, ar bheith caite don idirthréimhse, aon idirdhealú idir náisiúnaigh de na Ballstáit maidir leis na coinníollacha faoina bhfaightear earraí agus faoina gcuirtear ar an margadh iad.

Bainfidh forálacha an Airteagail seo le haon chomhlacht trina ndéanann Ballstát, de jure nó de facto, maoirsiú nó cinneadh nó ábhar tionchair a oibriú, go

díreach nó go hindíreach, ar allmhairí nó onnmhairí idir na Ballstáit. Bainfidh na forálacha sin mar an gcéanna le monaplachtaí a tarmligeadh ón Stát.

2. Staonfaidh na Ballstáit ó aon bheart nua a thabhairt isteach atá bunoscionn leis na prionsabail atá leagtha síos i mír 1 nó a chuireann srian le scóip na nAirteagal a bhaineann le díothú dleachtanna custam agus srianta cainníochtúla idir na Ballstáit.

3. Déanfar tráthchlár na mbeart dá dtagraítear i mír 1 a chomhchuibhiú le díothú na srianta cainníochtúla ar na táirgí céanna dá bhforáiltear in Airteagail 30 go 34.

I gcás gan táirge a bheith faoi réir Stát-mhonaplachta de chinéal tráchtálach ach in aon Bhallstát amháin nó i mBallstáit áirithe, féadfaidh an Coimisiún a údarú do na Ballstáit eile bearta cosanta a chur chun feidhme go dtí go mbeidh an coigeartú dá bhforáiltear i mír 1 déanta; cinnfidh an Coimisiún coinníollacha agus sonraí na mbeart sin.

4. Má bhíonn ag Stát-mhonaplacht de chineál tráchtálach rialacha a ceapadh chun gur fusa táirgí talmhaíochta a dhiúscairt nó an fáltas is fearr a ghnóthú astu, ní mór feáchaint chuige, le linn rialacha an Airteagail seo a chur chun feidhme, go mbeidh a chomhionann sin de choimirce ann d'fhostaíocht na dtáirgeoirí a bheidh i gceist agus dá gcaighdeán maireachtála, ag feachaint do na coigeartuithe is indéanta agus don speisialtóireacht is gá le himeacht aimsire.

5. Ní bheidh oibleagáidí na mBallstát ina gceangal ach amháin sa mhéid go bhfuil siad ag luí le comhaontuithe idirnáisiúnta atá ann.

6. Le héifeacht ón gcéad chéim, tabharfaidh an Coimisiún moltaí í dtaobh an mhodha ina ndéanfar, agus an tráthchláir ar dá réir a dhéanfar, an coigeartú dá bhforáiltear san Airteagal seo a chur i gcrích.

## TEIDEAL II. AN TALMHAÍOCHT

*Airteagal 38.* 1. Sroichfidh an cómhargadh chun na talmhaíochta agus chun na trádála i dtáirgí talmhaíochta. Ciallaíonn "tairgí talmhaíochta" torthaí na talún, na tógála stoic agus na hiascaireachta, agus táirgí próiseála céadchéime a bhaineann go díreach leis na torthaí sin.

2. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt in Airteagail 39 go 46, bainfidh na rialacha atá leagtha síos do bhunú an chómhargaidh le táirgí talmhaíochta.

3. Tá liosta in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gConradh seo de na táirgí lena mbaineann forálacha Airteagail 39 go 46. Ach laistigh de dhá bhliain tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm, cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, cad iad na táirgí atá le cur leisan liosta sin.

4. I dteannta an cómhargadh do tháirgí talmhaíochta a oibriú agus a fhorbairt ní foláir comhbheartas talmhaíochta a bhunú idir na Ballstáit.

*Airteagal 39.* 1. Is iad aidhmeanna an chomhbheartais talmhaíochta:

*a)* táirgiúlacht na talmhaíochta a mhéadú trí ascnamh teicniúil a chur chun cinn agus trína áirithiú go ndéanfar forbairt réasúnach ar tháirgeadh na talmhaíochta agus go n-úsáidfear mar is fearr is féidir na tosca táirgthe, go háirithe na hoibrithe;

*b)* mar sin, caighdeán cóir maireachtála a áirithiú don lucht talmhaíochta, go háirithe trí thuilleamh gach duine dá mbíonn ag gabháil don talmhaíocht a mhéadú;

*c)* margaí a chobhsú;

*d)* a chinntiú go mbíonn soláthairtí ar fáil;

*e)* a áirithiú go mbíonn soláthairtí á bhfáil ar phraghsanna réasúnta ag tomhaltóirí.

2. Ar an gcomhbheartas talmhaíochta agus na modhanna speisialta chun a fheidhmithe a bheith á n-oibriú amach, cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh:

*a)* gníomhaíocht shainghnéitheach na talmhaíochta, mar gheall ar ghréasán sóisialta na talmhaíochta agus na difríochtaí sa ghréasán sin, agus na difríochtaí nádúrtha, ó réigiún talmhaíochta go chéile;

*b)* a riachtanaí atá sé na coigeartuithe is cuí a dhéanamh céim ar chéim;

*c)* an talmhaíocht sna Ballstáit a bheith ina hearnáil atá dlúth-tháite leis an ngeilleagar ina iomláine.

*Airteagal 40.* 1. Déanfaidh na Ballstáit an comhbheartas talmhaíochta a fhorbairt céim ar chéim le linn na hidirthréimse agus tabharfaidh siad i bhfeidhm é tráth nach déanaí ná deireadh na tréimhse sin.

2. Chun na haidhmeanna atá leagtha amach in Airteagal 39 a ghnóthú, bunófar comheagraíocht mhargaí talmhaíochta.

Is i bhfoirm acu seo a leanas, de réir an táirge áirithe, a bheidh an eagraíocht sin:

*a)* comhrialacha iomaíochta;

*b)* comhordú eigeantach ar na heagraíochtaí náisiúnta margaíochta;

*c)* eagraíocht Eorpach mhargaíochta.

3. An chomheagraíocht a bhunófar de réir mhír 2, féadfaidh sí na bearta uile a chuimsiú is gá chun na haidhmeanna a ghnóthú atá leagtha amach in Airteagal 39, go háirithe rialú praghsanna, cabhracha chun na táirgí éagsúla a tháirgeadh agus a chur ar an margadh, córais chun táirgí a stóráil agus a thabhairt anonn agus comhshásra chun allmhairí nó onnmhairí a chobhsú.

Beidh ar an gcomheagraíocht cloí le gnóthú na n-aidhmeanna atá leagtha amach in Airteagal 39, agus gan idirdhealú ar bith a dhéanamh idir táirgeoirí nó tomhaltóirí sa Chomphobal.

Bunófar aon chombheartas praghsanna ar chomhchaighdeáin agus ar chomhmhodhanna riomhaireachta.

4. Chun a chumasú don chomheagraíocht dá dtagraítear i mír 2 a haidhmeanna a ghnóthú, féadfar ciste nó cistí um threoireacht agus ráthaíocht talmhaíochta a bhunú.

*Airteagal 41.* Chun go bhféadfar na haidhmeanna atá leagtha amach in Airteagal 39 a ghnóthú, féadfar socrú a dhéanamh faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta do bhearta mar iad seo:

*a)* comhordú éifeachtach ar iarrachtaí i réimsí na gairmoiliúna, an taíghde, agus leathadh eolais ar an talmhaíocht; chuige sin, is féidir tionscadail nó institiúidí a mhaoiniú i gcomhar;

*b*) comhbhearta chun úsáid táirgí áirithe a chur chun cinn.

*Airteagal 42.* Maidir le táirgeadh agus trádáil táirgí talmhaíochta, ní bheidh feidhm ar forálacha na Caibidle a bhaineann le rialacha iomaíochta ach amháin a mhéid a chinnfidh an Chomhairle, faoi chuimsiú Airteagal 43(2) agus (3) agus de réir an nós imeachta atá leagtha síos ansin, agus na haidhmeanna atá leagtha amach in Airteagal 39 a chur san áireamh.

Féadfaidh an Chomhairle, go háirithe, deonú cabhrach a údarú:

*a*) chun fiontair a chosaint atá faoi chis mar gheall ar dhálaí struchtúrtha nó nádúrtha;

*b*) faoi chuimsiú clár forbraíochta don eacnamaíocht.

*Airteagal 43.* 1. Chun na treoirlínte do chomhbheartas talmhaíochta a léiriú, déanfaidh an Coimisiún, a luaithe a thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm, comhdháil de na Ballstáit a chomóradh, d'fhonn a mbeartais talmhaíochta a chóimheas, go háirithe trí chuntas a sholáthar ar a n-acmhainní agus a riachtanais.

2. Tar éis obair na comhdhála dá bhforáiltear i mír 1 a thabhairt dá aire, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialach agus laistigh de dhá bhliain ón gConradh seo a theacht i bhfeidhm, tograí a thíolacadh chun an comhbheartas talmhaíochta a leagan amach agus a chur i ngníomh, lena n-áirítear ceann de na foirmeacha comheagraíochta dá bhforáiltear in Airteagal 40(2) a chur in ionad na n-eagraíochtaí náisiúnta, agus chun na bearta a shonraítear sa Teideal seo a chur i ngníomh.

Sna tograí sin cuirfear san áireamh idirthuilleamaíocht na gcúrsaí talmhaíochta atá luaite sa Teideal seo.

Déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól, ag gníomhú di d'aontoil i rith an dá chéim thosaigh agus trí thromlach cáilithe ina dhiaidh sin, rialacháin a cheapadh, treoracha a eisiúint, nó cinnti a ghlacadh gan dochar d'aon mholtaí is féidir léi a thabhairt freisin.

3. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilihe agus de réir mhír 2, an chomheagraíocht dá bhforáiltear in Airteagal 40(2) a chur in ionad na n-eagraíochtaí náisiúnta margaíochta, más rud é:

*a*) go dtairgeann an chomheagraíocht do na Ballstáit atá ina choinne sin, agus a bhfuil eagraíocht dá gcuid féin acu don táirgeadh áirithe, a chomhionann sin de ráthú um fhostaíocht agus caighdeán maireachtála na dtáirgeoirí a bheidh i gceist, ag féachaint do na hoiriúnuithe is indéanta agus don speisialtóireacht is gá le himeacht aimsire;

*b*) go n-áirithíonn an eagraíocht sin dálaí trádála sa Chomphobal mar atá i margadh náisiúnta.

4. Má bhíonn comheagraíocht d'amhábhair áirithe bunaithe sula mbeidh comheagraíocht ann do na táirgi próiseáilte a fhreagraíonn dóibh, féadfar na hamhábhair a úsáidtear do tháirgí próiseáilte atá le honnmhairiú go tríú tíortha a allmhairiú ó lasmuigh den Chomhphobal.

*Airteagal 44.* 1. Le linn na hidirthréimhse, sa mhéid go bhféadfadh an díothú comhleanúnach ar dhleachtanna custam agus srianta cainníochtúla idir na Ballstáit a thabhairt go mbeidh praghsanna ann ba bhaol do ghnóthú na n-aidhmeanna atá leagtha amach in Airteagal 39, beidh gach Ballstát i dteideal, i gcás táirgí áirithe, fiehdm a bhaint, ar mhodh neamhidirdhealaitheach agus mar

mhalairt ar chuótaí agus chomh fada is nach mbeidh sé ina bhac ar fhairsingiú na trádála mar a fhoráiltear in Airteagal 45(2), as córas de phraghsanna íosta a bhféadfar faoina mbun:

— allmhairí a fhionraí nó a laghdú go sealadach; nó

— allmhairí a cheadú, ach sin faoi réir an choinníll gurb airde a bpraghas ná an praghas íosta don táirge áirithe.

Sa chás deiridh sin ní áireofar dleachtanna custam sna praghsanna íosta.

2. Ní foláir gan é a bheith d'éifeacht le praghsanna íosta laghdú, a thabhairt ar a bhfuil de thrádáil idir na Ballstáit ar theacht i bhfeidhm don Chonradh seo ná iad a bheith ina gconstaic ar fhairsingiú comhleanúnach sa trádáil sin. Ní chuirfear praghsanna íosta chun fiedhme sa dóigh go mbeidís ina gconstaic ar fhorás fabhair nádúrtha idir Ballstáit.

3. A luaithe a thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm, cinnfidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, critéir oibiachtúla chun córais phraghsanna íosta a bhunú agus na praghsanna sin a shocrú.

Go háirithe tabharfaidh na critéir sin aird ar mheánchostais náisiúnta an táirgthe sa Bhallstát a chuireann an praghas íosta chun feidhme, ar chor na ngnóthas éagsúil atá i gceist maidir leis na meánchostais táirgthe sin, agus ar a riachtanaí atá sé dlús a chur le feabhsú comhleanúnach ar chleachtas talmhaíochta agus leis na hoiriúnuithe agus an speisialtóireacht is gá sa chómhargadh.

Déanfaidh an Coimisiún freisin nós imeachta a mholadh chun na critéir sin a athmheas, d'fhonn ascnamh teicniúil a chur i gcuntas agus a bhrostú agus praghsanna a chomhfhogasú go comhleanúnach sa chómhargadh.

Déanfaidh an Chomhairle na critéir sin agus nós imeachta a n-athmheasta a chinneadh ag gníomhú di d'aontoil laistigh de thrí bliana tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm.

4. Go dtí go dtiocfaidh cinneadh na Comhairle in éifeacht, féadfaidh Ballstáit praghsanna íosta a shocrú ar an gcoinníoll go gcuirfear na praghsanna sin i bhfios roimh ré don Choimisiún agus do na Ballstáit eile ionas go bhféadfaidh siad siúd a mbarúlacha a thabhairt ina dtaobh.

Ón uair a bheidh a cinneadh déanta ag an gComhairle, socróidh na Ballstáit praghsanna íosta ar bhonn na gcritéar a cinneadh mar atá luaite thuas.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, aon chinnti a cheartú a bheidh glactha ag na Ballstáit agus nach bhfuil i gcomhréir leis na critéir a shainítear thuas.

5. Más rud é nach féidir na critéir oibiachtúla sin a chinneadh do tháirgí áirithe um thosach an tríú céim, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na praghsanna íosta a cuireadh chun feidhme ar na táirgí sin a athrú.

6. Ag deireadh na hidirthréimhse, tarraingeofar suas tábla de phraghsanna íosta atá fós i bhfeidhm. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún agus le tromlach naoi vóta, de réir na meáchan atá leagtha síos in Airteagal 148(2), an chéad fhomhír, an córas a chinneadh a bheidh le cur chun feidhme faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta.

*Airteagal 45.* 1. Go dtí go mbeidh ceann de na foirmeacha comheagraíochta dá dtagraítear in Airteagal 40(2) curtha in ionad eagraíochtaí náisiúnta margaíochta, déanfar an trádáil i dtáirgí a bhfuil ina leith ag Ballstáit áirithe:

— socruithe a ceapadh chun margadh dá dtáirgí a ráthú do na táirgeoirí náisiúnta; agus

— riachtanas le hallmhairí,

a fhorbairt trí chomhaontuithe nó conarthaí fadtéarma a thabhairt i gcrích idir Ballstáit is allmhaireoirí agus Ballstáit is onnmhaireoirí.

Beidh na comhaontuithe nó na conarthaí sin dírithe ar dhíothú a thabhairt go comhleanúnach ar aon idirdhealú maidir leis na socruithe sin a chur chun feidhme ar na táirgeoirí éagsúla sa Chomhphobal.

Tabharfar na comhaontuithe nó na conarthaí sin i gcrích i rith na chéad chéime; tabharfar aird ar phrionsabal na comharaíochta.

2. Maidir le cainníochtaí, bunófar na comhaontuithe nó conarthaí sin ar an meánmhéid trádála idir Ballstáit sna táirgí áirithe sna trí bliana roimh theacht i bhfeidhm don Chonradh seo, agus déanfar socrú iontu le haghaidh méadú ar an trádáil faoi theorainn a bhfuil de riachtanais ann le linn na huaire, ag cur patrúin thraidisiúnta trádála san áireamh.

Maidir le praghsanna, cumasóidh na comhaontuithe nó na conarthaí sin do na táirgeoirí na cainníochtaí ar ar comhaontaíodh a dhíol ar phraghsanna a chomhfhogasófar go comhleanúnach do na praghsanna a íoctar leis na táirgeoirí náisiúnta ar an marghad baile i dtír a gceannaithe.

Cuirfear an comhfhogasú sin ar aghaidh chomh rianúil agus is féidir agus críochnófar é tráth nach déanaí ná deireadh na hidirthréimhse.

Déanfar praghsanna a chaibidil idir na páirtithe lena mbaineann faoi chuimsiú treoracha arna n-éisiúint ag an gCoimisiún d'fhonn an dá fhomhír roimhe seo a chur i ngníomh.

Má fhadaítear an chéad chéim, leanfar de na comhaontuithe nó na conartaí sin a chomhlíonadh de réir na gcoinníollacha is infheidhme ag deireadh an ceathrú bliain tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm agus beidh an oibleagáid chun cainníochtaí a mhéadú agus praghsanna a chomhfhogasú ar fionraí go dtí go sroichfear an dara céim.

Bainfidh na Ballstáit leas as aon deis a bheidh ar fáil dóibh faoina gcuid reachtaíochta, go háirithe maidir le beartas allmhairiúcháin, chun a áirithiú go dtabharfar i gcrích agus go gcomhlíonfar na comhaontuithe nó na conarthaí sin.

3. Sa mhéid go mbeidh amhábhair ag teastáil ó Bhallstáit chun earraí a tháirgeadh lena n-onnmhairiú lasmuigh den Chomhphobal in iomaíocht le táirgí tríú tíortha, ní bheidh na comhaontuithe nó na conarthaí sin thuas ina gconstaic in aghaidh amhábhair chuige sin a allmhairiú ó thríú tíortha. Ní bheidh feidhm leis an bhforáil sin, áfach, má chinneann an Chomhairle d'aontoil soláthar a dhéanamh le haghaidh íocaíochtaí is gá mar chúiteamh sa phraghas níos airde a íocadh ar earraí a allmhairíodh chun na críche sin, ar bhonn na gcomhaontuithe nó na gconarthaí sin, i gcomparáid leis an bpraghas ar na hearraí céanna arna seachadadh i gcás a gceannaithe ar an margadh domhanda.

*Airteagal 46.* Nuair a dhéantar i mBallstát táirge a thabhairt faoi eagraíocht náisiúnta margaiochta nó faoi rialacha inmheánacha comhéifeachta a imríonn ar

staid iomaíochta a shamhail de tháirgeadh i mBallstát eile, cuirfidh na Ballstáit muirear frithchúitimh ar an táirge sin, arna allmhairiú ón mBallstát ina bhfuil an eagraíocht nó na rialacha sin, mura rud é go gcuireann an Stát sin muirear cúiteach chun feidhme ar onnmhairí.

Socróidh an Coimisiún méid na muirear sin ar an leibhéal is gá chun an chothromaíocht a shlánú; féadfaidh sé freisin bearta eile a údarú a gcinnfidh sé a gcoinníollacha agus a sonraí.

*Airteagal 47.* Maidir leis na feidhmeanna a bheidh le comhlíonadh ag an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialach de bhun an Teidil seo, ní foláir dá rannóg talmhaíochta bheith ar fáil ag an gCoimisiún chun pléiti an Choiste á ullmhú de réir forálacha Airteagail 197 agus 198.

## TEIDEAL III. SAORGHLUAISEACHT DAOINE, SEIRBHÍSÍ AGUS CAIPITIL

### CAIBIDIL 1. OIBRITHE

*Airteagal 48.* 1. Áiritheofar saoirse ghluaiseachta d'oibrithe laistigh den Chomhphobal tráth nach déanaí ná deireadh na hidirthréimhse.

2. Bhéarfaidh an tsoirse ghluaiseachta sin go ndíothófar aón idirdhealú de bhíthin a náisiúntachta idir oibrithe na mBallstát maidir le fostaíocht, le luach saothair agus le coinníollacha eile oibre.

3. Gabhfaidh léi, faoi réir teorainneacha a bhfuil call leo ar mhaithe leis an mbeartas poiblí, leis an tslándáil phoiblí nó leis an tsláinte phoiblí, an ceart:

*a)* chun glacadh le fostaíocht a tairgeadh iarbhír;

*b)* leis an aidhm sin, chun gluaiseacht faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát;

*c)* chun fanacht i mBallstát le bheith ag gabháil d'fhostaíocht ann de réir na bhforálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin a bhaineann le fostaíocht náisiúnaigh an Stáit sin;

*d)* chun fuireach i gcríoch Bhallstáit tar éis bheith ar fostú sa Stát sin, faoi réir coinníollacha a chorprófar i rialacháin feidhmiúcháin a ullmhóidh an Coimisiún.

4. Ní bhainfidh forálacha an Airteagal seo le fostaíocht sa tseirbhís phoiblí.

*Airteagal 49.* A luaithe a thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, treoracha a eisiúint nó rialacháin a cheapadh a leagfar amach iontu na bearta is gá chun saoirse ghluaiseachta d'oibrithe, mar a shainítear in Airteagal 48, a thabhairt i gcrích go comhleanúnach, go háirithe:

*a)* trí chomhoibriú dlúth a áirithiú idir na seirbhísí náisiúnta fostaíochta;

*b)* trí dhíothú a dhéanamh go rianúil agus go comhleanúnach ar na gnásanna agus na cleachtais riaracháin sin agus na tréimhsí cáiliúcháin sin maidir le bheith i dteideal fostaíochta atá ar fáil, cibé acu ó reachtaíocht náisiúnta nó ó chomhaontuithe a bhí déanta idir na Ballstáit a thig siad, a mbeadh a gcoimeád ar bun ina chonstaic ar shaorghluaiseacht oibrithe;

*c)* trí dhíothú a dhéanamh go rianúil agus go comhleanúnach ar na tréimhsí cáiliúcháin agus na srianta eile sin go léir, dá bhforáiltear faoi reachtaíocht náisiúnta nó faoi chomhaontuithe a bhí déanta idir na Ballstáit, a chuireann ar oibrithe ó Bhallstáit eile coinníollacha maidir le saor-rogha fostaíochta nach gcuirtear ar oibrithe an Stáit atá i gceist;

*d)* trí shásra iomchuí a chur ar bun chun tairiscintí fostaíochta agus iarratais ar fhostaíocht a thabhairt i dteagmháil lena chéile agus chun go n-éaseófar cothromaíocht idir soláthar agus éileamh ar mhargadh na fostaíochta d'fhonn go seachnófar aon dochar mór don chaighdeán maireachtála agus don leibhéal fostaíochta sna réigiúin agus sna tionscail éagsúla.

*Airteagal 50.* Taobhóidh na Ballstáit, faoi chuimsiú cláir chomhpháirtigh, le hoibrithe óga a mhalartú lena chéile.

*Airteagal 51.* Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún, cibé bearta i réim na slándála sóisialta is gá chun saoirse ghluaiseachta a sholáthar d'oibrithe; chuige sin déanfaidh sé socruithe chun a áirithiú do na hoibrithe imirceacha agus dá gcleithiúnaithe:

*a)* go gcomhshuimeofar, d'fhonn an ceart chun sochair a fhail agus a choinneáil agus méid an tsochair a ríomh, na tréimhsí uile a chuirtear san áireamh faoi dhlíthe na dtíortha éagsúla;

*b)* go n-íocfar sochair le daoine a chónaíonn i gcríocha na mBallstát.

CAIBIDIL 2. CEART BUNÁOCHTA

*Airteagal 52.* Faoi chuimsiú na bhforálacha atá leagtha amach thíos, díothófar go comhleanúnach i gcúrsa na hidirthréimhse srianta ar shaoirse bhunaíochta náisiúnaigh de chuid Ballstáit i gcríoch Bhallstáit eile. Bainfidh an díothú comhleanúnach sin freisin le srianta ar ghníomhaireachtaí, brainsí nó fochuideachtaí a chur ar bun ag náisiúnaigh d'aon Bhallstát atá bunaithe i gcríoch aon Bhallstáit.

Folóidh saoirse bhunaíochta an ceart chun gabháil le gníomhaíochtaí agus iad a shaothrú mar oibrithe ar a gconlán féin, chun gnóthais a chur ar bun agus a bhainistí, go háirithe cuideachtaí nó gnólachtaí de réir brí Airteagal 58, an dara mír, faoi na coinníollacha atá leagtha síos dá náisiúnaigh féin le dlí na tíre ina bhfuil suíomh na bunaíochta sin, faoi réir forálacha na Caibidle a bhaineann le caipiteal.

*Airteagal 53.* Ní thabharfaidh Ballstáit isteach aon srianta nua ar an gceart bunaíochta ina gcríocha ag náisiúnaigh de Bhallstáit eile, ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt leis an gConradh seo.

*Airteagal 54.* 1. Roimh dheireadh na chéad chéime, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gComhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus leis an Tionól, clár ginearálta a ullmhú chun srianta ar shaoirse bhunaíochta sa Chomhphobal a dhíothú. Cuirfidh an Coimisiún a thogra faoi bhráid na Comhairle i rith an dá bhliain tosaigh den chéad chéim.

Leagfar amach sa chlár na coinníollacha ginearálta faoina mbeidh saoirse bhunaíochta le gnóthú i gcás gach cineál gníomhaíochta agus go háirithe céimeanna a gnóthaithe.

2. Chun an clár ginearálta sin a chur i ngníomh nó, d'éagmais cláir den sórt sin, chun céim ar aghaidh a bhaint amach i dtreo na saoirse bunaíochta i gcás gníomhaíochta áirithe, déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus leis an Tionól, treoracha a eisiúint, ag gníomhú di d'aontoil go dtí deireadh na chéad chéime agus trí thromlach cáilithe ina dhiaidh sin.

3. Déanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún na dualgais a thitfidh orthu faoi na forálacha roimhe seo a chomhlíonadh, go háirithe:

*a*) trí fhreastal i dtosach báire, de ghnáth, do ghníomhaíochtaí ina ndéanann an tsaoirse bhunaíochta fóntas ar leith d'fhorbairt na táirgeachta agus na trádála;

*b*) trí comhoibriú dlúth idir na húdaráis inniúla sna Ballstáit a áirithiú ionas go gcinnteofar an cor áirithe sa Chomhphobal atá ar na gníomhaíochtaí éagsúla atá i gceist;

*c*) trí dhíothú na ngnásanna agus na gcleachtas riaracháin sin, cibé acu ó reachtaíocht náisiúnta nó ó chomhaontuithe a bhí déanta idir na Ballstáit a thig siad, a mbeadh a gcoimeád ar bun ina chonstaic ar shaoirse bhunaíochta;

*d*) trína áirithiú go bhféadfaidh oibrithe ó Bhallstát amháin atá ar fostú i gcríoch Bhallstáit eile fanacht sa chríoch sin chun gabháil le gníomhaíochtaí ann mar oibrithe ar a gconlán féin, má shásaíonn siad na coinníollacha ba ghá doibh a shásamh dá mba ag an am a bhí siad ar intinn gabháil leis na gníomhaíochtaí sin a thiocfaidís isteach sa Stát sin;

*e*) trína chumasú do náisiúnach Ballstáit amháin talamh agus foirgnimh a fháil agus a úsáid a bhfuil a suíomh i gcríoch Bhallstáit eile, chomh fada is nach bhfuil sin contrártha do na prionsabail atá leagtha síos in Airteagal 39(2);

*f*) trí dhíothú comhleanúnach a dhéanamh ar shrianta le saoirse bhunaíochta i ngach brainse gníomhaíochta a bheidh faoi bhreithniú, i gcás na gcoinníollacha maidir le gníomhaireachtaí, brainsí nó fochuideachtaí a chur ar bun i gcríoch Bhallstáit agus i gcás na gcoinníollacha a bhaineann le pearsanra de chuid na príomhbhunaíochta a dhul isteach i bpoist bhainistíochta nó mhaoirseachta sna gníomhaireachtaí, sna brainsí nó sna fochuideachtaí sin;

*g*) trí chomhordú a dhéanamh, a mhéid is gá sin, ar na coimircí a éilíonn Ballstáit ar chuideachtaí nó gnólachtaí de réir brí Airteagal 58, an dara mír, ionas go gcosnófar leasanna comhaltaí agus daoine eile, d'fhonn na coimircí sin a chomhionannú ar fud an Chomhphobail;

*h*) trína dheimhniú dóibh féin nach saobhfar na coinníollacha bunaíochta trí chabhracha ó Bhallstáit.

*Airteagal 55.* Ní bhainfidh forálacha na Caibidle seo, i gcás aon Bhallstáit áirithe, le gníomhaíochtaí a bhfuil baint acu sa Stát sin, fiú go hócáideach, le hoibriú údaráis oifigiúil.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, a rialú nach mbainfidh forálacha na Caibidle seo le gníomhaíochtaí áirithe.

*Airteagal 56.* 1. Ní rachaidh forálacha na Caibidle seo, agus bearta dá mbun, chun dochair d'infheidhmeacht fhorálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin lena bhforáiltear cóir speisialta do náisiúnaigh choigríche ar mhaithe leis an mbeartas poiblí, leis an tslándáil phoiblí nó leis an tsláinte phoiblí.

2. Roimh dheireadh na hidirthréimhse, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól, treoracha a eisiúint chun na forálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin atá luaite roimhe seo a chomhordú. Tar éis deireadh an dara céim, áfach, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, treoracha a eisiúint chun comhordú a thabhairt ar na forálacha sin, i ngach Ballstát, a bhaineann le cúrsaí rialúhcháin nó riaracháin.

*Airteagal 57.* 1. Chun gur fusa do dhaoine gabháil le gníomhaíochtaí agus iad a shaothrú mar oibrithe ar a gconlán féin, déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól, ag gníomhú di d'aontoil i rith na chéad chéime agus trí thromlach cáilithe ina dhiaidh sin, treoracha a eisiúint chun dioplómaí, teastais agus cruthúnais eile ar cháilíochtaí foirmiúla a aithint go frithpháirteach.

2. Chun na criche céanna, déanfaidh an Chomhairle, roimh dheireach na hidirthréimhse, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól, treoracha a eisiúint chun comhordú a thabhairt ar na forálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin i mBallstáit i dtaobh gabháil lé gníomhaíochtaí agus iad a shaothrú mar oibrithe ar a gconlán féin. Ní foláir bheith d'aontoil ar chúrsaí is ábhar do reachtaíocht i mBallstát amháin ar a laghad, ar bhearta a bhaineann le coigilteas a chosaint, go háirithe creidmheas a thabhairt agus gairm na baincéireachta a fheidhmiú, agus leis na coinníollacha a rialaíonn feidhmiú ghairm na míochaine agus gairmeacha gaolmhara agus ghairm na cógaisíochta sna Ballstáit éagsúla. I gcásanna eile, gníomhóidh an Chomhairle d'aontoil i rith na chéad chéime agus trí thromlach cáilithe ina dhiaidh sin.

3. I gcás ghairm na míochaine agus gairmeacha gaolmhara agus ghairm na cógaisíochta, beidh an díothú comhleanúnach ar shrianta ag brath ar chomhordú coinníollacha a gcleachta sin sna Ballstáit éagsúla.

*Airteagal 58.* Cuideachtaí nó gnólachtaí a foirmíodh de réir dlí Ballstáit agus a bhfuil a n-oifig chláraíthe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu sa Chomhphobal, déileálfar leo, chun críocha na Caibidle seo, ar an gcuma chéanna le daoine nádúrtha is náisiúnaigh de Bhallstáit.

Ciallaíonn "cuideachtaí nó gnólachtaí" cuideachtaí nó gnólachtaí a bunaíodh faoin dlí sibhialta nó faoin dlí tráchtála, lena n-áiritear comharchumainn, agus daoine dlítheanacha eile a rialaítear le dlí poiblí nó le dlí príobháideach, cé is moite díobh siúd atá neamhbhrabúsmhar.

## CAIBIDIL 3. SEIRBHÍSÍ

*Airteagal 59.* Faoi chuimsiú na bhforálacha atá leagtha amach thíos, déanfar srianta ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar sa Chomhphobal a dhíothú go comhleanúnach i rith na hidirthréimhse i gcás náisiúnaigh de chuid Ballstáit atá bunaithe i Stát den Chomhphobal seachas Stát an duine dá bhfuil na seirbhísí ceaptha.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún, forálacha na Caibidle seo a chur chun sochair do náisiúnaigh ó thríú tír a thugann seirbhísí agus atá bunaithe sa Chomhphobal.

*Airteagal 60.* Measfar gur "seirbhísí" de réir brí an Chonartha seo seirbhísí a thugtar de ghnáth ar luach saothair, sa mhéid nach bhfuil siad faoi réir na bhforálacha a bhaineann le saorghluaiseacht earraí, caipitil agus daoine.

Áireofar go háirithe gur "seirbhísí":

*a*) gníomhaíochtaí de chineál tionsclaíoch;

*b*) gníomhaíochtaí de chineál tráchtálach;

*c*) gníomhaíochtaí aos ceirde;

*d*) gníomhaíochtaí aos gairme.

Gan dochar d'fhorálacha na Caibidle a bhaineann leis an gceart bunaíochta, féadfaidh soláthróir seirbhíse, chun go bhféadfaidh sé an tseirbhís a sholáthar, a ghníomhaíocht a shaothrú go sealadach sa Stát ina soláthraítear an tseirbhís, faoi choinníollacha mar a chuireann an Stát sin ar a naisiúnaigh féin.

*Airteagal 61.* 1. Beidh an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar i réim an iompair faoi rialú forálacha an Teidil a bhaineann le hiompar.

2. Déanfar an léirscaoileadh ar sheirbhísí baincéireachta agus árachais a bhaineann le gluaiseachtaí caipitil i gcomhréim leis an léirscaoileadh comhleanúnach ar ghluaiseacht chaipitil.

*Airteagal 62.* Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Chonradh seo, ní thabharfaidh Ballstáit isteach aon srianta nua ar a bhfuil gnóthaithe iarbhír, ar dháta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm, de shaoirse chun seirbhísí a sholáthar.

*Airteagal 63.* 1. Roimh dheireadh na chéad chéime, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus leis an Tionól, clár ginearálta a ullmhú le haghaidh díothú a bhfuil ar marthain de shrianta ar shaoirse chun seirbhísí a sholáthar sa Chomhphobal. Cuirfidh an Coimisiún a thogra faoi bhráid na Comhairle i rith an dá bhliain tosaigh den chéad chéim.

Leagfar amach sa chlár, le haghaidh gach cineál seirbhise, coinniollacha ginearálta agus céimeanna a léirscaoilte.

2. Chun an clár ginearálta sin a chur i ngníomh nó, d'eagmais cláir den sórt sin, chun céim a ghnóthú i léirscaoileadh seirbhíse áirithe, déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus leis an Tionól, treoracha a eisiúint, ag gníomhú di d'aontoil go dtí deireach na chéad chéime agus trí thromlach cáilithe ina dhiaidh sin.

3. Maidir leis na tograí agus na cinntí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, tabharfar tosaíocht de ghnáth do na seirbhísí sin a bhfuil éifeacht acu go díreach ar chostais táirgthe nó a gcuidíonn a léirscaoileadh le trádáil in earraí a chur chun cinn.

*Airteagal 64.* Dearbhaíonn na Ballstáit a bhfonnmhaireacht chun seirbhísí a léirscaoileadh thar mar is gá de réir na dtreoracha a eiseofar de bhun Airteagal 63(2), má bhíonn a staid eacnamaíoch i gcoitinne agus bail na hearnála áirithe dá ngeilleagar á cheadú sin.

Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na mBallstát a bheidh i gceist.

*Airteagal 65.* Fad a bheidh srianta ar shaoirse chun seirbhísí a sholáthar gan díothú, cuirfidh gach Ballstát na srianta sin chun feidhme gan idirdhealú de bhíthin

náisiúntachta ná áite cónaithe ar gach duine a sholáthraíonn seirbhísí de réir brí Airteagal 59, an chéad mhír.

*Airteagal 66.* Bainfidh forálacha Airteagail 55 go 58 leis na hábhair a rialaítear leis an gCaibidil seo.

CAIBIDIL 4. CAIPITEAL

*Airteagal 67.* 1. Le linn na hidirthréimhse agus a mhéid is gá sin chun ceartfheidhmiú an Chomhargaidh a áirithiú, díothóidh na Ballstáit go comhleanúnach eatarthu féin na srianta uile ar ghluaiseacht chaipitil is le daoine a bhfuil cónaí orthu sna Ballstáit agus aon idirdhealú a bheidh bunaithe ar náisiúnacht nó ar áit chónaithe na bpáirtithe nó ar an áit a bhfuil an caipiteal sin infheistithe.

2. Tráth nach déanaí ná deireadh na chéad chéime, beidh iocaíochtaí reatha a bhaineann le gluaiseacht chaipitil idir Ballstáit saortha ó gach uile shrian.

*Airteagal 68.* 1. Maidir leis na hábhair lena ndéileáiltear sa Chaibidil seo, beidh na Ballstáit chomh fial agus is féidir faoi na húdaráis mhalartúcháin a dheonú is gá fós tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm.

2. I gcás ina gcuirfidh Ballstát chun feidhme ar ghluaiseachtaí caipitil a léirscaoileadh de réir forálacha na Caibidle seo na rialacha inmheánacha a rialaíonn margadh an chaipitil agus an córas creidmheasa, déanfaidh sé amhlaidh ar dhóigh neamh-idirdhealaitheach.

3. Iasachtaí arb é is aidhm dóibh Ballstát nó a údaráis réigiúnacha nó áitiúla a mhaoiniú go díreach nó go hindíreach, ní eiseofar ná ní láithreofar iad i mBallstáit eile mura bhfuil na Stáit lena mbaineann tar éis teacht ar chomhaontú chuige sin. Ní chuirfidh an fhoráil seo bac le feidhmiú Airteagal 22 den Phrótacal ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.

*Airteagal 69.* Eiseoidh an Chomhairle ar thogra ón gCoimisiún, a rachaidh i gcomhairle ina thaobh sin leis an gCoiste Airgeadaíochta dá bhforáiltear in Airteagal 105, na treoracha is gá chun forálacha Airteagal 67 a chur i ngníomh go comhleanúnach, ag gníomhú di d'aontoil i rith an dá chéim thosaigh agus trí thromlach cáilithe ina dhiaidh sin.

*Airteagal 70.* 1. Molfaidh an Coimisiún don Chomhairle bearta chun comhordú a thabhairt go comhleanúnach ar bheartais mhalartúcháin na mBallstát i leith ghluaiseacht chaipitil idir na Stáit sin agus tríú tíortha. Chun na críche sin eiseoidh an Chomhairle treoracha, ag gníomhú di d'aontoil. Féachfaidh sí leis an léirscaoileadh is fairsinge is féidir a ghnóthú.

2. Mura lamhálfaidh an bearta a dhéanfar de réir mhír 1 díchur difríochtaí idir rialacha malartúcháin na mBallstát, agus go bhféadfadh na difríochtaí sin a thabhairt ar dhaoine a chónaíonn i gceann de na Ballstáit úsáid a bhaint as na saoráidí aistrithe sa Chomhphobal a bhforáiltear dóibh in Airteagal 67, ionas go n-éalóidís ó rialacha cheann de na Ballstáit i dtaobh caipiteal a ghluaiseacht go tríú tíortha nó uathu, féadfaidh an Stát sin, tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún, bearta iomchuí a glacadh chun na deacrachtaí sin a chloí.

Má fhaigheann an Chomhairle go bhfuil na bearta sin ag srianadh saorghluaiseacht chaipitil sa Chomhphobal thar mar is gá chun na deachachtaí a chloí, féadfaidh sí, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, a chinneadh go ndlíonn an Stát áirithe na bearta sin a leasú nó a dhíothú.

*Airteagal 71.* Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall chun nach dtabharfar isteach sa Chomhphobal aon srianta malartúcháin nua ar ghluaiseacht chaipitil agus ar íocaíochtaí reatha a bhaineann lena ghluaiseacht, agus chun nach ndéanfar níos sriantaí fós na rialacha atá ann faoi láthair.

Dearbhaíonn siad a bhfonnmhaireacht chun gabháil thar an gcéim léirscaoilte ar ghluaiseachtaí caipitil dá bhforáiltear sna hAirteagail roimhe seo, a mhéid a mbeidh a staid eacnamaíoch, go háirithe staid chomhardú na n-íocaíochtaí acu, á cheadú sin.

Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Airgeadaíochta, moltaí ina thaobh sin a chur faoi bhráid na mBallstát.

*Airteagal 72.* Coimeádfaidh na Ballstáit an Coimisiún san eolas ar aon ghluaiseachtaí caipitil go tríú tíortha agus uathu a bhfaighidh siad fios orthu. Féadfaidh an Coimisiún aon tuairimí is cuí leis ina thaobh sin a thabhairt do na Ballstáit.

*Airteagal 73.* 1. Má thugann gluaiseachtaí caipitil suaitheadh ar oibriú mhargadh an chaipitil in aon Bhallstát, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Airgeadaíochta, údarás a thabhairt don Stát sin bearta cosanta a ghlacadh i réim na ngluaiseachtaí caipitil, agus cinnfidh an Coimisiún coinníollacha agus sonraí na mbeart sin.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an t-údarás sin a chúlghairm agus na coinníollacha nó na sonraí sin a leasú.

2. Aon Bhallstát a dtarlóidh dó bheith i gcruachás, áfach, féadfaidh sé na bearta thuasluaite a ghlacadh é féin, toisc rúndacht nó práinn a bhaint leo, má bhíonn gá leo. Cuirfear na bearta sin i bhfios don Choimisiún agus do na Ballstáit eile tráth nach déanaí ná dáta a dteachta i bhfeidhm. Sa chás sin, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Airgeadaíochta, a chinneadh go ndlíonn an Stát áirithe na bearta sin a leasú nó a dhíothú.

## TEIDEAL IV. IOMPAR

*Airteagal 74.* Déanfaidh na Ballstáit aidhmeanna an Chonartha seo a shaothrú, i gcúrsaí lena mbaineann an Teideal seo, faoi chuimsiú comhbheartais iompair.

*Airteagal 75.* 1. Chun Airteagal 74 a chur i ngníomh, agus ag cur sainghnéithe an iompair san áireamh, leagfaidh an Chomhairle síos, ag gníomhú di d'aontoil go dtí deireadh an dara céim agus trí thromlach cáilithe ina dhiaidh sin, ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gComhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialach agus leis an Tionól:

*a)* comhrialacha is infheidhme maidir le hiompar idirnáisiúnta go críoch Bhallstáit nó uaidh nó ag gabháil trí chríoch Bhallstáit nó Bhallstát;

*b)* na coinníollacha faoina bhféadfaidh carraeirí nach bhfuil cónaí orthu ann seirbhísí iompair a oibriú i mBallstát;

*c)* aon fhorálacha eile is iomchuí.

2. Déanfar na forálacha dá dtagraítear in *a)* agus *b)* de mhír 1 a leagan síos le linn na hidirthréimhse.

3. De mhaolú ar an nós imeachta dá bhforáiltear i mír 1, i gcás ina bhféadfadh feidhmiú na bhforálacha maidir le prionsabail an chórais rialúcháin

don iompar éifeacht thromchúiseach a bheith aige ar an gcaighdeán maireachtála agus ar an bhfostaíocht i limistéir áirithe agus ar oibriú saoráidí iompair, leagfaidh an Chomhairle síos iad, ag gníomhú di d'aontoil. A leagan amach di, cuirfidh an Chomhairle san áireamh an riachtanas ata le hoiriúnú don fhorbairt eacnamaíoch a thiocfaidh den chómhargadh a bhunú.

*Airteagal 76.* Go dtí go mbeidh na forálacha dá dtagraítear in Airteagal 75(1) leagtha síos, ní fhéadfaidh aon Bhallstát, gan formheas d'aontoil ón gComhairle, cuid is lú fabhar, ina n-éifeacht dhíreach ná indíreach ar charraeirí Ballstát eile i gcomparáid le carraeirí is náisiúnaigh dá chuid féin, a thabhairt sna forálacha éagsúla a bhaineann leis an ábhar ar theacht i bhfeidhm don Chonradh seo.

*Airteagal 77.* Luífidh cabhracha leis an gConradh seo má fhreastalaíonn siad don riachtanas atá ann le comhordú an iompair nó má fhreagraíonn siad don aisíocaíocht as oibleagáidí áirithe a chomhlíonadh is gné dhílis de choincheap na seirbhíse poiblí.

*Airteagal 78.* Aon bheart a ghlacfar faoi chuimsiú an Chonartha maidir le rátaí agus coinníollacha iompair, cuirfear san áireamh iontu imthosca eacnamaíocha na gcarraeirí.

*Airteagal 79.* 1. Díothófar roimh dheireadh an dara céim ar a dhéanaí, i gcás iompair sa Chomhphobal, aon idirdhealú trína ndéanann carraeirí rátaí difriúla a bhaint amach agus coinníollacha difriúla a fhorchur as na hearraí céanna a iompar ar na hidirbhealaí iompair céanna mar gheall ar thír thionscnaimh nó ar thír chinn scríbe na n-earraí áirithe.

2. Ní choiscfidh mír 1 den Airteagal seo an Chomhairle ó bhearta eile a ghlacadh de bhun Airteagal 75(1).

3. Laistigh de dhá bhliain ó theacht i bhfeidhm don Chonradh seo, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta rialacha a leagan síos chun forálacha mhír 1 a chur i ngníomh.

Féadfaidh an Chomhairle, go háirithe, na forálacha a leagan síos is gá chun a chumasú d'institiúidí an Chomphobail a thabhairt go gcomhlíonfar an riail atá leagtha síos i mír 1 agus a áirithiú go mbeidh a tairbhe iomlán ag úsáidirí.

4. Déanfaidh an Coimisiún, uaidh féin nó ar iarratas ó Bhallstát, scrúdú ar aon chásanna idirdhealaithe a thig faoi mhír (1) agus, tar éis dul i gcomhairle le haon Bhallstát lena mbaineann, glacfaidh sé cibé cinntí is gá faoi chuimsiú na rialacha a leagach síos de réir forálacha mhír 3.

*Airteagal 80.* 1. Toirmiscfear ar Bhallstát, amhail ó thosach an dara céim, rátaí agus coinníollacha, a bhfuil tacaíocht nó cosaint ar bith ag roinnt leo ar mhaithe le gnóthas nó tionscal áirithe amháin nó níos mó, a fhorchur i leith gníomhaíochtaí iompair sa Chomhphobal, mura mbeidh sin údaraithe ag an gCoimisiún.

2. Déanfaidh an Coimisiún, uaidh féin nó ar iarratas ó Bhallstát, scrúdú ar na rátaí agus na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, á chur san áireamh go háirithe, ar thaobh amháin, a bhfuil riachtanach do bheartas eacnamaíoch réigiúnach íomchuí, gánna limistéar tearcfhorbartha agus fadhbanna limistéar a bhfuil imthosca polaitiúla ag cur as dóibh go mór agus ar an taobh eile, éifeachtaí na rátaí agus na gcoinníollacha sin ar an iomaíocht idir na modhanna éagsúla iompair.

Tar éis dul i gcomhairle le gach Ballstát lena mbaineann, glacfaidh an Coimisiún cibé cinntí is gá.

3. Ní bhainfidh an toirmeasc dá bhforáiltear i mír 1 le taraifí a socraíodh faoi chomhair iomaíchata.

*Airteagal 81.* Na muirir nó na dleachtanna a éileoidh carraeir as imeall-chríocha a thrasnú, i dteannta na rátaí iompair, ní ghabhfaidh siad thar leibhéal réasúnach, ar na costais a tabhaíodh iarbhír sa trasnú sin a chun san áireamh.

Féachfaidh na Ballstáit leis na costais sin a laghdú go comhleanúnach.

Féadfaidh an Coimisiún moltaí a chur faoi bhráid na mBallstát maidir leis an Airteagal seo a chur chun feidhme.

*Airteagal 82.* Ní bheidh forálacha an Teidil seo ina gconstaic ar fheidhmiú beart a ghlactar i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine, sa mhéid gur gá na bearta sin mar chúitheamh sna míbhuntáistí eacnamaíocha a thug deighilt na Gearmáine ar an ngeilleagar i limistéir áirithe de Phoblacht na Cónaidhme a mbaineann an deighilt sin leo.

*Airteagal 83.* Cuirfear coiste comhairleach, de shaineolaithe arna n-ainmniú ag Rialtais na mBallstát, ag gabháil leis an gCoimisiún. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an gCoiste, aon uair is fóinteach leis é, i dtaobh cúrsaí iompair, gan dochar do chumhachtaí na rannóige iompair den Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta.

*Airteagal 84.* 1. Bainfidh forálacha an Teidil seo le hiompar d'iarnród, de bhóthar agus d'uiscebhealach intíre.

2. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, a chinneadh cé acu is féidir, cá mhéad is féidir, agus conas is féidir, forálacha iomchuí a leagan síos do mhuiriompar agus d'aeriompar.

## CUID A TRÍ. BEARTAS AN CHOMHPHOBAIL

### TEIDEAL I. COMHRIALACHA

### CAIBIDIL 1. RIALACHA IOMAÍOCHTA

#### *Roinn 1.* RIALACHA A BHAINEANN LE GNÓTHAIS

*Airteagal 85.* 1. Toirmisctear na cleachtais seo a leanas mar chleachtais nach luíonn leis an gcómhargadh: gach conhaontú idir gnóthais, gach cinneadh ag comhlachais ghnóthas agus gach cleachtas comhbheartaithe a d'fhéadfadh dul i gcion ar an trádáil idir Ballstáit agus arb é a gcuspóir nó a n-éifeacht iomaíocht sa chómhargadh a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, agus go háirithe iad siúd trína ndéantar:

*a)* praghsanna ceannaithe nó díolta nó aon choinníollacha eile trádála a shocrú, go díreach nó go hindíreach;

*b)* táirgeadh, margaí, forbairt theicniúil, nó infheistiú a theorannú nó a rialú;

*c)* margaí nó foinsí soláthair a pháirtiú;

*d)* coinníollacha neamhionanna a chur chun feidhme ar idirbhearta comhionanna le páirtithe eile trádála sa dóigh go gcuirtear faoi mhíbhuntáiste iad san íomaíocht;

*e*) chun go gcuirfear conarthaí i gcrích, é a chur de choinníoll go nglacfaidh na páirtithe eile le hoibleagáidí forlíontacha nach bhfuil baint ar bith acu, óna nádúr ná ó ghnás na tráchtála, le hábhar na gconarthaí sin.

2. Aon chomhaontuithe nó cinntí a thoirmiscfear de bhun an Airteagail seo, beidh siad ar neamhní dá dhroim sin.

3. Féadfar, áfach, a dhearbhú nach mbainfidh forálacha mhír 1:

— le haon chomhaontú nó le haon chineál comhaontuithe idir gnóthais;

— le haon chinneadh nó le haon chineál cinntí ag comhlachais ghnóthas;

— le haon chleachtas comhbheartaithe nó le haon chineál cleachtas comhbheartaithe;

a chuidíonn le feabhas a thabhairt ar tháirgeadh nó dáileadh earraí nó leis an ascnamh teicniúil nó eacnamaíoch a chur chun cinn, agus cion cothrom den tairbhe uaidh sin a ligean le tomhaltóirí, agus:

*a*) nach gcuireann ar na gnóthais atá i gceist srianta nach bhfuil fíor-riachtanach chun na haidhmeanna sin a ghnóthú;

*b*) nach dtugann do na gnóthais sin breith ar iomaíocht a dhíchur i gcás cuid mhór de na táirgí atá i gceist.

*Airteagal 86*. Déanfar aon mhí-úsáid ag gnóthas nó gnóthais ag a bhfuil ceannasacht sa chómhargadh nó i gcuid mhór de a toirmeasc mar ní nach luíonn leis an gcómhargadh sa mhéid gurbh fhéidir éifeacht a bheith aici ar trádáil idir Ballstáit.

D'fhéadfadh sé go háirithe gurb é a bheadh sa mhí-úsáid sin:

*a*) praghsanna míchóra ceannaithe nó díolta nó coinníollacha míchóra eile trádála a fhorchur, go díreach nó go hindíreach;

*b*) an táirgeadh, na margaí nó an fhorbairt theicniúil a theorannú chun dochair do thomhaltóirí;

*c*) coinníollacha neamhionanna a chur chun feidhme ar idirbhearta comhionanna le páirtithe eile trádála sa dóigh go gcuirtear faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht iad;

*d*) chun go dtabharfar conarthaí i gcrích, é a chur de choinníoll go nglacfaidh na páirtithe eile le hoibleagáidí forlíontacha nach bhfuil baint ar bith acu; óna nádúr ná ó ghnás na tráchtála, le hábhar na gconarthaí sin.

*Airteagal 87*. 1. Laistigh de thrí bliana ó theacht i bhfeidhm don Chonradh seo, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól, aon rialacháin nó treoracha is iomchuí a ghlacadh chun éifeacht a thabhairt do na prionsabail atá leaghta amach in Airteagail 85 agus 86.

Mura mbeidh na forálacha sin glactha laistigh den tréimhse atá luaite, leagfaidh an Chomhairle síos iad ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól.

2. Na rialacháin nó na treoracha dá dtagraítear i mír 1, ceapfar iad go háirithe:

*a*) chun a áirithiú go ngéillfear do na toirmisc atá leagtha síos in Airteagal 85(1) agus in Airteagal 86, trí fhíneálacha agus tráthíocaíochtaí pionósacha a fhoráil ina leith;

*b*) chun rialacháin mhionchruinne a leagan síos i dtaobh Airteagal 85(3) a chur chun feidhme, á chun san áireamh a riachtanaí atá sé, ar thaobh amháin, maoirsiú éifeachtach a áirithiú agus, ar an taobh eile, an riarachán a shimpliú chomh fada riamh agus is féidir;

*c*) chun sainiú a dhéanamh, más gá, i gcás brainsí éagsúla an gheilleagair ar raon na bhforálacha atá in Airteagail 85 agus 86;

*d*) chun feidhmeanna an Choimisiúin agus na Cúirte Breithiúnais, faoi seach, a shainiú maidir leis na forálacha atá leagtha síos sa mhír seo a chur chun feidhme;

*e*) chun an gaol a chinneadh atá idir dlíthe náisiúnta agus na forálacha atá sa Roinn seo nó a glacadh de bhun an Airteagail seo.

*Airteagal 88.* Go dtí go dtiocfaidh na forálacha a glacadh de bhun Airteagal 87 i bhfeidhm, bhéarfaidh údaráis na mBallstát rialú, de réir dlí a dtíre agus forálacha Airteagal 85, go háirithe mír 3, agus forálacha Airteagal 86, ar inghlacthacht chomhaontuithe, chinntí agus chleachtas comhbheartaithe agus ar mhí-úsáid cheannasachta sa chómhargadh.

*Airteagal 89.* 1. Gan dochar d'Airteagal 88, féachfaidh an Coimisiún chuige, a luaithe a rachaidh sé i mbun a dhualgas, go gcuirfear chun feidhme na prionsabail atá leagtha síos in Airteagail 85 agus 86. Ar iarratas a fháil ó Bhallstát, nó uaidh féin, agus i gcomhar le húdaráis inniúla na mBallstát, a thabharfaidh a gcabhair dó, scrúdóidh an Coimisiún cásanna ina bhfuil amhras gur sáraíodh na prionsabail thuasluaite. Má fhaigheann sé gur tharla sárú, molfaidh sé bearta iomchuí chun deireadh a chur leis.

2. Mura gcuirtear deireadh leis an sárú, déanfaidh an Coimisiún an sárú sin ar na prionsabail a thaifeadadh i gcinneadh réasúnaithe. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh a fhoilsiú agus a údarú do Bhallstáit na bearta is gá a dhéanamh chun an scéal a leigheas, agus saincoidh sé coinníollacha agus sonraí na mbeart sin.

*Airteagal 90.* 1. I gcás na ngnóthas poiblí agus na ngnóthas dá dtugann na Ballstáit cearta speisialta nó cearta eisiatacha, ní achtóidh na Ballstáit, ná ní choinneoidh siad i bhfeidhm, aon bheart atá bunoscionn le rialacha an Chonartha seo, go háirithe na rialacha dá bhforáiltear in Airteagal 7 agus in Airteagail 85 go 94.

2. Gnóthais arb é a gcúram seirbhísí a oibriú, is seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne nó seirbhísí de chineál monaplachta fioscaí, beidh siad faoi réir rialacha an Chonartha seo, go háirithe na rialacha iomaíochta, chom fada is nach dtiocfaidh de na rialacha sin a chur chun feidhme bac ar chomhlíonadh, ó dhlí nó ó ghníomh, an chúraim áirithe a ceapadh dóibh. Caithfear gan cur as d'fhorbairt na trádála go feadh méid ba dhochar do leasanna an Chomhphobail.

3. Féachfaidh an Coimisiún chuige go gcuirfear forálacha an Airteagail seo chun feidhme agus, nuair is gá sin, eiseoidh sé treoracha nó cinntí iomchuí chun na mBallstát.

### *Roinn 2.* DUMPÁIL

*Airteagal 91.* 1. Más rud é, le linn na hidirthréimhse, go dtabharfaidh an Coimisiún dá aire, ar iarratas ó Bhallstát nó ó aon pháirthí leasmhar eile, go bhfuil

dumpáil ar siúl sa chómhargadh, seolfaidh sé moltaí chuig an duine nó na daoine is bun leis na cleachtais sin d'fhonn deireadh a chur leo.

Má leantar den dumpáil, údaróidh an Coimisiún don Bhallstát dá ndearnadh dochar bearta cosanta a ghabháil chuige, agus cinnfidh an Coimisiún coinníollacha agus sonraí na mbeart sin.

2. A luaithe a thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm, déanfar táirgí is de thionscnamh Ballstáit amháin nó atá ar saorchúrsaíocht ann, agus a onnmhairíodh go Ballstát eile, a ligean isteach, ar iad a athallmhairiú, i gcríoch an Stáit chéadluaite saor ó gach dleacht chustam nó srianadh cainníochtúil nó beart comhéifeachta. Leagfaidh an Coimisiún síos rialacha iomchuí chun an mhír seo a chur chun feidhme.

*Roinn 3.* CABHRACHA Ó STÁIT

*Airteagal 92.* 1. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Chonradh seo, aon chabhair a thabharfaidh Ballstát nó a thabharfar trí bhíthin acmhainní Stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le táirgeadh earraí áirithe, ní luífidh sí leis an gcómhargadh sa mhéid go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit.

2. Beidh cabhair dá leithéid seo a leanas ag luí leis an gcómhargadh:

*a*) cabhair de chineál comhdhaonnach do thomhaltóirí aonair, ar choinníoll go dtugtar an chabhair sin gan idirdhealú maidir le tionscnamh na dtáirgí áirithe;

*b*) cabhair dhun damáiste a shlánú a tharla de dheasca tubaistí nádúrtha nó tarlachtaintí neamhchoitianta eile;

*c*) cabhair do gheilleagar limistéar áirithe de Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine ar chuir deighilt na Gearmáine as dóibh, sa mhéid gur gá an chabhair sin mar chúiteamh sna míbhuntáistí eacnamaíocha a tháinig den deighilt sin.

3. Is inmheasta cabhair dá leithéid seo a leanas a bheith ag luí leis an gcómhargadh:

*a*) cabhair chun forbairt eacnamaíoch a thabhairt ar limistéir ina bhfuil an caidhdeán maireachtála thar a bheith íseal nó ina bhfuil mórchuid tearcfhostaíochta;

*b*) cabhair chun cuidiú le tionscadal tábhachtach ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne a chur i gcrích nó chun suaitheadh tromchúiseach i ngeilleagar Ballstáit a leigheas;

*c*) cabhair chun forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe nó limistéar eacnamaíoch áirithe a éascú, nuair nach n-athraíonn an chabhair sin dálaí trádála an oiread go mbeadh dochar ann don leas comhchoiteann. Déanfar, áfach, na cabhracha don longthógáil, amhail ar an 1 Eanáir 1957, sa mhéid nach bhfónann siad ach mar chúiteamh ar caspa na cosanta custam, a laghdú go comhleanúnach ar na coinníollacha céanna a bhaineann le dleachtanna custam a dhíchur, faoi réir forálacha an Chonartha seo maidir le comhbheartas tráchtála i leith tríú tíortha;

*d*) cabhair de cibé cineálacha eile a shonrófar le cinneadh ón gComhairle ag gníomhú de trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún.

*Airteagal 93.* 1. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, na córais chabhrach go léir sna Stáit sin a choimeád faoi bhreithniú i gcónaí. Molfaidh

sé do na Stáit sin aon bhearta iomchuí is gá chun an cómhargadh a fhorbairt go comhleanúnach nó chun a fheidhmithe.

2. Más rud é, tar éis fógra a thabhairt do na páirthithe lena mbaineann a mbarúlacha a chur isteach, go bhfaighidh an Coimisiún go bhfuil cabhair a thug Stát nó a tugadh trí bhíthin acmhainní Stáit gan bheith ag luí leis an gcómhargadh ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 95, nó go bhfuil an chabhair sin á mí-úsáid, cinnfidh sé go ndlíonn an Stát sin an chabhair sin a dhíothú nó a athrú laistigh de thréimhse a chinnfidh an Coimisiún.

Mura gcomhlíonfaidh an Stát áirithe an cinneadh sin laistigh den tréimhse ordaithe, féadfaidh an Coimisiún nó aon Stát leasmhar eile, de mhaolú ar fhorálacha Airteagail 169 agus 170, an t-ábhar a thabhairt faoi bhráid na Cúirte Breithniúnais go díreach.

Féadfaidh an Chomhairle, ar iarratas ó Bhallstát, ag gníomhú di d'aontoil, a chinneadh go measfar cabhair atá á tabhairt nó le tabhairt ag an Stát sin a bheith ag luí leis an gcómhargadh, de mhaolú ar fhorálacha Airteagal 92 nó ar na rialacháin dá bhforáiltear in Airteagal 94, má fhágann imthosca eisceachtúla gur cinneadh cóir é sin. Más rud é, maidir leis an gcabhair sin, go bhfuil an Coimisiún tar éis an nós imeachta dá bhforáiltear sa chéad fhomhír den mhír sin a thionscnamh cheana féin, beidh d'eifeacht ag an iarratas chun na Comhairle ón Stát atá i gceist go bhfionrófar an nós imeachta sin go dtí gur feasach cad é dearcadh na Comhairle.

Más rud é, áfach, nach mbeidh a dearcadh curtha in iúl ag an gComhairle laistigh de thrí mhí ó rinneadh an t-iarratas sin, bhéarfaidh an Coimisiún a chinneadh ar an gcás.

3. Cuirfear i bhfios don Choimisiún, in am trátha ionas go bhféadfaidh sé a bharúlacha a thabhairt, aon phleananna chun cabhair a thabhairt nó a athrú. Má mheasann sé go bhfuil aon phlean den sórt sin gan bheith ag luí leis an gcómhargadh, ag féachaint d'Airteagal 92, tionscnóidh sé, gan mhoill, an nós imeachta dá bhforáiltear i mír 2. Ní chuirfidh an Ballstát áirithe na bearta atá ceaptha aige in éifeacht go dtí go bhfaighfear cinneadh críochnaitheach de thoradh an nós imeachta sin.

*Airteagal 94.* Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, aon rialacháin iomchuí a dhéanamh chun Airteagail 92 agus 93 a chur chun feidhme, agus féadfaidh si go háirithe na coinníollacha ina mbeidh feidhm ag Airteagal 93(3) a chinneadh mar aon leis na cineálacha cabhrach a eisetear ón nós imeachta seo.

### CAIBIDIL 2. FORÁLACHA CÁNACHAIS

*Airteagal 95.* Ní fhorchuirfidh aon Bhallstát, go díreach ná go hindíreach, ar tháirgí Ballstát eile aon chánachas inmheánach de shaghas ar bith de bhreis ar a bhforchuirtear go díreach nó go hindíreach ar a samhail dá tháirgi náisiúnta féin.

Fairis sin, ní fhorchuirfidh aon Bhallstát ar tháirgí Ballstát eile aon chánachas inmheánach de shaghas a thabharfaidh cosaint indíreach do tháirgí eile.

Aisghairfidh nó leasóidh Ballstáit, i dtosach an dara céim ar a dhéanaí, aon fhorálacha a bheidh ann ar theacht i bhfeidhm don Chonradh seo agus a bheidh bunoscionn leis na rialacha roimhe seo.

*Airteagal 96.* I gcás earraí a onnmhairítear go críoch aon Bhallstáit, ní bheidh aon aisíocaíocht ar chánachas inmheánach níos mó ná an cánachas inmheánach a forchuireadh orthu, go díreach nó go hindíreach.

*Airteagal 97.* Aon Bhallstáit a thoibhíonn cáin láimhdeachais arna ríomh de réir cainchórais ilchéime charnaigh, féadfaidh siad, i gcás cánachais inmheánaigh a fhorchuireann siad ar tháirgí allmhairithe nó i gcás aisíocaíochtaí a lamhálann siad ar tháirgí onnmhairithe, meánrátaí a bhunú do tháirgí nó do ghrúpaí táirgí, ar choinníoll nach ndéantar sáru ar na prionsabail atá leagtha síos in Airteagail 95 agus 96.

Mura mbíonn na meánrátaí a bhunóidh Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail sin, eiseoidh an Coimisiún treoracha nó cinntí iomchuí chuig an Stát sin.

*Airteagal 98.* I gcás muirear seachas cánacha láimhdeachais, dleachtanna máil agus cineálacha eile cánachais indírigh, ní cead maithiúnais ná aisíocaíochtaí i leith onnmhairí go Ballstáit eile a dheonú ná ní cead muirir frithchúitimh i leith allmhairí ó Bhallstáit a fhorchur mura mbeidh na bearta a mheabhraítear formheasta roimh ré go ceann tréimhse teoranta ag an gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún.

*Airteagal 99.* Féachfaidh an Coimisiún conas is féidir, ar mhaithe leis an gcómhargadh, comhchuibhiú a dhéanamh ar reachtaíocht na mBallstát éagsúil maidir le cánacha láimhdeachais, dleachtanna máil agus cineálacha eile cánachais indírigh, lena n-áirítear bearta frithchúitimh is inchurtha chun feidhme ar thrádáil idir Ballstáit.

Cuirfidh an Coimisiún tograí faoi bhráid na Comhairle, agus gníomhóidh an Chomhairle orthu d'aontoil gan dochar d'fhorálacha Airteagail 100 agus 101.

## CAIBIDIL 3. DLÍTHE CHOMHFHOGAŚU

*Airteagal 100.* Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún, treoracha a eisiúint le haghaidh comhfhogaśu na bhforálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin i mBallstáit a bhaineann go díreach le bunú nó feidhmiú an chómhargaidh.

Rachfar i gcomhairle leis an Tionól agus leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialach i gcás treoracha ar ghá reachtaíocht leasúcháin i mBallstát nó i mBallstáit chun iad a chur i gcrích.

*Airteagal 101.* Má fhaigheann an Coimisiún go bhfuil difríocht idir na forálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin i mBallstáit atá ag saobhadh na gcoinníollacha iomaíochta sa chómhargadh agus gur gá an saobhadh dá dheasca sin a dhíchur, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis na Ballstáit atá i gceist.

Mura dtiocfaidh as an dáil chomhairle sin comhaontú trína ndíchuirfear an saobhadh áirithe, déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, ag gníomhú di d'aontoil i rith na chéad chéime agus trí thromlach cáilithe ina dhiaidh sin, na treoracha is gá a eisiúint. Féadfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle aon bhearta iomchuí eile a dhéanamh a bhforáiltear dóibh sa Chonradh seo.

*Airteagal 102.* 1. Má bhíonn cúis ann chun a cheapadh gur baolach saobhadh de réir bhrí Airteagal 101 a theacht as foráil reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin a ghlacadh nó a leasú, rachaidh Ballstát i gcomhairle leis an gCoimisiún má theastaíonn uaidh dul ar aghaidh leis an bhforáil sin a ghlacadh nó

a leasú. Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit, molfaidh an Coimisiún do na Stáil lena mbaineann cibé bearta is iomchuí chun an saobhadh sin a sheachaint.

2. Mura gcomhlíonfaidh an Stát a dteastaíonn uaidh forálacha dá chuid féin a thabhairt isteach nó a leasú an moladh a thug an Coimisiún dó, ní iarrfar, de bhun Airteagal 101, ar na Ballstáit eile a bhforálacha féin a leasú chun an saobhadh sin a dhíchur. Má bhíonn an Ballstát a thug neamhaird ar mholadh an Choimisiúin ina chúis le saobhadh a rachaidh chun dochair dó féin amháin, ní bheidh feidhm le forálacha Airteagal 101.

## TEIDEAL II. BEARTAS EACNAMAÍOCHTA

### CAIBIDIL 1. BEARTAS IN ALT NA hUAIRE

*Airteagal 103.* 1. Áireaoidh na Ballstáit mar ábhar comhchúraim dóibh a mbeartas in alt na huaire. Rachaidh siad i gcomhairle lena chile agus leis an gCoimisiún i dtaobh na mbeart ata le déanamh i bhfianaise tosca na huaire.

2. Gan dochar d'aon nós imeachta eile dá bhforáiltear sa Chonradh seo, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún, a chinneadh cad iad na bearta is cuí sa chás áirithe.

3. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, nuair is gá sin, aon theoracha a eisiúint a mbeidh riachtanas leo chun éifeacht a thabhairt do na bearta a cinneadh faoi mhír 2.

4. Beidh feidhm freisin leis an nós imeachta dá bhforáiltear san Airteagal seo má-tharlaíonn aon deacracht maidir le táirgí áirithe a sholáthar.

### CAIBIDIL 2. COMHARDÚ NA n-ÍOCAÍOCHTAÍ

*Airteagal 104.* Saothróidh gach Ballstát an beartas eacnamaíochta is gá chun cothromaíocht chomhardú a íocaíochtaí ina n-íomláine a áirithiú agus d'fhonn iontaoibh as a airgead reatha a chothú, agus san am céanna féachfaidh sé le hardleibhéal fostaíochta agus le cobhsaíocht na bpraghasleibhéal a áirithiú.

*Airteagal 105.* 1. Chun cuidiú le gnóthú na n-aidhmeanna atá luaite in Airteagal 104, déanfaidh na Ballstáit comhordú ar a mbeartais eacnamaíochta. Chuige sin tionscnóidh siad comharaíocht idir a ranna riaracháin iomchuí agus idir a mbainc cheannais.

Cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle moltaí chun an chomharaíocht sin a ghnóthú.

2. D'fhonn an comhordú ar bheartais na mBallstát i réim na hairgeadaíochta a chur chun cinn, chomh hiomlán agus is gá sin le haghaidh feidhmiú an chómhargaidh, bunaítear leis seo Coiste Airgeadaíochta de chineál comhairleach, a mbeidh de chúram air:

— staid airgeadaíochta agus staid airgeadais na mBallstát agus an Chomhphobail, maille le córas ginearálta íocaíochtaí na mBallstát, a choimeád faoi léirmheas, agus tuarascáil ina dtaobh a thabhairt go rialta don Chomhairle agus don Choimisiún;

— tuairimí a thabhairt arna n-iarraidh ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún, nó uaidh féin, lena gcur faoi bhráid na n-institiúidí sin.

Ceapfaidh na Ballstáit beirt chomhalta den Choiste Airgeadaíochta agus ceapfaidh an Coimisiún beirt.

*Airteagal 106.* 1. Geallann gach Ballstát go n-údaróidh sé, in airgead reatha an Bhallstáit ina gcónaíonn an creidiúnaí nó an tairbhí, aon íocaíochtaí i ndáil le gluaiseacht earraí, seirbhísí nó caipitil, maille le haon aistriú ar chaipiteal agus ar thuilleamh, go feadh a mbeidh de léirscaoileadh ar ghluaiseacht earraí, sierbhísí, caipitil agus daoine déanta idir na Ballstáit de bhun an Chonartha seo.

Dearbhaíonn na Ballstáit a bhfonnmhaireacht chun dul i gceann íocaíochtaí a léirscaoileadh thar mar a fhoráiltear son fhomhír roimhe seo, sa mhéid go mbeidh a gcor eacnamaíoch i gcoitinne, agus staid chomhardú a n-íocaíochtaí go háirithe, á cheadú sin.

2. Sa mhéid nach bhfuil de theorainn le gluaiseachtaí earraí, seirbhísí agus caipitil ach amháin srianta ar íocaíochtaí i ndáil leo, díothófar na srianta sin go comhleanúnach trí fhorálacha na gCaibidlí a bhaineann le díothú srianta cainníochtúla, le léirscaoileadh seirbhísí agus le saorghluaiseacht chaipitil a chur chum feidhme, *mutatis mutandis* ina leith.

3. Geallann na Ballstáit nach dtabharfaidh siad isteach eatarthu féin aon srianta nua ar aistriú i ndáil leis na hidirbhearta dófheicthe atá luaite sa liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gConradh seo.

Díothófar go comhleanúnach na srianta atá ann i gcomhréir le forálacha Airteagail 63 go 65, sa mhéid nach bhfuil en díothú sin faoi réir na bhforálacha atá i míreanna 1 agus 2 nó na Caibidle a bhaineann le saorghluaiseacht chaipitil.

4. Más gá, rachaidh na Ballstáit i gcomhairle lena chéile i dtaobh na mbeart atá le déanamh chun go bhféadfar na híocaíochtaí agus an t-aistriú atá luaite san Airteagal seo a chur i gcrích. Ní rachaidh na bearta sin chun dochair do ghnóthú na n-aidhmeanna atá leagtha amach sa Chaibidil seo.

*Airteagal 107.* 1. Féachfaidh gach Ballstát ar a bheartas maidir le rátaí malairte mar ábhar comhchúraim dóibh.

2. Má dhéanann Ballstát athrú ar a ráta malairte ar dhóigh nach bhfreagraíonn do na haidhmeanna atá leagtha amach in Airteagal 104 agus a thugann saobhadh tromchúiseach ar dhálaí iomaíochta, féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Airgeadaíochta, a údarú do Bhallstáit eile, go ceann tréimhse a mbeidh teorainn dhocht léi, na bearta is gá a dhéanamh i gcoinne iarmhairtí an athraithe sin, agus cinnfidh an Coimisiún coinníollacha agus sonraí na mbeart sin.

*Airteagal 108.* 1. I gcás Ballstát a bheith i ndeacrachtaí ó deacrachtaí móra a bheith ag bagairt air maidir le comhardú a íocaíochtaí mar gheall ar chomhardú a íocaíochtaí ina n-iomláine a bheith míchothrom nó mar gheall ar an gcineál airgíd reatha atá faoine réir aige, agus gur baolach go háirithe go gcuirfidh na deacrachtaí sin féidhmiú an chómhargaidh nó gnóthú comhleanúnach an chomhbheartais tráchtála i gcontúirt, scrúdóidh an Coimisiún láithreach cor an Stáit atá i gceist agus a bhfuil de ghníomhaíocht, trí úsáid a bhaint as gach deis atá aige, déanta nó indéanta ag an Stát sin, de réir forálacha Airteagal 104. Cuirfidh an Coimisiún in iúl cad iad na bearta a mholann sé don Stát sin a dhéanamh.

Mura leor chun na deacrachtaí atá ann, nó atá ag bagairt, a chloí an ghníomhaíocht atá déanta ag Ballstát agus na bearta atá molta ag an gCoimisiún, molfaidh an Coimisiún don Chomhairle, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Airgeadaíochta, cúnamh frithpháirteach a dheonú agus modhanna iomchuí chuige sin.

Cuirfidh an Coimisiún i bhfios don Chomhairle go rialta conas mar atá an staid agus cad is treo di.

2. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an cúnamh frithpháirteach sin a dheonú; glacfaidh sí treoracha nó cinntí ina leagfar síos coinníollacha agus sonraí an chúnaimh sin, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirmeacha dá leithéid seo:

*a)* triall comhbheartaithe faoi bhráid aon eagraíochtaí idirnáisiúnta eile a mbeadh Ballstáit ina n-árach;

*b)* bearta is gá chun sraonadh trádála a sheachaint má dhéanann an Stát atá i ndeacair srianta cainníochtúla in aghaidh tríú tíortha a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach athuair;

*c)* deonú creidmheasaí teoranta ag Ballstáit eile, ach iad a chomhaontú leis sin.

Le linn na hidirthréimhse, féadfar cúnamh frithpháirteach a thabairt freisin trí laghdú speisialta ar dhleachtanna custam nó trí fhairsingiú cuótaí chun cuidiú le méadú ar allmhairí ón Stát atá i ndeacair, ach na Stáit a mbeadh na bearta sin le déanamh acu a chomhaontú leis sin.

3. Más rud é nach ndeonóidh an Chomhairle an cúnamh frithpháirteach a mhol an Coimisiún nó nach leor an cúnamh frithpháirteach a deonaíodh agus na bearta a rinneadh, údaróidh an Coimisiún don Stát atá i ndeacair bearta cosanta a dhéanamh, agus cinnfidh an Coimisiún coinníollacha agus sonraí na mbeart sin.

Féadfaidh an Chomhairle an t-údarás sin a chúlghairm agus na coinníollacha agus na sonraí sin a athrú ag gníomhú di trí thromlach cáilithe.

*Airteagal 109.* 1. Má tharlaíonn géarchor tobann i gcomhardú na n-íocaíochtaí agus mura ndéantar láithreach cinneadh de réir bhrí Airteagal 108(2), féadfaidh an Ballstát atá i gceist na berta cosanta is gá a dhéanamh mar réamhchúram. Ní foláir na bearta sin a bheith de shaghas nach dtabharfaidh ach an suaitheadh is lú is féidir ar fheidhmiú an chómhargaidh agus gan a raon a bheith níos fairsinge ná mar is fíor-riachtanach chun na deacraí tobanna a tharla a leigheas.

2. Ní foláir na bearta cosanta sin a chur in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile tráth a dteachta i bhfeidhm, ar a dhéanaí. Féadfaidh an Coimisiún a mholadh don Chomhairle cúnamh frithpháirteach a thabhairt faoi Airteagal 108.

3. Tar éis tuairim an Choimisiúin a bheith tugtha agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Airgeadaíochta, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú dí trí thromlach cáilithe, a chinneadh go ndlíonn an Stát áirithe na bearta cosanta dá dtagraítear thuas a leasú, a fhionraí nó a dhíothú.

## CAIBIDIL 3. BEARTAS TRÁCHTÁLA

*Airteagal 110.* Trí aontas custam a bhunú eatarthu féin, tá d'aidhm ag na Ballstáit cuidiú, ar mhaithe leis an leas coiteann, le forbairt chomhchuí ar thráchtáil an domhain, le díothú comhleanúnach srianta ar an trádáil idirnáisiúnta agus le hísliú bacainní custam.

Sa chomhbheartas tráchtála cuirfear san áireamh an dea-éifeacht ab fhéidir a bheith le diothú dleachtanna custam idir na Ballstáit ar mhéadú chumas iomaíochta gnóthas sna Stáit sin.

*Airteagal 111.* Le linn na hidirthréimhse, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas gan dochar d'Airteagail 115 agus 116:

1. Déanfaidh na Ballstáit comhordú ar a gcaidreamh trádála le tríú tíortha ionas go mbeidh ann, um dheireadh na hidirthréimhse, na dálaí is gá chun comhbheartas a chur i ngníomh i raon na trádála eachtraí.

Cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle tograí maidir leis an nós imeachta is inleanta le linn na hidirthréimhse chun comhghníomhaíocht a ghnóthú agus maidir lena mbeartais tráchtála a chomhionannú.

2. Cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle moltaí i dtaobh caibidlí taraife le tríú tíortha maidir leis an gcomtharaif chustam.

Údaróidh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur leis na caibidlí sin.

Seolfaidh an Coimisiún na caibidlí sin i gcomhairle le coiste speisialta arna cheapadh ag an gComhairle chun cabhrú leis an gCoimisiún sa chúram sin, agus faoi chuimsiú na dtreoracha a eiseoidh an Chomhairle chuige.

3. I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar di leis an Airteagal seo, gníomhóidh an Chomhairle d'aontoil i rith an dá chéim thosaigh agus trí thromlach cáilithe ina dhiaidh sin.

4. Déanfaidh na Ballstáit, i gcomhairle leis an gCoimisiún, gach beart is gá, go háirithe na bearta atá ceaptha chun coigeartú a dhéanamh ar chomhaontuithe um tharaifí atá i bhfeidhm le tríú tíortha, ionas nach mbainfidh moill leis an gcomhtharaif chustam a theacht i bhfeidhm.

5. Féachfaidh na Ballstáit lena liostaí léirscaoilte i leith tríú tíortha nó grúpaí de thríú tíortha a chomhionannú a mhéid is féidir eatarthu féin. Chun na críche sin cuirfidh an Coimisiún gach moladh is iomchuí faoi bhráid na mBallstát.

Má bhíonn Ballstáit chun srianta cainníochtúla maidir le tríú tíortha a dhíonthú nó a laghdú, cuirfidh siad é sin in iúl roimh ré don Choimisiún agus tabharfaidh siad an chóir chéanna do Bhallstáit eile.

*Airteagal 112.* 1. Gan dochar d'oibleagáidí a ghabh na Ballstáit orthu féin faoi chuimsiú eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, déanfaidh siad, roimh dheireadh na hidirthréimhse, na córais faoina dtugtar cúnamh don onnmhairiú go tríú tíortha a chomhchuibhiú go comhleanúnach oiread agus is gá chun a áirithiú nach saobhfar an iomaíocht idir gnóthais an Chomhphobail.

Ar thogra ón gCoimisiún, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil go dtí deireadh an dara céim agus trí thromlach cáilithe ina dhiaidh sin, aon treoracha a eisiúint is gá chuige sin.

2. Ní bhainfidh na forálacha roimhe seo le haisíoc i leith dleachtanna custam nó muirear comhéifeachta ná le haisíoc cánachais indírigh, lena n-áirítear cánacha láimhdeachais, dleachtanna máil agus cánacha indíreacha eile mar a lamháiltear i gcás earraí a onnmhairiú ó Bhallstát go tríú tír, sa mhéid nach ngabhann an t-aisíoc sin thar an méid a forchuireadh, go díreach nó go hindíreach, ar na táirgí a onnmhairíodh.

*Airteagal 113.* 1. Tar éis deireadh na hidirthréimhse, beidh an comhbheartas tráchtála bunaithe ar phrionsabail chomhionanna, go háirithe maidir le hathruithe ar rátaí taraifí, le comhaontuithe um tharaifí agus trádáil a ghnóthú, le bearta léirscaoilte a chomhionannú, le beartas onnmhairiúcháin agus le bearta

cosanta trádála ar nós na mbeart a bheadh le déanamh i gcás dumpála nó fóirdheontas.

2. Cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle tograí chun an comhbheartas tráchtála a chur i ngníomh.

3. Nuair is gá comhaontuithe le tríú tíortha a chaibidil, cuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na Comhairle, agus údaróidh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur leis na caibidlí is gá.

Seolfaidh an Coimisiún na caibidlí sin i gcomhairle le coiste speisialta arna cheapadh ag an gComhairle chun cabhrú leis an gCoimisiún sa chúram sin, agus faoi chuimsiú na dtreoracha a eiseoidh an Chomhairle chuige.

4. I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar di leis an Airteagal seo, gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe.

*Airteagal 114.* Na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 111(2) agus in Airteagal 113, déanfaidh an Chomhairle, thar ceann an Chomhphobail, iad a thabhairt i gcrích, ag gníomhú di d'aontoil i rith an dá chéim thosaigh agus trí thromlach cáilithe ina dhiaidh sin.

*Airteagal 115.* Chun a áirithiú nach gcuirfidh sraonadh trádála bac ar fheidhmiú beart i dtaca le beartas tráchtála a dhéanfaidh aon Bhallstát de réir an Chonartha seo, nó i gcás deacrachtaí eacnamaíochta a theacht i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit mar gheall ar dhifríochtaí idir na bearta sin, molfaidh an Coimisiún na modhanna don chomhoibriú is gá idir na Ballstáit. Dá éagmais sin, údaróidh an Coimisiún do na Ballstáit na bearta cosanta is gá a dhéanamh, agus socróidh sé coinníollacha agus sonraí na mbeart sin.

I gcás práinne le linn na hidirthréimhse, féadfaidh na Ballstáit iad féin na bearta is gá a dhéanamh agus cuirfidh siad i bhfios do na Ballstáit eile agus don Choimisiún iad, agus féadfaidh an Coimisiún a chinneadh go ndlíonn na Stáit áirithe na bearta sin a leasú nó a dhíothú.

I roghnú na mbeart sin tabharfar tosaíocht do na bearta is lú a thabharfaidh suaitheadh ar fheidhmiú an chómhargaidh agus a thugann aird ar a riachtanaí atá sé brostú, a mhéid is féidir, leisan gcomhtharaif chustam a thabhairt isteach.

*Airteagal 116.* Ó dheireadh na hidirthréimhse amach, i gcás gach ábhar is díol suime ar leith don chómhargadh, is trí chomhghníomhú agus ar an gcuma sin amháin a rachaidh na Ballstáit chun cinn faoi chuimsiú eagraíochtaí idirnáisiúnta de chineál eacnamaíoch. Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráidh na Comhairle, a ghníomhóidh trí thromlach cáilithe, tograí i dtaobh raon an chomhghníomhaithe sin agus i dtaobh a churtha i gcrích.

Le linn na hidirthréimhse, rachaidh na Ballstáit i gcomhairle lena chéile d'fhonn a ngníomhú a chomhbheartú agus chun teacht ar chomhdhearcadh a mhéid is féidir.

## TEIDEAL III. BEARTAS SÓISIALTA

### CAIBIDIL 1. FORÁLACHA SÓISIALTA

*Airteagal 117.* Comhaontaíonn na Ballstáit ar a riachtanaí atá sé feabhas a thabhairt ar choinníollacha oibre agus ar chaighdeán maireachtála oibrithe ionas go bhféadfar iad a chomhchuibhiú le linn a bhfeabhsaithe.

Creideann siad go leanfaidh forbairt dá leithéid sin ní amháin as feidhmiú an chómhargaidh, rud a chuideoidh chun córais shóisialta a chomhchuibhiú, ach ina theannta sin as an nós imeachta dá bhforáiltear sa Chonradh seo agus as comhfhogasú forálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin.

*Airteagal 118.* Gan dochar d'fhorálacha eile an Chonartha seo agus i gcomhréir lena aidhmeanna i gcoitinne, beidh de chúram ar an gCoimisiún comhoibriú dlúth idir na Ballstáit a chur chun cinn sa réim shóisialta go háirithe i gcúrsaí a bhaineann leis na nithe seo:

— fostaíocht;

— dlí an tsaothair agus coinníollacha oibre;

— gairmoiliúint bhunchéime agus ardchéime;

— slándáil shóisialta;

— tionóiscí agus galair cheirde a chosc;

— sláinteachas ceirde;

— ceart chun dul i gcomhlachas, agus cómhargántaíocht idir fostóirí agus oibrithe.

Chun na críche sin gníomhóidh an Coimisiún i ndlúth-thadhall leis na Ballstáit trí staidéir a dhéanamh, tuairimí a thabhairt agus dáil chomhairle a shocrú i dtaobh fadhbanna a thig ar leibhéal náisiúnta agus fadhbanna is ábhar cúraim d'eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Sula dtabharfaidh an Coimisiún na tuairimí dá bhforáiltear san Airteagal seo. rachaidh sé i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta.

*Airteagal 119.* Áiritheoidh gach Ballstát i rith na chéad chéime, agus cothóidh sé ina dhiaidh sin, feidhmiú an phrionsabail go bhfuil pá comhoinann as obair chomhionann ag dul d'fhir agus do mhná.

Chun críche an Airteagail seo, ciallaíonn "pá" an gnáthphá nó an gnáththuarastal bunaidh nó íosta maille le haon chomaoin eile, in airgead nó in ábhar, a fhaigheann an t-oibrí, go díreach nó go hindíreach, óna fhostóir as ucht a fhostaíochta.

Ciallaíonn pá comhionann, gan idirdhealú idir fir agus mná:

*a)* go ndéantar an pá as an obair chéanna ar thascrátaí a ríomh de réir an aonaid tomhais chéanna;

*b)* i gcás obair de réir am-rátaí gurb é an pá céanna a íoctar as an gceann oibre céanna.

*Airteagal 120.* Féachfaidh na Ballstáit leis an gcoibhéis atá ann idir scéimeanna saoire le pá a choimeád mar atá.

*Airteagal 121.* Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, cúraimí a shannadh don Choimisiún maidir le comhbhearta a chur i ngníomh, go háirithe maidir leis an tslándáil shóisialta do na hoibrithe imirceacha dá dtagraítear in Airteagal 48 go 51.

*Airteagal 122.* Cuirfidh an Coimisiún isteach ina thuarascáil bhliantúil don Tionól caibidil ar leith ar fhorbairtí shóisialta sa Chomhphobal.

Féadfaidh an Tionól a iarraidh ar an gCoimisiún tuarascálacha a tharraingt suas i dtaobh aon fhadhbanna áirithe a bhaineann le dálaí sóisialta.

CAIBIDIL 2. CISTE SÓISIALTA NA hEORPA

*Airteagal 123.* Chun go bhfeabhsófar na deiseanna ar fhostaíocht d'oibrithe sa chómhargadh agus chun go gcuideofar amhlaidh leis an gcaighdeán maireachtála a ardú, cuirtear Ciste Sóisialta Eorpach ar bun leis seo de réir na bhforálacha atá leagtha amach thíos; beidh de chúram air fostú oibrithe a éascú agus méadú a thabhairt ar a soghluaisteacht ó áit go chéile agus ó phost go chéile sa Chomhphobal.

*Airteagal 124.* Is é an Coimisiún a riarfaidh an Ciste.

Sa chúram sin gheobhaidh an Coimisiún cuidiú ó Choiste a mbeidh comhalta den Choimisiún i gceannas air agus arb iad a bheidh air ionadaithe ó Rialtais agus ó cheardchumainn agus ó eagraíochtaí fostóirí.

*Airteagal 125.* 1. Ar iarratas ó Bhallstát glanfaidh an Ciste, faoi chuimsiú na rialacha dá bhforáiltear in Airteagal 127, 50% den chaiteachas a thabhóidh an Stát sin nó comhlacht faoi rialú an dlí phoiblí tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm, chun na gcríocha seo:

*a*) chun athfhostaíocht tháirgiúil a áirithiú d'oibrithe:

— trí athoiliúint ghairmiúil;

— trí liúntais athshocraíochta;

*b*) chun cabhair a thabhairt ar mhaithe le hoibrithe ar laghdaíodh nó ar fionraíodh go sealadach a bhfostaíocht, go hiomlán nó go páirteach, mar gheall ar ghnóthas a athrú go táirgeach eile, ionas go mbeidh an pá-leibhéal céanna acu go dtí go n-athfhostófar iad go hiomlán.

2. Deonófar an chabhair as an gCiste i leith costas athoiliúna gairme ar an gcoinníoll sin amháin nach bhféadfaí fostaíocht a fháil do na hoibrithe dífhostaithe ar dhóigh seachas i ngairm nua agus go bhfuil siad tar éis tréimhse sé mhí ar a laghad a chaitheamh i bhfostaíocht tháirgiúil sa ghairm dá bhfuair siad athoiliúint.

Ní dheonófar cabhair i leith liúntas athshocraíochta ach amháin sa chás gur tugadh ar na hoibrithe dífhostaithe láthair a mbaile sa Chomhphobal a athrú agus go bhfuil siad tar éis sé mhí ar a laghad a chaitheamh i bhfostaíocht tháirgiúil ina n-áit chónaithe nua.

Ní dheonófar cabhair d'oibrithe i gcás gnóthas a athrú ach amháin ar na coinníollacha seo a leanas:

*a*) go bhfuil na hoibrithe áirithe fostaithe go hiomlán athuair sa ghnóthas sin le sé mhí ar a laghad;

*b*) go bhfuil an Rialtas lean mbaineann tar éis plean a chur isteach roimh ré, arna tharraingt suas ag an ngnóthas atá i gceist, don athrúchán áirithe sin agus chun é a mhaoiniú;

*c*) go bhfuil an Coimisiún tar éis a fhormheas a thabhairt roimh ré ar phlean an athrúcháin.

*Airteagal 126.* Nuair a bheidh deireadh leis an idirthréishse, féadfaidh an Chomhairle, tar éis tuairim an Choimisiúin a fháil agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus leis an Tionól:

*a)* a rialú, le tromlach Cáilithe, nach ndeonófar a thuilleadh an t-iomlán nó cuid den chabhair dá dtagraítear in Airteagal 125; nó

*b)* a chinneadh d'aontoil cad iad na cúraimí nua a chuirfear ar an gCiste faoi chuimsiú a théarmaí tagartha mar atá leagtha síos in Airteagal 123.

*Airteagal 127.* Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus leis an Tionól, na forálacha a leagan síos is gá chun Airteagail 124 go 126 a chur i ngníomh; go háirithe, socróidh sí go mionchruinn na coinníollacha ar a ndéanfaidh an Ciste cabhair a dheonú de réir Airteagal 125 agus na cineálacha gnóthas a dtairbheoidh a n-oibrithe den chabhair dá bhforáiltear in Airteagal 125(1)*b*).

*Airteagal 128.* Ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eancamaíoch agus Sóisialta, leagfaidh an Chomhairle síos na prionsabail ghinearálta chun chomhbheartas gairmoiliúna a chur i ngníomh a fhéadfaidh cuidiú le forbairt chomhchuí ar na geilleagair náisiúnta chom maith leis an gcómhargadh.

## TEIDEAL IV. AN BANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA

*Airteagal 129.* Bunaítear leis seo Banc Eorpach Infheistíochta; beidh pearsantacht dhlítheanach aige.

Is iad na Ballstáit is comhaltaí den Bhanc Eorpach Infheistíochta.

Tá Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta leagtha síos i bPrótacal atá i gceangal leis an gConradh seo.

*Airteagal 130.* Is é is cúram don Bhanc Eorpach Infheistíochta cuidiú, trí dhul in árach mhargadh an chaipitil agus trína acmhainní féin a úsáid, le forbairt chothromúil rianúil an chómhargaidh ar mhaithe leis an gComhphobal. Chuige sin déanfaidh an Banc, ag oibriú dó ar bhonn neamh-bhrabúsmhar, iasachtaí agus ráthaíochtaí a thabhairt a éascóidh maoiniú na dtionscadal seo a leanas i ngach earnáil den gheilleagar:

*a)* tionscadail le haghaidh forbraíocht na réigiún lagfhorbartha;

*b)* tionscadail chun gnóthais a nuachóiriú nó a athrú nó chun gníomhaíochtaí úra a fhorbairt a mbeidh call leo mar gheall ar bhunú comhleanúnach an chómhargaidh, i gcás nach féidir mar gheall ar mhéid nó nádúr na dtionscadal sin iad a mhaoiniú go hiomlán ar na modhanna éagsúla atá ar fáil sna Ballstáit ar leithligh;

*c)* tionscadail chomhleasa do Bhallstáit éagsúla nach féidir, mar gheall ar a méid nó a nádúr, iad a mhaoiniú go hiomlán ar na modhanna éagsúla atá ar fáil sna Ballstáit ar leithligh.

## CUID A CEATHAIR. TÍORTHA AGUS CRÍOCHA THAR LEAR A CHOMHLACHÚ

*Airteagal 131.* Comhaontaíonn na Ballstáit na tíortha agus na críocha neamh-Eorpacha a bhfuil caidreamh speisialta acu leis an mBeilg, leis an

bhFrainc, leis an Iodáil leis an Ísiltir agus leis an Ríocht Aontaithe a chomhlachú leis an gComhphobal.* Tá na tíortha agus na críocha sin (dá ngairtear "na tíortha agus na críocha" anseo feasta) sa liosta in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gConradh seo.

Is é is cuspóir don chomhlachas forbairt eacnamaíoch agus sóisialach na dtíortha agus na gcríoch a chur chun cinn agus dlúthchaidreamh eacnamaíoch a bhunú idir iad agus an Comhphobal ina iomláine.

De réir na bprionsabal atá leagtha amach sa Bhrollach don Chonradh seo, fónfaidh an comhlachas go príomha chun leasanna agus rathúnas áitreoirí na dtíortha agus na gcríoch sin a chur ar aghaidh, d'fhonn iad a sheoladh i dtreo na forbraíochta, idir eacnamaíoch, shóisialach agus chultúrtha, a bhfuil a ndóchas léi.

*Airteagal 132.* Is iad seo a leanas aidhmeanna an chomhlachais:

1. Cuirfidh na Ballstáit chun feidhme ar a dtrádáil leis na tíortha agus na críocha an chóir chéanna a bhíonn acu dá chéile de bhun an Chonartha seo.

2. Cuirfidh gach tír nó críoch chun feidhme ar a trádáil leis na Ballstáit agus leis na tíortha agus na críocha eile an chóir chéanna a bhíonn aici don Stát Eorpach a bhfuil caidreamh speisialta aici leis.

3. Cuideoidh na Ballstáit leis na hinfheistíochtaí is gá chun na tíortha agus na críocha sin a fhorbairt go comhleanúnach.

4. I gcás na n-infheistíochtaí atá maoinithe ag an gComhphobal, beidh rannpháirtíocht sna tairiscintí agus sna soláthairtí ar oscailt, ar choinníollacha comhionanna, do na daoine go léir, idir nádúrtha agus dlítheanach, is náisiúnaigh de Bhallstát nó de cheann de na tíortha agus na críocha.

5. Sa chaidreamh idir Ballstáit agus na tíortha agus na críocha, déanfar an ceart bunaíochta do náisiúnaigh agus do chuideachtaí nó gnólachtaí a rialú de réir na bhforálacha agus an nós imeachta atá leagtha síos sa Chaibidil a bhaineann leis an gceart bunaíochta agus ar bhonn neamhidirdhealaitheach, faoi réir aon fhorálacha speisialta a leagfar síos de bhun Airteagal 136.

*Airteagal 133.* 1. Déanfar dleachtanna custam ar earraí de thionscnamh na dtíortha agus na gcríoch a allmhaireofar isteach san Ballstáit a dhíothú go hiomlán i gcomhréir le diothú comhleanúnach dleachtanna custam idir na Ballstáit de réir forálacha an Chonartha seo.

2. Déanfar dleachtanna custam ar allmhairí isteach i ngach tír nó críoch ó Bhallstáit nó ó na tíortha nó na críocha eile a dhíothú go comhleanúnach de réir forálacha Airteagail 12, 13, 14, 15 agus 17.

3. Féadfaidh na tíortha agus na críocha, áfach, dleachtanna custam a thobhach a fhreagraíonn do riachtanais a bhforbraíochta agus a dtionsclaíochta nó a ghnóthaíonn ioncam dá mbuiséid.

Déanfar, áfach, na dleachtanna dá dtagraítear san fhomhir roimhe seo a laghdú go comhleanúnach go leibhéal na ndleachtanna a fhorchuirtear ar tháirgí a allmhairítear ón mBallstát a bhfuil caidreamh speisialta ag gach tír nó críoch ar leith leis. Bainfidh céatadáin agus tráthchlár na laghduithe dá bhforáiltear faoin gConradh seo leis an difríocht idir an dleacht a fhorchuirtear ar tháirge ón mBallstát a bhfuil caidreamh speisialta aige leis an tír nó an chríoch áirithe agus an

* An chéad abairt mar atá arna leasú le hAirteagal 24 (1) den Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 13 den Choinneadh Oiriúnuithe.

dleacht a fhorchuirtear ar an táirge céanna ó laistigh den Chomhphobal, ar a theacht isteach i dtir nó i gcríoch a allmhairithe.

4. Ní bhainfidh mír 2 leis na tíortha agus na críocha a dhéanann cheana féin, mar gheall ar na hoibleagáidí idirnáisiúnta áirithe atá de cheangal orthu, taraif chustam neamh-idirdhealaitheach a chur chun feidhme ar theacht i bhfeidhm don Chonradh seo.

5. Má thugtar isteach nó má athraítear ar dhóigh ar bith dleachtanna custam ar earraí a allmhairítear isteach sna tíortha agus sna críocha, ní bheidh sin ina chúis, ó dhlí ná ó ghníomh, le haon idirdhealú, díreach ná indíreach a dhéanamh idir allmhairí ó na Ballstáit éagsúla.

*Airteagal 134.* I gcás na dleachtanna is inchurtha ar earraí ó thríú tír, ar a dteacht isteach i dtír nó i gcríoch, a bheith ar leibhéal ar cosúil dó, nuair a chuirtear forálacha Airteagal 133(1) chun feidhme, trádáil a shraonadh chun dochair d'aon Bhallstát, féadfaidh an Stát sin a iarraidh ar an gCoimisiún na bearta is gá mar leigheas ar an gcor sin a mholadh do na Ballstáit eile.

*Airteagal 135.* Faoi réir na bhforálacha a bhaineann le sláinte phoiblí, slándáil phoiblí nó beartas poiblí, déanfar an tsaoirse ghluaiseachta laistigh de Bhallstáit le haghaidh oibrithe ó na tíortha agus na críocha, agus laistigh de na tíortha agus na críocha le haghaidh oibrithe ó na Ballstáit, a rialú le comhaontuithe a thabharfar i gcrích amach anseo le formheas d'aontoil ó na Ballstáit.

*Airteagal 136.* Go ceann théimhse tosaigh cúig bliana tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm, déanfar na sonraí agus an nós imeachta chun na tíortha agus na críocha a chomhlachú leis an gComhphobal a chinneadh le Coinbhinsiún Feidhmiúcháin a bheidh i gceangal leis an gConradh seo.

Sula rachaidh an Coinbhinsiún dá dtagraítear sa mhír roimhe seo in éag, leagfaidh an Chomhairle síos, ag gníomhú di d'aontoil, forálacha do thréimhse nua ar bhonn na taithí a fuarthas agus na bprionsabal atá leagtha amach sa Chonradh seo.

## CUID A CÚIG. INSTITIÚIDÍ AN CHOMHPHOBAIL

## TEIDEAL I. FORÁLACHA AG RIALÚ NA n-INSTITIÚIDÍ

### CAIBIDIL 1. NA hINSTITIÚIDÍ

### *Roinn 1.* AN TIONÓL

*Airteagal 137.* Is iad a bheidh ar an Tionól ionadaithe do phobail na Stát arna dtabhairt le chéile sa Chomhphobal, agus feidhmeoidh sé na cumhachtaí comhairleacha agus maoirseachta a thugtar dó leis an gConradh seo.

*Airteagal 138.* 1. Is iad a bheidh ar an Tionól toscairí a bheidh le ceapadh ag na Parlaimintí faoi seach as líon a gcomhaltaí de réir an nós imeachta a bheidh leagtha síos ag gach Ballstát.*

* NÓTA Ó NA HEAGARTHÓIRÍ. Titfidh mír 1 ar lár ar dhata an chéad chruinnithe a chomórfar den chead Tionól a thoghfar de bhun forálacha na hIonstraime maidir le toghadh ionadaithe don Tionól (feic Airteagal 14 den Ionstraim, lch. 952).

Feic Airteagal 1 den Ionstraim réamhluaite arb é seo á leanas a théacs:

"Déanfar na hionadaithe sa Tionól ó phobail na Stát atá tugtha le chéile sa Chomhphobal a thoghadh trí vótáil chomhchoiteann dhireach."

2. Is mar a leanas a bheidh líon na dtoscairí sin:

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 14 |
| An Danmhairg | 10 |
| An Ghearmáin | 36 |
| An Fhrainc | 36 |
| Éire | 10 |
| An Iodáil | 36 |
| Lucsamburg | 6 |
| An Ísiltir | 14 |
| An Ríocht Aontaithe | 36.*, ** |

3. Tarraingeoidh an Tionól suas tograí do thoghcháin trí vótáil chomhchoiteann dhíreach de réir nos imeachta chomhionann sna Ballstáit go léir.***

Leagfaidh an Chomhairle síos, ag gníomhú di d'aontoil, na forálacha iomchuí a mholfaidh sí do na Ballstáit lena nglacadh de réir a rialacha bunreachtúla faoi scach.

*Airteagal 139.* Beidh seisiún in aghaidh na bliana ag an Tionól. Tiocfaidh sé le chéile, gan a bheith de riachtanas é a chomóradh, an dara Máirt de Mhárta.****, *****

Féadfaidh an Tionól teacht le chéile i seisiún urghnách arna iarraidh sin ag tromlach a chomhaltaí nó arna iarraidh ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún.

*Airteagal 140.* Toghfaidh an Tionól a Uachtarán agus oifigigh as líon a chomhaltaí.

Féadfaidh comhaltaí den Choimisiún bheith í láthair ag gach cruinniú agus, ar iad á iarraidh sin, tabharfar éisteacht dóibh thar ceann an Choimisiúin.

Freagróidh an Coimisiún ó bhéal nó i scríbhinn ceisteanna a chuirfidh an Tionól nó comhaltaí an Tionóil chuige.

Tabharfaidh an Tionól éisteacht don Chomhairle de réir na gcoinníollacha a bheidh leagtha síos ag an gComhairle ina rialacha nós imeachta.

* Mír 2 mar atá arna leasú le hAirteagal 10 den Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 4 den Chinneadh Oiriúnuithe.

** NÓTA Ó NA HEAGARTHÓIRÍ. Titfidh mír 2 ar lár ar dhata an chéad chruinnithe a chomórfar den chéad Tionól a thoghfar de bhun forálacha na hIonstraime maidir le toghadh ionadaithe don Tionól (feic Airteagal 14 den Ionstraim, lch. 952).

Feic Airteagal 2 den Ionstraim réamhluaithe arb é seo a leanas a théacs:

"Is mar a leanas a bheidh líon na n-ionadaithe a thoghfar i ngach Ballstát:

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 24 |
| An Danmhairg | 16 |
| An Ghearmáin | 81 |
| An Fhrainc | 81 |
| Éire | 15 |
| An Iodáil | 81 |
| Lucsamburg | 6 |
| An Ísiltír | 25 |
| An Ríocht Aontaithe | 81." |

*** Feic freisin sa chomhthéacs seo Airteagal 7 (1) agus (2) den Ionstraim maidir le toghadh ionadaithe don Tionól.

**** An chéad mhír mar atá arna leasú le hAirteagal 27 (1) den Chonradh Comhcheangail.

***** Maidir leis an dara abairt den mhír seo, feic freisin Airteagal 10 (3) den Ionstraim maidir le toghadh ionadaithe don Tionól.

*Airteagal 141.* Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt leis an gConradh seo, gníomhóidh an Tionól trí thromlach glan de na vótaí a caitheadh.

Socrófar an córam leis an rialacha nós imeachta.

*Airteagal 142.* Glachfaidh an Tionól a rialacha nós imeachta, ag gníomhú dó trí thromlach dá chomhaltaí.

Foilseofar imeachtaí an Tionóil ar an modh a leagfar síos ina rialacha nós imeachta.

*Airteagal 143.* Pléifidh an Tionól i seisiún poiblí an tuarascáil ghinearálta bhliantúil a bheidh curtha faoina bhráid ag an gCoimisiún.

*Airteagal 144.* Má leagtar faoi bhráid an Tionóil tairiscint ag cáineadh gníomhaíochtaí an Choimisiúin, ní vótálfaidh an Tionól ar an tairiscint sin go ceann trí lá ar a laghad tar éis an tairiscint a leagan faoina bhráid, agus is trí vótáil phoiblí a dhéanfar sin.

Má ritear an tairiscint cháinte le tromlach dhá thrian de na vótaí a caitheadh, agus gurb ionann sin agus tromlach comhaltaí an Tionóil, éireoidh comhaltaí an Choimisiúin as a n-oifig d'aonbhuíon. Leanfaidh siad orthu ag déileáil le gnó reatha go dtí go gceapfar daoine ina n-ionad de réir Airteagal 158.

## *Roinn 2.* AN CHOMHAIRLE

*Airteagal 145.* Chun a áirithiú go ngnóthófar na haidhmeanna atá leagtha amach sa Chonradh seo:

— áiritheoidh an Chomhairle go gcomhordófar beartais eacnamaíocha ghinearálta na mBallstát, agus

— beidh cumhacht ag an gComhairle cinntí a ghlacadh, de réir forálacha an Chonartha seo.

*Airteagal 146. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 7 den Chonradh Comhcheangail)*

[*Feic Airteagal 2 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

Ionadaithe do na Ballstáit a bheidh ar an gComhairle. Cuirfidh gach Rialtas comhalta dá chuid mar thoscaire chuíci.

Sealbhóidh gach comhalta den Chomhairle, ar a uain, oifig an Uachtaráin ar feadh téarma sé mhí in ord seo a leanas na mBallstát: an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmain, an Fhrainc, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Ríocht Aontaithe.*]

*Airteagal 147. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 7 den Chonradh Comhcheangail)*

[*Feic Airteagal 3 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

Tiocfaidh an Chomhairle le chéile arna comóradh ag a hUachtarán uaidh féin nó arna iarraidh sin ag comhalta den Chomhairle nó ag an gCoimisiún.]

* An dara mír mar atá arna leasú le hAirteagal 11 den Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 5 den Chinneadh Oiriúnuithe.

*Airteagal 148.* 1. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Chonradh seo, is le tromlach dá comhaltaí a ghníomhóidh an Chomhairle.

2. *Nuair a cheanglaítear ar an gComhairle gníomhú trí thromlach cáilithe, gabhfaidh meáchan mar a leanas le vótaí a comhaltaí:

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 5 |
| An Danmhairg | 3 |
| An Ghearmáin | 10 |
| An Fhrainc | 10 |
| Éire | 3 |
| An Iodáil | 10 |
| Lucsamburg | 2 |
| An Ísiltír | 5 |
| An Ríocht Aontaithe | 10. |

Chun go nglacfar leo, is gá do ghníomhartha na Comhairle cuid nach lú ná:

— vóta is daichead ina bhfabhar sa chás ina gceanglaíonn an Conradh seo iad a ghlacadh ar thogra ón gCoimisiún,

— vóta is daichead ina bhfabhar, arna gcaitheamh ag sé chomhalta ar a laghad, i gcásanna eile.

3. Ní bac ar an gComhairle do ghlacadh le gníomhartha ar gá aontoilíocht dóibh comhaltaí a bheidh i láthair go pearsanta nó trí ionadaíocht a staonadh ó vótáil.

*Airteagal 149.* Nuair a ghníomhóidh an Chomhairle, de bhun an Chonartha seo, ar thogra ón gCoimisiún, is gá aontoilíocht le gníomh arb é atá ann leasú ar an togra sin.

Fad a bheidh an Chomhairle gan gníomhú, féadfaidh an Coimisiún a thogra bunaidh a athrú, go háirithe má chuathas i gcomhairle leis an Tionól i dtaobh an togra sin.

*Airteagal 150.* Má dhéantar vótáil, féadfaidh comhalta ar bith den Chomhairle gníomhú freisin thar ceann comhalta amháin eile ar a mhéid.

*Airteagal 151. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 7 den Chonradh Comhcheangail)*

[*Feic Airteagail 5 agus 4 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a dtéacs:*

*Airteagal 5.* Glacfaidh an Chomhairle a rialacha nós imeachta.

*Airteagal 4.* Beidh coiste arna chomhdhéanamh de Bhuan-Ionadaithe na mBallstát freagrach as obair na Comhairle a ullmhú agus as na cúraimí a chuirfidh an Chomhairle air a chur i gcrích.]

*Airteagal 152.* Féadfaidh an Chomhairle a iarraidh ar an gCoimisiún dul i mbun aon staidéir a mheasann an Chomhairle a bheith fóinteach chun na comhaidhmeanna a ghnóthú, agus aon tograí iomchuí a chue faoina bráid.

* Mír 2 mar atá arna leasú le hAirteagal 14 den Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 8 den Chinneadh Oiriúnuithe.

*Airteagal 153.* Déanfaidh an Chomhairle, tar éis tuairim a fháil ón gCoimisiún, na rialacha a chinneadh a rialóidh da coistí dá bhforáiltear sa Chonradh seo.

*Airteagal 154. (Aisghaireadh le hAirteagal 7 den Chonradh Comhcheangail)*

*[Feic Airteagal 6 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, tuarastail, liúntais agus pinsin Uachtarán agus comhaltaí an Choimisiúin agus Uachtarán, Breithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais. Cinnfidh an Chomhairle chomh maith, le tromlach cáilithe freisin, aon íocaíocht is intugtha in ionad luach saothair.]

### *Roinn 3.* AN COIMISIÚN

*Airteagal 155.* Chun feidhmiú agus forbairt an chómhargaidh mar is cuí a áirithiú, comhlíonfaidh an Coimisiún na cúraimí seo a leanas:

— féachfaidh sé chuige go gcuirfear chun feidhme forálacha an Chonartha seo agus na bearta a ghlacfaidh na hinstitiúidí dá mbun;

— foirmeoidh sé moltaí tabharfaidh sé tuairimí ar ábhair a ndéileáiltear leo sa Chonradh seo, má fhoráiltear sin go sainráite ann nó má mheasann an Coimisiún gur gá é;

— beidh cumhacht dá chuid féin aige chun cinneadh a ghlacadh agus rannpháirteoidh sé i gcumadh bearta a ghlacfaidh an Chomhairle agus an Tionól as an modh dá bhforáiltear sa Chonradh seo;

— feidhmeoidh sé na cumhachtaí a thabharfaidh an Chomhairle dó chun na rialacha a chur i ngníomh a bleidh leagtha síos ag an gComhairle.

*Airteagal 156. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 19 den Chonradh Comhcheangail)*

*[Feic Airteagal 18 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

Foilseoidh an Coimisiún go bliantúil, tráth nach déanaí ná mí roim oscailt shéisiún an Tionóil, tuarascáil ghinearálta ar ghníomhaíochtaí na gComhphobal.]

*Airteagal 157. (Aisgaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 19 den Chonradh Comhcheangail)*

*[Feic Airteagal 10 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

1. Beidh ar an gCoimisiún trí chomhalta dhéag, a roghnófar de bharr a n-inniúlachta i gcoitinne agus nach bhfuil a neamhspleáchas inchurta in amhras.*

* An chéad fhomhír mar atá arna leasú le Cinneadh na Comhairle den 1 Eanáir 1973 ag athrú líon comhaltaí an Choimisiúin (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. L 2, 1 Eanáir 1973, lch. 28).

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, líon comhaltaí an Choimisiúin a athrú.

Ní féidir a bheith ina gcomhaltaí den Choimisiún ach amháin náisiúnaigh de na Ballstáit.

Ní mór náisiúnach amháin ar a laghad as gach Ballstát a bheith ar an gCoimisiún, ach ní féidir thar dhá chomhalta is náisiúnaigh den Stát céanna a bheith ar an gCoimisiún.

2. Beidh comhaltaí an Choimisiúin, chun leasa na gComhphobal i gcoitinne, neamhspleách ar fad i gcomhlíonadh a ndualgas.

I gcomhlíonadh na ndualgas sin dóibh, mí iarrfaidh ná ní ghlacfaidh siad teagaisc ó aon Rialtas ná ó chomhlacht ar bith eile. Staonfaidh siad ó ghníomh ar bith nach luíonn lena ndualgais. Gabhann gach Ballstát air féin urraim a thabhairt don phrionsabal seo agus gan féachaint le tionchar a oibriú ar chomhaltaí an Choimisiún i gcomhlíonadh a gcúraimí dóibh.

Ní cead do chomhaltaí an Choimisiún, le linn a dtéarma oifige, gabháil le haon slí bheatha eile, sochrach ná neamhshocrach. Ar dhul i mbun a ndualgas dóibh, tabharfaidh siad gealltanas sollúnta go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiaidh, na hoibleagáidí a leanann as a n-oifig agus go háirithe a ndualgas chun bheith ionraic stuama i dtaobh ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis scor dá n-oifig dóibh. Má dhéantar sárú ar bith ar na hoibleagáidí sin, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gComhairle nó ón gCoimisiún, a rialú, de réir na n-imthosca, go bhfuil an comhalta áirithe le scor go héigeantach de réir forálacha Airteagal 13* nó go bhfuil a cheart chun pinsin nó chun sochar eile in ionad pinsin le baint de.]

*Airteagal 158. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 19 den Chonradh Comhcheangail)*

[*Feic Airteagal 11 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

Is iad Rialtais na mBallstát a cheapfaidh, de thoil a chéile, comhaltaí an Choimisiúin.

Ceithre bliana is téarma oifige dóibh. Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan.]

*Airteagal 159. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 19 den Chonradh Comhcheangail)*

[*Feic Airteagal 12 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

Amach ó ghnáthathrú ar chomhaltaí nó i gcás comhalta d'fháil bháis, críochnóidh dualgais chomhalta den Choimisiún ar é d'eirí as oifig nó ar é a scor go heigeantach.

Déanfar folúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh ar feadh a bhfuil fágtha le théarma oifige an chomhalta. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, a chinneadh nach gá folúntas den sórt sin a líonahd.

* Airteagal 13 den Chonradh Comhcheangail. Feic Airteagal 160 anseo ina dhiaidh seo.

Ach amháin i gcás a seortha go héigeantach faoi fhorálacha Airteagal 13.* fanfaidh comhaltaí an Choimisiúin i selbh oifige go dtí go ngabhfar a n-ionad.]

*Airteagal 160. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 19 den Chonradh Comhcheangail)*

[*Feic Airteagal 13 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

Aon chomhalta den Choimisiún nach bhfuil na coinníollacha is gá chun a dhualgais a dhéanamh á gcomhlíonadh aige a thuilleadh nó atá ciontach i mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gComhairle nó ón gCoimisiún, é a scor go héigeantach.]

*Airteagal 161. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 19 den Chonradh Comhcheangail)*

[*Feic Airteagal 14 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

Déanfar Uachtarán agus cúig Leas-Uachtarán an Choimisiúin a cheapadh as líon a chomhaltaí go ceann téarma dhá bhliain de réir nós imeachta mar atá leagtha síos do cheapadh comhaltaí an Choimisiúin. Féadfar a gceapacháin a athnuachan.**

Ach amháin i gcás athrú ar chomhaltaí uile an Choimisiún, is tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún a dhéanfar na ceapacháin sin.

I gcás a scortha nó a n-éagtha, líonfar ionaid an Uachtaráin agus na Leas-Uachtarán ar feadh a bhfuil fágtha dá dtéarma oifige de réir na bhforálacha sin roimhe seo.]

*Airteagal 162. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 19 den Chonradh Comhcheangail)*

[*Feic Airteagal 15 agus 16 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a dtéacs:*

*Airteagal 15.* Rachaidh an Chomhairle agus an Coimisiún i gcomhairle lena chéile agus socróidh siad de thoil a chéile a modhanna comharaíochta.

*Airteagal 16.* Glacfaidh an Coimisiún a rialacha nós imeachta chun a áirithiú go n-oibreoidh sé féin agus a ranna de réir forálacha na gConarthaí ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach. Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus an Chonartha seo. Áiritheoidh sé go bhfoilseofar na rialacha sin.]

*Airteagal 163. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 19 den Chonradh Comhcheangail)*

[*Feic Airteagal 17 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

* Airteagal 13 den Chonradh Comhcheangail. Feic Airteagal 160 thíos.
** An chéad mhír mar atá arna leasú le hAirteagal 16 den Ionstraim Aontachais.

Gníomhóidh an Coimisiún trí thromlach den líon comhaltaí dá bhforáiltear in Airteagal 10.*

Ní bailí don chruinniú den Choimisiún mura mbíonn i láthair an líon comhaltaí atá leagtha síos ina rialacha nós imeachta.]

*Roinn 4.* AN CHÚIRT BHREITHIÚNAIS

*Airteagal 164.* Áiritheoidh an Chúirt Bhreithiúnais go gcomhlíonfar an dlí i léiriú an Chonartha seo agas á chur chun feidhme.

*Airteagal 165.* Naonur Breitheamh a bheidh ar an gCúirt Bhreithiúnais.**

Suífidh an Chúirt Bhreithiúnais i seisiún iomlánach. Féadfaidh sí, áfach, eagar dlísheomraí a chur uirthi féin, a mbeidh trí Bhreitheamh nó cúig Bhreitheamh i ngach dlísheomra díobh, chun réamhfhiosrúcháin áirithe a ghabháil de láimh nó chun breith a thabhairt ar chásanna de chineálacha áirithe de réir rialacha arna leagan síos chun na gcríocha sin.

Is i seisiún iomlánach a shuífidh an Chúirt Bhreithiúnais aon uair a bheidh cásanna á n-éisteacht aici a thug Ballstát nó ceann d'institiúidí an Chomhphobail os a comhair nó a bheidh réamhrialú le tabhairt aici ar cheisteanna a cuireadh faoina bráid de bhun Airteagal 177, sa méid nach dtugann na rialacha nós imeachta inniúlacht do dhlísheomraí na Cúirte.***

Má iarrann an Chuirt Bhreithinúnais é, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, líon na mBreithiúna a mhéadú agus na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh ar an dara agus an tríú mír den Airteagal seo agus ar an dara mír d'Airteagal 167.

*Airteagal 166.* Beidh ceithre Abhcóide Ginearálta de chúnamh ag an gCúirt Bhreithiúnais.****

Beidh de dhualgas ar an Abhcóide Ginearálta, ag gníomhú dó le neamhchlaontacht agus neamhspleáchas iomlán, aighneachtaí réasúnaithe a dhéanamh i gcúirt oscailte ar chásanna a tugadh os comhair na Cúirte Breithiúnais, chun cuídiú leis an gCúirt i gcomhlíonadh an chúraim a shanntar di in Airteagal 164.

Má iarrann an Chúirt Bhreithiúnais é, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, líon na nAbhcóidí Ginearálta a mhéadú agus na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh ar an tríú mír d'Airteagal 167.

*Airteagal 167.* Roghnófar na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta ó dhaoine nach bhfuil neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu na cáilíochtaí is gá chun a gceaptha do na hoifigí breithiúnacha is airde ina dtíortha faoi seach nó is dlí-eolaithe a n-aithnítear a n-inniúlacht; ceapfaidh rialtais na mBallstát iad de thoil a chéile ar feadh téarma sé bliana.

Athrófar cuid de na Breithiúna i gceann gach trí bliana. Athrófar cúigear agus ceathrar díobh gach re seach.*****

* Airteagal 10 den Chonradh Comhcheangail. Feic Airteagal 157 thuas.

** An chéad mír mar atá arna leasú le hAirteagal 17 den Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 9 den Chinneadh Oiriúnuithe.

*** An tríú mír mar atá arna leasú le hAirteagal 1 den Chinneadh ón gComhairle den 26 Samhain 1974 (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. L 318, 28 Samhain 1974, lch. 22).

Níor foilsíodh leagan Gaeilge ar bith den Chinneadh seo san *Iris Oifigiúil*, ach soláthraíodh aistriúchán Gaeilge den leasú lena mbaineann chun críocha an eagráin seo.

**** An chéad mhír mar atá arna leasú le hAirteagal 1 den gCinneadh ón gComhairle den 1 Eanáir 1973 ag méadú líon na nAbhcóidi Ginearálta (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. L 2, 1 Eanáir 1973, lch. 29).

***** An dara agus an tríú mír mar atá arna leasú le hAirteagal 19 den Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 10 den Chinneadh Oiriúnuithe.

Athrófar cuid de na hAbhcóidí Ginearálta i gceann gach trí bliana. Athrófar dhá Abhcóide Ginearálta ar gach ócáid.*

Féadfar na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta a bheidh ag scor a athcheapadh.

Toghfaidh na Breithiúna Uachtarán na Cúirte Breithiúnais as a líon féin ar feadh téarma trí bliana. Féadfar é a atoghadh.

*Airteagal 168.* Ceapfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a Cláraitheoir agus leagfaidh sí síos na rialacha a bhainfidh lena sheirbhís.

*Airteagal 169.* Má mheasann an Coimisiún gur mhainnigh Ballstát oibleagáid faoin gConradh seo a chomhlíonadh, tabharfaidh sé tuairim réasúnaithe ina thaobh sin tar éis caoi a thabhairt don Stát áirithe ráiteas ina thaobh a chur isteach.

Mura ndéanfaidh an Stát a bheidh i gceist de réir na tuairime laistigh den tréimhse a bheidh leagtha síos ag an gCoimisiún, féadfaidh an Coimisiún an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais.

*Airteagal 170.* Aon Bhallstát a mheasfaidh gur mhainnigh Ballstát eile oibleagáid faoin gConradh seo a chomhlíonadh, féadfaidh sé an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais.

Sula dtabharfaidh Ballstát caingean in aghaidh Ballstáit eile mar gheall ar shárú a líomhnaítear a bheith déanta ar oibleagáid faoin gConradh seo, tabharfaidh sé an t-ábhar os comhair an Choimisiúin.

Tabharfaidh an Coimisiún tuairim réasúnaithe tar éis caoi a bheith tugtha do gach Stát dá mbeidh i gceist a chás féin agus a ráiteas ar chás an pháirtí eile a chur faoi bhráid an Choimisiúin ó bhéal agus i scríbhinn.

Mura mbíonn tuairim tugtha ag an gCoimisiún laistigh de thrí mhí ón dáta a tugadh an t-ábhar os a chomhair, ní fhágfaidh easnamh na tuairime sin nach bhféadfar an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais.

*Airteagal 171.* Má fhaigheann an Chúirt Bhreithiúnais gur mhainnigh Ballstát oibleagáid faoin gConradh seo a chomhlíonadh, cuirfear de cheangal ar an Stát sin na bearta is gá a ghlacadh chun breithiúnas na Cúirte Breithiúnais a chomhlíonadh.

*Airteagal 172.* Féadfaidh rialacháin arna ndéanamh ag an gComhairle de bhun forálacha an Chonartha seo dlínse neamhtheoranta a thabhairt don Chúirt Bhreithiúnais maidir leis na pionóis dá bhforáiltear sna rialacháin sin.

*Airteagal 173.* Déanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais léirmheas ar dhlíthiúlacht ghníomhartha de chuid na Comhairle agus an Choimisiúin seachas moltaí nó tuairmí. Chuige sin beidh dlínse aici i gcaingne a thionscain Ballstát, an Chomhairle nó an Coimisiún mar gheall ar easpa inniúlachta, ar sháru ceanglais fhíor-riachtanaigh ó thaobh nós imeachta, ar shárú an Chonartha seo nó aon rialach dlí a bhaineann lena fheidhmiú nó ar mhí-úsáid cumhachtaí.

Féadfaidh duine nádúrtha nó duine dlítheanach ar bith, faoi na coinníollacha céanna, imeachtaí a thionscnamh in aghaidh chinneadh a díríodh chun an duine sin nó in aghaidh chinneadh is dá chúram go díreach agus go leithleach, cé gur i bhfoirm rialacháin dó nó i bhfoirm chinneadh a díríodh chun duine eile.

---

* An tríú mír mar atá arna leasú le hAirteagal 2 den gCinneadh ón gComhairle den 1 Eanáir 1973 ag méadú líon na nAbhcóidí Ginearálta (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. L 2, 1 Eanáir 1973, lch. 29).

Déanfar na himeachtaí dá bhforáiltear san Airteagal seo a thionscnamh laistigh de dhá mhí ón uair a foilsíodh an beart, nó a cuireadh in iúl don ghearánach é nó, murar cuireadh, ón lá a fuair sé fios air, cibé acu é.

*Airteagal 174.* Má tá foras ar fónamh leis an gcaingean, dearbhóidh sí an gníomh áirithe a bheith ar neamhní.

I gcás rialacháin, áfach, cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais in iúl, má mheasann sí gur gá é, cé acu d'éifeachtaí an rialacháin a dhearbhaigh sí a bheith ar neamhní is inmheasta a bheith cinntitheach.

*Airteagal 175.* Más rud é, de shárú ar an gConradh seo, go mainneoidh an Chomhairle nó an Coimisiún gníomhú, féadfaidh na Ballstáit agus institiúidí eile an Chomhphobail caingean a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais chun an sárú sin a shuíomh.

Ní bheidh glacadh leis an gcaigean ach amháin sa chás inar iarradh i dtosach ar an institiúid áirithe gníomhú. Más rud é, laistigh de dhá mhí tar éis a iarrtha sin uirthi, go mbeidh an institiúid áirithe gan a seasamh sa chás a shonrú, féadfar an chaingean a thabhairt ar aghaidh laistigh de thréimhse bhreise dhá mhí.

Féadfaidh duine nádúrthe nó duine dlítheanach ar bith, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sna míreanna roimhe seo, gearán a dhéanamh leis an gCúirt Bhreithiúnais gur mhainnigh ceann d'institiúidí an Chomhphobail aon ghníomh seachas moladh nó tuairim a dhíriú chun an duine sin.

*Airteagal 176.* An institiúid ar dearbhaíodh a gníomh a bheith ar neamhní nó ar dearbhaíodh a neamhghníomh a bheith contrártha don Chonradh seo, ceanglófar uirthi na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnas na Cúirte Breithiúnais a chomhlíonadh.

Ní dhéanfaidh an oibleagáid sin difear ar bith d'aon oibleagáid ab fhéidir a theacht ón dara mír d'Airteagal 215 a chur chun feidhme.

*Airteagal 177.* Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais chun réamhrialú a thabhairt:

*a)* ar léiriú an Chonartha seo;

*b)* ar bhailíocht agus léiriú gníomhartha de chuid institiúidí an Chomhphobail;

*c)* ar léiriú reachtanna aon chomhlachtaí a bunaíodh le gníomh de chuid na Comhairle, nuair a fhoráiltear sin sna reachtanna sin.

Nuair a thabharfar ceist den sórt sin ar aird os comhair aon chúirte nó binse de chuid Ballstáit, féadfaidh an chúirt nó an binse sin, má mheasann sé nó sí gur gá cinneadh ar an gceist ionas go bhféadfaidh an chúirt nó an binse sin breithiúnas a thabhairt, a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais rialú a thabhairt ar an gceist sin.

Má thugtar aon cheist den sórt sin ar aird i gcás a bheidh ar feitheamh os comhair cúirte nó binse de chuid Ballstáit, agus nach bhfuil leigheas breitbiúnach faoin dlí náisiúnta in aghaidh cinntí na cúirte nó an bhinse sin, tabharfaidh an chúirt nó an binse sin an t-ábhar os comhair na Cúirte Breithiúnais.

*Airteagal 178.* Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais i ndíosopóidí maidir leis an gcúiteamh i ndamáiste dá bhforáiltear sa dara mír d'Airteagal 215.

*Airteagal 179.* Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais in aon díospóid idir an Comhphobal agus a sheirbhísigh faoi réir na dteorainneacha agus na

gcoinníollacha atá leagtha síos sna Rialacháin Foirne nó sna Coinníollacha Fostaíochta.

*Airteagal 180.* Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais, faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos ina dhiaidh seo, i ndíospóidí a bhaineann:

*a)* le comhlíonadh oibleagáidí faoi Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta ag na Ballstáit. I dtaca leis sin de, beidh ag Bord Stiúrthóirí an Bhainc na cumhachtaí a thugtar don Choimisiún le hAirteagal 169;

*b)* le bearta a ghlac Bord Ghobharnóirí an Bhainc. I dtaca leis sin de, féadfaidh aon Bhallstát nó an Coimisiún nó Bord Stiúrthóirí an Bhainc imeachtaí a thionscnamh faoi na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 173;

*c)* le bearta a ghlac Bord Stiúrthóirí an Bhainc. Ní bheidh imeachtaí in aghaidh na mbeart sin intionscanta ach amháin ag Ballstáit nó ag an gCoimisiún faoi na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 173, agus ar na forais sin amháin nár comhlíonadh an nós imeachta dá bhforáiltear in Ariteagal 21(2) (5), (6) agus (7) de Reacht an Bhainc.

*Airteagal 181.* Beidh dlínse ag an gCúirt Brheithiúnais chun breithiúnas a thabhairt de bhun aon chlásail eadrána i gconradh arna dhéanamh ag an gComhphobal nó thar a cheann, cibé acu faoin dlí poiblí nó faoin dlí príobháideach don chonradh sin.

*Airteagal 182.* Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais in aon díospóid idir Ballstáit a bhaineann le hábhar an Chonartha seo, má chuirtear an díospóid faoina bráid faoi chomhaontú speisialta idir na páirtithe.

*Airteagal 183.* Ach amháin mar a dtugann an Conradh seo dlínse don Chúirt Bhreithiúnais, ní bheidh díospóidí ar páirtí iontu an Comhphobal eisiata ar an bhforas sin ó dhlínse cúirteanna nó binsí na mBallstát.

*Airteagal 184.* D'ainneoin an tréimhse atá leagtha síos sa tríú mír d'Airteagal 173 a bheith caite, féadfaidh páirtí ar bith, i gcás imeachtaí ina mbeidh rialachán ón gComhairle nó ón gCoimisiún faoi shaincheist, na forais a phléadáil a shonraítear sa chéad mhír d'Airteagal 173, d'fhonn neamhfheidhmeacht an rialacháin sin a agairt os comhair na Cúirte Breithiúnais.

*Airteagal 185.* Ní bheidh éifeacht fionraíochta le caingne a thabharfar os comhair na Cúirte Breithiúnais. Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, áfach, má mheasann sí gur gá sin sna himthosca, a ordú go bhfionrófar feidhm an ghnímh a chonspóidtear.

*Airteagal 186.* Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, in aon chásanna os a comhair, aon bhearta idirlinne is gá a ordú.

*Airteagal 187.* Beidh breithiúnais na Cúirte Breithiúnais inchurtha i bhfeidhm faoi na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 192.

*Airteagal 188.* Tá Reacht na Cúirte Breithiúnais leagtha síos i bPrótacal ar leith.

Glacfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a rialacha nós imeachta. Is gá formheas d'aontoil ón gComhairle a bheith leo.

### CAIBIDIL 2. FORÁLACHA IS COITEANN D'INSTITIÚIDÍ ÉAGSÚLA

*Airteagal 189.* Chun a gcúram a chur i gcrích, déanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún, de réir forálacha an Chonartha seo, rialacháin a cheapadh, treoracha a eisiúint, cinntí a ghlacadh agus moltaí nó tuairimí a thabhairt.

Beidh feidhm ghinearálta ag rialachán. Beidh sé ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Beidh treoir ina ceangal, maidir leis an toradh atá le gnóthú, ar gach Ballstát chun a ndíreofar í, ach fágfar faoi na húdaráis náisiúnta foirm agus modhanna a roghnú.

Beidh cinneadh ina cheangal go huile agus go hiomlán orthu siúd a ndíreofar chucu é.

Ní bheidh aon bhrí cheangailteach le moltaí ná le tuairimí.

*Airteagal 190.* Luafar i rialacháin, i dtreoracha agus i gcinntí ón gComhairle agus ón gCoimisiún na réasúin is bun leo agus tagrófar iontu d'aon tograí nó tuairimí ba ghá a fháil de bhun an Chonartha seo.

*Airteagal 191.* Foilseofar rialacháin in Iris Oifigiúil an Chomhphobail. Tiocfaidh siad i bhfeidhm ar an dáta a shonrófar iontu nó, mura sonraítear dáta chuige, ar an bhfichiú lá tar éis a bhfoilsithe.

Cuirfear treoracha agus cinntí in iúl dóibh siúd chun a ndíreofar iad agus gabhfaidh éifeacht leo ar iad a chur in iúl amhlaidh.

*Airteagal 192.* Na cinntí ón gComhairle nó ón gCoimisiún a chuireann oibleagáid airgeadais ar dhaoine nach Stáit iad, beidh siad inchurtha i bhfeidhm.

Rialófar a gcur i bhfeidhm leis na rialacha i dtaobh nós imeachta shibhialta atá i bhfeidhm sa Stát ar ina chríoch a dhéantar an cur i bhfeidhm. Beidh an t-ordú á chur i bhfeidhm i gceangal leis an gcinneadh, gan d'fhoirmiúlacht ach fíorú ar bharántúlacht an chinnte, ón údarás náisiúnta a cheapfaidh Rialtas gach Ballstáit chuige sin agus a chuirfidh sé i bhfios don Choimisiún agus don Chúirt Bhreithiúnais.

Nuair a bheidh na foirmiúlachtaí sin comhlánaithe, ar iarratas ón bpáirtí atá i gceist, féadfaidh seisean dul i gceann an churtha i bhfeidhm de réir an dlí náisiúnta tríd an ábhar a thabhairt go díreach os comhair an údaráis inniúil.

Ní féidir an cur i bhfeidhm a fhionraí ach amháin trí bhreith na Cúirte Breithiúnais. Ach beidh dlínse ag cúirteanna na tíre lena mbaineann ar ghearáin go bhfuil an cur i bhfeidhm á dhéanamh ar dhóigh neamhrialta.

## CAIBIDIL 3. AN COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA

*Airteagal 193.* Bunaítear leis seo Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta; stádas comhairleach a bheidh aige.

Is iad a bheidh ar an gCoiste ionadaithe ó na haicmí éagsulá sa saol eacnamaíoch agus sóisialta, go háirithe ionadaithe do tháirgeoirí, d'fheirmeoirí, do charraeirí, d'oibrithe, do dhéileálaithe, d'aos ceirde, d'aos gairme agus ionadaithe don phobal i gcoitinne.

*Airteagal 194.* Is mar a leanas a bheidh líon comhaltaí an Choiste:

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 12 |
| An Danmhairg | 9 |
| An Ghearmáin | 24 |
| An Fhrainc | 24 |
| Éire | 9 |

| | |
|---|---|
| An Iodáil | 24 |
| Lucsamburg | 6 |
| An Ísiltír | 12 |
| An Ríocht Aontaithe | 24.* |

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, comhaltaí an Choiste a cheapadh go ceann ceithre bliana. Féadfar a gceapacháin a athnuachan.

Is ina gcáil phearsanta a cheapfar comhaltaí an Choiste agus ní bheidh siad inchurtha faoi cheangal ag aon teagaisc shainordaitheacha.

*Airteagal 195.* 1. D'fhonn comhaltaí an Choiste a cheapadh, soláthróidh gach Ballstát don Chomhairle liosta ar a mbeidh a dhá oiread iarrthóirí agus atá de shuíocháin in áirithe dá náisiúnaigh.

I gcomhdhéanamh an Choiste tabharfar aird ar a riachtanaí atá sé a áirithiú go bhfuil ionadaíocht leormhaith air do na haicmí éagsúla sa saol eacnamaíoch agus sóisialta.

2. Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis an gCoimisiún. Féadfaidh sí tuairim a fháil ó chomhlachtaí Eorpacha a fheidhmíonn ar son na n-earnálacha éagsúla, eacnamaíoch agus Sóisialta, ar cúram leo gníomhaíochtaí an Chomhphobail.

*Airteagal 196.* Déanfaidh an Coiste a chathaoirleach agus a oifigigh a thoghadh as líon a chomhaltaí go ceann téarma dhá bhliain.

Glacfaidh sé a rialacha nós imeachta agus cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle iad lena bhformheas, nach foláir a bheith d'aontoil.

Déanfaidh a chathaoirleach an Coiste a chomóradh, arna iarraidh sin ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún.

*Airteagal 197.* Beidh sa Choiste rannóga sainfheidhme le haghaidh na bpríomhréimsí lena mbaineann an Conradh seo.

Beidh ann, go háirithe, rannóg talmhaíochta agus rannóg iompair; tá forálacha speisialta ina dtaobh sin sna teidil a bhaineann le talmhaíocht agus le hiompar.

Oibreoidh na rannóga sainfheidhme sin laistigh de théarmaí tagartha ginearálta an Choiste. Ní cead dul i gcomhairle leo gan spleáchas leis an gCoiste.

Féadfar fochoistí a bhunú freisin laistigh den Choiste, chun dréacht-thuairimí a ullmhú ar cheisteanna sonracha nó i réimsí sonracha lena gcur faoi bhráid an Choiste chun a mbreithnithe aige.

Leagfaidh na rialacha nós imeachta síos modhanna comhdhéanta na rannóg sainfheidhme agus na bhfochoisti agus na téarmaí tagartha dóibh.

*Airteagal 198.* Caithfidh an Chomhairle nó an Coimisiún dul i gcomhairle leis an gCoiste sna cásanna ina bhforáiltear sin leis an gConradh seo. Féadfaidh na hinstitiúidí sin dul i gcomhairle leis an gCoiste i ngach cás inar cuí leo é.

Má mheasann an Chomhairle nó an Coimisiún gur gá sin, sonróidh siad don Choiste, chun a thuairim a chur isteach, tréimhse theoranta nach giorra ná deich lá ón dáta ar a bhfaighidh an cathaoirleach scéala dá réir sin. Mura mbíonn tuairim

* An chéad mhír mar atá arna leasú le hAirteagal 21 den Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 11 den Chinneadh Oiriúnuithe.

faighte ar an tréimhse sin a bheith caite, ní chuirfidh sin cosc le dul ar aghaidh tuilleadh.

Cuirfear ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún tuairim an Choiste agus tuairim na rannóige sainfheidhme, maille le taifead ar na himeachtaí.

TEIDEAL II. FORÁLACHA AIRGEADAIS

*Airteagal 199.* Déanfar gach mír d'ioncaim agus caiteachas an Chomhphobail, lena n-áirítear na cinn a bhaineann le Ciste Sóisialta na hEorpa, a áireamh i meastacháin a tharraingeofar suas do gach bliain airgeadais agus taispeánfar iad sa bhuiséad.

Ní foláir an t-ioncam agus an caitheachas a thaispeántar sa bhuiséad a bheith ar comhardú.

*Airteagal 200.* 1. Áireofar ar ioncam an bhuiséid, ar leithligh ó aon ioncam eile, ranníocaí airgeadais ó Bhallstáit ar an scála seo a leanas:

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 7.9 |
| An Ghearmáin | 28 |
| An Fhrainc | 28 |
| An Iodáil | 28 |
| Lucsamburg | 0.2 |
| An Ísiltír | 7.9 |

2. Is de réir an scála seo a leanas, áfach, a chinnfear ranníocaí airgeadais na mBallstát faoi chomhair caiteachas Chiste Sóisialta na hEorpa:

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 8.8 |
| An Ghearmáin | 32 |
| An Fhrainc | 32 |
| An Iodáil | 20 |
| Lucsamburg | 0.2 |
| An Ísiltír | 7 |

3. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, na scálaí a mhodhnú.

*Airteagal 201.* Déanfaidh an Coimisiún scrúdú ar na coinníollacha faoina bhféadfaí acmhainní dílse an Chomhphobail féin, go háirithe ioncam as an gcomhtharaif chustam nuair a bheidh sin tugtha isteach go críochnaitheach, a chur in ionad ranníocaí airgeadais na mBallstát a bhforáiltear dóibh in Airteagal 200.

Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún tograí faoi bhráid na Comhairle.

Tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól i dtaobh na dtograí sin, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, na forálacha iomchuí a leagan síos a mholfaidh sí do na Ballstáit lena nglacadh de réir a rialacha bunreachtúla faoi seach.

*Airteagal 202.* Beidh an caiteachas a thaispeántar sa bhuiséad údaraithe d'aon bhliain airgeadais amháin, mura bhforáiltear a mhalairt leis na rialacháin a dhéanfar de bhun Airteagal 209.

De réir coinníollacha a leagfar síos de bhun Airteagal 209, aon leithreasaí, seachas iad siúd a bhaineann le caiteachas ar fhoireann, a bheidh gan caitheamh i

ndeireadh na bliana airgeadais, féadfar iad a thabhairt ar aghaidh chuig an mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, ach ní níos faide ná sin.

Aicmeofar na leithreasaí faoi chaibidlí éagsúla, agus míreanna caiteachais á ngrúpáil de réir a gcineáil nó a gcuspóra, agus á bhforoinnt, a mhéid is gá sin, de réis na rialachán a dhéanfar de bhun Airteagal 209.

Déanfar caiteachas an Tionóil, na Comhairle, an Choimisiúin agus na Cúirte Breithiúnais a leagan amach i gcodanna leithleacha den bhuiséad gan dochar do shocruithe speisialta le haghaidh míreanna áirithe caitheachais a bheidh orthu i gcoiteannas.

*Airteagal 203**. 1. Tosóidh an bhliain airgeadais an 1 Eanáir agus críochnóidh sí an 31 Nollaig.

2. Déanfaidh gach Institiúid de chuid an Chomhphobail, roimh an 1 Iúil, meastacháin ar a caiteachas a tharraingt suas. Comhdhlúthóidh an Coimisiún na meastacháin sin i réamhdhréacht do bhuiséad. Cuirfidh sé ag gabháil leis tuairim a bhféadfadh malairt meastachán a bheith inti.

Beidh meastachán ar ioncam agus meastachán ar chaiteachas sa réamhdhréacht sin.

3. Cuirfidh an Coimisiún an réamhdhréacht do bhuiséad faoi bhráid na Comhairle lá nach déanaí ná an 1 Meán Fómhair sa bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur i ngníomh.

Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis an gCoimisiún agus, más iomchuí, leis na hInstitiúidí eile lena mbaineann, aon uair a bheidh d'intinn aici imeacht ón réamhdhréacht sin.

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an dréachtbhuiséad a bhunú agus é a chur ar aghaidh chuig an Tionól.

4. Cuirfear an dréacht-bhuiséad faoi bhráid an Tionóil lá nach déanaí ná an 5 Deireadh Fómhair sa bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur i ngníomh.

Beidh de cheart ag an Tionól, ag gníomhú dó trí thromlach a chomhaltaí, an dréacht-bhuiséad a leasú agus a thairiscint don Chomhairle, ag gníomhú trí thromlach glan de na vótaí a caitheadh, go ndéanfar modhnuithe ar an dréacht ina mbaineann le caiteachas a éiríonn ó riachtanas de dhroim an Chonartha nó de dhroim gníomhartha lenar glacadh dá réir.

Más rud é, laistigh de chúig lá is daichead ó cuireadh an dréacht-bhuiséad faoina bhráid, go mbeidh an Tionól tar éis a fhormheas a thabhairt, beidh an buiséad arna ghlacadh go críochnaitheach. Más rud é, laistigh den tréimhse sin, nach mbeidh an Tionól tar éis an dréacht-bhuiséad a leasú ná aon mhodhnú air a thairiscint, measfar go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad.

Más rud é, laistigh den tréimhse sin, go mbeidh an Tionól tar éis glacadh le leasuithe nó tar éis modhnuithe a thairiscint, cuirfear an dréachtbhuiséad, mar aon leis na leasuithe nó na modhnuithe a tairgeadh, ar aghaidh chuig an gComhairle.

5. Tar éis don Chomhairle an dréacht-bhuiséad sin a phlé leis an gCoimisiún agus, más iomchuí, leis na hInstitiúidí eile lena mbaineann, gníomhóidh sí faoi na coinníollacha seo a leanas:

* Téacs mar atá arna leasú ag Airteagal 12 den Chonradh a leasaíonn forálacha áirithe airgeadais.

*a)* Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, aon leasú lenar ghlac an Tionól a mhodhnú;

*b)* Maidir leis na modhnuithe a tairgeadh:

— mura mbíonn d'eifeacht le modhnú a thairg an Tionól méadú a thabhairt ar chaiteachas iomlán Institiúide, de bhrí go háirithe go mbeadh an méadú caiteachais a ghabhfadh leis á chúiteamh go sainráite ag modhnú nó modhnuithe a tairgeadh ag déanamh a chomhoiread sin de laghdú ar chaiteachas, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, diúltú don mhodhnú a tairgeadh. Mura dtugtar cinneadh ag diúltú dó, seasfaidh an modhnú a tairgeadh mar mhodhnú ar gabhadh leis;

— má bhíonn d'eifeacht le modhnú a thairg an Tionól méadú a thabhairt ar chaiteachas iomlán Institiúide, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, gabháil leis an modhnú sin a tairgeadh. Mura dtugtar cinneadh ag gabháil leis, seasfaidh an modhnú a tairgeadh mar mhodhnú ar diúltaíodh dó;

— más rud é, de bhun forálacha cheann den dá fhomhír roimhe seo, go mbeidh an Chomhairle tar éis diúltú do mhodhnú a tairgeadh, féadfaidh sí, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an tsuim a thaispeántar sa dréacht-bhuiséad a choinneáil nó suim eile a shocrú.

Modhnófar an dréacht-bhuiséad de réir na modhnuithe a tairgeadh agus ar ghabh an Chomhairle leo.

Más rud é, laistigh de chúig lá dhéag ó cuireadh an dréacht-bhuiséad sin faoina bráid, nach mbeidh an Chomhairle tar éis modhnú a dhéanamh ar aon cheann de na leasuithe lenar ghlac an Tionól agus má gabhadh leis na modhnuithe a thairg an Tionól, measfar go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad. Cuirfidh an Chomhairle i bhfios don Tionól nár mhodhnaigh sé aon cheann de na leasuithe agus gur gabhadh leis na modhnuithe a tairgeadh.

Más rud é, laistigh den tréimhse sin, go mbeidh an Chomhairle tar éis modhnú a dhéanamh ar cheann no níos mó de na leasuithe lenar ghlac an Tionól nó má diúlaíodh do na modhnuithe a thairg an Tionól, nó má modhnaíodh iad, cuirfear an dréacht-bhuiséad arna mhodhnú chuig an Tionól arís. Cuirfidh an Chomhairle torthaí a pléití í bhfios don Tionól.

6. Laistigh de chúig lá dhéag tar éis an dréachtbhuiséad sin a chur faoina bhráid, agus fios tugtha dó ar cad a tharla i dtaobh na modhnuithe a thairg sé, féadfaidh an Tionól, ag gníomhú trí thromlach a chomhaltaí agus le trí chúigiú de na vótaí a caitheadh, modhnuithe na Comhairle ar leasuithe an Tionól a leasú nó a dhiúltú, agus glacfaidh sé leis an mbuiséad dá réir sin. Mura mbeidh glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad.

7. Nuair a bheidh an nós imeachta dá bhforáiltear san Airteagal seo críochnaithe, dearbhóidh Uachtarán an Tionól go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad.

8. Ach féadfaidh an Tionól, ag gníomhú dó trí thromlach a chomhaltaí agus le dhá thrian de na vótaí a caitheadh, ar chúiseanna tábhachtacha, diúltú don dréacht-bhuiséad agus a iarraidh go gcuirfí dréacht nua faoina bhráid.

9. Déanfar uasráta méadaithe maidir le caiteachas den saghas céanna i gcaitheamh na bliana airgeadais reatha a shocrú gach bliain don chaiteachas go léir

seachas an méid a thig ó riachtanas de dhroim an Chonartha nó de dhroim gníomhartha lenar glacadh dá bhun.

Cinnfidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch, cad é méid an uasráta sin, de réir mar is toradh é:

— ar an treo atá, i dtéarmaí toirte, ar an olltáirgeacht náisiúnta sa Chomhphobal;

— ar an meánathrú i mbuiséid na mBallstát; agus

— ar threo an chostais mhaireachtála i gcaitheamh na bliana airgeadais roimhe sin.

Cuirfear an t-uasráta in iúl, roimh an 1 Bealtaine, d'Institiúidí an Chomhphobail. Beidh de cheangal orthu sin cloí leis le linn imeachtaí an bhuiséid, faoi réir forálacha an ceathrú agus an cúigiú fomhír den mhír seo.

Más rud é, i gcas caiteachais seachas a dtig ó riachtanas de dhroim an Chonartha nó de dhroim gníomhartha lenar glacadh dá bhun, go bhfuil ráta an mhéadaithe de dhroim an dréachtbhuiséid a bhunaigh an Chomhairle os cionn leath an uasráta, féadfaidh an Tionól, i bhfeidhmiú a cheart leasúcháin, suim iomlán an chaiteachais sin a mhéadú tuilleadh go feadh leath an uasráta.

Más rud é go measfaidh an Tionól, an Chomhairle nó an Coimisiún gur gá do ghníomhaíochtaí na gComhphobal gabháil thar an ráta a cinneadh de réir an nós imeachta atá leagtha síos sa mhír seo, féadfar ráta eile a shocrú trí chomhaontú idir an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, agus an Tionól, ag gníomhú dó trí thromlach a chomhaltaí agus le trí chúigiú de na vótaí a caitheadh.

10. Feidhmeoidh gách Institiúid na cumhachtaí a thugtar di leis an Airteagal seo, agus aird chuí aici ar fhorálacha an Chonartha agus ar ghníomhartha lenar glacadh dá réir, go háirithe na cinn a bhaineann le hacmhainní dílse na gComhphobal féin agus leis an gcomhardú idir ioncam agus caiteachas.

*Airteagal 204**. Más rud é, i dtosach bliana airgeadais, nach bhfuil an buiséad vótáilte fós, féadfar suim nach mó ná an dóú cuid déag de na leithreasaí buiséid don bhliain airgeadais roimhe sin a chaitheamh gach mí i leith aon chaibidil nó foroinn eile den bhuiséad, de réir forálacha na rialachán a bheidh déanta de bhun Airteagal 209, ach ní bheidh d'éifeacht leis an socrú sin go gcuirfear ar láimh an Choimisiúin leithreasaí de bhreis ar an dóú cuid déag díobh siúd dá bhforáiltear sa dréacht-bhuiséad ata á ullmhú.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, agus ar chuntar go gcomhlíontar na coinníollacha eile atá leagtha síos sa chéad fhomhír, caiteachas de bhreis ar an dóú cuid déag a údarú.

Má bhaineann an cinneadh sin le caiteachas nach dtig ó riachtanas de dhroim an Chonartha nó de dhroim gníomhartha lenar glacadh dá réir, cuirfidh an Chomhairle ar aghaidh chuig an Tionól é láithreach; laistigh de thríocha lá, féadfaidh an Tionól, ag gníomhú dó trí thromlach a chomhaltaí agus le trí chúigiú de na vótaí a caitheadh, glacadh le cinneadh éagsúil ar an gcaiteachas de bhreis ar an dóú cuid déag dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Beidh an chuid sin de chinneadh na Comhairle ar fionraí go dtí go mbeidh a chinneadh tugtha ag an Tionól. Más rud é nach mbeidh an Tionól tar éis cinneadh atá éagsúil le cinneadh na Comhairle a glacadh laistigh den tréimhse sin measgar go bhfuil glactha go críochnaitheach le cinneadh na Comhairle.

* Téacs mar atá arna leasú ag Airteagal 13 den Chonradh a leasaíonn forálacha áirithe airgeadais.

Leagfar síos leis na cinntí sá bhforáiltear da dara agus sa tríú fomhír na bearta is gá maidir le hacmhainní chun a áirithiú go gcuirfear an tAirteagal seo chun feidhme.

*Airteagal 205.* Cuirfidh an Coimisiún an buiséad i ngníomh, de réir forálacha na rialachán a bheidh déanta de bhun Airteagal 209, ar a fhreagracht féin agus laistigh de treorainneacha na leithreasaí.

Leagfaidh na ríalacháin síos rialacha mionchruinne do gach institiúd maidir lena páirt ag déanamh a caitheachais féin.

Laistigh den bhuiséad, féadfaidh an Coimisiún, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagadh síos sna rialacháin a bheidh déanta de bhun Airteagal 209, leithreasaí a aistriú ó chaibidil go chéile nó ó fhoroinn go chéile.

*Airteagal 205a*.* Cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle agus an Tionóil gach bliain cuntais na bliana airgeadais roimhe sin maidir leis an mbuiséad a chur i ngníomh. Cuirfidh an Coimisiún chucu freisin ráiteas airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais an Chomhphobail.

*Airteagal 206**.* 1. Bunaítear leis seo Cúirt Iniúchóirí.

2. Naoi gcomhalta a bheidh ar an gCúirt Iniúchóirí.

3. Roghnófar comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí as daoine a bhain nó a bhanieann ina dtíortha faoi seach le comhlachtaí iniúchóireachta seachtraí nó a bhfuil cáilíocht speisialta acu le haghaidh na hoifige sin. Ní foláir a neamhspleáchas a bheith slán ó amhras.

4. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól, comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí a cheapadh go ceann téarma sé bliana.

Ach nuair a bheidh na chéad cheapacháin á ndéanamh roghnófar ceithre chomhalta den Chúirt Iniúchóirí trí chrannchur agus gan a bheith acu de théarma oifige ach ceithre bliana.

Féadfar comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí a athcheapadh.

Toghfaidh siad Uachtarán na Cúirte Iniúchóirí, as a líon féin go ceann téarma trí bliana. Féadfar an tUachtarán a atoghadh.

5. Beidh comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí, ar mhaithe le leas an Chomhphobail i gcoitinne, neamhspleách ar fad i gcomhlíonadh a ndualgas.

I gcomhlíonadh na ndualgas sin, ní iarrfaidh ná ní glacfaidh siad teagaisc ó aon rialtas, ná ó chomhlacht ar bith eile. Staonfaidh siad ó ghníomh ar bith nach luíonn lena ndualgais.

6. Ní cead do chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí, le linn a dtéarma oifige, gabháil le haon slí bheatha eile, sochrach ná neamhshochrach. Ar dhul i mbun a ndualgas dóibh, tabharfaidh siad gealltanas sollúnta go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiaidh, na hoibleagáidí a leanann as a n-oifig agus go háirithe a ndualgas chun bheith ionraic stuama i dtaobh ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis scor dá n-oifig dóibh.

---

* Airteagal a cuireadh isteach le hAirteagal 14 den Chonradh a leasaíonn forálacha áirithe airgeadais.
** Téacs mar atá arna leasú ag Airteagal 15 den Chonradh a leasaíonn forálacha áirithe airgeadais.

7. Amach ó ghnáthathrú ar chomhaltaí, nó i gcás comhalta bháis, críochnóidh dualgais chomhalta den Chúirt Iniúchóirí ar é a éirí as oifig, nó ar é a scor go héigeantach de bhíthin breithe ón gCúirt Bhreithiúnais de bhun mhír 8.

Ceapfar comhalta nua in ionad an chomhalta sin don tréimhse a bheidh fágtha dá théarma oifige.

Ach amháin i gcás comhalta a scor go héigeantach, fanfaidh comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí i seilbh oifige go dtí go ngabhfar a n-ionad.

8. Ní fhéadfar a oifig ná a cheart chun pinsin nó sochar eile ina ionad sin a bhaint de chomhalta den Chúirt Iniúchóirí ach amháin i gcás ina dtabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais de bhreith, ar iarratas ón gCúirt Iniúchóirí, nach bhfuil coinníollacha riachtanacha a oifige a gcomhlíonadh nó na hoibleagáidí a ghabhann léi á bhfreastal aige a thuilleadh.

9. Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, coinníollacha fostaíochta Uachtarán agus comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí agus go háirithe a dtuarastail, a liúntais agus a bpinsin. Cinnfidh an Chomhairle chomh maith, leis an tromlach céanna, aon liúntais is intugtha in ionad luach saothair.

10. Na forálacha den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí na gComhphobal Eorpach a bhaineann le Breithiúna na Cúirte Breithiúnais, bainfidh siad freisin le comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí.

*Airteagal 206*a*. 1. Scrúdóidh an Chúirt Iniúchóirí na cuntais ar ioncam agus caiteachas uile an Chomhphobail. Scrúdóidh sí freisin na cuntais ar ioncam agus caiteachas uile gach comhlachta a bunaíodh ag an gComhphobal, sa mhéid nach gcuireann ionstraim a bhunaithe bac ar an scrúdú sin.

2. Déanfaidh an Chúirt Iniúchóirí scrúdú féachaint an bhfuarthas an t-ioncam uile agus ar tabhaíodh an caiteachas uile ar mhodh dlíthiúil rialta, agus an ndearnadh bainistíocht fhónta ar an airgeadas.

Iniúchfar an t-ioncam ar bhonn ráiteas agus ar bhonn iocaíochtaí ioncaim leis an gComhphobal.

Iniúchfar an caíteachas ar bhonn mortabhálacha a glacadh agus íocaíochtaí a rinneadh.

Féadfar an iniúchóireacht sin a dhéanamh roimh dhúnadh na gcuntas don bhliain airgeadais atá i gceist.

3. Bunófar an iniúchóireacht ar thaifid agus, más gá déanfar ar an bhfód í in Institiúidí an Chomhphobail, agus sna Ballstáit. Sna Ballstáit déanfar an iniúchóireacht i gcuibhreann leis na hInstitiúidí náisiúnta iniúchóireachta nó, mura mbíonn na cumhachtaí riachtanacha acu sin, leis na ranna náisiúnta inniúla. Cuirfidh na hInstitiúidí nó na ranna sin i bhfios don Chúirt Iniúchóirí an bhfuil siad chun páirt a ghlacadh san iniúchóireacht.

Cuirfidh Institiúidí an Chomhphobail agus na hInstitiúidí náisiúnta iniúchóireachta nó, mura mbíonn na cumhachtaí riachtanacha acu sin, na ranna náisiúnta inniúla, ar aghaidh chuig an gCúirt Iniúchóirí, arna iarraidh sin di, aon doiciméad nó faisnéis is gá chun a cúram a chomhlíonadh.

4. Tar éis deireadh gach bliana airgeadais tarraingeoidh an Chúirt Iniúchóirí suas tuarascáil bhliantúil. Cuirfear ar aghaidh chuig Institiúidí an Chomhphobail

---

* Airteagal a cuireadh isteach le hAirteagal 16 den Chonradh a leasaíonn forálacha áirithe airgeadais.

í agus foilseofar í, mar aon le freagraí na nInstitiúidí sin ar ráitis na Cúirte Iniúchóirí, in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach.*

Féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí ina theannta sin, tráth ar bith, ráitis ar cheisteanna sonracha a chur isteach agus tuairimí a thabhairt, ar iarratas a fháil ó cheann d'Institiúidí an Chomhphobail.

Glacfaidh sí a tuarascálacha bliantúla, nó tuairimí, trí thromlach a comhaltaí.

Cabhróidh sí leis an Tionól agus leis an gComhairle i bhfeidhmiú a gcumhachtaí urlámhais chun a buiséad a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 206*b*. Déanfaidh an Tionól, ar mholadh ón gComhairle agus í ag gníomhú trí thromlach cáilithe, urscaoileadh a thabhairt don Choimisiún i leith an buiséad a chur i ngníomh. Chun na críche sin, déanfaidh an Tionól, i ndiaidh na Comhairle, scrúdú ar na cuntais agus an ráiteas airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 205*a*, agus ar an tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí maille le freagraí na nInstitiúidí faoi iniúchadh ar ráitis na Cúirte Iniúchóirí.

*Airteagal 207.* Tarraingeofar suas an buiséad san aonad cuntais a cinneadh de réir forálacha na rialachán a bheidh déanta de bhun Airteagal 209.

Déanfaidh na Ballstáit na ranníocaí airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 200(1) a chur ar láimh an Chomhphobail ina n-airgid reatha náisiúnta.

Taiscfear le Státchistí na mBallstát, nó le comhlachtaí a shonróidh siad, a mbeidh ar fáil d'iarmhéideanna na ranníocaí sin. Le linn na cistí sin a bheith i dtaisce, coinneoidh siad an luach a fhreagraíonn don chothrom a bhí ann lá a dtaiscthe i leith an aonaid chuntais dá dtagraítear sa chéad mhír.

Féadfar na hiarmhéideanna a infheistiú ar théarmaí ar a gcomhaontóidh an Coimisiún agus an Ballstát áirithe.

Sna rialacháin a dhéanfar de bhun Airteagal 209 leagfar síos na coinníollacha teicniúla faoina ndéanfar oibríochtaí airgeadais a bhaineann le Ciste Sóisialach na hEorpa.

*Airteagal 208.* Féadfaidh an Coimisiún, ach é chur in iúl d'údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann, aistriú go hairgeadh reatha cheann de na Ballstáit a dhéanamh ar a bhfuil ina sheilbh aige d'airgead reatha Ballstáit eile, a mhéid is gá le go bhféadfar é a úsáid chun na críocha a cheaptar dó leis an gConradh seo. Seachnóidh an Coimisiún aistriú dá leithéid sin, chomh fada agus is féidir, má bhíonn airgead nó sócmhainní insóinscáilte ar seilbh aige sna hairgid reatha áta ag teastáil uaidh.

Déileáfaidh an Coimisiún le gach Ballstát trid an údarás a bheidh sonraithe ag an Stát áirithe. Chun oibríochtaí a chur i gcrích, bainfidh an Coimisiún leas as seirbhísí bhanc eisiúna an Bhallstáit atá i gceist nó aon institiúde airgeadais eile a bheidh formheasta ag an Stát sin.

*Airteagal 209***. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún:

(*a*) rialacháin airgeadais ina sonrófar go háirithe an nós imeachta is inleanta chun an buiséad a bhunú agus a chur i ngníomh agus chun cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh;

* Airteagal a cuireadh isteach le hAirteagal 17 den Chonradh a leasaíonn forálacha áirithe airgeadais.
** Téacs mar atá arna leasú le hAirteagal 18 den Chonradh a leasaíonn forálacha áirithe airgeadais.

(*b*) na modhanna agus an nós imeachta a chinneadh ar dá réir a bheidh na ranníocaí ó Bhallstáit le cur ar fáil don Choimisiún;

(*c*) rialacha a leagan síos i dtaobh freagracht oifigeach údaráis agus oifigeach cuntais agus i dtaobh socruithe iomchuí le haghaidh cigireachta.

## Cuid a sé. FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITEACHA

*Airteagal 210.* Beidh pearsantacht dhlítheanach ag an gComhphobal.

*Airteagal 211.* I ngach ceann de na Ballstáit, beidh ag an gComhphobal an inniúlacht dhlítheannach is fairsinge atá ar fáil faoina dhlíthe ag daoine dlítheanacha; féadfaidh sé, go háirithe, maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus féadfaidh sé bhieth ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla. Chuige sin, feidhmeoidh an Coimisiún ar son an Chomhphobail.

*Airteagal 212. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 24(2) den Chonradh Comhcheangail)*

[*Feic Airteagal 24(1) den Chonradh Comhcheangail arb sé seo a leanas a théacs:*

1. Beidh oifigigh agus seirbhísigh eile an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, ar dháta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm, ina n-oifigigh agus ina seirbhísigh eile do na Comhphobail Eorpacha agus ina gcuid de riarachán aonair na gComhphobal sin.

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile lena mbaineann, Rialacháin Foirne na n-oifigeach do na Comhphobail Eorpacha agus Coinníollacha Fostaíochta na seirbhíseach eile do na Comhphobail sin a leagan síos.]

*Airteagal 213.* Chun na cúraimí a chuirtear air a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis a chruinniú, agus aon fhíorú is gá a dhéanamh, faoi na teorainneacha agus na coinníollacha a bheidh leagtha síos ag an gComhairle de réir forálacha an Chonartha seo.

*Airteagal 214.* Beidh de cheangal ar chomhaltaí institiúidí an Chomhphobail, ar chomhaltaí coistí, agus ar oifigigh agus seirbhísigh eile an Chomhphobail, fiú tar éis deireadh a theacht lena ndualgais, gan faisnéis a nochtadh is de chineál atá faoi chumhdach na rúndachta gairmiúla, go háirithe faisnéis a bhaineann le gnóthais, lena gcaidreamh gnó nó le comhdhéanamh a gcostas.

*Airteagal 215.* Beidh dliteanas conarthach an Chomhphobail faoi rialú ag an dlí a bhaineann leis an gconradh atá i gceist.

I gcás dliteanais neamhchonarthaigh, déanfaidh an Comhphobal, de réir na bprionsabal ginearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste a shlánú a raibh a institiúidí nó a sheirbhísigh ina siocair leis ag comhlíonadh a ndualgas dóibh.

Beidh dliteanas pearsanta a sheirbhísigh i leith an Chomhphobail faoi rialú ag na forálacha a bheidh leagtha síos sna Rialacháin Foirne nó sna Coinníollacha Fostaíochta a bhaineann leo.

*Airteagal 216.* Cinnfidh Rialtais na mBallstát, de thoil a chéile, suíomh institiúidí an Chomhphobail.

*Airteagal 217.* Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, na rialacha i dtaobh teangacha institiúidí an Chomhphobail a chinneadh, gan dochar do na forálacha atá i rialacha nós imeachta na Cúirte Breithiúnais.

*Airteagal 218. (Aisghaireadh an tAirteagal seo leis an dara mir d'Airteagal 28 den Chonradh Comhcheangail)*

*[Feic an chéad mhír d'Airteagal 28 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a téacs:*

Beidh ag na Comhphobail Eorpacha, i gcríocha na mBallstát, na pribhléidí agus na díolúintí is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Phrótacal atá i gceangal leis an gConradh seo. Bainfidh an céanna leis an mBanc Eorpach Infheistíochta.]

*Airteagal 219.* Gabhann na Ballstáit orthu féin nach gcuirfidh siad díospóid maidir le léiriú nó feidhmiú an Chonartha seo á réiteach ar mhodh ar bith seachas mar a fhoráiltear ann.

*Airteagal 220.* Sa mhéid gus gá é, rachaidh na Ballstáit i ndáil chaibidle lena chéile d'fhonn a áirithiú, ar mhaithe lena náisiúnaigh:

— go gcosnófar daoine agus go mbeidh cearta le fáil agus á gcosaint faoi na coinníollacha ar dá réir a dhéanann gach Stát amhlaidh i gcás a náisiúnach féin;

— go ndíothófar cánachas dúbailte sa Chomhphobal;

— go dtabharfar aitheantas frithpháirteach do chuideachtaí nó gnólachtaí de réir brí Airteagal 58, an dara mír, go gcoimeádfar pearsantacht dhlítheanach i gcás a suíomh a aistriú ó thír go tír eile, agus go bhféadfar uaimcheangal a dhéanamh idir cuideachtaí nó gnólachtaí atá faoi rialú ag dlíthe tíortha éagsúla;

— go simpleofar na foirmiúlachtaí a bhaineann le breithiúnais ó chúirteanna nó ó bhinsí, agus dámhachtaintí eadrána, a aithint agus a fhorghníomhú go cómhalartach.

*Airteagal 221.* Laistigh de thrí bliana ó theacht i bhfeidhm don Chonradh seo, tabharfaidh Ballstáit do náisiúnaigh na mBallstát eile an chóir chéanna a thugann siad dá náisiúnaigh féin maidir le rannpháirtíocht i gcaipiteal cuideachtaí nó gnólachtaí, de réir brí Airteagal 58, gan dochar dfheidhmiú na bhforálacha eile den Chonradh seo.

*Airteagal 222.* Ní dhéanfaidh an Conradh seo dochar ar dhóigh ar bith do na rialacha a bhaineann leis an gcóras úinéireachta maoine i mBallstáit.

*Airteagal 223.* 1. Ní chuirfidh forálacha an Chonartha seo bac ar fheidhmiú na rialacha seo a leanas:

*a)* ní bheidh ar aon Bhallstát faisnéis a sholáthar má mheasann sé go mbeadh nochtadh na faisnéise sin contrártha do leasanna bunúsacha a shlándála;

*b)* féadfaidh aon Bhallstát cibé bearta is gá leis a ghlacadh chun leasanna bunúsacha a shlándála a chosaint agus ar bearta iad a bhaineann le hairm, muinisin agus ábhair chogaidh a tháirgeadh nó a thrádáil. Ní foláir, áfach, gan na bearta sin a dhul, chun dochair do na coinníollacha iomaíochta sa chómhargadh i gcás táirgí nach bhfuil ceaptha chun críocha míleata go sonrach.

2. Sa chéad bhliain tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, liosta a tharraingt suas de tháirgí lena mbaineann forálacha mhír 1 *b*).

3. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún, athruithe a dhéanamh ar an liosta sin.

*Airteagal 224.* Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle lena chéile d'fhonn go ndéanfar i gcomhar na nithe is gá chun nach gcoiscfí feidhmiú an chómhargaidh mar gheall ar bhearta a bheadh le déanamh ag Ballstát i gcás suaitheadh tromchúiseach inmheánach a dhul i gcion ar an ord poiblí, i gcás cogaidh nó i gcás mórtheannas idirnáisiúnta a mbeadh bagairt chogaidh ann, nó chun oibleagáidí a chomhlíonadh a bhí glactha aige d'fhonn an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choimeád.

*Airteagal 225.* Más rud é go dtiocfaidh de na bearta a ghlacfar sna himthosca dá dtagraítear in Airteagail 223 agus 224 saobhadh ar na coinníollacha iomaíochta sa chómhargadh, scrúdóidh an Coimisiún an scéal, i gcomhar leis na Stát atá i gceist, féachaint conas is féidir na bearta sin a oiriúnú do na rialacha atá leagtha síos sa Chonradh seo.

De mhaolú ar an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagail 169 agus 170, féadfaidh an Coimisiún nó aon Bhallstát an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais go díreach má mheasann sé go bhfuil Ballstát eile ag baint mí-úsáid as na cumhachtaí dá bhforáiltear in Airteagail 223 agus 224. Tabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a breith i gcúirt iata.

*Airteagal 226.* 1. Más rud é, le linn na hidirthréimhse, go dtarlóidh deacrachtaí atá tromchúiseach agus gur dóigh go mairfidh dóibh in aon earnáil den gheilleagar nó deacrachtaí a d'fhéadfadh dochar mór a dhéanamh do staid eacnamaíoch limistéir áirithe, féadfaidh Ballstát údarás a iarraidh chun bearta cosanta a ghlacadh d'fhonn an staid sin a cheartú agus an earnáil áirithe a oiriúnú do gheilleagar an chómhargaidh.

2. Ar iarratas ón Stát áirithe, déanfaidh an Coimisiún, trí nós imeachta éigeandála agus gan mhoill, na bearta cosanta a chinneadh a mheasfaidh sé is gá, agus sonróidh sé na himthosca agus an modh ina gcuirfear in éifeacht iad.

3. D'fhéadfadh na beartá a údarófar faoi mhír 2 maolú a thabhairt ar rialacha an Chonartha seo, go feadh méid agus go ceann tréimhsí atá fíor-riachtanach chun na haidhmeanna dá dtagraítear i mír 1 a ghnóthú. Tabharfar tús do na bearta is lú a shuaithfidh feidhmiú an chómhargaidh.

*Airteagal 227.* 1. Bainfidh an Conradh seo le Ríocht na Beilge, le Ríocht na Danmhairge, le Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, le Poblacht na Fraince, le hÉirinn, le Poblacht na hIodáile, le hArd-Diúiceacht Lucsamburg, le Ríocht na hÍsiltíre agus le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.*

2. Maidir leis an Ailgéir agus leis na ranna Francacha thar lear, beidh feidhm ag na forálacha ginearálta agus sonracha den Chonradh seo a bhaineann leis na nithe seo:

— saorghluaiseacht earraí;

— talmhaíocht, amach ó Airteatgal 40(4);

— léirscaoileadh seirbhísí;

— na rialacha iomaíochta;

* Mír 1 mar atá arna leasú le hAirteagal 26 (1) den Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 15 (1) den Chinneadh Oiriúnuithe.

— na bearta cosanta dá bhforáiltear in Airteagail 108, 109, agus 226;

— na hinstitiúidí;

a luaithe a thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm.

Déanfar na coinníollacha faoina mbeidh feidhm ag forálacha eile an Chonartha seo a shocrú, laistigh de dhá bhliain tar éis an Chonradh seo a theacht i bhfeidhm, le cinntí ón gComhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún.

Féachfaidh institiúidi an Chomhphobail chuige, faoi chuimsiú na nósanna imeachta dá bhforáiltear sa Chonradh seo, go háirithe in Airteagal 226, go mbeidh forbairt eacnamaíoch agus sóisialta na limistéar sin indéanta.

3. Bainfidh na socruithe speisialta i dtaobh comhlachais atá leagtha amach i gCuid a Ceathair den Chonradh seo leis na tíortha agus na críocha thar lear atá luaite sa liosta in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gConradh seo.

Ní bhainfidh an Conradh seo leis na tíortha agus na críocha thar lear a bhfuil caidreamh speisialta acu le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus nach bhfuil luaite sa liosta réamhráite.*

4. Bainfidh forálacha an Chonartha seo leis na críocha Eorpacha a bhfuil Ballstát freagrach ina gcaidreamh eachtrach.

5. **De mhaolú ar na míreanna roimhe seo:

*a*) Ní bhainfidh an Conradh seo le hOileáin Fháró. Féadfaidh Rialtas Ríocht na Danmhairge, áfach, a fhógairt, trí dhearbhú a thaisceadh tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 1975 le Rialtas Phoblacht na hIodáile, go bhfuil an Conradh seo infheidhme i leith na n-oileán sin, agus cuirfidh an Rialtas sin cóip den dearbhú sin chuig Rialtas gach Ballstáit eile. Sa chás sin, bainfidh an Conradh seo leis na hoileáin sin amhail ón gcéad lá den dara mí tar éis an dearbhú sin a thaisceadh.

*b*) Ní bhainfidh an Conradh seo le limistéir cheannasachta Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir.

*c*) Ní bhainfidh forálacha an Chonartha seo le hOileáin Mhuir nIocht na le hOileán Mhanann ach a mhéid is gá chun a áirithiú go bhfeidhmeofar an córas dá bhforáiltear do na hoileáin sin sa Chonradh i dtaobh aontachas na mBallstát nua le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, a síníodh an 22 Eanáir 1972.

*Airteagal 228.* 1. Sna cásanna ina ndéantar foráil sa Chonradh seo chun comhaontuithe a thabhairt i gcrích idir an Comhphobal agus Stát nó Stáit nó eagraíocht idirnáisiúnta, is é an Coimisiún a dhéanfaidh na caibidlí. Faoi réir na gcumhachtaí a dhílsítear don Choimisiún ina leith sin, is í an Chomhairle a thabharfaidh na comhaontuithe sin i gcrích, tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól nuair is gá sin de réir an Chonartha seo.

Féadfaidh an Chomhairle, an Coimisiún nó Ballstát tuairim na Cúirte Breithiúnais a fháil roimh ré i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil comhaontú atáthar ag brath a dhéanamh i gcomhréir le forálacha an Chonartha seo. Más tuairim

* Cuireadh isteach an dara fhomhír le hAirteagal 26 (2) den Ionstraim Aontachais.

** Cuireadh isteach an cúigiú mír le hAirteagal 26 (3) den Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 15 (2) den Chinneadh Oiriúnuithe.

chodarsna a thabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ní fhéadfaidh an comhaontú teacht i bhfeidhm ach amháin de réir Airteagal 236.

2. Comhaontuithe a thabharfar i gcrích faoi na coinníollacha sin, beidh siad ina gceangal ar institiúidí an Chomhphobail agus ar Bhallstáit.

*Airteagal 229.* Is de dhualgas an Choimisiúin é a áirithiú go gcoimeádfar gach caidreamh iomchuí le horgáin na Náisiún Aontaithe, a saighníomhaireachtaí agus an Chomhaontaithe Ghinearálta ar Tharaifí agus Trádáil.

Déanfaidh an Coimisiún freisin caidreamh mar is iomchuí a choimeád le gach eagraíocht idirnáisiúnta.

*Airteagal 230.* Bunóidh an Comhphobal gach cineál comharaíochta is iomchuí le Comhairle na hEorpa.

*Airteagal 231.* Bunóidh an Comhphobal dlúthchomharaíocht leis an Eagraíocht um Chomhar Eacnamaíoch san Eoraip; socrófar na sonraí de thoil a chéile.

*Airteagal 232.* 1. Ní dhéanfaidh forálacha an Chonartha seo difear d'fhorálacha an Chonartha ag bunú an Chomphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, go háirithe maidir le cearta agus oibleagáidí Ballstát, le cumhachtaí institiúidí an Chomhphobail sin agus leis na rialacha a leag an Conradh sin síos le haghaidh feidhmiú an chómhargaidh do ghual agus cruach.

2. Ní thabharfaidh forálacha an Chonartha seo maolú ar fhorálacha an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

*Airteagal 233.* Ní chuirfidh forálacha an Chonartha seo bac le haontais réigiúnacha idir an Bheilg agus Lucsamburg, nó idir an Bheilg, Lucsamburg agus an Ísiltír, a bheith ann nó a chomhlánú, sa mhéid nach bhfuil aidhmeanna na n-aontas réigiúnach sin á ngnóthú trí fheidhmiú an Chonartha seo.

*Airteagal 234.* Ní dhéanfaidh forálacha an Chonartha seo difear do na cearta agus na hoibleagáidí a éiríonn as comhaontuithe a tugadh i gcrích roimh theacht i bhfeidhm don Chonradh seo idir Ballstát nó Ballstáit ar thaobh amháin agus tríú tír nó tríú tíortha ar an taobh eile.

Sa mhéid nach bhfuil na comhaontuithe sin ag luí leis an gConradh seo. glacfaidh an Ballstát nó na Ballstáit áirithe gach slí iomchuí chun deireadh a chur leis an neamhluí sin. Nuair is gá, cabhróidh na Ballstáit lena chéile chun na críche sin agus glacfaidh siad comhdhearcadh nuair is iomchuí sin.

Ag cur na gcomhaontuithe dá dtagraítear sa chéad mhír chun feidhme dóibh, cuirfidh na Ballstáit san áireamh gur cuid dhílis de bhunú an Chomhphobail na buntáistí a fhaightear faoin gConradh seo ó gach Ballstát agus uime sin go bhfuil siad i ndlúthnasc doscartha le bunú comhinstitiúidí, le cumhachtaí a thabhairt dóibh, agus leis na buntáistí céanna a bheith á ndeonú ag na Ballstáit eile go léir.

*Airteagal 235.* Má tharlaíonn, i gcúrsa an cómhargadh a oibriú, gur gá don Chomphobal gníomhú chun aidhm de chuid an Chomphobail a ghnóthú agus nach dtugtar sa Chonradh seo na cumhachtaí is gá, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól, na bearta iomchuí a ghlacadh.

*Airteagal 236.* Féadfaidh Rialtas aon Bhallstáit nó an Coimisiún tograí a chur faoi bhráid na Comhairle chun an Conradh seo a leasú.

Má dhéanann an Chomhairle, tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól, agus, nuair is iomchuí, leis an gCoimisiún, tuairim a thabhairt i bhfabhar comhdháil d'ionadaithe ó Rialtais na mBallstát a ghairm, comórfaidh Uachtarán na Comhairle an chomhdáil chun na leasuithe a bheidh le déanamh ar an gConradh seo a chinneadh de thoil a chéile.

Tiocfaidh na leasuithe i bhfeidhm tar éis a ndaignithe ag na Ballstáit go léir de réir a rialacha bunreachtúla faoi seach.

*Airteagal 237.* Féadfaidh aon Stát Eorpach iarratas a dhéanamh chun bheith ina chomhalta den Chomhphobal. Díreoidh sé a iarratas chun na Comhairle, agus gníomhóidh an Chomhairle d'aontoil tar éis di tuairim an Choimisiúin a fháil.

Na coinníollacha ar a ligfear Stát isteach agus na hoiriúnuithe is gá dá chionn sin ar an gConradh seo, beidh siad ina n-ábhar do chomhaontú idir na Ballstáit agus an Stát iarrthach. Cuirfear an comhaontú sin faoi bhráid na Stát Conarthach uile lena dhaingniú acu de réir a rialacha bunreachtúla faoi seach.

*Airteagal 238.* Féadfaidh an Comhphobal comhaontuithe a thabhairt i gcrích le tríú Stát, le haontas Stát nó le heagraíocht idirnáisiúnta, ag bunú comhlachais lena ngabhfaidh cearta agus oibleagáidí comhalartacha, comhghníomhaíocht agus nósanna imeachta speisialta.

Tabharfaidh an Chomhairle na comhaontuithe sin i gcrích, ag gníomhú di d'aontoil tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól.

I gcás inar gá leasuithe ar an gConradh seo de dhroim na gcomhaontuithe sin, déanfar i dtosach báire na leasuithe sin a ghlacadh de réir an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 236.

*Airteagal 239.* Is cuid dhílis den Chonradh seo na Prótacail atá i gceangal leis de chomthoil na mBallstát.

*Airteagal 240.* Tá an Conradh seo tugtha i gcrích go ceann tréimhse gan teorainn.

### *Tionscnamh na n-Institiúidí*

*Airteagal 241.* Tiocfaidh an Chomhairle le chéile laistigh de mhí tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm.

*Airteagal 242.* Déanfaidh an Chomhairle, laistigh de thrí mhí óna céad chruinniú, gach beart iomchuí chun an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a chomhdhéanamh.

*Airteagal 243.* Tiocfaidh an Tionól le chéile laistigh de dhá mhí ó chéad chruinniú na Comhairle, arna chomóradh ag Uachtarán na Comhairle, chun a oifigigh a thoghadh agus a rialacha nós imeachta a tharraingt suas. Go dtí go mbeidh a oifigigh arna dtoghadh, is é an comhalta is sine a bheidh i gceannas air.

*Airteagal 244.* Rachaidh an Chúirt Bhreithiúnais i mbun a dualgas a luaithe a bheidh an comhaltaí ceaptha. Ceapfar a céad Uachtarán go ceann trí bliana ar an modh céanna ar a gceaptar an comhaltaí.

Glacfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a rialacha nós imeachta laistigh de thrí mhí ó dhul i mbun a dualgas di.

Ní féidir ábhar ar bith a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais go dtí go mbeidh a rialacha nós imeachta foilsithe. Ní rithfidh an tréimhse chun caingean a thionscnamh ach amháin ó dháta a bhfoilsithe.

Ar é a cheapadh, feidhmeoidh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais na cumhachtaí a thugtar dó leis an gConradh seo.

*Airteagal 245.* Rachaidh an Coimisiún i mbun a dhualgas agus gabhfaidh sé chuige na freagrachtaí a chuirtear air leis an gConradh seo a luaithe a bheidh a chomhaltaí ceaptha.

Ar dhul i mbun a dhualgas don Choimisiún, gabhfaidh sé láithreach i gceann an staidéir agus socróidh sé na comhtheagmhálacha is gá chun suirbhéireacht ghinearálta a dhéanamh ar staid eacnamaíoch an Chomhphobail.

*Airteagal 246.* 1. Rithfidh an chéad bhliain airgeadais ó dháta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig dá éis sin. Má tharlaíonn, áfach, gur sa dara leath den bhliain a thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm, rithfidh an chéad bhliain airgeadais go dti an 31 Nollaig an bhliain dá éis sin.

2. Go dtí go mbeidh buiséad na chéad bhliana airgeadais bunaithe, tabharfaidh Ballstáit airleacain saor ó ús don Chomhphobal agus bainfear iad sin dá ranníocaí airgeadais chun an buiséad a chur i ngníomh.

3. Go dtí go socrófar na Rialacháin Foirne d'oifigigh an Chomhphobail agus na Coinníollacha Fostaíochta dá sheirbhísigh eile, mar a fhoráiltear in Airteagal 212, déanfaidh gach institiúid an fhoireann a theastaíonn uaithi a earcú agus chuige sin tabharfaidh sí conarthaí tréimhse teoranta i gcrích.

Scrúdóidh gach institiúid in éineacht leis an gComhairle aon cheist a bhaineann le líon, luach saothair agus dáileadh post.

## *Forálacha Críochnaitheacha*

*Airteagal 247.* Déanfaidh na hArdpháirtithe Conarthacha daingniú ar an gConradh seo de réir a rialacha bunreachtúla faoi seach. Taiscfear na hionstraimí daingniúhcháin le Rialtas Phoblacht na hIodáile.

Tiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí i ndiaidh taisceadh na hionstraime daingniúcháin ag an gceann is déanaí de Stáit a shínithe a dhéanfaidh an taisceadh sin. Más rud é, áfach, go ndéanfar an taisceadh sin faoi bhun cúig lá dhéag roimh thús na míosa le teacht, ní thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm go dtí an chéad lá den dara mí tar éis dáta an taiscthe sin.

*Airteagal 248.* Tarraingíodh an Conradh seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, san Iodáilis agus san Ollainnis, agus comhúdarás ag gach ceann de na ceithre téacs; taiscfear é i gcartlann Rialtas Phoblacht na hIodáile, agus cuirfidh an Rialtas sin cóip dheimhnithe chuig Rialtas gach ceann eile de Stáit a shínithe.

DA FHIANÚ SIN, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an gConradh seo.

ARNA DHÉANAMH sa Róimh, an cúigiú lá is fiche de Mhárta sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

P. H. SPAAK

J. CH. SNOY ET D'OPPUERS

ADENAUER

HALLSTEIN

PINEAU

M. FAURE

ANTONIO SEGNI

GAETANO MARTINO

BECH

LAMBERT SCHAUS

J. LUNS

J. LINTHORST HOMAN

# IARSCRÍBHINNÍ

*[Annexes I and II are not published herein in accordance with article 12(2) of the General Assembly regulations to give effect to Article 102 of the Charter of the United Nations as amended in the last instance by General Assembly resolution 33/141 A of 19 December 1978.]*

*[Les annexes I et II ne sont pas publiées ici conformément au paragraphe 2 de l'article 12 du règlement de l'Assemblée générale destiné à mettre en application l'Article 102 de la Charte des Nations Unies tel qu'amendé en dernier lieu par la résolution 33/141 A de l'Assemblée générale en date du 19 décembre 1978.]*

## IARSCRÍBHINN III. LIOSTA IDIRBHEART DOFHEICHTHE DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 106 DEN CHONRADH SEO

— Muirlastaí, lena n-áirítear cairtfhostú, cuanchostais, eisíocaíochtaí i leith árthaí iascaireachta, etc.

— Lastaí uiscebhealaigh intíre, lena n-áirítear cairtfhostú.

— Ródiompar: paisinéirí agus lastaí, lena n-áirítear cairtfhostú.

— Aeriompar: paisinéirí agus lastaí, lena n-áirítear cairtfhostú.
Íocaíochtaí ó phaisinéirí as aerthicéid idirnáisiúnta agus muirir ar rómhéid bagáiste; íocaíochtaí as muirir aerlasta idirnáisiúnta agus eitiltí cairtfhostaithe.
Fáltais as aerthicéid idirnáisiúnta a dhiol, muirir ar rómhéid bagáiste, muirir ar aerlastaí idirnáisiunta agus eitiltí cairtfhostaithe.

— I ndáil le gach cóir mhuiriompair: seirbhísí cuain (buncaeireacht agus lónsoláthar, cothabháil, deisiúcháin, costais foirne, etc.).
I ndáil le gach cóir iompair ar uiscebhealach intíre: seirbhísí cuain (buncaeireacht agus lónsoláthar, cothabháil agus miondeisiúcháin trealaimh, costais foirne, etc.).
I ndáil le gach cóir ródiompair tráchtála: breosla, ola, miondeisiúcháin, garáistiú, costais tiománaithe agus foirne, etc.
I ndáil le gach cóir aeriompair: costais oibriúcháin agus imchostais ghinearálta, lena n-áirítear deisiúcháin ar aerárthaí agus ar threalamh aeriompair.

— Muirir earralainne agus stórála, imréiteach custam.

— Dleachtanna custam agus fáillí.

— Muirir idirthurais.

— Muirir dheisiúcháin agus chothabhála.
Próiseáil, críochnú, próiseáil oibre faoi chonradh, agus seirbhísí eile den chineál céanna.

— Deisiú long.
Deisiú córacha iompair seachas longa agus aerárthaí.

— Cúnamh teicniúil (cúnamh a bhaineann le táirgeadh agus imdháil earraí agus seirbhísí ag gach céim, a thugtar i gcaitheamh tréimhse atá teoranta de réir chuspóir áirithe an chúnaimh sin, agus lena n-áirítear e.g. comhairle nó cuairteanna ó shaineolaithe, pleananna agus gormchlónna a ullmhú, monarú a mhaoirsiú, taighde margaidh, pearsanra a oiliúint).

— Coimisiún agus bróicéireacht.
Brabúis as oibríochtaí idirthurais nó as athlastais a dhíol.
Coimisiún agus muirir bhaincéireachta.
Costais ionadaíochta.

— Fógraíocht ar na meáin uile.

— Taisteal ar ghnó.

— Rannpháirtiú fochuideachtaí agus brainsí in imchostais mháthairchuideachtaí a bhfuil a suíomh thar lear agus vice-versa.

— Conrú (déanamh agus cothabháil foirgneamh, bóithre, droichead, port, etc. ag sainghnólachtaí, agus, i gcoitinne, ar phraghsanna socraithe tar éis tairiscinte oscailte).

— Difríochtaí, lamhálacha agus taiscí a dhlitear i leith oibríochtaí ar chríochmhargaí earraí de réir gnáthchleachtais tráchtála bona fide.

— Turasóireacht.

— Taisteal ar chúiseanna príobháideacha (oideachas).

— Taisteal ar chúiseanna príobháideacha (sláinte).

— Taisteal ar chúiseanna príobháideacha (teaghlach).

— Sintiúis le nuachtáin, tréimhseacháin, leabhair, foilseacháin cheoil.
Nuachtáin, tréimhseacháin, leabhair, foilseacháin cheoil augs ceirníní.

— Scannáin chlóite, tráchtála, faisnéise, oideachais, etc. (ciosanna, dleachtanna, síntiúis, táillí atáirgthe agus sioncroinithe, etc.).

— Táillí ballraíochta.

— Cothabháil agus deisiú reatha ar mhaoin phríobháideach thar lear.

— Caiteachas rialtais (ionadaíocht oifigiúil thar lear, ranníocaí le heagraíochtaí idir-náisiúnta).

— Cánacha, costais chúirte, táillí clárúcháin i leith paitinní agus trádmharcanna.
Éilimh ar dhamáistí.
Aisíocaíochtaí i gcás conarthaí a chealú agus aisíoc suimeanna nár glaodh orthu.
Fineálacha.

— Socruithe tréimhsiúla i ndáil le hiompar poiblí agus le seirbhísí poist, teileagraif agus teileafóin.

— Údaráis mhalartúcháin a dheonaítear do náisiúnaigh dúchais nó náisiúnaigh eachtracha ag dul ar eisimirce.
Údaráis mhalartúcháin a dheonaítear do náisiúnaigh eachtracha ag filleadh ar a dtír dhúchais.

— Tuarastail agus pá (oibrithe imeallchríche nó séasúracha agus neamhchónaitheoirí eile, gan dochar do cheart tíre chun téarmaí fostaíochta náisiúnach eachtrach a rialú).

— Seoltáin eisimirceach (gan dochar do cheart tíre chun inimirce a rialú).

— Táillí.

— Díbhinní agus scaireanna i mbrabúis.

— Ús ar bhintiúir, ar mhorgáistí, etc.

— Cíos.

— Amúchadh conarthach (seachas aistriú i ndáil le hamúchadh is ionann agus aisíocaíochtaí oirchilleacha nó glanahd riaráistí carnaithe).

— Brabúis ó ghníomhaíocht ghnó.

— Ríchíosanna údar.
Paitinní, dearthaí, trádmharcanna agus aireagáin (sannadh agus ceadúnú cearta paitinne, dearthaí, trádmharcanna agus aireagáin, bídís cosanta go dlíthiúil nó ná bíodh, agus aistriú a thig as sannadh nó ceadúnú den sórt sin).

— Fáltais chonsalachta.

— Pinsin agus ioncam eile dá samhail.
Íocaíochtaí cothabhála mar gheall ar oibleagáid dhlíthiúil nó ar bhreithiúnas cúirte agus cúnamh airgeadais i gcásanna cruatain.
Aistriú trí thráthchodanna ar shócmhainní atá i dtaisce i mBalltír amháin ag daoine a chónaíonn i mBalltír eile agus nach leor a n-ioncam péarsanta sa tír sin chun freastaí dá gcostais mhaireachtála.

— Idirbhearta agus aistriú i ndáil le hárachas díreach.

— Idirbhearta agus aistriú i ndáil le hathárachas agus le cúlárachas.

— Creidmhis tráchtála nó tionscail a oscailt agus a aisíoc.

— Aistriú mionsuimeanna thar lear.

— Muirir ar dhoiciméadú de gach saghas a thabhaíonn, ar a gcuntas féin, déileálaithe údaraithe i malairt eachtrannach.

— Duaiseanna spóirt agus tuilleamh as rásaíocht.

— Oidhreachtaí.

— Spré.

## IARSCRÍBHINN IV. TÍORTHA AGUS CRÍOCHA THAR LEAR LENA MBAINEANN FORÁLACHA CHUID IV DEN CHONRADH SEO*, **, ***

— Iar-Afraic na Fraince: An tSeineagáil, Súdáin na Fraince, Guine na Fraince, An Cósta Eabhair, An Dahóim, An Mharatáin, An Nigir agus an Volta Uachtair;****

— Afraic Mheánchriosach na Fraince: An Congó Láir, Ubaingí-Searaí, Sead agus an Ghabúin;****

* An téacs mar atá arna leasú
— le hAirteagal 1 de Choinbhinsiún an 13 Samhain 1962, a d'athraigh an Conradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. 150, 1 Deireadh Fómhair 1964, lch. 2414), agus
— le hAirteagal 24 (2) den Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 13 den Chinneadh Oiriúnuithe.

** In Iarscríbhinn 1 leis an gCinneadh on gComhairle an 29 Meitheamh 1976 maidir le Comhlachas na dTíortha agus na gCríocha thar lear le Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. L 176, 1 Iúil 1976) tá liosta de na tíortha agus na críocha thar lear lena mbaineann forálacha Chuid a Ceathair den Chonradh. Leasaíodh an Cinneadh seo leis an gCinneadh ón gComhairle, 77/155/CEE an 14 Feabhra 1977 a Oiriúnaíonn Cinneadh 76/568/CEE (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. L 46, 18 Feabhra 1977) agus, an uair is déanaí, le Cinneadh 78/465/CEE an 30 Bealtaine 1978 (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. L 147, 3 Meitheamh 1978).

*** Bhain forálacha Chuid a Ceathair den Chonradh le Suranam ón 1 Meán Fómhair 1962 go dtí an 16 Iúil 1976 de bhua ionstraime forláontai a thaisc Ríocht na hIsiltire ag comhlánu a hionstraime daingniúcháin.

****Ní bhaineann forálacha Chuid a Ceathair den Chonradh a thuilleadh leis na tíortha agus na críocha seo atá tar éis neamhspleachas a ghnóthú agus go bhfuil ainm eile ar chuid acu anois.

Bhí an caidreamh idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Stáit Afracacha áirithe agus an Mhalagáis faoi thrácht íns na Coimbhinsiúin Chomhlachais a síníodh i Yaoundé an 20 Iúil 1963 agus an 29 Iúil 1969 faoi seach. In a dhiaidh sin tháinig an caidreamh le Stáit áirithe den Afraic, de Mhuir Chairib agus den Chiúin-Aigéan faoi thrácht i gCoinbhinsiúin ACP-CEE Lomé a síniodh an 28 Feabhra 1975 (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. L 25, 30 Eanáir 1976) agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Aibreán 1976.

— San Pierre agus Miquelon,* Oileánra Chomóra,** Madagascar*** agus a spleáchríocha,*** Somálalainn na Fraince,*** an Nua-Chaladóin agus a spleáchríocha, Lonnaíochtaí na Fraince san Aigéine,**** Críocha an Deiscirt agus an Antartaigh;

— Poblacht Uathrialach Thóga;***

— Críoch iontaobhais na gCararún faoi riaradh na Fraince;***

— Congó na Beilge agus Ruanda-Uruinde;***

— Críoch Iontaobhais na Somálalainne faoi riaradh na hIodáile;***

— Nua-Ghuine na hÍsiltíre;***

— Aintilli na hÍsiltíre;

— Comhthiarnas Franc-Bhriotanach Nua-Inse Ghall;

— Na Bahámaí;***

— Beirmiúdaí;*****

— Brunei;

— Críoch na Breataine san Aigéan Indiach;†

— Críoch na Breataine san Antartach;††

— Hondúras na Breataine;†††

— Montserrat;

— Ógh-Oileáin na Breataine;

— Oileáin Chayman;

— Oileáin Fháclainne agus a Spleáchríocha;

— Oileáin Ghilbeirt agus Eillise;††††

— Oileáin na Line, Láir agus Theas;*****

— Oileáin Sholamh na Breataine;†††††

— Oileáin na dTureach agus na gCaiceos;

— Pitcairn;

— San Héilin agus a Spleáchríocha;

— Na Seychelles;‡

— Na Stáit Chomhlachaithe sa Mhuir Chairib: Antigua, Dominica: Greanada,‡ San Lucia, San Uinseann, San Criostóir, Nevis, Anguilla.‡‡

* Atá anois ina rann Francach thar lear.

** Ní bhaineann forálacha Chuid a Ceathair den Chonradh leis an oileára seo a thuilleadh, ach amháin le Mayotte atá fos ar liosta na dtiortha agus na gcríocha thar lear.

*** Feic nóta 4 ag bun leathanach 82.

**** Arb iad a n-ainmneacha nua: Polainéise na Fraince; Oileáin Wallis agus Futuna.

***** Ní háiritear na críocha seo leis na tíortha agus na críocha thar lear lena mbaineann an Cinneadh dá dtagraítear i nóta 2 ag bun leathanach 82.

† Arb é a hainm nua: Críocha na Breataine san Aigéan Indiach.

†† Arb é a ainm nua: Críoch an Antartaigh Bhriotanaigh.

††† Arb é a ainm nua: Belize.

†††† Ainm nua: Oileáin Ghilbeirt; Tuvalu.

††††† Arb é a n-ainm nua: Oileáin Sholaimh.

‡ Feic nóta 4 ag bun leathanach 82.

‡‡ Arb é a n-ainm nua: Nevis agus Anguilla.

# II. PRÓTACAIL

## PRÓTACAL AR REACHT AN BHAINC EORPAIGH INFHEISTÍOCHTA

Tá na hArdhpáirtithe Conarthacha,

Ós mian leo Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta dá bhforáiltear in Airteagal 129 den Chonradh seo a chinneadh,

Tar éis comhaontú ar na forálacha seo a leanas chuirfear i gceangal leis an gConradh seo:

*Airteagal 1.* Comhdhéantar leis seo a Banc Eorpaigh Infheistíochta a bunaíodh le hAirteagal 129 den Chonradh seo (dá ngairtear an "Banc" anseo feasta); comhlíonfaidh sé a fheidhmeanna agus déanfaidh sé a ghníomhaíochtaí de réir forálacha an Chonartha seo agus an Reachta seo.

Cinnfidh Rialtais na mBallstát suíomh an Bhainc de thoil a chéile.

*Airteagal 2.* Sainítear le hAirteagal 130 den Chonradh seo an cúram a bheidh ar an mBanc

*Airteagal 3*.* De réir Airteagal 129 den Chonradh seo, is comhaltaí den Bhanc:

— Ríocht na Beilge;

— Ríocht na Danmhairge;

— Poblacht Chónaidhme na Gearmáine;

— Poblacht na Fraince;

— Éire;

— Poblacht na hIodáile;

— Ard-Diúiceacht Lucsamburg;

— Ríocht na hÍsiltíre;

— Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

*Airteagal 4.* 1. Is é is caipiteal don Bhanc seacht míle ochtó a seacht milliún cúig chéad míle aonad cuntais, arna suibscríobh ag na Ballstáit mar a leanas:

| | |
|---|---|
| An Ghearmáin | 1 575 000 000 |
| An Fhrainc | 1 575 000 000 |
| An Ríocht Aontainthe | 1 575 000 000 |
| An Iodáil | 1 260 000 000 |
| An Bheilg | 414 750 000 |
| An Ísiltír | 414 750 000 |
| An Danmhairg | 210 000 000 |
| Éire | 52 500 000 |

* An téacs mar atá arna leasú le hAirteagal 1 de Phrótacal Uimh. 1 atá i gceangal leis an Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 35 den Chinneadh Oiriúnuithe.

| | |
|---|---|
| Lucsamburg | 10 500 000* |

Beidh luach an aonaid chuntais comhionann le suim na méideanna seo a leanas d'airgid náisiúnta na mBallstát:

| | |
|---|---|
| marg na Gearmáine | 0.828 |
| punt Shasana | 0.0885 |
| franc na Fraince | 1.15 |
| líré na hIodáile | 109 |
| flóirín na hÍsiltíre | 0.286 |
| franc na Beilge | 3.66 |
| franc Lucsamburg | 0.14 |
| coróin na Danmhairge | 0.217 |
| punt na hÉireann | 0.00759** |

Féadfaidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aontoil ar thogra ón mBord Stiúrthóirí, sainiú an aonaid chuntais a athrú.***

Ní bheidh na Ballstáit faoi dhliteanas ach amháin go feadh méid a scaire den chaipiteal a suibscríobhadh agus nár íocadh.

2. Má ligtear isteach comhalta nua bhéarfaidh sin méadú ar an gcaipiteal suibscríofa i gcomhréir lena dtabharfaidh an comhalta nua de chaipiteal isteach.

3. Féadfaidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aontoil, a chinneadh go méadófar an caipiteal suibscríofa.

4. Ní féidir scair chomhalta sa chaipiteal suibscríofa a aistriú, a chur i ngeall ná a astú.

*Airteagal 5*****. 1. Íocfaidh na Ballstáit an caipiteal suibscríofa go feadh 12.85714286% de na méideanna atá leagtha síos in Airteagal 4(1).*****

2. I gcás méadú a theacht ar an gcaipiteal suibscríofa, socróidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aontoil, an céatadán a bheidh le híoc agus modh a íoctha.

3. Féadfaidh an Bord Stiúrthóirí a cheangal go ndéanfar iarmhéid an chaipitil shuibscríofa a íoc, a mhéid is gá don Bhanc chun freastaí dá oibleagáidí i leith lucht iasachtaí a thabhairt dó.

An íocaíocht a bheidh le déanamh amhlaidh ag gach Ballstát, beidh sí i gcomhréir lena scair den chaipiteal suibscríofa sna hairgid reatha a theastóidh ón mBanc chun freastal do na hoibleagáidí sin.

*Airteagal 6.* 1. Féadfaidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó trí thromlach cáilithe ar thogra ón mBord Stiúrthóirí, a chinneadh go dtabharfaidh na Ballstáit don Bhanc iasachtaí úsmhara speisialta má theastaíonn agus oiread is a theastóidh na hiasachtaí sin ón mBanc chun tionscadail shonracha a mhaoiniú

* An chéad fhomhír de mhír 1 mar atá arna modhnú le cinneadh an Bhord Gobharnóirí an Bhord Gobharnóirí an 19 Meitheamh 1978 (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. L 199, 24 Iúil 1978).

** An dara fomhír de mhír 1 mar atá arna modhnú le cinneadh an Bhord Gobharnóirí an 30 Nollaig 1977 (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. L 199, 24 Iúil 1978).

*** An dara mír mar atá arna comhlánú le hAirteagal 1 den Chonradh a leasaíonn an Prótacal ar Reacht an Bhainc.

**** An téacs mar atá arna leasú le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 1 atá i gceangal leis an Ionstraim Aontachais.

***** Mír 1 mar atá arna modhnú le cinneadh an Bhord Gobharnóirí an 19 Meitheamh 1978 (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. L 199, 24 Iúil 1978).

agus go dtaispeánfaidh an Bord Stiúrthóirí nach féidir leis an mBanc na cistí is gá a fháil ar na margaí caipitil ar théarmaí is iomchuí do nádúr agus cuspoir na dtionscadal atá le maoiniú.

2. Ní fhéadfar glaoch ar iasachtaí speisialta go dtí tús an ceathrú bliain tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm. Ní rachaidh siad thar 400 milliún aonad cuntais san iomlán ná thar 100 milliún aonad cuntais sa bhliain.

3. Beidh téarma na n-iasachtaí speisialta i gcoibhneas le téarma na n-iasachtaí nó na ráthaíochtaí atá le tabhairt ag an mBanc trí bhíthin na n-iasachtaí speisialta; ní bheidh sé níos faide ná fiche bliain. Féadfaidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó trí thromlach cáilithe ar thogra ón mBord Stiúrthóirí, a chinneadh go ndéanfar na hiasachtaí speisialta sin a aisíoc níos luaithe.

4. Íocfar ús de réir 4% sa bhliain ar iasachtaí speisialta, mura gcinnfidh an Bord Gobharnóirí, ag cur treo agus leibhéal na rátaí ar na margaí caipitil san áireamh, ar a mhalairt sin de ráta a shocrú.

5. Bhéarfaidh na Ballstáit iasachtaí speisialta i gcomhréir lena scair sa chaipiteal suibscríofa; déanfar an íocaíocht in airgead reatha náisiúnta laistigh de shé mhí ón uair a glaodh orthu.

6. I gcás an Banc a dhul faoi leachtú, ní aisíocfar iasachtaí speisialta ó Bhallstáit go dtí go mbheidh fiacha eile an Bhainc socraithe.

*Airteagal 7.* 1. I gcás laghdú a theacht ar chothrom airgid reatha aon Bhallstáit i gcoibhneas leis an aonad cuntais a shainítear in Airteagal 4, déanfaidh an Stát sin an méid dá scair chaipitil a íocadh ina airgead reatha féin a choigeartú i gcomhréir leis an athrú ar an gcothrom trí íocaíocht fhorlíontach a dhéanamh leis an mBanc. Ach ní cead an méid a choigeartófar a bheith níos mó ná comhiomlán na n-iasachtaí a thug an Banc san airgead reatha áirithe maille le sócmhainní an Bhainc san airgead reatha sin. Déanfar an íocaíocht laistigh de dhá mhí nó, sa mhéid go mbaineann si le hiasachtaí, ar na dátaí a bheidh siad dlite.

2. I gcás méadú a theacht ar chothrom airgid reatha aon Bhallstáit i gcoibhness leis an aonad cuntais a shainítear in Airteagal 4, déanfaidh an Banc an méid den scair chaipitil a d'íoc an Stát sin ina airgead reatha féin a choigeartú i gcomhréir leis an athrú ar an gcothrom trí aisíocaíocht a dhéanamh leis an Stát sin. Ach ní cead an méid a choigeartófar a bheith níos mó ná comhiomlán na n-iasachtaí a thug an Banc san airgead reatha áirithe maille le sócmhainní an Bhainc san airgead reatha sin. Déanfar an aisíocaíocht laistigh de dhá mhí nó, sa mhéid go mbaineann sí le hiasachtaí, ar na dátaí a bheidh siad dlite.

3. Chun críocha an Airteagal seo, measfar gurb éard é cothrom airgid reatha Ballstáit in gcoibhneas leis an aonad cuntais a shainítear in Airteagal 4 an ráta malairte, arna bhunú ar rátaí an mhargaidh, idir an t-airgead reatha sin agus an t-aonad cuntais sin.*

4. Féadfaidh an Bord Gobharnóirí a chinneadh nach mbeidh fiehdm le míreanna 1 agus 2 má thagann athrú comhréireach comhionann ar luachanna cothroim an airgid reatha i gcás gach comhalta den Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta nó gach comhalta den Bhanc. Féadfaidh sé ina theannta sin, ag gníomhú dó d'aontoil ar thogra ón mBord Stiúrthóirí, an modh a athrú trína ndéantar suimeanna a shonraítear in aonaid chuntais a shóinseáil go hairgead reatha náisiúnta agus vice versa.**

* Mír 3 mar atá arna modhnú le cinneadh an Bhord Gobharnóirí an 30 Nollaig 1977 (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. L 199, 24 Iúil 1978).

** Mír 4 mar atá arna comhlánú le hAirteagal 2 den Chonradh a leasaíonn an Prótacal ar Reacht an Bhainc.

*Airteagal 8.* Beidh an Banc á stiúradh agus á bhainstí ag Bord Gobharnóirí, Bord Stiúthóirí agus Coiste Bainistíochta.

*Airteagal 9.* 1. Is iad a bheidh ar an mBord Gobharnóirí ná na hAirí a bheidh ceaptha ag na Ballstáit.

2. Leagfaidh an Bord Gobharnóirí síos treoracha ginearálta do bheartas creidmheasa an Bhainc, go háirithe maidir leis na haidhmeanna atá le saothrú de réir mar a théann gnóthú an chómhargaidh ar aghaidh.

Féachfaidh an Bord Gobharnóirí chuige go gcuirfear na treoracha sin i ngníomh.

3. Ina theannta sin déanfaidh an Bord Gobharnóirí mar a leanas:

*a)* cinnfidh sé an bhfuil an caipiteal suibscríofa le méadú de réir Airteagal 4(3) agus Airteagal 5(2);*

*b)* feidhmeoidh sé na cumhachtaí a fhoráiltear in Airteagal 6 maidir le hiasachtaí speisialta;

*c)* feidhmeoidh sé na cumhachtaí a fhoráiltear in Airteagail 11 agus 13 maidir le comhaltaí an Bhord Stiúrthóirí agus an Choiste Bainistíochta a cheapadh agus lena scor go héigeantach, mar aon leis na cumhachtaí a fhoráiltear sa dara fomhír d'Airteagal 13(1);*

*d)* údaróidh sé an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 18(1);

*e)* formheasfaidh sé tuarascáil bhliantúil an Bhord Stiúrthóirí;

*f)* formheasfaidh sé an clár comhardaithe bliantúil maille leis an gcuntas sochair agus dochair;

*g)* feidmeoidh sé na chumachtaí agus na feidhmeanna dá bhforáiltear in Airteagal 4, 7, 14, 17, 26 agus 27;**

*h)* formheasfaidh sé rialacha nós imeachta an Bhainc.

4. Faoi chuimsiú an Chonartha seo agus an Reachta seo, beidh an Bord Gobharnóirí inniúil ar aon chinntí a ghlacadh, ag gníomhú dó d'aontoil, a bhaineann le fionraí oibríochtaí an Bhainc agus, dá dtarlódh sin, lena leachtú.

*Airteagal 10****.* Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Reacht seo, is trí thromlach dá chomhaltaí a dhéanfaidh an Bord Gobharnóirí cinntí. Ní mór an tromlach sin a bheith in ionannas le 40% ar a laghad den chaipiteal suibscríofa. Is de réir forálacha Airteagal 148 den Chonradh seo a dhéanfaidh an Bord Gobharnóirí vótáil.

*Airteagal 11.* 1. Is ag an mBord Stiúrthóirí amháin a bheidh cumhacht chun cinntí a ghlacadh maidir le hiasachtaí agus ráthaíochtaí a dheonú agus maidir le hiasachtaí a chruinniú; socróidh sé na rátaí úis ar iasachtaí a dheonófar agus an coimisiún ar ráthaíochtaí; féachfaidh sé chuige go bhfuil an Banc á rith mar is cuí; áiritheoidh sé go bhfuil an Banc á bhainistí de réir forálacha an Chonartha seo agus an Reachta seo agus de réir na dtreoracha ginearálta a leag an Bord Gobharnóirí síos.

* Fomhíreanna (*a*) agus (*c*) mar atá arna leasú le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 atá i gceangal leis an Ionstraim Aontachais.

** Fhomhír (*g*) mar atá arna modhnú le hAirteagal 3 den Chonradh a leasaíonn an Prótacal ar Reacht an Bhainc.

*** An téacs mar atá leasú le hAirteagal 5 de Phrótacal Uimh. 1 atá gceangal leis an Ionstraim Aontachais.

I ndeireadh na bliana airgeadais, cuirfidh an Bord Stiúrthóirí tuarascáil faoi bhráid an Bhord Gobharnóirí agus foilseoidh sé í tar éis a formheasta.

2. 18 stiúrthóir agus 10 malartach a bheidh ar an mBord Stiúrthóirí.*

Déanfaidh an Bord Gobharnóirí na Stiúrthóirí a cheapadh go ceann cúig bliana mar a thaispeántar thíos:

— 3 stiúrthóir arna n-ainmniú ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine;

— 3 stiúrthóir arna n-ainmniú ag Poblacht na Fraince;

— 3 stiúrthóir arna n-ainmniú ag Poblacht na hIodáile;

— 3 stiúrthóir arna n-ainmniú ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann;

— 1 stiúrthóir arna ainmniú ag Ríocht na Beilge;

— 1 stiúrthóir arna ainmniú ag Ríocht na Danmhairge;

— 1 stiúrthóir arna ainmniú ag Éirinn;

— 1 stiúrthóir arna ainmniú ag Ard-Diúiceacht Lucsamburg;

— 1 stiúrthóir arna ainmniú ag Ríocht na hÍsiltíre;

— 1 stiúrthóir arna ainmniú ag an gCoimisiún.**

Déanfaidh an Bord Gobharnóirí na malartaigh a cheapadh go ceann cúig bliana mar a thaispeántar thíos:

— 2 malartach arna n-ainmniú ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine;

— 2 malartach arna n-ainmniú ag Poblacht na Fraince;

— 2 malartach arna n-ainmniú ag Poblacht na hIodáile;

— 2 malartach arna n-ainmniú ag Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann;

— 1 malartach arna ainmniú de thoil a chéile ag tíortha Bhenelux;

— 1 malartach arna ainmniú ag an gCoimisiún.**

Féadfar ceapacháin na stiúrthóirí agus na malartach a athnuachan.**

Féadfaidh malartaigh bheith páirteach i gcruinnithe an Bhord Stiúrthóirí. Féadfaidh malartaigh a bheidh ainmnithe ag Stát, nó ag roinnt Stát de thoil a chéile, nó ag an gCoimisiún, ionad stiúrthóirí a bheidh ainmnithe ag an Stát sin nó ag ceann de na Stáit sin nó ag an gCoimisiún, faoi seach, a ghabháil. Ní bheidh ceart vótála ag malartaigh ach amháin i gcás iad a bheith ag gabháil ionad stiúrthóra nó stiúrthóirí nó tarmligean chun na críche sin a bheith acu de réir Airteagal 12(1).**

Beidh Uachtarán an Choiste Bainistíochta nó, má bhíonn sé as láthair, duine dá Leas-Uachtaráin, i gceannas ar chruinnithe den Bhord Stiúrthóirí, ach ní vótálfaidh sé.

* An chéad, an dara, an tríú, an ceathrú agus an cúigiú fhomhír de mhír 2 mar atá arna leasú le hAirteagal 6 de Phrótacal Uimh. 1 atá i gceangal leis an Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 37 den Chinneadh Oiriúnuithe.

**Feic an dara nóta ar lch. 87.

Roghnófar comhaltaí an Bhord Stiúrthóirí as daoine nach bhfuil a neamhspleáchas ná a n-inniúlacht inchurtha in amhras; ní bheidh siad freagrach ach amháin don Bhanc.

3. Ní fhéadfaidh an Bord Gobharnóirí stiúrthóir a scor go héigeantach ach amháin sa chás nach bhfuil na coinníollacha is gá chun a dhualgais a dhéanamh á gcomhlíonadh aige a thuilleadh; ní foláir don Bhord gníomhú trí thromlach cáilithe.

Mura dtugtar formheas ar an tuarascáil bhliantúil, éireoidh an Bord Stiúrthóirí as oifig.

4. Aon fholúntas a tharlóidh trí bhás comhalta, nó trína éirí as oifig dá dheoin féin, nó trína éirí as go héigeantach, nó trí chomhaltaí d'éirí as d'aonbhuíon, líonfar é de réir mhír 2 den Airteagal seo. Ach amháin i gcás an Bord Stiúrthóirí ar fad a athrú, gabhfar ionad comhalta go ceann a bhfuil fágtha dá théarma oifige.

5. Cinnfidh an Bord Gobharnóirí an luach saothair do chomhaltaí an Bhord Stiúrthóirí. Leagfaidh an Bord Gobharnóirí síos, ag gníomhú dó d'aontoil, cad iad na gníomhaíochtaí nach luíonn le dualgais stiúrthóra nó malartaigh.

*Airteagal 12.* 1. Beidh vóta amháin ag gach stiúrthóir ar an mBord Stiúrthóirí. Féadfaidh sé a vóta a tharmligean i ngach cás, ar an modh a leagfar síos le rialacha nós imeachta an Bhainc.*

2. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Reacht seo, is le tromlach simplí de na comhaltaí atá i dteideal vótála a ghlacfaidh an Bord Stiúrthóirí cinntí. Is gá dhá vóta dhéag ina fhabhar do thromlach cáilithe.** Leagfar síos i rialacha nós imeachta an Bhainc cé mhéad comhalta den Bhord Stiúrthóirí is córam chun go mbeadh bailíocht ag gníomhartha an Bhord Stiúrthóirí.

*Airteagal 13.* 1. ***Beidh ar an gCoiste Bainistíochta Uachtarán agus ceithre Leas-Uachtarán arna gceapadh go ceann sé bliana ag an mBord Gobharnóiri ar thogra ón mBord Stiúrthóirí. Féadfar a gceapacháin a athnuachan.

Féadfaidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'antoil, líon na gcomhaltaí ar an gCoiste Bainistíochta a athrú.

2. Ar thogra ón mBord Stiúrthóirí arna ghlacadh trí thromlach cáilithe, féadfaidh an Bord Gobharnóirí, ag gníomhú dó trí thromlach cáilithe freisin, comhalta den Choiste Bainistíochta a scor go héigeantach.

3. Beidh an Coiste Bainistíochta freagrach i ngnóthaí reatha an Bhainc, faoi údarás an Uachtaráin agus faoi mhaoirseacht an Bhord Stiúrthóirí.

Ullmhóidh sé cinntí an Bhord Stiúrthóirí, go háirithe cinntí i dtaobh iasachtaí a chruinniú agus i dtaobh iasachtaí agus ráthaíochtaí a dheonú; féachfaidh sé chuige go gcuirfear na cinntí sin i ngníomh.

4. Gníomhóidh an Coiste Bainistíochta trí thromlach ag tabhairt tuairimí dó ar thograí chun iasachtaí a chruinniú nó chun iasachtaí agus ráthaíochtaí a dheonú.

---

* Mír 1 mar atá arna leasú le hAirteagal 7 de Phrótacal Uimh. 1 atá i gceangal leis an Ionstraim Aontachais.

** An dara habairt mar atá arna leasú le hAirteagal 8 de Phrótacal Uimh. 1 atá i gceangal leis an Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 38 den Chinneadh Oiriúnuithe.

*** Mír 1 mar atá arna leasú le hAirteagal 9 de Phrótacal Uimh. 1 atá i gceangal leis an Ionstraim Aontachais.

5. Cinnfidh an Bord Gobharnóirí luach saothair comhaltaí an Choiste Bainistíochta agus leagfaidh síos cad iad na gníomhaíochtaí nach luíonn lena ndualgais.

6. Feidhmeoidh an tUachtarán nó, mura féidir dó é, Leas-Uachtarán, ar son an Bhainc in ábhar dhlíthiúla agua in ábhair eile.

7. Beidh oifigigh agus fostaithe eile an Bhainc faoi údarás an Uachtaráin. Is é a fhostóidh agus a scoirfidh iad. Chun foireann a roghnú, cuirfear san áireamh ní amháin cumas agus cáilíochtaí pearsanta ach ina theannta sin ionadaíocht chothromasach náisiúnaigh na mBallstát.

8. Ní bheidh Coiste Bainistíochta agus foireann an Bhainc freagrach ach don Bhanc amháin agus beidh siad neamhspleách ar fad i gcomhlíonadh a ndualgas.

*Airteagal 14.* 1. Déanfaidh Coiste ar a mbeidh trí chomhalta, arna gceapadh ag an mBord Gobharnóirí ar bhonn a n-inniúlachta, fíorú gach bliain gur seoladh oibríochtaí an Bhainc agus gur coimeádadh a leabhair ar mhodh cuí.

2. Daingneoidh an Coiste go bhfuil an clár comhardaithe agus an cuntas sochair agus dochair ag comhtheacht leis na cuntais agus go léiríonn siad go dílis staid an Bhainc i leith a shócmhainní agus a dhliteanas.

*Airteagal 15.* Déileálfaidh an Banc le gach Ballstát tríd an údarás a bheidh ceaptha ag an Stát sin. Ag seoladh a oibríochtaí airgeadais dó, rachaidh an Banc ar iontaoibh bhanc eisiúna an Bhallstáit atá i gceist nó institiúidí eile airgeadais a bheidh formheasta ag an Stát sin.

*Airteagal 16.* 1. Comhoibreoidh an Banc le gach eagraíocht idirnáisiúnta atá gníomhach i réimeanna cosúil lena chuid féin.

2. Féachfaidh an Banc le comhtheagmhálacha cuí a bhunú ar mhaithe leis an gcomhoibriú le hinstitiúidí baincéireachta agus airgeadais sna tíortha a sroicheann a oibríochtaí chucu.

*Airteagal 17.* Arna iarraidh sin ag Ballstát nó ag an gCoimisiún, nó uaidh féin, déanfaidh an Bord Gobharnóirí, de réir na gcoinníollacha céanna a bhain lena nglacadh, na treoracha a bheidh leagtha síos aige faoi Airteagal 9 den Reacht seo a léiriú nó a fhorlíonadh.

*Airteagal 18.* 1. Faoi chuimsiú ar chúraim atá leagtha amach in Airteagal 130 den Chonradh seo, deonóidh ar Banc iasachtaí dá chomhaltaí nó do ghnóthais phriobháideacha nó phoiblí le haghaidh tionscadal infheistíochta a bheidh le cur in éifeacht i gcríocha Eorpacha Ballstát, sa mhéid nach bhfuil cistí le fáil ó fhoinsí eile ar théarmaí réasúnacha.

Ach de mhaolú arna údarú ag an mBord Gobharnóirí, ag gníomhú dó d'aontoil ar thogra ón mBord Stiúrthóirí, féadfaidh an Banc iasachtaí a dheonú le haghaidh tionscadal infheistíochta a bheidh le cur in éifeacht, go hiomlán nó go páirteach, lasmuigh de chríocha Eorpacha Ballstát.

2. Chomh fada agus is féidir, ní dheonófar iasachtaí ach ar an gcoinníoll go n-úsáidfear foinsí eile airgeadais freisin.

3. Nuair a bheidh iasacht á deonú aige do ghnóthas nó do chomhlacht seachas Ballstát, cuirfidh an Banc de choinníoll leis an iasacht sin go bhfaighfear ráthaíocht ón mBallstát ar ina chríoch atá an tionscadal le cur in éifeacht nó go bhfaighfear ráthaíochtaí leormhaithe eile.

4. Féadfaidh an Banc iasachtaí a ráthú a thógfaidh gnóthais phoiblí nó phríobháideacha nó a thógfaidh comhlachtaí eile chun tionscadail dá bhforáiltear in Airteagal 130 den Chonradh seo a chur in éifeacht.

5. Ní mó ná 250% dá chaipiteal suibscríofa, iomlán a mbeidh amuigh aon tráth áirithe d'iasachtaí agus de ráthaíochtaí ón mBanc.

6. Cosnóidh an Banc é féin in aghaidh fiontar malairte trí cibé clásail is cuí leis a chur isteach i gconarthaí le haghaidh iasachtaí agus ráthaíochtaí.

*Airteagal 19.* 1. Déanfar na rátaí úis ar iasachtaí ón mBanc agus an coimisiún ar ráthaíochtaí a oiriúnú do na coinníollacha atá i dtreis ar mhargadh an chaipitil agus iad a ríomh ar dhóigh go gcuirfidh an t-ioncam astu ar chumas an Bhainc freastal dá oibleagáidí, a chaiteachais a ghlanadh agus cúlchiste a thiomargadh mar a fhoráiltear in Airteagal 24.

2. Ní dheonóidh an Banc aon laghdú ar tátaí úis. I gcás inar cosúil gur mhaith an rud é an t-ús a laghdú mar gheall ar an saghas tionscadail atá le maoiniú, féadfaidh an Ballstát atá i gceist nó gníomhaireacht éigin eile cabhair a thabhairt chun íochta an úis, sa mhéid go luífidh sin le hAirteagal 92 den Chonradh seo.

*Airteagal 20.* Ina oibríochtaí i ndáil le hiasachtaí agus le ráthaíochtaí, urramóidh an Banc na prionsabail seo a leanas:

1. Féachfaidh sé chuige go n-úsáidfear a chistí ar an gcuma is réasúnaí is féidir ar mhaithe le leasanna an Chomhphobail.

Ní fhéadfaidh sé iasachtaí ná ráthaíochtaí a thabhairt ach amháin:

*a)* más rud é, i gcás tionscadal atá á gcur in éifeacht ag gnóthais in earnáil an táirgthe, go bhfuil íocaíochtaí in aghaidh úis agus amúchta á gcumhdach as brabúis oibriúcháin nó, i gcásanna eile, trí oibleagáidí faoina ndeachaigh an Stát a bhfuil an tionscadal á chur in éifeacht ann nó ar mhodh éigin eile; agus

*b)* más rud é go gcuidíonn feidhmiú an tionscadail le méadú ar an táirgiúlacht eacnamaíoch i gcoitinne agus go gcuireann sé gnóthu an chómhargaidh ar aghaidh.

2. Ní cead dó aon leas a fháil i ngnóthas ná aon fhreagracht a ghlacadh ina bhainistíocht, mura gá sin le go gcosnófaí cearta an Bhainc chun a áirithiú go bhfaighfear ar ais cistí a tugadh ar iasacht.

3. Féadfaidh sé a chuid éileamh a dhíol ar an margadh caipitil agus, chun na críche sin, féadfaidh sé a cheangal ar a fhéichiúnaithe bannaí nó urrúis eile a eisiúint.

4. Ní fhorchuirfidh an Banc ná na Ballstáit coinníollacha á cheangal cistí a fuarthas ar iasacht ón mBanc a chaitheamh i gcríoch Bhallstáit shonraithe.

5. Féadfaidh an Banc é a chur de choinníoll le hiasachtaí uaidh go ndéanfar socrú le haghaidh iarraidh idirnáisiúnta ar thairiscintí.

6. Ní mhaoineoidh an Banc, go hiomlán ná go páirteach, aon tionscadal a bhfuil cur ina choinne ag an mBallstát ar ina chríoch atá sé le cur in éifeacht.

*Airteagal 21.* 1. Féadfar iarratais ar iasachtaí nó ar ráthaíochtaí a dhéanamh chun an Bhainc tríd an gCoimisiún nó tríd an mBallstát ar ina chríoch atá an tionscadal le cur in éifeacht. Féadfaidh gnóthas iarratas a dhéanamh freisin go díreach chun an Bhainc ar iasacht nó ar ráthaíocht.

2. Iarratais a dhéanfar tríd an gCoimisiún, cuirfear iad faoí bhráid an Bhallstáit ar ina chríoch atá an tionscadal le cur in éifeacht, d'fhonn tuairim a fháil. Iarratais a dhéanfar trí Bhallstát, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin iad le tuairim a fháil. Iarratais a dhéanfaidh gnóthas go díreach, cuirfear iad faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann agus faoi bhráid an Choimisiúin.

Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann agus an Coimisiún a dtuairimí laistigh de dhá mhí. Mura bhfaighfear freagra laistigh den tréimhse sin, féadfaidh an Banc glacadh leis nach bhfuil aon chur i gcoinne an tionscadail.

3. Tabharfaidh an Bord Stiúrthóirí rialú ar iarratais chun iasachtaí nó ráthaíochtaí a fháil a chuirfidh an Coiste Bainistíochta faoina bhráid.

4. Scrúdóidh an Coiste Bainistíochta na hiarratais chun iasachtaí nó ráthaíochtaí a fháil a cuireadh faoina bhráid féachaint an gcomhlíonann siad forálacha an Reachta seo, go háirithe Airteagal 20. Má bhíonn an Coiste Bainistíochta i bhfabhar an íasacht nó an ráthaíocht a dheonú, cuirfidh sé an dréacht-chonradh faoi bhráid an Bhord Stiúrthóirí. Féadfaidh an Coiste cibé coinníollacha is fíor-riachtanach leis a chur lena thuairim fhabhrach. Má bhíonn an Coiste Bainistíochta in aghaidh an iasacht nó an ráthaíocht a dheonú, cuirfidh sé na doiciméid iomchuí faoi bhráid an Bhord Stiúrthóirí mar aon lena thuairim.

5. Má thugann an Coiste Bainistíochta tuairim neamhfhabhrach, ní fhéadfaidh an Bord Stiúrthóirí an iasacht nó an ráthaíocht áirithe a dheonú mura gcinnfidh sé é sin d'aontoil.

6. Má thugann an Coimisiún tuairim neamhfhabhrach, ni fhéadfaidh an Bord Stiúrthóirí an iasacht nó an ráthaíocht áirithe a dheonú mura gcinnfidh sé é sin d'aontoil, gan an stiúrthóir a bheidh ainmnithe ag an gCoimisiún a bheith páirteach sa vótáil.

7. Má thugann an Coiste Bainistíochta agus an Coimisiún araon tuairim neamhfhabhrach, ní fhéadfaidh an Bord Stiúrthóirí an iasacht nó an ráthaíocht a dheonú.

*Airteagal 22.* 1. Gheobhairdh an Banc ar iasacht ar na margaí caipitil idirnáisiúnta na cistí is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh.

2. Féadfaidh an Banc iasachtaí a fháil ar mhargadh caipitil Ballstáit, de réir na bhforálacha dlíthiúla a bhaineann le heisiúntí inmheánacha nó, más rud é nach bhfuil aon fhorálacha dá leithéid sin i mBallstát, tar éis don Bhanc agus don Bhallstát áirithe dul i ndáil chomhairle lena chéile agus teacht ar chomhaontú i dtaobh na hiasachta atá i gceist.

Ní fhéadfaidh na húdaráis inniúla sa Bhallstát áirithe sin a n-aontú a dhiúltú ach amháin nuair is baolach suaitheadh tromchúiseach a theacht ar mhargadh caipitil an Stáit sin.

*Airteagal 23.* 1. Féadfaidh an Banc aon chistí dá chuid atá ar fáil agus nach bhfuil de dhíth air láithreach chun freastal dá oibleagáidí a úsáid mar a leanas:

*a)* féadfaidh sé infheistiú ar na margaí airgid;

*b)* féadfaidh sé, faoi réir forálacha Airteagal 20(2), urrúis a cheannach agus a dhíol arna n-eisiúint aige féin nó ag lucht iasachtaí a fháil uaidh;

*c)* féadfaidh sé aon oibríochtaí eile airgeadais a bhfuil baint acu lena chuspóirí a dhéanamh.

2. Gan dochar d'fhorálacha Airteagal 25, ní dhéanfaidh an Banc, ag bainistí a infheistíochtaí dó, páirt a ghabháil in aon airbeatráiste airgid reatha nach gá go díreach chun a oibríochtaí iasachtúcháin a dhéanamh nó chun oibleagáidí a chomhlíonadh a d'éirigh as iasachtaí a thóg sé nó as ráthaíochtaí a thug sé.

3. Sna réimeanna atá faoi trácht san Airteagal seo, gníomhóidh an Banc i gcomhaontacht le húdaráis inniúla nó le banc eisiúna an Bhallstáit atá i gceist.

*Airteagal 24.* 1. Déanfar cúlchiste go feadh 10% den chaipiteal suibscríofa a thiomargadh go comhleanúnach. Má bhíonn call leis mar gheall ar an staid ina bhfuil dliteanais an Bhainc, féadfaidh an Bord Stiúrthóirí cinneadh ar chúlchistí breise a chur ar bun. Go dtí go mbeidh an cúlchiste tiomargtha go hiomlán, cothófar é:

*a)* le hús a fuarthas ar iasachtaí a dheonaigh an Banc as suimeanna is iníoctha ag na Ballstáit de bhun Airteagal 5,

*b)* le hús a fuarthas ar iasachtaí a dheonaigh an Banc as cistí a fuarthas de thoradh aisíoc na n-iasachtaí dá dtagraítear in (*a*),

sa mhéid nach bhfuil an t-ioncam sin ag teastáil faoi chomhair oibleagáidí an Bhainc nó chun a chaiteachais a íoc.

2. Déanfar acmhainní an chúlchiste a infheistiú ar dhóigh go mbeidh siad ar fáil tráth ar bith faoi chomhair chuspóir an chiste.

*Airteagal 25.* 1. Beidh teideal ag an mBanc gach tráth a shócmhainní in airgead reatha Ballstáit amháin a aistriú isteach in airgead reatha Ballstáit eile chun oibríochtaí airgeadais a chur i gcrích a fhreagraíonn don churam atá leagtha amach in Airteagal 130 den Chonradh seo, ag cur forálacha Airteagal 23 den Reacht seo san áireamh. Seachnóidh an Banc, oiread agus is féidir, aistriú dá leithéid sin, má bhíonn airgead tirim nó sócmhainní leachtacha aige san airgead reatha atá ag teastáil.

2. Ní fhéadfaidh an Banc a shócmhainní in airgead reatha Ballstáit a shóinseáil go hairgead reatha tríú tír, gan chomhaontú an Bhallstáit sin.

3. Féadfaidh an Banc úsáid a dhéanamh gan bhac den chuid sin dá chaipiteal atá íoctha in ór nó in airgead reatha insóinseáilte, agus d'aon airgead reatha a fuarthas ar iasacht ar mhargaí lasmuigh den Chomhphobal.

4. Gabhann na Ballstáit orthu féin go gcuirfidh siad ar fáil d'fhéichiúnaithe an Bhainc an t-airgead reatha is gá chun aisíochta an chaipitil agus chun íocthá an úis ar iasachtaí nó an choimisiúin ar ráthaíochtaí arna dtabhairt ag an mBanc le haghaidh tionscadal atá le cur in éifeacht ina gcríoch.

*Airteagal 26.* Mura bhfreastalóidh Ballstát dá oibleagáidí mar chomhalta de dhroim an Reachta seo, agus go háirithe an oibleagáid chun a scair den chaipiteal suibscríofa a íoc, a iasachtaí speisialta a dheonú nó na hiasachtaí a fuair sé a sheirbhísiú, féadfar deonú iasachtaí nó ráthaíochtaí don Bhallstát sin nó dá náisiúnaigh a fhionraí le cinneadh ón mBord Gobharnóirí, ag gníomhú dó trí thromlach cáilithe.

Ní shaorfaidh an cinneadh sin an Stát ná a náisiúnaigh óna n-oibleagáidí i leith an Bhainc.

*Airteagal 27.* 1. Má chinneann an Bord Gobharnóirí oibríochtaí an Bhainc a fhionraí, stadfaidh a ghníomhaíochtaí uile láithreach, ach amháin na cinn is gá

chun a áirithiú go ndéanfar a shócmhainní a réadú, a chosaint agus a chaomhnú agus a dhliteanais a shocrú mar is cuí.

2. I gcás a leachtaithe, ceapfaidh an Bord Gobharnóirí na leachtaitheoirí agus tabharfaidh teagaisc dóibh chun an leachtú a chur in éifeacht.

*Airteagal 28.* 1. I ngach ceann de na Ballstáit, beidh ag an mBanc an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge atá ar fáil faoina dhlíthe ag daoine dlítheanacha; féadfaidh sé, go háirithe, maoin schochorraithe no maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus féadfaidh sé bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla.

*(Aisghaireadh an dara fomhír leis an dara mir d'Airteagal 28 den Chonradh Comhcheangail)*

> [*Feic an chéad mhír d'Airteagal 28 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a téacs:*
>
> Beidh ag na Comhphobail Eorpacha, i gcríocha na mBallstát, na pribhléidí agus na díolúintí is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Phrótacal atá i gceangal leis an gConradh seo. Bainfidh an céanna leis an mBanc Eorpach Infheistíochta.]

2. Beidh maoin an Bhainc diolmhaithe ó fhoréileamh nó dísheabhú de chineál ar bith.

*Airteagal 29.* Aon díospóidí a tharlóidh idir an Banc ar thaobh amháin, agus a chreidiúnaithe, a fhéichiúnaithe nó duine ar bith eile ar an taobh eile, cinnfidh na cúirteanna náisiúnta inniúla iad, ach amháin mar a bhfuil dlínse tugtha don Chúirt Bhreithiúnais.

Beidh seoladh le haghaidh seirbheála i ngach Ballstát ag an mBanc. Féadfaidh sé, áfach, seoladh áirithe le haghaidh seirbheála a shonrú in aon chonradh nó socrú le haghaidh eadrána a fhoráil ann.

Ní fhéadfar sócmhainní agus maoin an Bhainc a astú ná iad a urghabháil trí fhorghníomhú ach amháin le cinneadh cúirte.

ARNA DHÉANAMH sa Róimh, an cúigiú lá is fiche de Mhárta sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

P. H. SPAAK
J. CH. SNOY ET D'OPPUERS
ADENAUER
HALLSTEIN
PINEAU
M. FAURE
ANTONIO SEGNI
GAETANO MARTINO
BECH
LAMBERT SCHAUS
J. LUNS
J. LINTHORST HOMAN

## PRÓTACAL AR THRÁDAIL INMHEÁNACH NA GEARMÁINE AGUS FADHBANNA A BHAINEANN LEIS SIN

Tá na hArdpháirtithe Conarthacha,

Ag féachaint dóibh do na dálaí atá ann faoi láthair mar gheall ar dheighilt na Gearmáine,

Tar éis comhaontú ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh seo:

1. Ós cuid de thrádáil inmheánach na Gearmáine trádáil idir na críocha Gearmánacha atá faoi réir an Bhundlí do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus na críocha Gearmánacha nach bhfuil feidhm ag an mBundlí, sin iontu, ní gá, de bharr feidhmiú an Chonartha seo sa Ghearmáin, aon athrú ar an gcóir a thugtar faoi láthair dontrádáil sin.

2. Cuirfidh gach Ballstát i bhfios do na Ballstáit eile agus don Choimisiún aon chomhaontuithe a bhaineann le trádáil leis na críocha Gearmánacha nach bhfuil feidhm iontu ag an mBundlí do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus aon fhorálacha á bhforghníomhú sin. Féachfaidh gach Ballstát chuige nach bhfuil an forghníomhú sin contrártha do phrionsabail an chómhargaidh agus déanfaidh sé, go háirithe, bearta iomchuí chun dochar do gheilleagar na mBallstát eile a sheachaint.

3. Féadfaidh gach Ballstát bearta iomchuí a dhéanamh chun aon deacrachtaí a chosc a thocfaidh dó féin as trádáil idir Ballstát eile agus na críocha Gearmánacha nach bhfuil fiehdm iontu ag an mBundlí do Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine.

ARNA DHÉANAMH sa Róimh, an cúigiú lá is fiche de Mhárta sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

P. H. SPAAK

J. CH. SNOY ET D'OPPUERS

ADENAUER

HALLSTEIN

PINEAU

M. FAURE

ANTONIO SEGNI

GAETANO MARTINO

BECH

LAMBERT SCHAUS

J. LUNS

J. LINTHORST HOMAN

## PRÓTACAL AR FHORÁLACHA ÁIRITHE MAIDIR LEIS AN bhFRAINC

Tá na hArdpháirtithe Conarthacha,

Ós mian leo fadhbanna áirithe ar leith atá ann faoi láthair a réiteach de réir cuspóiri ginearálta an Chonartha seo,

Tar éis comhaontú ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh seo:

### I. *Muirir agus Cabhracha*

1. Déanfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle scrúdú gach bliain ar an gcóras faoina ndéantar cabhair a thabhairt d'onnmhairí agus muirir speisialta a leagan ar allmhairí i limistéar an fhranc.

Cuirfidh Rialtas na Fraince in iúl, tráth an scrúdaithe sin, cad iad na bearta atá brath aige a dhéanamh chun leibhéal na gcabhracha agus na muirear sin a laghdú agus a réasúnú.

Cuirfidh sé i bhfios freisin don Chomhairle agus don Choimisiún aon mhuirir nua atá sé d'intinn aige thabhairt isteach de thoradh tuilleadh léirscaoilte agus aon choigeartuithe ar na cabhracha agus ar na muirir atá sé d'intinn aige a dhéanamh laistigh de theorainneacha an uasráta muirir a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 1957. Féadfar na bearta éagsúla sin a phlé laistigh de na hinstitiúidí sin.

2. Má mheasann an Chomhairle go bhfuil an neamhionannas ag dul chun dochair d'earnálacha áirithe tionscail i mBallstáit eile, féadfaidh sí, ag gníomhú di thrí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, a iarraidh ar Rialtas an Fraince bearta áirithe a dhéanamh chun na muirir agus na cabhracha a chaighdeánú i ngach ceann de na trí aicme seo a leanas: amh-ábhair, táirgí leathchríochnaithe agus táirgí críochnaithe. Mura ndéanfaidh Rialtas na Fraince na bearta sin, údaróidh an Chomhairle, ag gníomhú di arís trí thromlach cáilithe, do na Ballstáit eile bearta cosanta a dhéanamh, agus socróidh sí coinníollacha agus sonraí na mbeart sin.

3. I gcás comhardú íocaíochtaí reatha limistéar an fhranc a bheith tar éis fanacht ar cothrom le breis agus bliain, agus a chúlchistí airgeadaíochta a bheith tar éis leibhéal a shroicheadh is inmheasta a bheith sásúil, go háirithe maidir le méid a thrádála eachtraí, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, a chinneadh nach foláir do Rialtas na Fraince an córas muirear agus cabhracha a dhíothú.

Mura gcomhaontóidh an Coimisiún agus Rialtas na Fraince gurb inmheasta cúlchistí airgeadaíochta limistéar an fhranc a bheith ar leibhéal sásuil, cuirfidh siad an cheist faoi bhráid duine nó comhlacht a roghnóidh siad de thoil a chéile mar eadránaí chun tuairim a fháil. Má easaontaíonn siad, ceapfaidh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais an t-eadránaí.

Más é a chinntear nach foláir an córas muirear agus cabhracha a dhíothú, déanfar sin ar mhodh nach baol dó cur as do chothromaíocht chomhardú na n-íocaíochtaí; féadfar, go háirithe, é a dhéanamh go comhleanúnach. A luaithe a bheidh an córas díothaithe, beidh feidhm ina n-iomláine ag forálacha an Chonartha seo.

Tá leis an abairt "comhardú íocaíochtaí reatha" an bhrí a thugtar di ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta; áireofar

ann an comhardú trádála agus na hidirbhearta dofheicthe a bhfuil gné ioncaim nó seirbhísí ag baint leo.

II. *Íocaíocht ar Bhreis-am*

1. Measann na Ballstáit go dtiocfaidh de thoradh bhunú an chómhargaidh, um dheireadh na chéad chéime, go mbeidh an bunlíon uaire a chloig ar os a chionn a íoctar as breis-am agus meánráta na híocaíochta breise as obair bhreis-ama i dtionscal ag comhfhreagairt don mheán mar a bhí sa Fhrainc sa bhliain 1956.

2. Mura mbeidh an staid sin ann um dheireadh na chéad chéime, údaróidh an Coimisiún don Fhrainc bearta cosanta a dhéanamh, agus cinnfidh sé coinníollacha agus sonraí na mbeart sin, maidir leis na hearnálacha tionscail mar a bhfuil neamhionannas sa mhodh ina n-íoctar as breis-am mura rud é gur mó, le linn na céime sin, de chéatadán arna shocrú ag an gCoimisiún le formheas na Comhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an meánmhéadú ar an leibhéal pá sna hearnálacha céanna tionscail i mBallstáit eile, i gcomparáid leis an meán don bhliain 1956, ná an méadú a tharla sa Fhrainc.

ARNA DHÉANAMH sa Róimh, an cúigiú lá is fiche de Mhárta sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

P. H. SPAAK
ADENAUER
PINEAU
ANTONIO SEGNI
BECH
J. LUNS

J. CH. SNOY ET D'OPPUERS
HALLSTEIN
M. FAURE
GAETANO MARTINO
LAMBERT SCHAUS
J. LINTHORST HOMAN

## PRÓTACAL AR AN IODÁIL

Tá na hArdpháirtithe Conarthacha,

Ós mian leo fadhbanna áirithe ar leith a bhaineann leis an Iodáil a réiteach,

Tar éis comhaontú ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh seo:

Tógann Ballstáit an Chomhphobail,

Suntas de go bhfuil Rialtas an hIodáile ag gabháil do chlár deich mbliana d'fhorbraíocht eacnamaíoch atá ceaptha chun na míchothromaíochtaí i ngréasán eacnamaíocht na hIodáile a cheartú, go háirithe trí bhonneagar a chur ar fáil do na limistéir lagfhorbartha i nDeisceart na hIodáile agus ar oileáin na hIodáile agus trí phoist nua a chruthú d'fhonn an dífhostaíocht a dhíchur;

Tugann siad chun cuimhne go bhfuil prionsabail agus cuspóirí chlár seo Rialtas na hIodáile breithnithe agus formheasta ag eagraíochtaí um chomhar idirnáisiúnta ar comhaltaí díobh na Ballstáit;

Aithníonn siad gurb é a gcomhleas é go mbainfí amach cuspóirí chlár na hIodáile;

Comhaontaíonn siad, chun cuidiú le Rialtas na hIodáile an cúram sin a thabhairt chun críche, ar a mholadh d'institiúidí an Chomhphobail leas a bhaint as na modhanna agus na nósanna imeachta go léir dá bhforáiltear sa Chonradh seo agus, go háirithe, úsáid iomchuí a dhéanamh d'acmhainní an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus Chiste Sóisialach na hEorpa;

Is é a dtuairim gur chóir d'institiúidí an Chomhphobail, ag cur an Chonartha seo chun feidhme dóibh, aird a thabhairt ar an iarracht leanúnach atá le déanamh ag geilleagar na hIodáile sna blianta le teacht agus ar a mhéid is inmhianaithe go seachnófaí strusanna contúirteacha, go háirithe i gcomhardú na n-íocaíochtaí nó i leibhéal na fostaíochta, a d'fhéadfadh bheith ina mbaol d'fheidhmiú an Chonartha seo san Iodáil;

Aithníonn siad go mbeidh sé riachtanach, má chuirtear Airteagail 108 agus 109 chun feidhme, cúram a ghlacadh nach rachaidh aon bhearta dá n-éileofar ar Rialtas na hIodáile chun dochair do chomhlíonadh a chláir chun forbraíocht eacnamaíoch a chur chun cinn agus caighdeán maireachtála an phobail a ardú.

ARNA DHÉANAMH sa Róimh, an cúigiú lá is fiche de Mhárta sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

P. H. SPAAK
ADENAUER
PINEAU
ANTONIO SEGNI
BECH
J. LUNS

J. CH. SNOY ET D'OPPUERS
HALLSTEIN
M. FAURE
GAETANO MARTINO
LAMBERT SCHAUS
J. LINTHORST HOMAN

## PRÓTACAL AR ARD-DIÚICEACHT LUCSAMBURG

Tá na hArdpháirtithe Conarthacha,

Ós mian leo fadhbanna áirithe ar leith a bhaineann le hArd-Diúiceacht Lucsamburg a réiteach,

Tar éis comhaontú ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh seo:

*Airteagal 1.* 1. Mar gheall ar staid speisialta a cuid talmhaíochta, údaraítear leis seo d'Ard-Diúiceacht Lucsamburg srianta cainníochtúla a choimeád i bhfeidhm ar allmhairiú na dtáirgí atá luaite sa liosta a ghabhann le Cinneadh na bPáirtithe Conarthacha sa Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil a rinneadh an 3 Nollaig 1955 maidir le talmhaíocht Lucsamburg.

Cuirfidh an Bheilg, Lucsamburg agus an Ísiltír chun feidhme an córas dá bhforáiltear sa tríú mír d'Airteagal 6 de Choinbhinsiún an 25 Iúil 1921 um Aontacht Eacnamaíoch na Beilge agus Lucsamburg.

2. Déanfaidh Ard-Diúiceacht Lucsamburg gach beart de chineál déanmhasach, teicniúil nó eacnamaíoch a bhéarfaidh go bhféadfar a talmhaíocht a lánghabháil isteach go comhleanúnach sa chómhargadh. Féadfaidh an Coimisiún moltaí a thabhairt don Ard-Diúiceacht maidir leis na bearta atá le glacadh.

Ag deireadh na hidirthréimhse cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, cá mhéad a choimeádfar, a athrófar nó a fhoirceannfar na maoluithe a ceadaíodh d'Ard-Diúiceacht Lucsamburg.

Féadfaidh aon Bhallstát lena mbaineann achomharc i gcoinne an chinnte sin a dhéanamh chun bord eadrána arna cheapadh de réir Airteagal 8(4) den Chonradh seo.

*Airteagal 2.* Nuair a bheidh na rialacháin á gceapadh i leith na saorghluaiseachta d'oibrithe dá bhforáiltear in Airteagal 48(3) den Chonradh seo, cuirfidh an Coimisiún san áireamh, maidir le hArd-Diúiceacht Lucsamburg, cor speisialta déimeagrafach na tíre sin.

ARNA DHÉANAMH sa Róimh, an cúigiú lá is fiche de Mhárta sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

| | |
|---|---|
| P. H. SPAAK | J. CH. SNOY ET D'OPPUERS |
| ADENAUER | HALLSTEIN |
| PINEAU | M. FAURE |
| ANTONIO SEGNI | GAETANO MARTINO |
| BECH | LAMBERT SCHAUS |
| J. LUNS | J. LINTHORST HOMAN |

## PRÓTACAL AR EARRAÍ DE THIONSCNAMH TÍORTHA ÁIRITHE A THIG Ó NA TÍORTHA SIN AGUS A FHAIGHEANN CÓIR SPEISIALTA ARNA N-ALLMHAIRIÚ ISTEACH I GCEANN DE NA BALLSTÁIT

Tá na hArdpháirtithe Conarthacha,

Ós mian leo sainiú níos mionchruinne a dhéanamh ar fheidhmiú an Chonartha seo maidir le hearraí áirithe de thionscnamh tíortha áirithe a thig ó na tíortha sin agus a fhaigheann cóir speisialta arna n-allmhairiú isteach i mBallstát,

Tar éis comhaontú ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh seo:

1. Ní gá de bharr feidhmiú an Chonartha ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa aon athrú a dhéanamh maidir leis an gcóir chustam is infheidhme, tráth an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm, igcás:

*a*) earraí is de thionscnamh Shuranam* nó Aintillí na hÍsiltíre** agus a thig ó na tíortha sin a allmhairiú isteach i dtíortha Bhenelux;

*b*) earraí is de thionscnamh Mharacó, na Túinéise, Phoblacht Vítneam, na Cambóide nó Laos agus a thig ó na tíortha sin a allmhairiú isteach sa Fhrainc. Bainfidh sin freisin le Lonnaíochtaí na Fraince i gComhthiarnas Nua-Inse Ghall;***

*c*) earraí is de thionscnamh na Libia nó Chríoch Iontaobhais na Somálalainne atá faoi riarachán na hIodáile i láthair na huaire agus a thigh ó na tíortha sin a allmhairiú isteach san Iodáil.****

2. Earraí a allmhairítear isteach i mBallstát agus a thairbhíonn den chóir dá dtagraítear thuas, ní mheasfar iad a bheith i saorchúrsaíocht sa Stát sin de réir brí Airteagal 10 den Chonradh seo i gcás iad a athonnmhairiú go Ballstát eile.

3. Roimh dheireadh na chéad bhliana tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile na rialacha atá acu maidir leis an gcóir speisialta dá dtagraítear sa Phrótacal seo, mar aon le liosta de na hearraí atá i dteideal na córach sin.

Cuirfidh siad in iúl freisin don Choimisiún agus do na Ballstáit eile aon athruithe a dhéanfar ina dhiaidh sin ar na liostaí nó ar an gcóir sin.

4. Féachfaidh an Coimisiún chuige nach bhféadfaidh feidhmiú na rialacha seo dul chun dochair do Bhallstáit eile; chuige sin féadfaidh sé aon bhearta iomchuí a ghlacadh maidir le caidreamh idir na Ballstáit.

ARNA DHÉANAMH sa Róimh, an cúigiú lá is fiche de Mhárta sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

P. H. SPAAK

J. CH. SNOY ET D'OPPUERS

ADENAUER

HALLSTEIN

PINEAU

M. FAURE

ANTONIO SEGNI

GAETANO MARTINO

BECH

LAMBERT SCHAUS

J. LUNS

J. LINTHORST HOMAN

* Bhain forálacha Chuid a Ceathair den Chonradh le Suranam ón 1 Meán Fómhair 1962 go dtí an 16 Iúil 1976 de bhua ionstraime forliontaí a thaisc Ríocht na hIsiltire ag comhlánu a hionstraime daingniúcháin.

** De bhua Airteagal 1 de Choinbhinsiún an 13 Samhain 1962, a d'athraigh an Conradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. 150, 1 Deireadh Fómhair 1964, lch. 2414), ní bhaineann an Prótacal a thuilleadh le hAintillí na hIsiltire.

*** Baineann forálacha Chuid a Ceathair den Chonradh leis an gComhthiarnas seo (feic Iarscríbhinn IV, lch. 82.

**** Tá an dá thír seo tar éis a neamhspleáchas a ghnóthú.

PRÓTACAL AR AN GCÓIR ATÁ LE CUR CHUN FEIDHME AR THÁIRGÍ LAISTIGH DE RÉIM AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH DO GHUAL AGUS CRUACH I LEITH NA HAILGÉIRE AGUS NA RANNA THAR LEAR DE CHUID PHOBLACHT NA FRAINCE

Tá na hArdpháirtithe Conarthacha,

Ós fios dóibh go dtig d'fhorálacha an Chonartha seo i leith na hAilgéire agus na ranna thar lear de chuid Phoblacht na Fraince an fhadhb maidir leis an gcóir atá le cur chun feidhme, i gcás na hAilgéire agus na ranna sin, ar tháirgí a thagann faoi réim an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach,

Ós mian leo réiteach iomchuí a lorg a bheadh i gcomhchuibheas le prionsabail an dá Chonradh,

Gabhann siad orthu féin de mheon comharaíochta le chéile an fhadhb sin a réiteach a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná an chéad athbhreithniú ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach.

ARNA DHÉANAMH sa Róimh, an cúigiú lá is fiche de Mhárta sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

P. H. SPAAK

ADENAUER

PINEAU

ANTONIO SEGNI

BECH

J. LUNS

J. CH. SNOY ET D'OPPUERS

HALLSTEIN

M. FAURE

GAETANO MARTINO

LAMBERT SCHAUS

J. LINTHORST HOMAN

PRÓTACAL AR OLAÍ MIANRACHA AGUS DÍORTHAIGH ÁIRITHE UATHU

Tá na hArdpháirtithe Conarthacha,

Tar éis comhaontú ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh seo:

1. Féadfaidh gach Ballstát, go ceann tréimhse sé bliana tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm, na dleachtanna custam agus na muirir chomhéifeachta a choimeád i bhfeidhm i leith na mBallstát eile agus i leith tríú tíortha, is dleachtanna agus muirir a bhain le táirgí faoi cheannteidil Uimh. 27.09, 27.10, 27.11, 27.12 agus ex 27.13 (céir phairifín, céir mhicrichriostalach, céir bhog agus céir scealla) in Ainmníocht na Bruiséile an 1 Eanáir 1957 nó ar an dáta a thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm, más ísle iad. An dleacht atá le coimeád i bhfeidhm ar olaí amha, áfach, ní dleacht í a thabharfaidh go mbeidh níos mó ná 5% de mhéadú sa difríocht a bhí ann an 1 Eanáir 1957 idir na dleachtanna ar olaí amha agus na dleachtanna ar na díorthaigh dá dtagraítear thuas. Mura bhfuil aon difríocht den sórt sin ann, ní rachaidh aon difríocht a thabharfar isteach dá éis sin thar 5% den dleacht a bhí i bhfeidhm an 1 Eanáir 1957 maidir le táirgí faoi cheannteideal Uimh. 27.09. Má tharlaíonn, roimh dheireadh na tréimhse sé bliana sin, go ndéanfar laghdú ar na dleachtanna custam nó ar na muirir chomhéifeachta maidir le táirgí faoi cheannteideal Uimh. 27.09, déanfar laghdú dá réir ar aon dleachtanna custam nó ar aon mhuirir chomhéifeachta a fhorchuirtear ar na táirgí eile dá dtagraítear thuas.

Ag deireadh an tréimhse sin, déanfar na dleachtanna a bheidh á gcoimeád i bhfeidhm de réir na fomhíre roimhe seo a dhíothú ar fad maidir leis na Ballstáit eile. Beidh feidhm, an tráth céanna, maidir le tríú tíortha ag an gcomhtharaif chustam.

2. Aon cabhracha do tháirgeadh olaí mianracha faoi cheannteideal Uimh. 27.09 in Ainmníocht na Bruiséile, beidh siad, i gcás gur riachtanach na cabhracha sin chun praghas olaí amha a thabhairt anuas go dtí an margadh-phraghas domhanda, c.á.f. i gcalafort Eorpach de chuid Ballstáit, faoi rialú ag Airteagal 92(3) (*c*) den Chonradh seo. I rith an dá chéim tosaigh, ní bhainfidh an Coimisiún feidhm as na cumhachtaí a thugtar faoi Airteagal 93 ach a mhéid is gá chun nach mbeadh na cabhracha sin á mí-úsáid.

ARNA DHÉANAMH sa Róimh, an cúigiú lá is fiche de Mhárta sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

P. H. SPAAK
J. CH. SNOY ET D'OPPUERS
ADENAUER
HALLSTEIN
PINEAU
M. FAURE
ANTONIO SEGNI
GAETANO MARTINO
BECH
LAMBERT SCHAUS
J. LUNS
J. LINTHORST HOMAN

PRÓTACAL AR AN GCONRADH AG BUNÚ CHOMHPHOBAL EACNAMAÍOCHTA NA hEORPA A CHUR CHUN FEIDHME AR NA CODANNA NEAMHEORPACHA DE RÍOCHT NA hÍSILTÍRE

Tá na hArdpháirtithe Conarthacha,

Ós é a miangas, tráth sínithe an Chonartha ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, réim na bhforálacha atá in Airteagal 227 den Chonradh seo i leith Ríocht na hÍsiltíre a shainiú,

Tar éis comhaontú ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh seo:

Mar gheall ar chóiriú bunreachtúil Ríocht na hÍsiltíre de thoradh Reacht an 29 Nollaig 1954, ní bheidh Rialtas na Ríochta i dteideal, de mhaolú ar Airteagal 227, an Conradh a dhaingniú ach amháin thar ceann na Ríochta san Eoraip agus Nua-Ghuine na hÍsiltíre.

ARNA DHÉANAMH sa Róimh, an cúigiú lá is fiche de Mhárta sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

| | |
|---|---|
| P. H. SPAAK | J. CH. SNOY ET D'OPPUERS |
| ADENAUER | HALLSTEIN |
| PINEAU | M. FAURE |
| ANTONIO SEGNI | GAETANO MARTINO |
| BECH | LAMBERT SCHAUS |
| J. LUNS | J. LINTHORST HOMAN |

## PRÓTACAL AR REACHT CHÚIRT BHREITHIÚNAIS CHOMHPHOBAL EACNAMAÍOCHTA NA hEORPA

Tá na hArdpháirtithe Conarthacha sa Chonradh ag Bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa,

Ós mian leo Reacht na Cúirte dá bhforáiltear in Airteagal 188 den Chonradh seo a leagan síos,

Tár éis na daoine seo a leanas a cheapadh mar Lánchumhachtaigh chuige sin:

A Shoilse Rí na mBeilgeach: An Barún J. Ch. Snoy et d'Oppuers, Ardrúnaí na hAireachta Gnóthaí Eacnamaíochta, Uachtarán Thoscaireacht na Beilge ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

Uachtarán Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine: An Dr. Carl Friedrich Ophüls, Ollamh, Ambasadóir Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Uachtarán Thoscaireacht na Gearmáine ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

Uachtarán Phoblacht na Fraince: M. Robert Marjolin, Ollamh Dlí, Leas-Uachtarán Thoscaireacht na Fraince ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

Uachtarán Phoblacht na hIodáile: M. V. Badini Confalonieri, Forúnaí Stáit san Aireacht Gnóthaí Eachtracha, Uachtarán Thoscaireacht na hIodáile ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

A Mórgacht Ríoga Ard-Bhandiúc Lucsamburg: M. Lambert Schaus, Ambasadóir Ard-Diúiceacht Lucsamburg, Uachtarán Thoscaireacht Lucsamburg ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

A Soilse Banríon na hÍsiltíre: M. J. Linthorst Homan, Uachtarán Thoscaireacht na hÍsiltíre ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

noch a rinne, tar éis dóibh a Lánchumhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chuí, a thabhairt ar aird dá chéile,

Comhaontú ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.

*Airteagal 1.* An Chúirt a bunaíodh le hAirteagal 4 den Chonradh seo, comhdhéanfar í agus feidhmeoidh sí de réir forálacha an Chonartha seo agus an Reachta seo.

### *Teideal I.* BREITHIÚNA AGUS ABHCÓIDÍ GINEARALTA

*Airteagal 2.* Sula rachaidh sé i mbun a dhualgas glacfaidh gach Breitheamh mionn, i gcúirt oscailte, go gcomhlíonfaidh sé a dhualgais go neamhchlaon coinsiasach agus go gcoiméadfaidh sé plé na Cúirte faoi rún.

*Airteagal 3.* Beidh na breithiúna díolmhaithe ó imeachtaí dlíthiúla. Tar éis dóibh scor dá n-oifig, leanfaidh siad de dhíolúine a bheith acu i leith gníomhartha a rinne siad ina gcáil oifigiúil, lena n-áirítear a bhfocail labhartha nó scríofa.

Féadfaidh an Chúirt, ina suí di i seisiún iomlánach, an díolúine a tharscaoileadh.

I gcás inar tarscaoileadh díolúine agus ina dtionscnófar imeachtaí coiriúla i gcoinne Breithimh, ní intriailte é, in aon cheann de na Ballstáit, ach amháin ag an gCúirt atá inniúil ar bhreithiúnas a thabhairt ar na breithiúna is airde dlínse náisiúnta.

*Airteagal 4.* Ní féadfaidh na Breithiúna oifig pholaitíochta ná riaracháin a shealbhú.

Ní fhéadfaidh siad bheith ag gabháil d'aon slí bheatha, sochrach ná neamhshochrach, mura dtabharfaidh an Chomhairle díolúine d'eisceacht.

Nuair a rachaidh siad i mbun a ndualgas, tabharfaidh siad gealltanas sollúnta go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiaidh sin, na hoibleagáidí a bheidh orthu de bharr na hoifige sin, go háirithe an dualgas chun bheith ionraic discréideach maidir le ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis dóibh scor dá n-oifig.

Déanfar aon amhras ina thaobh sin a shocrú le breith ón gCúirt.

*Airteagal 5.* Amach ó ghnáthathrú ar Bhreithiúna, nó i gcás breitheamh d'fháil bháis, críochnóidh dualgais Bhreithimh ar é d'éirí as oifig.

Nuair a éireoidh Breitheamh as oifig, díreofar a litir ag éirí as oifig chuig Uachtarán na Cúirte lena tarchur chuig Uachtarán na Comhairle. Ar an bhfógra sin a thabhairt beidh folúntas ar an mBinse.

Ach amháin i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 6, fanfaidh Breitheamh i seilbh a oifige go dtí go rachaidh a chomharba í mbun a dhualgas.

*Airteagal 6.* Ní fhéadfar a oifig ná a cheart chun pinsin nó sochar eile ina ionad sin a bhaint de Bhreitheamh, ach amháin más rud é, i dtuairim d'aontoil Breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta na Cúirte, nach bhfuil coinníollacha riachtanacha a oifige á gcomhlíonadh nó na hoibleagáidí a ghabhann léi á bhfreastal aige a thuilleadh. Ní ghlacfaidh an Breitheamh a bheidh i gceist páirt in aon phlé den sórt sin.

Cuirfidh Cláraitheoir na Cúirte breith na Cúirte in iúl d'Uachtarán an Tionóil agus d'Uachtarán an Choimisiúin agus tabharfaidh sé fógra faoi d'Uachtarán na Comhairle.

I gcás breithe ag baint a oifige de Bhreitheamh, beidh folúntas ar an mBinse nuair a thabharfar an fógra sin is déanaí atá luaite.

*Airteagal 7.* Breitheamh a ghabhfaidh ionad comhalta den Chúirt nach bhfuil a théarma oifige ciate, ceapfar é go ceann a bhfuil fágtha de théarma a réamhtheachtaí.

*Airteagal 8.* Bainfidh forálacha Airteagail 2 go 7 leis na hAbhcóidí Ginearálta.

## *Teideal II.* EAGRAÍOCHT

*Airteagal 9.* Glacfaidh an Cláraitheoir mionn os comhair na Cúirte go gcomhlíonfaidh sé a dhualgais go neamhchlaon coinsiasach agus go gcoimeádfaidh sé plé na Cúirte faoi rún.

*Airteagal 10.* Déanfaidh an Chúirt socrú chun duine a dhul in ionad an Chláraitheora ar ócáidí nach féidir dó freastal ar an gCúirt.

*Airteagal 11.* Beidh oifigigh agus seirbhísigh eile ag gabháil leis an gCúirt ionas go bhféadfaidh sí feidhmiú. Beidh siad freagrach don Chláraitheoir faoi údarás an Uachtaráin.

*Airteagal 12.* Ar thogra ón gCúirt, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, socrú a dhéanamh chun Rapóirtéirí Cúnta a cheapadh agus na rialacha a

leagan síos a rialóidh a seirbhís. Féadfar a cheangal ar Rapóirtéirí Cúnta, faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta, páirt a ghlacadh i réamhfhiosrúcháin i gcásanna atá ar feitheamh os comhair na Cúirte agus comhoibriú leis an mBreitheamh a ghníomhaíonn mar Rapóirtéir.

Roghnófar na Rapóirtéirí Cúnta as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil na cáilíochtaí dlí acu is gá; is í an Chomhairle a cheapfaidh iad. Glacfaidh siad mionn os comhair na Cúirte go gcomhlíonfaidh siad a ndualgais go neamhchlaon coinsiasach agus go gcoimeádfaidh siad plé na Cúirte faoi rún.

*Airteagal 13.* Beidh de cheangal ar na Breithiúna, ar na hAbhcóidí Ginearálta agus ar an gCláraitheoir cónaí san áit a bhfuil suíomh na Cúirte.

*Airteagal 14.* Leanfaidh an Chúirt go buan ar seisiún. Cinnfidh an Chúirt, ag féachaint go cuí do riachtanais a gnó, tréimhsí na saoire breithiúnta.

*Airteagal 15*.* Ni bheidh breitheanna na Cúirte bailí ach amháin nuair is uimhir chorr dá comhaltaí a bheidh ina suí le linn an phlé. Beidh breitheanna na Cúirte iomláine bailí má bhionn seacht gcomhalta ina suí. Ní bheidh breitheanna na nDlísheomraí bailí ach amháin i gcás trí Bhreitheamh a bheith ina suí; i gcás nach féidir do dhuine de Bhreithiúna Dlísheomra suí, féadfar glaoch ar Bhreitheamh Dlísheomra eile chun suí de réir coinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

*Airteagal 16.* Ní fhéadfaidh aon Bhreitheamh ná Abhcóide Ginearálta páirt a ghlacadh i dtriail aon cháis inar ghlac sé páirt roimhe sin mar ghníomhaire nó comhairleoir nó inar ghníomhaigh sé thar ceann duine de na páirtithe, nó inar glaodh air breith a thabhairt mar Chomhalta de chúirt nó de bhinse, de choimisiún fiosrúcháin nó in aon cháil eile.

Má mheasann aon Bhreitheamh nó Abhcóide Ginearálta nach ceart dó, ar chúis speisialta éigin, páirt a ghlacadh sa bhreithiúnacht nó sa scrúdú ar aon chás áirithe, cuirfidh sé é sin in iúl don Uachtarán. Má mheasann an tUachtarán, ar chúis speisialta éigin, nach ceart go suífeadh Breitheamh nó Abhcóide Ginearálta áirithe nó go ndéanfadh sé aighneachtaí i gcás áirithe, cuirfidh sé sin in iúl dó.

Socrófar le breith ón gCúirt aon deacracht a éireoidh maidir leis an Airteagal seo a chur chun feidhme.

Ní fhéadfaidh páirtí athrú ar chomhdhéanamh na Cúirte ná Dlísheomra dá cuid a iarraidh mar gheall ar náisiúntacht Bhreithimh nó toisc Breitheamh de náisiúntacht an pháirtí sin a bheith as láthair ón gCúirt nó ón Dlísheomra.

### *Teideal III.* NÓS IMEACHTA

*Airteagal 17.* Beidh gníomhaire a cheapfar do gach cás ag Stáit agus instituidí an Chomhphobail chun feidhmiú ar a son os comhair na Cúirte; féadfaidh an gníomhaire comhairleoir nó dlíodóir atá i dteideal cleachtadh os comhair cúirte Ballstáit a bheith aige de chúnamh dó.

Caithfidh páirtithe eile dlíodóir atá i dteideal cleachtadh os comhair cúirte Ballstáit a bheith acu chun feidhmiú ar a son.

Beidh ag na gníomhairí, na comhairleoirí agus na dlíodóirí sin nuair a láithreoidh siad os comhair na Cúirte, na cearta agus na díolúintí is gá lena

* An téacs mar atá arna leasú le hAirteagal 20 den Ionstraim Aontachais.

ndualgais a fheidhmiú go neamhspleách, faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Maidir leis na comhairleoirí agus na dlíodóirí a láithreoidh os a comhair, beidh ag an gCuirt na cumhachtaí a thugtar de ghnáth do chúirteanna dlí, faoi chonníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Múinteoirí ollscoile is náisiúnaigh de Bhallstát a dtugann a dhlí ceart éisteachta dóibh, beidh acu os comhair na Cúirte na cearta céanna a thugtar leis an Airteagal seo do dhliodóirí atá i dteideal cleachtadh os comhair cúirte Ballstáit.

*Airteagal 18.* Roinnfear an nós imeachta os comhair na Cúirte ina dhá chuid: i scríbhinn agus ó bhéal.

Is éard é an nós imeachta i scríbhinn, iarratais, ráitis cháis, cosaintí agus tuairimí, agus freagraí, más ann, mar aon leis na páipéir agus na doiciméid uile i dtaca leo, nó cóipeanna deimhnithe díobh, a chur chuig na páirtithe agus chuig na hinstitiúidí den Chomhphobal a bhfuil a gcinntí faoi dhíospóid.

Cuirfidh an Cláraitheoir na nithe sin chucu san ord agus laistigh den am a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Is éard é an nós imeachta ó bhéal, an tuarascáil a léamh a thíolaic Breitheamh ag gníomhú dó mar Rapóirtéir, an Chúirt d'éisteacht gníomhairí, comhairleoirí agus dlíodóirí atá i dteideal cleachtadh os comhair cúirte Ballstáit, agus aighneachtaí ón Abhcóide Ginearálta agus, ina theannta sin, má bhíonn ann, finnéithe agus saineolaithe a éisteacht.

*Airteagal 19.* Tabharfar cás os comhair na Cúirte trí iarratas scríofa arna dhíriú chun an Chláraitheora. Beidh san iarratas ainm agus buanseoladh an iarratasóra agus tuairisc an tsinitheora, ainm an pháirtí ar ina choinne a rinneadh an t-iarratas, ábhar na diospóide, na haighneachtaí agus ráiteas gearr ar na forais ar a bhfuil an t-iarratas bunaithe.

Beidh ag gabháil leis an iarratas, nuair is cuí sin, an beart a bhfuil a neamhniú á iarraidh nó, sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 175 den Chonradh seo, fianaise dhoiciméid ar an dáta a iarradh ar institiúid gníomhú, de réir an Airteagail sin. Mura gcuirfear na doiciméid isteach i dteannta an iarratais, iarrfaidh an Cláraitheoir ar an bpáirtí lena mbaineann iad a thabhairt ar aird laistigh de thréimhse réasúnach, ach, más mar sin a bheidh, ní thitfidh cearta a pháirtí ar lár bíodh is nach dtabharfar na doiciméid sin ar aird go dtí tar éis an tráth chun imeachtaí a bhunú.

*Airteagal 20.* Sna cásanna a rialaíonn Airteagal 177 den Chonradh seo, nuair a chinnfidh cúirt nó binse de chuid Ballstáit ar a himeachtaí a fhionraí agus cás a tharchur chun na Cúirte, cuirfidh an chúirt nó na binse sin an cinneadh sin in iúl don Chúirt. Ansin cuirfidh Cláraítheoir na Cúirte an cinneadh i bhfios do na páirtithe, do na Ballstáit agus don Choimisiún, agus, freisin, don Chomhairle, más í an Chomhairle a thionscain an gníomh a bhfuil a bhailíocht nó a léiriú faoi dhíospóid.

Laistigh de dhá mhí ó cuireadh é sin i bhfios amhlaidh, beidh na páirtithe, na Ballstáit, an Coimisiún agus, más cuí sin, an Chomhairle, i dteideal ráitis cháis nó tuairimí scríofa a chur faoi bhráid na Cúirte.

*Airteagal 21.* Féadfaidh an Chúirt a cheangal ar na páirtithe na doiciméid go léir a thabhairt ar aird, agus an fhaisnéis go léir a sholáthar, a mheasfaidh an Chúirt is inmhianaithe. Déanfar nóta foirmiúil d'aon diúltú.

Féadfaidh an Chúirt a cheangal, freisin, ar na Ballstáit agus ar na hinstitiúidí nach páirtithe iad sa chás gach faisnéis a thabhairt a mheasfaidh an Chúirt is gá le haghaidh na n-imeachtaí.

*Airteagal 22.* Féadfaidh an Chúirt tráth ar bith dul ar iontaoibh duine, comhlachta, údaráis, coiste nó eagraíochta eile ar bith is rogha léi chun tuairim shaineolach a thabhairt.

*Airteagal 23.* Féadfar finnéithe a éisteacht faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

*Airteagal 24.* Maidir le finnéithe mainneachtana beidh ag an gCúirt na cumhachtaí is gnách a thabhairt do chúirteanna agus do bhinsí agus féadfaidh sí pionóis airgid a ghearradh faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna raialacha nós imeachta.

*Airteagal 25.* Féadfar finnéithe agus saineolaithe a éisteacht faoi mhionn arna ghlacadh san fhoirm a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta nó ar an modh atá leagtha síos i ndlí thír an fhinné nó an tsaineolaí.

*Airteagal 26.* Féadfaidh an Chúirt a ordú go n-éistfear finné nó saineolaí ag údarás breithiúnach a áite buanchónaithe.

Cuirfear an t-ordú lena fheidhmiú go dtí an t-údarás breithiúnach inniúil faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta. Cuirfear ar ais chun na Cúirte faoi na coinníollacha céanna na doiciméid a tarraingíodh suas i gcomlíonadh na litreacha rogáide.

Íocfaidh an Chúirt an caiteachais, gan dochar don cheart chun iad a mhuirearú, nuair is cuí sin, ar na páirtithe.

*Airteagal 27.* Déileálfaidh Ballstát le haon sárú mionna a finné nó saineolaí ionann is dá mba os comhair cheann dá chúirteanna a bhfuil dlínse aici in imeachtaí sibhialta a rinneadh an cion. Ar thionscnamh na Cúirte, déanfaidh an Ballstát an ciontóir a ionchúiseamh os comhair a chúirte inniúla.

*Airteagal 28.* Is i gcúirt oscailte a éistfear cásanna mura ndéanfaidh an Chúirt, uaithi féin nó ar iarratas ó na páirtithe, a mhalairt a chinneadh ar chúiseanna troma.

*Airteagal 29.* Le linn na héisteachta féadfaidh an Chúirt na saineolaithe, na finnéithe agus na páirtithe féin a cheistiú. Ní fhéadfaidh siad siúd, áfach, an Chúirt a aitheasc ach amháin trína n-ionadaithe.

*Airteagal 30.* Scríobhfar miontuairisci ar gach éisteacht agus síneoidh an tUachtarán agus an Cláraitheoir iad.

*Airteagal 31.* Socróidh an tUachtarán liosta na gcásanna.

*Airteagal 32.* Beidh plé na Cúirte ina rún agus fanfaidh sé amhlaidh.

*Airteagal 33.* Luafaidh na breithiúnais na réasúin ar a bhfuil siad bunaithe. Beidh iontu ainmneacha na mBreithiúna a ghlac páirt sa phlé.

*Airteagal 34.* Síneoidh an tUachtarán agus an Cláraitheoir na breithiúnais. Léifear amach iad i gcúirt oscailte.

*Airteagal 35.* Breithneoidh an Chúirt na costais.

*Airteagal 36.* Féadfaidh Uachtarán na Cúirte, i modh imeachta achomair ar féidir, a mhéid is gá sin, difear a bheith idir é agus cuid de na rialacha atá sa Reacht

seo agus a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta, breithniú a dhéanamh ar iarratais chun forghníomhú a fhionraí, mar a fhoráiltear in Airteagal 185 den Chonradh seo, nó bearta eatramhacha a ordú de bhun Airteagal 186, nó forfheidhmiú a fhionarí de réir na míre deiridh d'Airteagal 192.

Mura féidir don Uachtarán bheith i láthair, gabhfaidh Breitheamh eile a ionad faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Rialú sealadach a bheidh i rialú an Uachtaráin nó an Bhreithimh a ghabhfaidh a ionad agus ní bheidh dochar ansin ar dhóigh ar bith do bhreith na Cúirte ar shubstaint an cháis.

*Airteagal 37.* Féadfaidh Ballstáit agus institiúidí an Chomhphobail idiragairt i gcásanna os comhair na Cúirte.

Beidh an ceart céanna ar fáil d'aon duine eile a shuífidh leas i dtoradh aon cháis a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, ach amháin i gcásanna idir Ballstáit, idir institiúidí de chuid an Chomhphobail, nó idir Ballstáit agus institiúidí de chuid an Chomhphobail.

Na haighneachtaí a dhéanfar in iarratas ar idiragairt, ní bheidh iontu ach aighneachtaí i dtacaíocht leis na haighneachtaí ó cheann de na páirtithe.

*Airteagal 38.* Má mhainníonn páirtí an chosanta, arna thoghairm go cuí, aighneachtaí scríofa cosanta a chomhdú, tabharfar breithiúnas mainneachtana i gcoinne an pháirtí sin. Féadfar agóid i gcoinne an bhreithiúnais sin a thaisceadh laistigh de mhí tar éis é a fhógairt. Ní chuirfidh an agóid bac ar fhorghníomhú an bhreithiúnais mhainneachtana, mura gcinnfidh an Chúirt a mhalairt.

*Airteagal 39.* Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí an Chomhphobail agus aon duine eile, nádúrtha nó dlítheanach, i gcásanna agus faoi choinníollacha a bheidh le cinneadh leis na rialacha nós imeachta, imeachtaí tríú páirtí a thionscnamh chun breithiúnais a chomhrac a tugadh gan éisteacht a thabhairt dóibh, má théann an breithiúnas chun dochair dá gcearta.

*Airteagal 40.* Má bhíonn amhras ann faoi bhrí nó réim breithiúnais, forléireoidh an Chúirt é ar iarratas ó aon pháirtí nó ó aon institiúid de chuid an Chomhphobail a shuífidh a leas ann.

*Airteagal 41.* Ní fhéadfar athbhreithniú breithiúnais a iarraidh ar an gCúirt ach amháin má aimsítear fíoras is de chineál cinntitheach agus nárbh eol, nuair a tugadh an breithiúnas, don Chúirt ná don pháirtí a bhfuil an t-athbhreithniú á éileamh aige.

Tosófar an t-athbhreithniú le breithiúnas ón gCúirt á thaifeadadh go sainráiteach fíoras nua a bheith ann, á aithint gur fíoras é de chinéal a leathann an cás ar oscailt chun a athbhreithnithe agus á dhearbhú go bhfuil an t-iarratas inghlactha ar an bhforas sin.

Ní bheidh aon iarratas ar athbhreithniú indéanta tar éis deich mbliana a bheith caite ó dháta an bhreithiúnais.

*Airteagal 42.* Cinnfear leis na rialacha nós imeachta tréimhsí breise a bhunófar ar an bhfad ó láthair.

Ní dochar é do cheart ar bith tréimhse ama a bheith imithe in éag má chruthaíonn an páirtí lena mbaineann gur tharla imthosca nárbh fhéidir a thuar nó go raibh *force majeure* ann.

*Airteagal 43.* Beidh imeachtaí i gcoinne an Chomhphobail in ábhair a éireoidh as dliteanais neamhchonarthacha faoi urchosc tar éis tréimhse cúig bliana ó tharla an teagmhas as ar éirigh siad. Brisfear an tréimhse teorann má thionscnaítear imeachtaí os comhair na Cúirte nó má dhéanann an páirtí éagóraithe iarratas roimhe sin chun na hinstitiúide iomchúi de chuid an Chomhphobail. Sa chás deireanach sin, caithfear na himeachtaí a thionscnamh laistigh den tréimhse dhá mhí dá bhforáiltear in Airteagal 173; beidh feidhm ag forálacha an dara mír d'Airteagal 175 nuair is cuí sin.

*Airteagal 44.* Amach ó na forálacha atá beartaithe leis an Reacht seo, beidh i rialacha nós imeachta na Cúirte, dá bhforáiltear in Airteagal 188 den Chonradh seo, aon fhorálacha eile is gá chun é a chur chun feidhme agus, más gá, chun é a fhorlíonadh.

*Airteagal 45.* Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, cibé oiriúnuithe breise a dhéanamh ar fhorálacha an Reachta seo a mbeidh gá leo mar gheall ar bhearta arna ndéanamh ag an gComhairle de réir na míre deiridh d'Airteagal 165 den Chonradh seo.

*Airteagal 46.* Díreach tar éis an mionn a bheith glactha, rachaidh Uachtarán na Comhairle i mbun na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta sin a roghnú, trí chrannchur, a rachaidh a dtéarmaí oifige in éag i ndeireadh na chéad trí bliana de réir an dara agus an tríú mír d'Airteagal 167 den Chonradh seo.

DA FHIANÚ SIN, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an bPrótacal seo.

ARNA DHÉANAMH a Bhruiséil, an seachtú lá déag d'Aibreán sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

J. CH. SNOY ET D'OPPUERS

C. F. OPHÜLS

ROBERT MARJOLIN

VITTORIO BADINI CONFALONIERI

LAMBERT SCHAUS

J. LINTHORST HOMAN

# III. COINBHINSIÚN FEIDHMIÚCHÁIN AR CHOMHLACHÚ NA dTÍORTHA AGUS NA gCRÍOCHA THAR LEAR LEIS AN gCOMHPHOBAL*

## 1. TÉACS AN CHOINBHINSIÚIN FHEIDHMIÚCHÁIN

Tá na hArdpháirtithe Conarthacha,

Ós mian leo dul sa Choinbhinsiún Feidhmiúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 136 den Chonradh seo,

Tar éis comhaontú ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh seo:

*Airteagal 1.* Beidh na Ballstáit páirteach, faoi na coinníollacha atá leagtha amach thíos, i mbearta a chuirfidh chun cinn forbairt shóisialta agus eacnamaíoch na dtíortha agus na gcríocha atá luaite sa liosta in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gConradh seo, trí chur leis na hiarrachtaí ó na húdaráis atá freagrach sna tíortha agus sna críocha sin.

Chuige sin, bunaítear leis seo Ciste Forbraíochta do na Tíortha agus na Críocha Thar Lear, a n-íocfaidh na Ballstáit isteach ann, i gcaitheamh tréimhse chúig bliana, na ranníocaí bliantúla atá leagtha amach in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún seo.

Is é an Coimisiún a riarfaidh an Ciste.

*Airteagal 2.* Déanfaidh na húdaráis atá freagrach sna tíortha agus sna críocha, i gcomhaontú leis na húdaráis áitiúla nó leis na hionadaithe do phobail na dtíortha agus na gcríocha atá i gceist, na tionscadail shóisialacha nó eacnamaíocha a n-iarrtar maoiniú ón gComhphobal dóibh a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

*Airteagal 3.* Tarraingeoidh an Coimisiún suas gach bliain cláir ghinearálta chun na cistí a bheidh curtha ar fáil de réir Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gCoinbhinsiún seo a dháileadh ar na cineálacha éagsúla tionscadal.

Sna cláir ghinearálta beidh tionscadail chun maoiniú a dhéanamh:

*a)* ar institiúidí sóisialta áirithe, go mór mór ospidéil, forais mhúinteoireachta nó taighde teicniúil agus institiúidí chun treoir ghairme a thabhairt agus gairmeacha a chur chun cinn i measc phobail na dtíortha atá i gceist;

*b)* ar infheistíochtaí eacnamaíocha a théann chun leasa don phobal agus a bhaineann go díreach le clár a chur i ngníomh a bhfuil tionscadail shonracha forbraíochta táirgiúla ann.

*Airteagal 4.* I dtosach gach bliana airgeadais cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, cad iad na cistí a úsáidfear dhun maoiniú a dhéanamh:

*a)* ar na hinstitiúidí sóisialta dá dtagraítear in Airteagal 3 *a)*;

*b)* ar na hinfheistíochtaí eacnamaíocha chun leasa don phobal dá dtagraítear in Airteagal 3 *b)*.

Beidh d'aidhm le cinneadh na Comhairle na cistí a chuirfear ar fáil a dháileadh de réir réasúin ó thaobh geografaíochta.

* Chuaigh an Coinbhinsiún Feidhmiúcháin, a tugadh i gcrích go ceann tréimhse chúig bliana, in éag an 31 Nollaig 1962, gan dochar d'fhorálacha Iarscríbhinn I leis an gCoinbhinsiún Comhlachais idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Stáit na hAfraice agus na Malagáise atá i gcomhlachas leis an gComhphobal sin, a síníodh i Yaoundé (Camarún) an 20 Iúil 1963 (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. 93, 11 Meitheamh 1964).

*Airteagal 5.* 1. Cinnfidh an Coimisiún ar conas na cistí a bheidh curtha ar fáil faoi Airteagal 4 *a)* a dháileadh de réir na n-iarratas éagsúla a fuarthas chun institiúidí sóisialta a mhaoiniú.

2. Tarraingeoidh an Coimisiún suas tograí chun na tionscadail infheistíochta eacnamaíocha a mhaoiniú a bheidh á mbreithniú aige faoi Airteagal 4 *b*).

Cuirfidh sé na tograí sin faoi bhráid na Comhairle.

Más rud é, laistigh de mhí, nach n-iarrfaidh aon Bhallstát go scrúdódh an Chomhairle na tograí, measfar iad a bheith formheasta.

Má scrúdaíonn an Chomhairle na tograí, gníomhóidh sí trí thromlach cáilithe laistigh de dhá mhí.

3. Aon chistí nach mbeidh dáilte in aon, bhliain áirithe, tabharfar ar aghaidh iad go dtí na blianta ina dhiadh sin.

4. Na cistí a dháilfear cuirfear ar fáil iad do na húdaráis atá freagrach san obair áirithe a dhéanamh. Áiritheoidh an Coimisiún go n-úsáidfear na cistí sin chun na gcríocha a cinneadh agus go gcaithfear iad ar an gcuma is fearr ó thaobh eacnamaíochta.

*Airteagal 6.* Laistigh de shé mhí ó theacht i bhfeidhm don Chonradh seo, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, rialacha a leagan síos i dtaobh ranníocaí airgeadais a bhailiú agus a aistriú, agus i dtaobh buiséad agus i dtaobh acmhainní an Chiste Forbraíochta a riaradh.

*Airteagal 7.* An tromlach cáilithe dá dtagraítear in Airteagal 4, 5 agus 6, is 67 votá a bheidh ann. Beidh vótaí mar a leanas ag na Ballstáit:

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 11 vóta |
| An Ghearmáin | 33 vóta |
| An Fhrainc | 33 vóta |
| An Iodáil | 11 vóta |
| Lucsamburg | 1 vóta |
| An Ísiltír | 11 vóta |

*Airteagal 8.* I ngach tír nó críoch, leathnófar an ceart bunaíochta go comhleanúnach chun go mbainfidh sé le náisiúnaigh, cuideachtaí nó gnólachtaí de chuid Ballstát seachas an Stát a bhfuil caidreamh speisialta aige leis an tír nó an chríoch áirithe. I rith na chéad bhliana ina gcuirfear an Coinbhinsiún seo chun feidhme, cinntidh an Chomhairle an modh ina gcuirfear sin in éifeacht, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, d'fhonn a áirithiú go ndéanfar aon idirdhealú a dhíothú go comhleanúnach le linn na hidirthréimhse.

*Airteagal 9.* Is í an chóir chustam dá bhforáiltear in Airteagail 133 agus 134 den Chonradh seo a chuirfear chun feidhme ar an trádáil idir na Ballstáit agus na tíortha agus na críocha.

*Airteagal 10.* Le linn ré feidhme an Choinbhinsiúin seo, cuirfidh na Ballstáit chun feidhme ar a dtrádáil leis na tíortha agus na críocha na forálacha sin den Chaibidil sa Chonradh seo a bhaineann le díchur srianta cainníochtúla idir na Ballstáit a chuireann siad chun feidhme ar a dtrádáil lena chéile le linn na tréimhse céanna.

*Airteagal 11.* 1. I ngach tír nó críoch ina bhfuil cuótaí allmhairiúcháin, agus bliain tar éis an Coinbhinsiún seo a theacht i bhfeidhm, déanfar na cuótaí atá ar oscailt do Stáit seachas an Stát a bhfuil caidreamh speisialta leis ag an tír nó an chríoch sin a athrú go cuótaí comhchruinnithe a bheidh ar oacailt gan idirdhealú do na Ballstáit eile. Amhail ón dáta sin, déanfar na cuótaí sin a mhéadú go bliantúil de réir Airteagal 32 agus Airteagal 33(1), (2), (4), (5), (6) agus (7) den Chonradh seo.

2. Más rud é, i gcás táirge nár léirscaoileadh, nach bhfuil sa chuóta comhchruinnithe 7% d'iomlán ar allmhairíodh den táirge sin isteach i dtír nó i gcríoch, tabharfar isteach cuóta is ionann agus 7% de na hallmhairí sin tráth nach déanaí ná bliain tar éis teacht i bhfeidhm don Choinbhinsiún seo, agus méadófar é go bliantúil de réir mhír 1.

3. Más rud é, i gcás táirgí áirithe, nár osclaíodh aon chuóta d'allmhairí isteach i dtír nó i gcríoch, socróidh an Coimisiún le cinneadh, an modh ina n-osclófar agus ina méadófar na cuótaí atá le tairiscint do Bhallstáit eile.

*Airteagal 12.* I gcás ina mbaineann cuótaí allmhairiúcháin a bhunaigh Ballstáit le hallmhairí ó Stát a bhfuil caidreamh speisialta aige le tír nó críoch agus le hallmhairí ón tír nó ón gcríoch sin, beidh cion na n-allmhairí ó na tíortha agus na críocha ina ábhar do chúota comhchruinnithe a bheidh bunaithe ar staitistic allmhairiúcháin. Bunófar aon chuóta den sórt sin i rith na chéad bhliana ina mbeidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm agus méadófar é mar a fhoráiltear in Airteagal 10.

*Airteagal 13.* Ní fhágann forálacha Airteagal 10 go mbeidh bac ar thoirmisc nó srianta le hallmhairí, nó onnmhairí nó earraí faoi bhealach, má tá call lena leithéid ar mhaithe leis an moráltacht phoiblí nó leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil phoiblí; chun sláinte agus saol daoine nó ainmhithe nó plandaí chosaint; chun seoda náisiúnta atá luachmar ó thaobh na healaíne, na staire nó na seandálaíochta a chosaint; nó chun maoin tionscail agus tráchtála a chosaint. Ach ní cead áis a bhaint as na toirmisc nó na srianta sin le haghaidh idirdhealú treallach ná chun srianadh faoi cheilt a dhéanamh ar thrádáil.

*Airteagal 14.* Tar éis dáta an Choinbhinsiúin seo a dhul in éag agus go dtí go nglacfar le forálacha a bhaineann le comhlachas go ceann tréimhse breise, fanfaidh cuótaí na dtáirgí de thionscnamh na dtíortha agus na gcríocha a allmhaireofar isteach sna tíortha agus sna críocha ar thaobh amháin, agus isteach sna Ballstáit ar an taobh eile, ar an leibhéal atá ceaptha don chúigiú bliain. Coimeádfar ar bun freisin na socruithe i leith an chirt bhunaíochta a bheidh a bhfeidhm ag deireadh an cúigiú bliain.

*Airteagal 15.* 1. Tabharfar isteach de réir bPrótacal atá i gceangal leis an gCoinbhinsiún seo taraif-chuótaí d'allmhairí caifé amh ó thríú tíortha isteach san Iodáil agus i dtíortha Bhenelux, agus d'allmhairí bananaí isteach i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine.

2. Má théann an Coinbhinsiún seo in éag sula gcuirfear comhaontú nua i gcrích, beidh ag na Ballstáit, go dtí go ndéanfar an comhaontú nua sin, taraif-chúotaí do bhananaí, do shíol cócó agus do chaifé amh de réir na rátaí dleachta is infheidhme ag tosach an dara céim; beidh na cuótaí sin comhionann le méid na n-allmhairí ó thríú tíortha i gcúrsa na bliana is déanaí a bhfuil staitistic ar fáil ina leith.

Déanfar na cuótaí sin, nuair is iomchuí, a mhéadú i gcomhréir leis an méadú ar chaitheamh na n-earraí i dtíortha a n-allmhairithe.

3. Ballstáit ag a mbeidh taraif-chuótaí de réir na rátaí dleachta a fhorchuirtear ar theacht i bhfeidhm don Chonradh seo, faoi na Prótacail a bhaineann le hallmhairí caifé amh agus bananaí ó thríú tíortha, féadfaidh siad, in ionad na córach dá bhforáiltear i mír 2, a éileamh go gcoimeádfaí na taraif-chúotaí i leith na dtáirgí sin ar an leibhéal a sroicheadh ar dháta an Choinbhinsiúin seo a dhul in éag.

Méadófar na cuótaí sin, nuair is iomchuí, de réir mar a fhoráiltear i mír 2.

4. Cinnfidh an Coimisiún, ar iarratas ó na Stáit lena mbaineann, méid na dtaraif-chuótaí dá dtagraítear sna míreanna roimhe seo.

*Airteagal 16.* Beidh feidhm ag na forálacha atá in Airteagal 1 go 8 den Choinbhinsiún seo maidir leis an Ailgéir agus leis na ranna thar lear de chuid na Fraince.

*Airteagal 17.* Gan dochar do chásanna ina bhfuil feidhm ag forálacha Airteagal 14 agus 15, tá an Coinbhinsiún seo tugtha i gcrích go ceann tréimhse chúig bliana.

ARNA DHÉANAMH sa Róimh, an cúigiú lá is fiche de Mhárta sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

P. H. SPAAK
J. CH. SNOY ET D'OPPUERS
ADENAUER
HALLSTEIN
PINEAU
M. FAURE
ANTONIO SEGNI
GAETANO MARTINO
BECH
LAMBERT SCHAUS
J. LUNS
J. LINTHORST HOMAN

IARSCRÍBHINN A DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1 DEN CHOINBHINSIÚN SEO

| *Céatadáin* / *Tíortha* | *1ú bliain .10%* | *2ú bliain 12.5%* | *3ú bliain 16.5%* | *4ú bliain 22.5%* | *5ú blain 38.5%* | *An tiomlán 100%* |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | *Milliúin aonad cuntais AEI* | | | | | |
| An Bheilg....... | 7 | 8.75 | 11.55 | 15.75 | 26.95 | 70 |
| An Ghearmáin... | 20 | 25 | 33 | 45 | 77 | 200 |
| An Fhrainc...... | 20 | 25 | 33 | 45 | 77 | 200 |
| An Iodáil ....... | 4 | 5 | 6.60 | 9 | 15.40 | 40 |
| Lucsamburg..... | 0.125 | 0.15625 | 0.20625 | 0.28125 | 0.48125 | 1.25 |
| An Ísiltír........ | 7 | 8.75 | 11.55 | 15.75 | 26.95 | 70 |

IARSCRÍBHINN B DÁ DTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3 DEN CHOINBHINSIÚN SEO

| *Céatadáin* / *Tíortha agus críocha thar lear is leo seo thíos* | *1ú bliain 10%* | *2ú bliain 12.5%* | *3ú bliain 16.5%* | *4ú bliain 22.5%* | *5ú bliain 38.5%* | *An tiomlán 100%* |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | *Milliúin aonad cuntais AEI* | | | | | |
| An Bheilg....... | 3 | 3.75 | 4.95 | 6.75 | 11.55 | 30 |
| An Fhrainc...... | 51.125 | 63.906 | 84.356 | 115.031 | 196.832 | 511.25 |
| An Iodáil ....... | 0.5 | 0.625 | 0.825 | 1.125 | 1.925 | 5 |
| An Ísiltír........ | 3.5 | 4.375 | 5.775 | 7.875 | 13.475 | 35 |

## 2. PRÓTACAIL

### PRÓTACAL AR AN TARAIF-CHUÓTA D'ALLMHAIRÍ BANANAÍ (EX 08.01 IN AINMNÍOCHT NA BRUISÉILE)

Tá na hArdphaírtithe Conarthacha,

Tar éis comhaontú ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gCoinbhinsiún seo:

1. Ón gcéad chomhfhogasú ar dhleachtanna eachtracha dá bhforáiltear in Airteagal 23(1) (*b*) den Chonradh seo go dtí deireadh an dara céim, beidh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine cuóta allmhairiúcháin bliantúil saor ó dhleacht is ionann agus 90% de na cainníochtaí a allmhairíodh i 1956, lúide na cainníochtaí a thig ó na tíortha agus na críocha dá dtagraítear in Airteagal 131 den Chonradh seo.

2. Ó dheireadh an dara céim go dtí deireadh an tríú céim, 80% den chainníocht a shainítear thuas a bheidh sa chuóta.

3. Déanfar na cuótaí bliantúla a cinneadh i mír 1 agus i mír 2 a mhéadú 50% den difríocht idir iomlán na gcainníochtaí a allmhairíodh gach bliain roimhe sin agus na cainníochtaí a allmhairíodh i 1956.

Má thig laghdú ar iomlán na n-allmhairí i gcomparáid le hallmhairí 1956, ní rachaidh na cuótaí bliantúla dá bhforáiltear thuas thar 90% de na hallmhairí do gach bliain roimhe sin sa tréimhse dá dtagraítear i mír 1, nó 80% de na hallmhairí do gach bliain roimhe sin sa tréimhse dá dtagraítear i mír 2.

4. A luaithe a bheidh feidhm ag an gcomhtharaif chustam ina hiomláine, 75% d'allmhairí 1956 a bheidh sa chuóta. Déanfar an cuóta sin a mhéadú mar a fhoráiltear sa chéad fhomhír de mhír 3.

Má thig laghdú ar allmhairí i gcomparáid le hallmhairí 1956, ní rachaidh an cuóta bliantúil dá bhforáiltear thuas thar 75% de na hallmhairí do gach bliain roimhe sin.

Is í an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, a ghlacfaidh aon chinneadh chun an cuóta seo a dhíothú nó a leasú.

5. Is é figiúr na n-allmhairí do 1956, lúide allmhairí ó na tíortha agus na críocha dá dtagrítear in Airteagal 131 den Chonradh seo, a bheidh, de réir na bhforálacha sin thuas, le fónamh mar bhonn chun cuótaí a ríomh, na 290 000 tonna.

6. Mura mbeidh na tíortha agus na críocha in ann na cainníochtaí a bheidh iarrtha ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine a sholáthar go hiomlán, dearbhóidh na Ballstáit a bheidh i gceist a bhfonnmhaireacht chun aontú le méadú comhéireach i dtaraif-chuóta na Gearmáine.

ARNA DHÉANAMH sa Róimh, an cúigiú lá is fiche de Mhárta sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

| | |
|---|---|
| P. H. SPAAK | J. CH. SNOY ET D'OPPUERS |
| ADENAUER | HALLSTEIN |
| PINEAU | M. FAURE |
| ANTONIO SEGNI | GAETANO MARTINO |
| BECH | LAMBERT SCHAUS |
| J. LUNS | J. LINTHORST HOMAN |

An tráth a síníodh an Prótacal seo, rinne Lánchumhachtach Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, thar ceann a Rialtais, an dearbhú seo a leanas, agus thóg na Lánchumhachtaigh eile suntas de:

Dearbhaíonn Poblacht Chónaidhme na Gearmáine a fonnmhaireacht tacú le haon bhearta a dhéanfaidh gnólachtaí priobháideacha Gearmánacha chun spreagadh a thabhairt faoi dhíol bananaí ó na tíortha agus na críocha comhlachaithe thar lear sa Phoblacht Chónaidhme.

Chun na críche sin, cuirfear tús a luaithe is féidir, le caibidlí idir lucht gnó sna tíortha éagsúla a mbaineann soláthar agus díol bananaí leo.

PRÓTACAL AR AN TARAIF-CHUÓTA D'ALLMHAIRÍ CAIFÉ AMH (EX 09.01 IN AINMNÍOCHT NA BRUISÉILE)

Tá na hArdpháirtithe Conarthacha,

Tar éis comhaontú ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gCoimbhinsiún seo:

A. *An Iodáil*

Le linn na céad tréimhse comhlachais ag na tíortha agus na críocha thar lear leis an gComhphobal agus tar éis an chéad athrú ar dhleachtanna custam de réir Airteagal 23 den Chonradh seo, beidh caifé amh a allmhaireofar ó thríú tíortha isteach i gcríoch na hIodáile, faoi chuóta bliantúil is ionann agus iomlán ar allmhairíodh de chaifé amh isteach san Iodáil ó thríú tíortha i 1956, faoi réir na ndleachtanna custam is infheidhme ar dháta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm.

Ón séú bliain tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm go dtí deireadh an dara céim, déanfar an cuóta tosaigh dá bhforáiltear sa mhír roimhe seo a laghdú 20%.

Ó thosach an tríú céim agus ar feadh na céime sin, is é cuóta a bheidh ann 50% den chuóta tosaigh.

Go ceann ceithre bliana tar éis deireadh na hidirthréimhse, féadfar leanúint de dhleachtanna custam ar chaifé amh a allmhaireofar isteach san Iodáil, go feadh 20% ar a mhéid den chuóta tosaigh, a mhuirearú de réir an ráta a chuirtear chun feidhme sa tír sin ar dháta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm.

Déanfaidh an Coimisiún scrúdú féachaint an bhfuil call leis an gcéatadán agus leis an tréimhse dá bhforáiltear sa mhír roimhe seo.

Bainfidh forálacha an Chonartha seo le haon chainníochtaí a allmhaireofar de bhreis ar na cuótaí dá bhforáiltear thuas.

B. *Tíortha Bhenelux*

Ó thosach an dara céim agus ar feadh na céime sin, féadfar leanúint de chaifé amh a allmhaireofar ó thríú tíortha isteach i gcríocha tíortha Bhenelux a allmhairiú saor ó dhleacht custam, go feadh tonnáiste 85% den chainníocht iomlán de chaifé amh a allmhairíodh an bhliain deiridh a bhfuil staitistic ar fáil ina leith.

Ó thosach an tríú céim agus ar feadh na céime sin, déanfar na hallmhairí saor ó dhleacht dá dtagraítear sa mhír roimhe seo a laghdú go dtí 50% den tonnáiste iomlán de chaifé amh a allmhairíodh an bhliain deiridh a bhfuil staitistic ar fáil ina leith.

Bainfidh forálacha an Chonartha seo le haon chainníochtaí a allmhaireofar de bhreis ar na cainníochtaí dá bhforáiltear thuas.

ARNA DHÉANAMH sa Róimh, an cúigiú lá is fiche de Mhárta sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

| | |
|---|---|
| P. H. SPAAK | J. CH. SNOY ET D'OPPUERS |
| ADENAUER | HALLSTEIN |
| PINEAU | M. FAURE |
| ANTONIO SEGNI | GAETANO MARTINO |
| BECH | LAMBERT SCHAUS |
| J. LUNS | J. LINTHORST HOMAN |

# CONRADH[1,2] AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

## I. TÉACS AN CHONARTHA

Tá a Shoilse Rí na mBeilgeach, Uachtarán Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Uachtarán Phoblacht na Fraince, Uachtarán Phoblacht na hIodáile, A Mórgacht Ríoga Ard-Bhandiúc Lucsamburg, A Soilse Banríon na hÍsiltíre,

Á aithint dóibh an fuinneamh núicléach a bheith ina acmhainn riachtanach le haghaidh forbairt tionscail agus nua-fhiontraíocht tionscail agus go ligfidh sé do chúis na síochána dul chun chinn,

Ós deimhin leo nach foláir dul i gceann comhiarrachta gan mhoill chun go mbeadh aon bhreith ar ardsaothar a dhéanamh a bheadh i gcomhréir le cumas cruthaitheach a dtíortha,

Ar a bheith beartaithe acu na dálaí a chruthú is gá chun tionscal cumhachtach núicléach a fhorbairt a chuirfidh acmhainní fairsinge fuinnimh ar fáil, as a dtiocfaidh nuachóiriú ar phróisis theicniúla agus a chuideoidh, de thoradh a liacht feidhm eile atá leis, chun rathúnas a chur ar a bpobail,

Ós é a miangas na dálaí sábháilteachta a bhunú is gá chun guaiseanna do shaol agus do shláinte an phobail a dhíothú,

Ós mian leo tíortha eile a bheith páirteach ina gcuid oibre agus comhoibriú le heagraíochtaí idirnáisiúnta ar cúram dóibh an fuineamh adamhach a fhorbairt go síthiúil,

Tar éis cinneadh ar Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (EURATOM) a bhunú agus chun na críche sin tar éis na daoine seo a leanas a cheapadh mar Lánchumhachtaigh:

A Shoilse Rí na mBeilgeach:

M. Paul-Henri Spaak, Aire Gnóthaí Eachtracha,

An Barún J. Ch. Snoy et d'Oppuers, Ardrúnaí na hAireachta Gnóthaí Eacnamaíochta, Uachtarán Thoscaireacht na Beilge ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

Uachtarán Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine:

An Dr. Konrad Adenauer, Seansailéir an Cónaidhme,

An Dr. Walter Hallstein, Ollamh, Stát-Rúnaí Oifig Gnóthaí Eachtracha na Cónaidhme;

Uachtarán Phoblacht na Fraince:

M. Christian Pineau, Aire Gnóthaí Eachtracha,

M. Maurice Faure, Forúnaí Stáit Gnóthaí Eachtracha;

---

[1] For the English translation, see United Nations, *Treaty Series*, vol. 298, p. 167 — Pour la traduction anglaise, voir le *Recueil des Traités* des Nations Unies, vol. 298, p. 167.

[2] Pour le texte français, voir le *Recueil des Traités* des Nations Unies, vol. 294, p. 259 — For the French text, see United Nations, *Treaty Series*, vol. 294, p. 259.

Uachtarán Phoblacht na hIodáile:

M. Antonio Segni, Uachtarán Chomhairle na nAirí,

An tOllamh Gaetano Martino, Aire Gnóthaí Eachtracha;

A Mórgacht Ríoga Ard-Bhandiúc Lucsamburg:

M. Joseph Bech, Uachtarán an Rialtais, Aire Gnóthaí Eachtracha,

M. Lambert Schaus, Ambasadóir, Uachtarán Thoscaireacht Lucsamburg ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

A Soilse Banríon na hÍsiltíre:

M. Joseph Luns, Aire Gnóthaí Eachtracha,

M. J. Linthorst Homan, Uachtarán Thoscaireacht na hÍsiltíre ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

noch a Rinne, tar éis dóibh a Lánchumhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chuí a thabhairt ar aird dá chéile, comhaontú mar a leanas:

TEIDEAL A hAON. CÚRAIMÍ AN CHOMHPHOBAIL

*Airteagal 1.* Leis an gConradh seo, bunaíonn na hArdpháirtithe Conarthacha eatarthu féin Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (EURATOM).

Beidh de chúram ar an gComhphobal cuidiú leis an gcaighdeán maireachtála sna Ballstáit a ardú agus leis an gcaidreamh leis na tíortha eile a fhorbairt trí na dálaí a chruthú is gá chun tionscail núicléacha a bhunú, agus forás a thabhairt fúthu, go mear.

*Airteagal 2.* D'fhonn a chúram a chomhlíonadh, déanfaidh an Comhphobal, de réir mar a fhoráiltear sa Chonradh seo:

*a*) taighde a chur chun cinn agus a áirithiú go leathfar faisnéis theicniúil;

*b*) caighdeáin sábháilteachta comhionanna a bhunú chun sláinte an lucht oibre agus an phobail i gcoitinne a chosaint, agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad;

*c*) infheistíocht a éascú agus a áirithiú, go háirithe trí iarrachtaí ag gnóthais a spreagadh, go mbunófar na suiteálacha bunúsacha is gá le fuinneamh núicléach a fhorbairt sa Chomhphobal;

*d*) a áirithiú go bhfaighidh gach úsáidire sa Chomhphobal soláthar rialta cothrom de mhianta agus de bhreoslaí núicléacha;

*e*) a dheimhniú, trí mhaoirseacht iomchuí, nach gcuirfear ábhair núicléacha chun críocha seachas na críocha atá ceaptha dóibh;

*f*) an ceart úinéireachta a fheidhmiú a thugtar dó i ndáil le hábhair inscoilte speisialta;

*g*) easraisí fairsinge tráchtála agus rochtain ar na saoráidí teicniúla is fearr a áirithiú, trí chómhargadh a bhunú i sainábhair agus saintrealamh, trí shaorghluaiseacht chaipitil le haghaidh infheistíochta i réim an fhuinnimh núicléigh, agus trí shaoirse fostaíochta do shaineolaithe sa Chomhphobal;

*h*) caidreamh a bhunú le tíortha eile agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta a chothóidh ascnamh in úsáid shíochánta an fhuinnimh núicléigh.

*Airteagal 3.* 1. Na cúraimí a chuirtear ar an gComhphobal, beidh siad le cur i gcrích ag na hinstitiúidí seo a leanas:

— Tionól,

— Comhairle,

— Coimisiún,

— Cúirt Bhreithiúnais.

Gníomhóidh gach institiúid acu faoi theorainn na gcumhachtaí a thugtar di leis an gConradh seo.

2. Beidh cúnamh le fáil ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta ag gníomhú i gcáil chomhairleach dó.

3. Déanfáidh Cúirt Iniúchóirí, ag gníomhú di faoi réir na gcumhachtaí a thugtar di leis an gConradh seo, iniúchóireacht ar na cuntais.*

## TEIDEAL A DÓ. FORÁLACHA CHUN ASCNAMH A SPREAGADH I RÉIM AN FHUINNIMH NÚICLÉIGH

### CAIBIDIL I. TAIGHDE A CHUR CHUN CINN

*Airteagal 4.* 1. Beidh de fhreagracht ar an gCoimisiún taighde núicléach a chur chun cinn agus a éascú sna Ballstáit agus é a chomhlánú trí chlár taighde agus oiliúna don Chomhphobal a chur i gcrích.

2. Déanfar gníomhaíocht an Choimisiúin ina leith sin a chur i gcrích sna réimsí atá sa liosta in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh seo.

Féadfaidh an Chomhairle an liosta sin a leasú, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an gCoiste Eolaíoch agus Teicniúil a bhunaítear le hAirteagal 134.

*Airteagal 5.* D'fhonn taighde a ghabhfar de láimh i mBallstát a chomhordú agus a chomhlánú, déanfaidh an Coimisiún, trí iarratas sonrach a dhíreofar chun fáltaí áirithe agus a chuirfear in iúl don Rialtas lena mbaineann, nó trí iarratas ginerarálta a fhoilseofar, gairm a chur ar Bhallstáit, ar dhaoine nó ar ghnóthais a gcláir maidir leis an taighde a bheidh sonraithe aige san iarratas a chur i bhfios don Choimisiún.

Tar éis gach caoi a thabhairt dóibh siúd lena mbaineann a mbarúlacha a chur faoina bhráid, féadfaidh an Coimisiún tuairim réasúnaithe a léiriú ar gach clár dár cuireadh chuige. Déanfaidh an Coimisiún tuairim den sórt sin a léiriú má iarrann an Stát, an duine nó an gnóthas a chuir an clár i bhfios dó go ndéanfaí amhlaidh.

Trí bhíthin na dtuairimí sin dímholfaidh an Coimisiún ataighde nach gá agus treoróidh sé taighde i dtreo earnálacha nach bhfuil leorstaidéar déanta orthu. Ní cead don Choimisiún na cláir sin a fhoilsiú gan toiliú an Stáit, an duine nó an ghnóthais a chuir i bhfios dó iad.

Foilseoidh an Coimisiún go tráthrialta liosta de na hearnálacha taighde núicléigh ar dóigh leis nach ndearnadh leorstaidéar orthu.

Féadfaidh an Coimisiún ionadaithe ó airmheáin taighde, poiblí agus príobháideach, a thabhairt le chéile, mar aon le haon saineolaithe atá ag gabháil do

* Tríú mír arna cur insteach le hAirteagal 19 den Chonradh a leasaíonn forálach áirithe airgeadais.

thaighde sna réimeanna céanna nó i réimeanna gaolmhara, chun comhairle a ghlacadh agus faisnéis a mhalartú lena chéile.

*Airteagal 6.* D'fhonn cabhrú le cláir thaighde a cuireadh i bhfios dó a chur i gcrích, féadfaidh an Coimisiún:

*a)* cúnamh airgid a chur ar fáil, faoi chuimsiú conarthaí taighde, ach gan fóirdheontais a thairiscint;

*b)* aon bhunábhair nó aon ábhair inscoilte speisialta atá ar fáil aige a sholáthar, saor in aisce nó in aghaidh íocaíochta, chun na cláir sin a chur i gcrích;

*c)* suiteálacha, trealamh nó cúnamh saineolaithe a chur ar láimh Bhallstát, dhaoine nó ghnóthas, saor in aisce nó in aghaidh íocaíochta;

*d)* maoiniú comhpháirteach ag na Ballstáit, na daoine nó na gnóthais lena mbaineann a chur chun cinn.

*Airteagal 7.* Cinnfidh an Chomhairle cláir thaighde agus oiliúna an Chomhphobail, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Eolaíoch agus Teicniúil.

Déanfar na cláir sin a tharraingt suas do thréimhse nach faide ná cúig bliana.

Áireofar i mbuiséad taighde agus infheistíochta an Chomhphobail, gach bliain, na cistí is gá chun na cláir sin a chur i gcrích.

Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear na cláir sin a gcrích agus cuirfidh sé tuarascáil bhliantúil ina thaobh sin faoi bhráid na Comhairle.

Coinneoidh an Coimisiún an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialachar an eolas i dtaboh éirim ghinearálta chláir thaighde agus oiliúna an Chomhphobail.

*Airteagal 8.* 1. Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eolaíoch agus Teicniúil, bunóidh an Coimisiún Airmheán Comhpháirteach Taighde Núicléigh.

Áiritheoidh an tAirmheán sin go gcuirfear i gcrích na cláir thaighde agus na cúraimí eile a shannfaidh an Coimisiún dó.

Áiritheoidh sé freisin go mbunófar téarmáiocht núicléach chomhionann agus córas caighdeánach tomhais.

Bunóidh sé biúró lárnach le haghaidh tomhas núicléach.

2. Ar chúiseanna geograife nó feidhmiúlachta, féadfar gníomhaíochtaí an Airmheáin a sheoladh i bhfundúireachtaí leithleacha.

*Airteagal 9.* 1. Tar éis a thuairim a fháil ón gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialaeh, féadfaidh an Coimisiún, faoi chuimsiú an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde Núicléigh, scoileanna a chur ar bun chun saineolaithe a oiliúint, go háirithe sna réimeanna a bhaineann le mianraí a chuardach, le hábhair núicléacha ardíonachta a tháirgeadh, le breoslaí ionradaithe a phróiseáil, le hinnealtóireacht núicléach, le sláinte agus sábháilteacht, agus le rada-iseatóipí a tháirgeadh agus a úsáid.

Cinnfidh an Coimisiún sonraí na hoiliúna sin.

2. Bunófar institiúid le stádas ollscoile; cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, an modh ar a bhfeidhmeoidh sí.

*Airteagal 10.* Féadfaidh an Coimisiún, trí chonradh, saothrú codanna áirithe de chlár taighde an Chomhphobail a chur de chúram ar Bhallstáit, ar

dhaoine nó ar ghnóthais, nó ar thríú tíortha, ar eagraíochtaí idirnáisiúnta nó ar náisiúnaigh tríú tíortha.

*Airteagal 11.* Foilseoidh an Coimisiún na cláir thaighde dá dtagraítear in Airteagail 7, 8 agus 10, agus, freisin tuarascálacha rialta faoin dul ar aghaidh a rinneadh á gcur i gcrích.

CAIBIDIL II. FAISNÉIS A LEATHADH

*Roinn I.* FAISNÉIS ATÁ FAOINA RÉIR AG AN gCOMHPHOBAL

*Airteagal 12.* Beidh de cheart ag Ballstáit, ag daoine nó ag gnóthais, arna iarraidh sin ar an gCoimisiún, ceadúnais neamh-eisiatacha a fháil faoi phaitinní, faoi chearta paitinne atá cosanta go sealadach, faoi chuspaí áisiúlachta nó faoi iarratais ar phaitinní is leis an gComhphobal, más féidir leo úsáid éifeachtach a bhaint as na haireagáin lena mbaineann siad sin.

Faoi na coinníollacha céanna, deonóidh an Coimisiún focheadúnais faoi phaitinní, faoi chearta paitinne atá cosanta go sealadach, faoi chuspaí áisiúlachta nó faoi iarratais ar phaitinní, i gcás ina bhfuil ceadúnais chonarthacha ag an gComhphobal a thugann cumhacht dó é sin a dhéanamh.

Deonóidh an Coimisiún na ceadúnais nó na focheadúnais sin ar théarmaí ar a gcomhaontófar leis na ceadúnaithe agus tabharfaidh sé an fhaisnéis go léir is gá le haghaidh a n-úsáidte. Bainfidh na téarmaí sin, go háirithe, le híocaíocht oiriúnach agus, más iomchuí, le ceart an cheadúnaí chun focheadúnais a dheonú do thríú páirtithe agus leis an oibleagáid chun déileáil leis an bhfaisnéis mar rún ceirde.

Mura gcomhaontófar ar na tearmaí dá dtagraítear sa tríú mír, féadfaidh na ceadúnaithe an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais chun go bhféadfar coinníollacha oiriúnacha a shocrú.

*Airteagal 13.* Cuirfidh an Coimisiún i bhfios do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais aon fhaisnéis a fuair an Comhphobal agus nach mbaineann forálacha Airteagal 12 léi, cibé acu óna chlár taighde féin a thig an fhaisnéis sin nó trína cur in iúl don Choimisiún le húdarás úsáid a bhaint as mar is rogha leis.

Féadfaidh an Coimisiún, áfach, é a chur de choinníoll le nochtadh na faisnéise sin nach foláir í a choimeád faoi rún agus gan í a thabhairt do tríú páirtithe.

Ní cead don Choimisiún aon fhaisnéis a nochtadh a fuarthas faoi réir srianta ar a húsáid nó ar a leathadh — mar shampla, faisnéis ar a dtugtar faisnéis rúnaicmithe — mura n-áiritheoidh sé go ndéanfar de réir na srianta sin.

*Roinn II.* FAISNÉIS EILE

a) *Leathadh trí chomhaontú cairdiúil*

*Airteagal 14.* Féachfaidh an Coimisiún lena áirithiú, trí chomhaontú cairdiúil, go gcuirfear i bhfios dó an fhaisnéis ata fóinteach don Chomhphobal chun a aidhmeanna a ghnóthú agus go ndeonófar ceadúnais faoi phaitinní, faoi chearta paitinne atá cosanta go sealadach, faoi chuspaí áisiúlachta nó faoi iarratais ar phaitinní a chumhdhaíonn an fhaisnéis sin.

*Airteagal 15.* Bunóidh an Coimisiún nós imeachta trína bhféadfaidh Ballstáit, daoine agus gnóthais é a úsáid mar idirghabhálaí chun torthaí sealadacha nó críochnaitheacha a dtaighde a mhalartú, sa mhéid nach bhfuil na torthaí sin faighte ag an gComhphobal faoi chonarthaí taighde a dhámhaigh an Coimisiún.

Ní foláir an nós imeachta sin a bheith de chineál a áiritheoidh gur faoi rún a dhéanfar an malartú. Féadfaidh an Coimisiún, áfach, an torthaí a cuireadh i bhfios dó a tharchur chuig an Airmheán Comhpháirteach Taighde Núicléigh chun críocha doiciméadachta; ní thabharfaidh sin aon cheart úsáide nach mbeidh comhaontaithe leis ag an bpáirtí óna bhfuarthas na torthaí sin.

b) *Cur i bhfios go héigeantach don Choimisiún*

*Airteagal 16.* 1. A luaithe a chomhdófar le Ballstát iarratas ar phaitinn nó ar chuspa áisiúlachta a bhaineann le hábhar atá núicléach go sonrach, iarrfaidh an Stát sin ar an iarratasóir a chomhaontú go gcuirfear i bhfios don Choimisiún láithreach cad atá san iarratas.

Má chomhaontaíonn an t-iarratasóir, cuirfear sin i bhfios laistigh de thrí mhí ó dháta an iarratais a chomhadú. Mura gcomhaontóidh an t-iarratasóir, tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún, laistigh den tréimhse chéanna, go ndearnadh an t-iarratas.

Féadfaidh an Coimisiún a éileamh ar Bhallstát a chur i bhfios cad atá in iarratas a bhfuair an Coimisiún fógra go ndearnadh é.

Déanfaidh an Coimisiún aon éileamh den sórt sin laistigh de dhá mhí ó dháta an fhógra a fháil. Má dhéantar aon fhadú ar an tréimhse sin, bhéarfaidh sin a shamhail d'fhadú ar an tréimhse dá dtagraítear sa séú fomhír den mhír seo.

Ar éileamh den sórt sin a fháil ón gCoimisiún, iarrfaidh an Ballstát arís ar an iarratasóir comhaontú lena bhfuil san iarratas a chur i bhfios. Má chomhaontaíonn an t-iarratasóir, cuirfear i bhfios láithreach cad atá ann.

Mura gcomhaontóidh an t-iarratasóir, beidh de cheangal mar sin féin ar an mBallstát a chur i bhfios don Choimisiún cad atá san iarratas laistigh d'ocht mí dhéag tar éis dáta a chomhadaithe.

2. Laistigh d'ocht mí dhéag tar éis dáta a chomhadaithe, cuirfidh Ballstáit in iúl don Choimisiún aon iarratas a bheidh ann, agus é fós gan foilsiú, ar phaitinn nó ar chuspa áisiúlachta a dhealraíonn dóibh, prima facie, a bheith ag déileáil le hábhar a bhaineann go díreach, cé nach ábhar núicléach é go sonrach, le forbairt fuinnimh núicléigh sa Chomhphobal agus atá fíor-riachtanach don fhorbairt sín.

Má iarrann an Coimisiún é, cuirfear i bhfios dó laistigh de dhá mhí cad atá san iarratas.

3. Ionas go bhféadfar foilsiú a dhéanamh a luaithe is féidir, laghdóidh Ballstáit oiread agus is féidir an t-am a thógfar chun iarratais ar phaitinní nó ar chuspaí áisiúlachta a phróiseáil a bhaineann le hábhair dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 agus a ndearna an Coimisiún iarratas ina leith.

4. Áireoidh an Coimisiún mar eolas faoi rún ar cuireadh i bhfios dó amhlaidh. Ní cead an t-eolas sin a chur i bhfios ach amháin chun críocha doiciméadachta. Féadfaidh an Coimisiún, áfach, úsáid a dhéanamh de na haireagáin a cuireadh i bhfios dó, le toiliú an iarratasóra nó de réir Airteagail 17 go 23.

5. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo nuair a chuireann comhaontú a rinneadh le tríú stát nó le heagraíocht idirnáisiúnta cosc le heolas a chur i bhfios amhlaidh.

c) *Ceadúnais a dheonú le headráin nó faoi chumhachtaí éigeantacha*

*Airteagal 17.* 1. Mura gcomhaontaítear go cairdiúil, féadfar ceadúnais neamheisiatacha a dheonú le headráin nó faoi chumhachtaí éigeantacha de réir Airteagail 18 go 23:

*a*) Don Chomhphobal nó do Ghnóthais Chomhpháirteacha dá dtugtar an ceart sin faoi Airteagal 48 maidir le paitinní, le cearta paitinne atá cosanta go sealadach nó le cuspaí áisiúlachta maidir le haireagáin a bhaineann go díreach le taighde núicléach, i gcás inar gá na ceadúnais sin a dheonú dóibh chun leanúint dá dtaighde féin nó nach féidir dóibh a suiteálacha féin a oibriú dá n-éagmais.

Má iarrann an Coimisiún é, áireofar sna ceadúnais sin an ceart chun a údarú do thríú páirtithe úsáid a dhéanamh den aireagán, i gcás obair a bheith á déanamh nó orduithe á gcur i gcrích acu don Chomhphobal nó do na Gnóthais Chomhpháirteacha;

*b*) Do dhaoine nó do ghnóthais a d'iarr iad ar an gCoimisiún i leith paitinní, cearta paitinne atá cosanta go sealadach, nó cuspaí áisiúlachta maidir le haireagáin a bhaineann go díreach le forbairt fuinnimh núicléigh sa Chomhphobal, agus atá fíor-riachtanach don fhorbairt sin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas go léir:

i) Go bhfuil ar a laghad ceithre bliana caite ó chomhadú an iarratais ar phaitinn, ach amháin i gcás aireagáin a bhaineann go sonrach le hábhar núicléach;

ii) Go bhfuil na riachtanais a thig as fuinneamh núicléach a fhorbairt, de réir mar a thuigtear an fhorbairt sin don Choimisiún, i gcríoch Bhallstáit ina bhfuil cosaint ar aireagán, gan a bheith á bhfreastal maidir leis an aireagán sin;

iii) Nach bhfuil an sealbhóir, arna éileamh air freastal do na riachtanais sin é féin nó trína cheadúnaithe, tar éis an t-éileamh sin a chomhlíonadh;

iv) Go bhfuil na daoine nó na gnóthais atá ag iarraidh na gceadúnas in ann freastal go héifeachtúil do na riachtanais sin trí úsáid a dhéanamh den aireagán.

Ní cead do Bhallstáit, d'fhonn freastal do na riachtanais sin, feidhm a bhaint as aon bhearta comhéigeantacha dá bhforáiltear ina reachtaíocht náisiúnta agus a theorannóidh an chosaint a thugtar don aireagán ach amháin ar an gCoimisiún dá iarraidh sin roimh ré.

2. Ní fhéadfar ceadúnas neamheisiatach a dheonú mar a fhoráiltear i mír 1 más féidir leis an sealbhóir a shuíomh go bhfuil fáthanna dlisteanacha ann, go háirithe nach raibh go leor ama aige chuige.

3. Tabharfaidh deonú ceadúnais faoi mhír 1 ceart chun lánchúitimh, a gcomhaontófar ar a mhéid idir sealbhóir na paitinne, an chirt phaitinne atá cosanta go sealadach nó an chuspa áisiúlachta agus an ceadúnaí.

4. Ní dhéanfaidh forálacha an Airteagail seo difear d'fhorálacha Choinbhinsiún Pháras chun Maoin Tionscail a Chosaint.

*Airteagal 18.* Déantar leis seo Coiste Eadrána a bhunú chun na gcríocha dá bhforáiltear sa Roinn seo. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCúirt Bhreithiúnais, comhaltaí an Choiste sin a cheapadh agus a rialacha nós imeachta a leagan síos.

Féadfaidh na páirtithe achomharc, le héifeacht fhionraíoch, a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais in aghaidh chinneadh ón gCoiste Eadrána laistigh

de mhí ó dháta a fhógartha. Cloífidh an Chúirt Bhreithiúnais sa scrúdú sin le bailíocht fhoirmiúil an chinnte agus le léiriú forálacha an Chonartha seo ag an gCoiste Eadrána.

Beidh feidhm *res judicata* idir na páirtithe lena mbaineann ag cinntí críochnaitheacha an Choiste Eadrána. Beidh siad inchurtha i bhfeidhm mar a fhoráiltear in Airteagal 164.

*Airteagal 19.* Aon uair a bheidh ar intinn ag an gCoimisiún, cheal comhaontú cairdiúil, a áirithiú go ndeonófar ceadúnais i gceann de na cásanna dá bhforáiltear in Airteagal 17, tabharfaidh sé fógra i dtaobh a intinne do shealbhóir na paitinne, an chirt phaitinne atá cosanta go sealadach, an chuspa áisiúlachta nó an iarratais ar phaitinn, agus sonróidh sé san fhógra sin ainm an iarratasóra ar an gceadúnas agus réim an cheadúnais.

*Airteagal 20.* Féadfaidh an sealbhóir, laistigh de mhí tar éis an fógra atá luaite in Airteagal 19 a fháil, a thairiscint don Choimisiún agus, más iomchuí, don iarratasóir, comhaontú speisialta a dhéanamh an t-ábhar a tharchur chun an Choiste Eadrána.

Má dhiúltaíonn an Coimisiún nó an t-iarratasóir an comhaontú sin a dhéanamh, ní fhéadfaidh an Coimisiún a éileamh ar an mBallstát ná ar a údaráis iomchuí an ceadúnais a dheonú ná a chur faoi deara é a dheonú.

Más rud é, ar an ábhar a tharchur chuige faoi chomhaontú speisialta, go bhfaighidh an Coiste Eadrána go bhfuil iarratas an Choimisiúin ag comhtheacht le forálacha Airteagal 17, tabharfaidh sé cinneadh réasúnaithe a dheonóidh an ceadúnas don iarratasóir agus a leagfaidh síos téarmaí an cheadúnais agus an íocaíocht ina leith, sa mhéid nach mbeidh na páirtithe tar éis teacht ar chomhaontú ar na pointí sin.

*Airteagal 21.* Mura dtairgfidh an sealbhóir go ndéanfaí an t-ábhar a tharchur chun an Choiste Eadrána, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an mBallstát lena mbaineann nó ar a údaráis iomchuí an ceadúnas a dheonú nó a chur faoi deara é a dheonú.

Más rud é, ar chás an tsealbhóra a éisteacht, go measfaidh an Ballstát, nó a údaráis iomchuí, nár comhlíonadh coinníollacha Airteagal 17, cuirfidh sé in iúl don Choimisiún go ndiúltaíonn sé an ceadúnas a dheonú nó a chur faoi deara é a dheonú.

Má dhiúltaíonn sé an ceadúnas a dheonú nó a chur faoi deara é a dheonú, nó más rud é, laistigh de cheithre mhí ó dháta an iarratais, nach bhfuil aon eolas á thabhairt i dtaobh deonú an cheadúnais, beidh dhá mhí ag an gCoimisiún chun an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais.

Ní foláir éisteacht a thabhairt don sealbhóir sna himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais.

Má shuíonn breithiúnais na Cúirte Breithiúnais gur comhlíonadh coinníollacha Airteagal 17, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann nó a údaráis iomchuí cibé bearta is gá chun an breithiúnas sin a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 22.* 1. Mura gcomhaontóidh sealbhóir na paitinne, an chirt phaitinne atá cosanta go sealadach nó an chuspa áisiúlachta, agus an ceadúnaí ar mhéid an chúitimh, féadfaidh na páirtithe lena mbaineann comhaontú speisialta a dhéanamh a t-ábhar a tharchur chun an Choiste Eadrána.

Má dhéanann siad amhlaidh, tarscaoilfidh na páirtithe an ceart chun aon imeachtaí a thionscnamh seachas iad siúd dá bhforáiltear in Airteagal 18.

2. Má dhiúltaíonn an ceadúnaí comhaontú speisialta a dhéanamh, measfar an ceadúnas a deonaíodh dó a bheith ar neamhní.

Má dhiúltaíonn an sealbhóir comhaontú speisialta a dhéanamh, cinnfidh na húdaráis náisiúnta iomchuí an cúiteamh dá dtagraítear san Airteagal seo.

*Airteagal 23.* Tar éis bliain amháin a bheith caite, féadfar cinntí an Choiste Eadrána nó na n-údarás náisiúnta iomchuí a athbhreithniú, maidir le téarmaí an cheadúnais, má bhíonn fíorais nua leormhaithe ann chuige sin.

Is cúram don chomhlacht a rinne an cinneadh an t-athbhreithniú sin a dhéanamh.

## *Roinn III.* FORÁLACHA SLÁNDÁLA

*Airteagal 24.* Aon fhaisnéis a gheobhaidh an Comhphobal de thoradh a chláir taighde agus ar bhaol go rachadh a nochtadh chun dochair do leasanna cosanta Ballstáit nó Ballstát, beidh sé faoi réir chóras slándála de réir na bhforálacha seo a leanas:

1. Ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, glacfaidh an Chomhairle le rialacháin slándála ina leagfar síos, ag féachaint d'fhorálacha an Airteagail seo, na gráid slándála éagsúla a bheidh le cur chun feidhme agus na bearta slándála is iomchuí do gach grád.

2. I gcás ina measann an Coimisiún gur bhaol go rachadh sé chun dochair do leasanna cosanta Ballstáit nó Ballstát faisnéis áirithe a nochtadh, cuirfidh sé i bhfeidhm go sealadach ar an bhfaisnéis sin an grádú slándála is gá sa chás sin de réir na rialachán slándála.

Cuirfidh sé an fhaisnéis sin i bhfios láithreach do na Ballstáit, agus déanfaidh siadsan a slándáil a áirithiú go sealadach sa tslí chéanna.

Cuirfidh Ballstáit in iúl don Choimisiún laistigh de thrí mhí cé acu a theastaíonn uathu an grádú a cuireadh chun feidhme go sealadach a choimeád nó grádú eile a chur ina ionad nó an fhaisnéis a scaoileadh ó rúnaicmiú.

Ar bheith caite don tréimhse sin, cuirfear chun feidhme an grádú is airde a iarradh. Tabharfaidh an Coimisiún fógra dá réir sin do na Ballstáit.

Ar an gCoimisiún nó Ballstát á iarraidh sin, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, grádú eile a chur chun feidhme nó an fhaisnéis a scaoileadh ó rúnaicmiú tráth ar bith. Gheobhaidh an Chomhairle tuairim an Choimisiúin sula ndéanfaidh sí aon bheart ar iarratas ó Bhallstát.

3. Ní bhainfidh forálacha Airteagail 12 agus 13 le faisnéis atá faoi ghrádú slándála.

Ar a shon sin, ar choinníoll go gcomhlíonfar na bearta slándála is iomchuí,

*a)* Féadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 12 agus 13 a chur i bhfios:

i) do Ghnóthas Comhpháirteach;

ii) do dhuine nó do ghnóthas, seachas Gnóthas Comhpháirteach, tríd an mBallstát ar ina chríoch a oibríonn an duine nó an gnóthas sin.

*b)* Féadfaidh Ballstát an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 13 a chur i bhfios do dhuine nó do ghnóthas, seachas Gnóthas Comhpháirteach, a oibríonn i gcríoch an Stáit sin, ar choinníoll go dtabharfar fógra don Choimisiún gur cuireadh i bhfios amhlaidh é.

*c)* Thairis sin, tá de cheart ag gach Ballstát a cheangal ar an gCoimisiún ceadúnas a dheonú de réir Airteagal 12 chun freastal do riachtanais an Stáit sin nó do riachtanais duine nó gnóthais a oibríonn ina chríoch.

*Airteagal 25.* 1. Ballstát ag a mbeidh fógra á thabhairt go bhfuarthas iarratas ar phaitinn nó ar chuspa áisiúlachta a bhaineann le hábhar a shonraítear in Airteagal 16(1) nó (2) nó a bheidh á chur i bhfios cad atá in iarratas den sórt sin, déanfaidh sé, más iomchuí, aird a tharraingt ar an ngá atá le grádú slándála áirithe ar chúiseanna cosanta, agus luafaidh sé san am céanna cá fhad is dóigh a mhairfidh an grádú sin.

Cuirfidh an Coimisiún ar aghaidh go dtí na Ballstáit eile gach scéala a fuarthas de réir na fomhíre roimhe seo. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit na bearta sin a bheidh, faoi na rialacháin slándála, ag freagairt don ghrádú a d'éiligh an Stát tionscnaimh.

2. Féadfaidh an Coimisiún freisin gach scéala acu sin a chur ar aghaidh chuig Gnóthais Chomhpháirteacha nó, trí bhítin Ballstáit, chuig duine nó gnóthas seachas Gnóthas Comhpháirteach atá ag oibriú i gcrioch an stáit sin.

Ní féidir aireagáin is ábhar do na hiarratais dá dtagraítear i mír 1 a úsáid ach amháin le toiliú an iarratasóra nó de réir Airteagail 17 go 23.

Beidh na scéala agus, nuair is iomchuí, an úsáid dá dtagraítear sa mhír seo faoi réir na mbeart atá, faoi na rialacháin slándála, ag freagairt don ghrádú slándála a d'éiligh an Stát tionscnaimh.

Beidh na scéala i ngach cás faoi réir thoiliú an Stáit tionscnaimh. Is ar chúiseanna cosanta amháin a fhéadfar toiliú a choimeád siar maidir le scéala a chur i bhfios nó le húsáid.

3. Arna éileamh sin ag an gCoimisiún nó ag Ballstát, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, grádú eile a chur chun feidhme nó an fhaisnéis a scaoileadh ó rúnaicmiú tráth ar bith. Gheobhaidh an Chomhairle tuairim an Choimisiúin sula ndéanfaidh sí aon bheart ar éileamh ó Bhallstát.

*Airteagal 26.* 1. I gcás ina ndearnadh faisnéis lena mbaineann paitinní, iarratais ar phaitinní, cearta paitinne atá cosanta go sealadach, cuspaí áisiúlachta nó iarratais ar chuspaí áisiúlachta a rúnaicmiú de réir Airteagal 24 agus 25, ní fhéadfaidh na Stáit a d'iarr an rúnaicmiú sin diúltú cead a thabhairt a samhail d'iarratais a chomhadú sna Ballstáit eile.

Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun na cearta agus na hiarratais sin a choimeád faoi shlándáil de réir an nós imeachta atá leagtha síos ina dhlíthe agus ina rialacháin féin.

2. Ní fhéadfar aon iarratais a bhaineann le faisnéis atá rúnaicmithe de réir Airteagal 24 a chomhadú lasmuigh de na Ballstáit ach amháin lena n-aontoilíocht. Mura gcuirfidh Ballstáit a seasamh in iúl, measfar a dtoiliú a bheith faighte ar shé mhí a bheith caite ón dáta a chuir an Coimisiún an fhaisnéis i bhfios do na Ballstáit.

*Airteagal 27.* Beidh an cúiteamh i leith aon damáiste a bhain don iarratasóir de dhroim rúnaicmiú ar chúiseanna cosanta faoi réir forálacha dlíthe náisiúnta na mBallstát agus luífidh a fhreagracht ar an Stát a d'iarr an rúnaicmiú sin nó a fuair uasghrádú nó fadú ar an rúnaicmiú nó a chuir faoi deara go dtoirmiscfí comhadú iarratas lasmuigh den Chomhphobal.

I gcás ian mbeidh roinnt Ballstát tar éis uasghrádú nó fadú a fháil ar an rúnaicmiú nó inar chuir siad faoi deara go dtoirmiscfí comhadú iarratas lasmuigh den Chomhphobal beidh siad freagrach i gcomhpháirt in aon damáiste a shlánú a tharla dá bhíthin sin.

Ní fhéadfaidh an Comhphobal aon chúiteamh a éileamh faoin Airteagal seo.

### *Roinn IV.* FORÁLACHA SPEISIALTA

*Airteagal 28.* Más rud é, de dhroim a gcurtha i bhfios don Choimisiún, go mbainfear úsáid mhíchuí as iarratais neamhfhoilsithe ar phaitinní nó ar chuspaí áisiúlachta nó as paitinní nó cuspaí áisiúlachta a rúnaicmíodh ar chúiseanna cosanta, nó go bhfaighidh duine neamhúdaraithe eolas orthu, slánóidh an Comhphobal an damáiste a bhain don pháirtí lena mbaineann.

Gan dochar dá chearta féin i gcoinne a duine atá freagrach sa damáiste, gheobhaidh an Comhphobal, sa mhéid go mbeidh sé tar éis damáiste den sórt sin a shlánú, aon chearta caingne a bhí acu siúd lena mbaineann i gcoinne tríú páirtithe. Ní dhéanfaidh sé sin difear do cheart an Chomhphobail chun imeachtaí a bhunú i gcoinne an duine atá freagrach sa damáiste de réir na bhforálacha ginearálta a bheidh i bhfeidhm.

*Airteagal 29.* Más rud é, i gcás comhaontú nó conradh chun faisnéis eolaíochta nó tionscail sa réimse núicléach a mhalartú idir Ballstát, duine no gnóthas ar thaobh amháin, agus tríú Stát, eagraíocht idirnáisiúnta nó náisiúnach de thríú Stát ar an taobh eile, gur gá, ar thaobh nó ar thaobh eile, siniú Stáit ag gníomhú dó ina cháil cheannasach, is é an Coimisiún a thabharfaidh i gcrích é.

Faoi réir forálacha Airteagail 103 agus 104, féadfaidh an Coimisiún, áfach, ar cibé coinníollacha is iomchuí leis, a údarú do Bhallstát, do dhuine nó do ghnóthas comhaontuithe den sórt sin a thabhairt i gcrích.

## CAIBIDIL III. SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

*Airteagal 30.* Leagfar síos sa Chomhphobal bunchaighdeáin chun sláinte oibrithe agus an phobail i gcoitinne a chosaint ar na contúirtí ó radaíochtaí ianúcháin.

Ciallaíonn an abairt "bunchaighdeáin":

*a)* na dáileoga uasta is incheadaithe i gcomhréir le leor-shábháilteacht;

*b)* na huasleibhéil rise agus truaillithe is incheadaithe;

*c)* na prionsabail bhunúsacha a rialaíonn aireachasú sláinte oibrithe.

*Airteagal 31.* Déanfaidh an Coimisiún na bunchaighdeáin a oibriú amach tar éis dó tuairim a fháil ó ghrúpa daoine a cheapfaidh an Coiste Eolaíoch agus Teicniúil as measc saineolaithe eolaíochta, go háirithe saineolaithe sláinte poiblí, sna Ballstáit. Gheobhaidh an Coimisiún tuairim an Choiste Eacnamaigh agus Sóisialta ar na bunchaighdeáin sin.

Tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, a chuirfidh ar aghaidh chuicí na tuairimí a fuarthas ó na Coistí sin, na bunchaighdeáin a shocrú; gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe.

*Airteagal 32.* Ar iarratas ón gCoimisiún nó ó Bhallstát, féadfar na bunchaighdeáin a athbhreithniú nó a fhorlíonadh de réir an nós imeachta ata leagtha síos in Airteagal 31.

Scrúdóidh an Coimisiún aon iarratas a dhéanfaidh Ballstát.

*Airteagal 33.* Leagfaidh gach Ballstát síos na forálacha reachtaíochta, nó rialúcháin, nó riaracháin is iomchuí chun a áirithiú go gcomhlíonfar na bunchaighdeáin a socraíodh, agus déanfaidh sé na bearta is gá maidir le múinteoireacht, oideachas agus gairmoiliúint.

Déanfaidh an Coimisiún moltaí iomchuí chun na forálacha is infheidhme sa réimse sin sna Ballstáit a chomhchuibhiú.

Chuige sin, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún na forálacha is infheidhme ar dháta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm, agus aon dréachtfhorálacha den chineál céanna ina dhiaidh sin.

Aon mholtaí is áil leis an gCoimisiún a eisiúint maidir leis na dréachtfhorálacha sin, déanfar iad laistigh de thrí mhí ón dáta a cuireadh na dréachtfhorálacha sin in iúl.

*Airteagal 34.* Aon Bhallstát a mbeidh triaileacha rí-dhainséaracha le déanamh ina chríocha, déanfaidh sé bearta breise ó thaobh sláinte agus sábháilteachta, tar éis tuairim an Choimisiúin ina leith a fháil roimh ré.

Is gá toiliú an Choimisiúin más baol go mbeadh éifeacht ag toradh na dtriaileacha ar chríocha Ballstát eile.

*Airteagal 35.* Cuirfidh gach Ballstát ar fáil na saoráidí is gá chun faireachán a dhéanamh ar leibhéal na radaighníomhaíochta san aer, san uisce agus san ithir agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar na bunchaighdeáin.

Beidh ceart rochtanna ag an gCoimisiún ar na saoráidí sin; féadfaidh sé a n-oibriú agus a n-éifeachtúlacht a fhiorú.

*Airteagal 36.* Déanfaidh na húdaráis iomchuí faisnéis ar na deimhniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 35 a chur in iúl go tráthrialta don Choimisiún ionas go gcoinneofar ar an eolas é i dtaobh an leibhéal radaighníomhaíochta a bhfuil an pobal ar a ris.

*Airteagal 37.* Soláthróidh gach Ballstát don Choimisiún na sonraí ginearálta maidir le haon phlean chun iarmhar radaighníomhach a dhiúscairt, is cuma cad é a fhoirm, le go bhféadfar a chinntiú a bhfuil baol ann go dtiocfadh den phlean sin a chur i ngníomh go mbainfeadh truailliú radaighníomhach d'uisce, d'ithir nó d'aerspás Ballstáit eile.

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an ngrúpa saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 31, tabharfaidh an Coimisiún a thuairim laistigh de shé mhí.

*Airteagal 38.* Cuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na mBallstát maidir leis an leibhéal radaighníomhaíochta san aer, san uisce agus san ithir.

I gcásanna práinne, eiseoidh an Coimisiún treoir á cheangal ar an mBallstát lena mbaineann gach beart is gá a dhéanamh, laistigh den tréimhse a leagfaidh an

Coimisiún síos, chun sárú ar na bunchaighdeáin a chosc agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar rialacháin.

Mura gcomhlíonfaidh an Stát áirithe treoir an Choimisiúin laistigh den tréimhse a leagadh síos, féadfaidh an Coimisiún nó aon Bhallstát lena mbaineann, de mhaolú ar Airteagal 141 agus 142, an t-ábhar a thabhairt láithreach os comhair na Cúirte Breithiúnais.

*Airteagal 39.* Déanfaidh an Coimisiún, faoi chuimsiú an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde Núicléigh, a luaithe a bheidh sin bunaithe, rannóg dhoiciméadachta agus staidéir ar shláinte agus sábháilteacht a thionscnamh.

Beidh de chúram ar an rannóg sin go háirithe na doiciméid agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 33, 36 agus 37 a chruinniú agus cabhrú leis an gCoimisiún na cúraimí a shanntar dó leis an gCaibidil seo a chur i gcrích.

## CAIBIDIL IV. INFHEISTÍOCHT

*Airteagal 40.* D'fhonn daoine agus gnóthais a spreagadh chun gnímh agus d'fhonn forbairt chomhordaithe ar a n-infheistíocht sa réimse núicléach a éascú, déanfaidh an Coimisiún, ó am go chéile, cláir léiriúcháin a fhoilsiú a inseoidh, go háirithe, spriocanna do tháirgeadh fuinnimh núicléigh mar aon leis na cineálacha uile infheistíochta is gá chun iad a ghnóthú.

Gheobhaidh an Coimisiún tuairim an Choiste Eacnamaígh agus Sóisialta ar na cláir sin sula bhfoilseofar iad.

*Airteagal 41.* Na daoine agus na gnóthais atá ag gabháil do na gníomhaíochtaí tionscail sa liosta in Iarscríbhinn II atá i gceangal leis an gConradh seo, cuirfidh siad in iúl don Choimisiún na toinscadail infheistíochta a bhaineann le suiteálacha nua agus le hathsholáthairtí nó le claochlú de réir na gcritéar ó thaobh cineáil agus toise a bheidh leagtha síos ag an gComhairle ar thogra ón gCoimisiún.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, liosta na ngníomhaíochtaí tionscail dá dtagraítear thuas a athrú, tar éis don Choimisiún tuairim an Choiste Eacnamaigh agus Soisialta a fháil roimh ré.

*Airteagal 42.* Cuirfear na tionscadail da dtagraítear in Airteagal 41 in iúl don Choimisiún agus, mar eolas dó, don Bhallstát lena mbaineann, tráth, nach déanaí ná trí mhí sula ndéanfar na chéad chonarthaí leis na soláthaóirí nó, más as a acmhainn féin atá an obair le déanamh ag an ngnóthas, trí mhí sula dtosóidh an obair.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, an teorainn ama sin a athrú.

*Airteagal 43.* Pléifidh an Coimisiún leis na daoine nó na gnóthais gach gné de thionscadail infheistíochta a bhaineann le haidhmeanna an Chonartha seo.

Cuirfidh an Coimisiún a dhearcadh in iúl don Bhallstát lena mbaineann.

*Airteagal 44.* Féadfaidh an Coimisiún, le toiliú na mBallstát, na ndaoine agus na ngnóthas lena mbaineann, aon tionscadail infheistíochta a chuirfear in iúl dó a fhoilsiú.

## CAIBIDIL V. GNOTHAIS CHOMHPHÁIRTEACHA

*Airteagal 45.* Gnóthais a bhfuil tábhacht bhunúsach leo i ndáil le forbairt an tionscail núicléigh sa Chomhphobal, féadfar iad a bhunú mar Ghnóthais

Chomhpháirteacha de réir brí an Chonartha seo, i gcomhréir leis na hAirteagail seo a leanas.

*Airteagal 46.* 1. Gach tionscadal chun Gnóthas Comhpháirteach a bhunú, cibé acu an Coimisiún nó Ballstát nó cearn éigin eile is bun leis, beidh sé ina ábhar d'fhiosrúchán ag an gCoimisiún.

Chuige sin gheobhaidh an Coimisiún tuairimí na mBallstát agus aon chomhlachta phoiblí nó phríobháidigh is dóigh leis a d'fhéadfadh comhairle thairbheach a thabhairt dó.

2. Cuirfidh an Coimisiún a aghaidh chuig an gComhairle aon tionscadal chun gnóthas Comhpháirteach a bhunú, mar aon lena thuairim réasúnaithe ina thaobh.

Má thugann an Coimisiún tuairim fhabhrach ar an riachtanas atá leis an nGnóthas Comhpháirteach atá beartaithe, cuirfidh sé tograí faoi bhráid na Comhairle ina dtaobh seo:

*a*) an suíomh;

*b*) na reachtanna;

*c*) scála an mhaoinithe agus an tráthchlár dó;

*d*) rannpháirtíocht ab fhéidir a bheith ag an gComhphobal i maoiniú an Ghnóthais Chomhpháirtigh;

*e*) rannpháirtíocht ab fhéidir a bheith ag tríú Stát, ag eagraíocht idirnáisiúnta nó ag náisiúnach de thríú Stát i maoiniú nó i mbainistíocht an Ghnóthais Chomhpháirtigh;

*f*) aon bhuntáiste nó gach buntáiste sa liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gConradh seo a thabhairt.

Cuirfidh an Coimisiún i dteannta na dtograí sin tuarascáil mhionchruinn ar an tionscadal i gcoitinne.

*Airteagal 47.* Féadfaidh an Chomhairle, tar éis don Choimisiún an t-ábhar a chur faoina bráid, a iarraidh ar an gCoimisiún cibé faisnéis eile a sholáthar nó cibé fiosruithe eile a ghabháil de láimh a mheasfaidh an Chomhairle is gá.

Má mheasann an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, gur chóir tionscadal a chuir an Coimisiún ar aghaidh maille le tuairim neamhfhabhrach a chur i gcrích dá ainneóin sin, déanfaidh an Coimisiún na tograí agus an tuarascáil mhionchruinn dá dtagraítear in Airteagal 46 a chur faoi bhráid na Comhairle.

I gcás tuairim an Choimisiúin a bheith fabhrach nó sa chás dá dtagraítear sa mhír roimhe seo, gníomhóidh an Chomhairle ar gach togra ón gCoimisiún trí thromlach cáilithe.

Ach is d'aontoil a ghníomhóidh an Chomhairle ina leith seo:

*a*) an Comhphobal a bheith rannpháirteach i maoiniú an Ghnóthais Chomhpháirtigh;

*b*) tríú Stát, eagraíocht idirnáisiúnta nó náisiúnach de thríú Stát a bheith rannpháirteach i maoiniú nó i mbainistíocht an Ghnóthais Chomhpháirtigh.

*Airteagal 48.* Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún, gach ceann nó aon cheann de na buntáistí sa liosta in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gConradh seo a dhéanamh infheidhme maidir le gach

Gnóthas Comhpháirteach; áiritheoidh gach Ballstát ar a thaobh féin de go dtabharfar na buntáistí sin.

Féadfaidh an Chomhairle, de réir an nós imeachta chéanna, na coinníollacha a leagan síos a bhainfidh leis na buntáisití sin a thabhairt.

*Airteagal 49.* Is tri chinneadh ón gComhairle a bhunófar Gnóthais Chomhpháirteacha.

Beidh pearsanacht dhlítheanach ag gach Gnóthas Comhpháirteach.

I ngach ceann de na Ballstáit, beidh aige an inniúlacht dhlíthiúil is fairsinge a thugtar do dhaoine dlítheanacha faoi dhlíthe náisiúnta an Stáit sin; féadfaidh sé go háirithe maoin shochorraithe agus dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla.

Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Chonradh seo nó ina reachtanna féin, beidh gach Gnóthas Comhpháirteach faoi réir na rialacha a bhaineann le gnóthais tionscail nó tráchtála ina theannta sin, féadfaidh a reachtanna tagairt ar mhodh foghabhálach do dhlíthe náisiúnta na mBallstát.

Ach amháin i gcás ina dtugtar dlínse don Chúirt Bhreithiúnais leis an gConradh seo, is iad na cúirteanna nó na binsí náisiúnta iomchuí a chinnfidh díospóidí a bhainfidh le Gnóthais Chomhpháirteacha.

*Airteagal 50.* Leasófar reachtanna Gnóthas Comhpháirteach, nuair is gá, de réir na bhforálacha speisialta atá iontu chun na críche sin.

Ní thiocfaidh na leasuithe sin i bhfeidhm, áfach, go dtí go mbeidh siad formheasta ag an gComhairle, ag gníomhú di de réir an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 47, ar thogra ón gCoimisiún.

*Airteagal 51.* Beidh an Coimisiún freagrach sna cinntí go léir de chuid na Comhairle a bhaineann le bunú Gnóthas Comhpháirteach a chur i ngníomh go dtí go mbeidh na comhlachtaí a bheidh freagrach in oibriú na nGnóthas sin curtha ar bun.

## CAIBIDIL VI. SOLÁTHAIRTÍ

*Airteagal 52.* 1. Déanfar soláthar mianta, bunábhar agus ábhar inscoilte speisialta a áirithiú, de réir forálacha na Caibidle seo, trí bhíthin beartais chomhsholáthair ar phrionsabal na comhrochtana ar na foinsi soláthair.

2. Chun na críche sin agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Chaibidil seo:

*a)* toirmiscfear gach cleachtas a bheidh ceaptha chun ionad pribhléide a áirithiú d'úsáidirí áirithe;

*b)* bunaítear leis seo Gniomhaireacht a mbeidh ceart aici chun rogha ar mhianta, bunábhair agus ábhair inscoilte speisialta a tháirgtear i gcríocha Ballstát agus ceart eisiatach chun conarthaí a dhéanamh maidir le soláthar mianta, bunábhar agus ábhar inscoilte speisialta ó laistigh den Chomhphobal nó ó lasmuigh de.

Ní fhéadfaidh an Ghníomhaireacht idirdhealú ar bith a dhéanamh idir úsáidiri mar gheall ar an úsáid atá siad chun a bhaint as soláthairti a d'iarr siad mura úsáid mhindhleathach í nó go bhfaighfear go bhfuil si contrártha do na coinníollacha a d'fhorchuir soláthróirí lasmuigh den Chomhphobal ar an gcoinsíneacht a bheidh i gceist.

*Roinn I.* AN GHNÍOMHAIREACHT

*Airteagal 53.* Beidh an Ghníomhaireacht faoi mhaoirseacht an Choimisiúin; eiseoidh an Coimísiún treoracha chuici agus beidh ceart aige chun a cinntí a chrosadh agus ceapfaidh sé a Ardstiúrthóir agus a Leas-Ardstiúrthóir.

Aon ghníomh, intuigthe nó sainráite, a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht i bhfeidhmiú a cirt chun rogha nó a cirt eisiataigh chun conarthaí soláthair a dhéanamh, féadfaidh na páirtithe lena mbaineann é a chur faoi bhráid an Choimisiúin, agus tabharfaidh an Coimisiún cinneadh air laistigh de mhí.

*Airteagal 54.* Beidh pearsantacht dhlítheanach agus neamhspleáchas i gcúrsaí airgeadais ag an nGníomhaireacht.

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, reachtanna na Gníomhaireachta a leagan síos.

Féadfar an reachtanna a leasú de réir an nós imeachta chéanna.

Socróidh na reachtanna caipiteal na Gníomhaireachta agus téarmaí a shuibscríofa. Is leis an gComhphobal agus leis na Ballstáit i gcónaí an mhórchuid den chaipiteal. Cinnfidh na Ballstáit, de thoil a chéile, cionroinnt an chaipitil.

Mar a leagfar síos leis na reachtanna a bheidh na rialacha don bhainistíocht tráchtála ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta. Féadfaidh siad a fhoráil go leagfar muirear ar idirbhearta d'fhonn costais oibrithe na Gníomhaireachta a ghlanadh.

*Airteagal 55.* Cuirfidh na Ballstáit i bhfios don Ghníomhaireacht, nó féachfaidh siad chuige go gcuirfear i bhfios di, an fhaisnéis uile is gá le go mbeadh a ceart chun rogha agus a ceart eisiatach chun conarthaí soláthair a dhéanamh infheidhmithe aici.

*Airteagal 56.* Beidh ar na Ballstáit a áirithiú go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht oibriú gan bhac ina gcríocha.

Féadfaidh siad comhlacht nó comhlachtaí a bhunú a mbeidh údarás aige nó acu chun feidhmiú, i gcaidreamh leis an nGníomhaireacht, ar son táirgeoirí agus úsáidirí sna críocha neamhEorpacha atá faoina ndlínse.

*Roinn II.* MIANTA, BUNÁBHAIR AGUS ÁBHAIR INSCOILTE SPEISIALTA Ó LAISTIGH DEN CHOMHPHOBAL

*Airteagal 57.* 1. Folóidh ceart na Gníomhaireachta chun rogha:

*a)* cearta a fháil chun ábhar is leis an gComhphobal, faoi fhorálacha Chaibidil VIII, a úsáid agus a ídiú:

*b)* ceart úinéireachta a fháil i ngach cás eile.

2. Feidhmeoidh an Ghníomhaireacht an ceart chun rogha trí chonarthaí a dhéanamh le táirgeoirí mianta, bunábhar nó ábhar inscoilte speisialta.

Faoi réir Airteagail 58, 62 agus 63, déanfaidh gach táirgeoir na mianta, na bunábhair nó na hábhair inscoilte speisialta a tháirgeann sé laistigh de chríocha na mBallstát, a thairiscint don Ghníomhaireacht roimh iad a úsaid, a aistriú nó a stóráil.

*Airteagal 58.* Nuair a dhéanann táirgeoir céimeanna éagsúla den táirgeadh ó bhaint na méine go dtí táirgeadh an mhiotail, féadfaidh sé an táirge a thairiscint don Ghníomhaireacht ag cibé céim den táirgeadh is rogha leis.

Beidh feidhm ag an gcéanna maidir le dhá ghnóthas nó níos mó atá comhcheangailte, i gcás inar cuireadh na comhcheangail sin in iúl go cuí don Choimisiún agus gur pléadh leis iad de réir an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagail 43 agus 44.

*Airteagal 59.* Mura bhfeidhmeoidh an Ghníomhaireacht an ceart chun rogha ar tháirgeacht iomlán táirgeora nó ar aon chuid di,

*a)* féadfaidh an táirgeoir, trína acmhainní féin a úsáid nó trí chonradh, na mianta, na bunábhair nó na hábhair inscoilte speisialta a phróiseáil, ar choinníoll go dtairgfidh sé don Ghníomhaireacht toradh na próiseála sin;

*b)* údarófar don táirgeoir, le cinneadh ón gCoimisiún, a bhfuil ar fáil dá tháirgeadh a dhiúscairt lasmuigh den Chomhphobal, ar choinníoll nach fabhraí téarmaí a thairisceana ná téarmaí a thairisceana roimhe sin don Ghníomhaireacht. Is trid an nGníomháireacht amháin, áfach, a fhéadfar ábhair inscoilte speisialta a onnmhairiú, agus sin de réir Airteagal 62.

Ní féadfaidh an Coimisiún é sin a údarú mura gcruthóidh faighteoirí na soláthairtí sin chun a shástachta go gcosnófar leasanna ginearálta an Chomhphobail, nó má bhíonn téarmaí agus coinníollacha na gconarthaí sin contrártha d'aidhmeanna an Chonartha seo.

*Airteagal 60.* Cuirfidh ábhair úsáidirí in iúl don Ghníomhaireacht ó am go chéile na soláthairtí atá ag teastáil uathu, agus sonróidh siad na cainníochtaí, a nádúr fisiceach agus ceimiceach, a n-áit tionscnaimh, an úsáid atá beartaithe dóibh, dátaí a seachadta agus téarmaí a bpraghais, arb iad is téarmaí agus coinníollacha don chonradh soláthair is mian leo a dhéanamh.

Mar a gcéanna, cuirfidh táirgeoirí in iúl don Ghníomhaireacht tairiscintí is féidir leo a dhéanamh, agus luafaidh siad na sonraíochtaí uile, agus go háirithe ré na gconarthaí, is gá chun go bhféadfar a gcláir tháirgthe a tharraingt suas. Ní bheidh ré na gconarthaí sin níos faide ná deich mbliana ach amháin le comhaontú an Choimisiúin.

Cuirfidh an Ghníomhaireacht in iúl do gach ábhar úsáidire na tairiscintí agus an méid iarratas a fuair sí agus iarrfaidh orthu a gcuid orduithe a chur isteach laistigh de thréimhse shonraithe.

Nuair a bheidh na horduithe sin uile faighte ag an nGníomhaireacht, cuirfidh sí in iúl na téarmaí ar a bhféadfaidh sí freastal dóibh.

Mura bhféadfaidh an Ghníomhaireacht freastal, ina n-iomláine, do na horduithe uile a fuarthas, déanfaidh sí, faoi réir forálacha Airteagail 68 agus 69, na soláthairtí a roinnt go comhréireach ar na horduithe a bhaineann le gach tairiscint.

Leagfar síos i rialacha ón nGníomhaireacht, nach foláir a bheith formheasta ag an gCoimisiún, an modh ar a ndéanfar cothromú idir an t-éileamh agus an soláthar.

*Airteagal 61.* Beidh de cheangal ar an nGníomhaireacht na horduithe uile a shásamh mura gcoiscfidh constaicí dlíthiúla nó nithiúla uirthi é.

Nuair a bheidh conradh á dhéanamh aici, féadfaidh an Ghníomhaireacht, ag comhlíonadh forálacha Airteagal 52 di, a cheangal ar úsáidirí réamhíocaíochtaí iomchuí a dhéanamh mar urrús nó mar chuidiú don Ghníomhaireacht chun freastal dá hoibleagáidí fadtéarma i leith táirgeoirí más gá iad chun an t-ordú a chur i gcrích.

*Airteagal 62.* 1. Feidhmeoidh an Ghníomhaireacht an ceart chun rogha ar ábhair inscoilte speisialta a tháirgtear i gcríocha na mBallstát d'fhonn

*a)* freastal don éileamh ó úsáidirí sa Chomhphobal de réir Airteagal 60; nó

*b)* na hábhair sin a stóráil í féin; nó

*c)* na hábhair sin a onnmhairiú le húdarás ón gCoimisiún, de réir an dara fomhír d'Airteagal 59 *b).*

2. Dá ainneoin sin, déanfar an hábhair sin agus aon iarmhair thorthúla, cé go leanfaidh siad de bheith faoi réir forálacha Chaibidil VII, a fhágáil i seilbh an táirgeora d'fhonn

*a)* iad a stóráil le húdarás ón nGníomhaireacht; nó

*b)* iad a úsáid laistigh de theorainneacha a riachtanas féin; nó

*c)* iad a chur ar fáil do ghnóthais sa Chomhphobal laistigh de theorainneacha a riachtanas, más rud é, chun clár a chur i gcrích a cuireadh i bhfios go cuí don Choimisiún, go bhfuil comhcheangal díreach ag na gnóthais sin leis an táirgeoir sin nach bhfuil de chuspóir ná d'éifeacht aige táirgeadh, forbairt theicniúil ná infheistíocht a theorannú ná neamhionannais mhíchearta a thabhairt idir úsáidirí sa Chomhphobal.

3. Beidh feidhm ag forálacha 89(1) *a)* maidir le hábhair inscoilte speisialta a tháirgtear i gcríocha Ballstát agus nach bhfuil an Ghníomhaireacht tar éis a ceart chun rogha a fheidhmiú ina leith.

*Airteagal 63.* Déanfar mianta, bunábhair agus ábhair inscoilte speisialta a tháirgfidh na Gnóthais Chomhpháirteacha a leithroinnt ar úsáidirí de réir rialacha arna leagan síos i reachtanna nó i gcomhaontuithe na nGnóthas sin.

## *Roinn III.* MIANTA, BUNÁBHAIR AGUS ÁBHAIR INSCOILTE SPEISIALTA Ó LASMUIGH DEN CHOMHPHOBAL

*Airteagal 64.* Beidh ag an nGníomhaireacht, ag gníomhú di nuair is iomchuí é faoi chuimsiú comhaontuithe a rinneadh idir an Comhphobal agus tríú Stát nó eagraíocht idirnáisiúnta, agus faoi réir na n-eisceachtaí dá bhforáiltear sa Chonradh seo, an ceart eisiatach chun comhaontuithe nó conarthaí a dhéanamh arb é a bpríomhchuspóir mianta, bunábhair nó ábhair inscoilte speisialta ó lasmuigh den Chomhphobal a sholáthar.

*Airteagal 65.* Bainfidh Airteagal 60 le hiarratais ó úsáidirí agus le conarthaí idir úsáidirí agus an Ghníomhaireacht maidir le mianta, bunábhair nó ábhair inscoilte speisialta ó lasmuigh den Chomhphobal a sholáthar.

Féadfaidh an Ghníomhaireacht, áfach, cinneadh ar thionscnamh geografach na soláthairtí ach coinníollacha chomh fabhrach ar a laghad don úsáidire leis na coinníollacha a shonrófar san ordú a bheith le fáil dá chionn sin.

*Airteagal 66.* Má chinneann an Coimisiún, ar iarratas ó na húsáidirí lena mbaineann, nach bhfuil ar chumas na Gníomhaireachta na soláthairtí uile a ordaíodh nó cuid díobh a sheachadadh laistigh de thréimhse réasúnach, nó nach féidir léi sin a dhéanamh ach ar phraghsanna neamh-mheasartha, beidh de cheart ag na húsáidirú conarthaí a dhéanamh go díreach a bhainfidh le soláthairtí ó lasmuigh den Chomhphobal, ach na conarthaí sin a bheith ag freagairt go bunúsach do na riachtanais a shonráitear in orduithe na n-úsáidirí.

Deonófar an ceart sin ar feadh tréimhse bliana; féadfar é a fhadú má mhaireann na cúrsaí ba chall lena dheonú.

Úsáidirí a bhainfidh leas as an gceart dá bhforáiltear san Airteagal seo, beidh orthu a chur i bhfios don Choimisiún cad iad na conarthaí díreacha atá beartaithe acu a dhéanamh. Féadfaidh an Coimisiún, laistigh de mhí, cur i gcoinne na gconarthaí a dhéanamh má bhíonn siad bunoscionn le haidhmeanna an Chonartha seo.

*Roinn IV.* PRAGHSANNA

*Airteagal 67.* Ach amháin mar a bhforáiltear d'eisceachtaí sa Chonradh seo, cinnfear praghsanna trid an soláthar a chothromú in aghaidh an éilimh mar a fhoráiltear in Airteagal 60; ní sháróidh rialacháin náisiúnta na mBallstát na forálacha sin.

*Airteagal 68.* Toirmiscfear cleachtais phraghsála a bhfuil d'aidhm acu pribhléid a ghnóthú d'úsáidirí áirithe de sharú ar an bprionsabal comhrochtana atá leagtha síos i bhforálacha na Caibidle seo.

Má fhaigheann an Ghníomhaireacht go bhfuil feidhm á baint as aon chleachtais den sórt sin tabharfaidh sí tuairisc ina dtaobh don Choimisiún.

Féadfaidh an Coimisiún, má ghlacann sé leis na cinntí sin, praghsanna na dtairiscintí atá i gceist a chur ar ais ar leibhéal a luífidh le prionsabal na comhrochtana

*Airteagal 69.* Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún, praghsanna a shocrú.

Nuair a shonróidh an Ghníomhaireacht, de bhun Airteagal 60, na téarmaí ar a bhféadfar freastal d'orduithe, féadfaidh sí a thairiscint do na húsáidirí a thug na horduithe go ndéanfaí praghsanna a chomhionannú.

*Roinn V.* FORÁLACHA MAIDIR LE BEARTAS SOLÁTHAIR

*Airteagal 70.* Laistigh de na teorainneacha a bheidh leagtha síos le buiséad an Chomhphobail, féadfaidh an Coimisiún, ar cibé coinníollacha a shaineoidh sé, tacaíocht airgeadais a thabhairt do chláir chuardaigh i gcríocha na mBallstát.

Féadfaidh an Coimisiún moltaí a chur faoi bhráid na mBallstát d'fhonn cuardach agus saothrú fosuithe mianraí a fhorbairt.

Cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin gach bliain tuarascáil ar fhorbairt an chuardaigh agus an táirgthe, ar chúltacaí dóchúla, agus ar a bhfuil d'infheistíocht sa mhianadóireacht déanta nó beartaithe a dhéanamh ina gcríocha. Cuirfear na tuarascálacha sin faoi bhráid na Comhairle, mar aon le tuairim an Choimisiúin, ina luafar go sonrach cad a rinne Ballstáit ar mholtaí a cuireadh faoine mbráid faoin mír roimhe seo.

Más rud é, nuair a chuirfidh an Coimisiún a t-ábhar faoina bráid, go bhfionnfaidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe gur cosúil bunús eacnamaíoch ar bhonn fadtéarmach a bheith leis na hionchais chun mianraí a bhaint, ach go bhfuil na gníomhaíochtaí cuardaigh agus an leathnú ar oibríochtaí mianadóireachta fíor-neamhdhóthanach i gcónaí, measfar go bhfuil an Ballstát atá i gceist, fad a fhágfaidh sé an cor sin gan leigheas, tar éis an ceart comhrochtana ar fhoinsí eile soláthair sa Chomhphobal a tharscaoileadh, thar a cheann féin agus thar ceann a náisiúnach.

*Airteagal 71.* Cuirfidh an Coimisiún na moltaí uile is iomchuí faoi bhráid Ballstát i dtaobh na rialachán a bhaineann le hioncam nó le mianadóireacht.

*Airteagal 72.* Féadfaidh an Ghníomhaireacht, ó ábhar a bheidh ar fáil laistigh nó lasmuigh den Chomhphobal, na stoic thráchtála is gá a thiomargadh chún soláthairtí don Chomhphobal nó chun gnáth-sheachadadh ag an gComhphobal a éascú.

Féadfaidh an Coimisiún, más gá, cinneadh ar stoic éigeandála a thiomargadh. Déanfaidh an Chomhairle an modh ar a maoineofar na stoic sin a fhormheas, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún.

## *Roinn VI.* FORÁLACHA SPEISIALTA

*Airteagal 73.* I gcás ina ndéanfaidh comhaontú nó conradh idir Ballstát, duine nó gnóthas ar thaobh amháin, agus tríú stát, eagraíocht idirnáisiúnta nó náisiúnach de thríú stát ar an taobh eile, foráil inter alia chun táirgí a sheachadadh a thig faoi inniúlacht na Gníomhaireachta, is gá comhthoiliú roimh ré ón gCoimisiún chun an comhaontú nó an conradh a dhéanamh nó a athnuachan chomh fada is a bhaineann le seachadadh na dtáirgí sin.

*Airteagal 74.* Féadfaidh an Coimisiún aistriú, allmhairiú nó onnmhairiú míonchainníochtaí de mhianta, de bhunábhair nó d'ábhair inscoilte speisialta, mar a úsáidtear de ghnáth i gcúrsaí taighde, a shaoradh ó fhorálacha na Caibidle seo.

Cuirfear in iúl don Ghníomhaireacht gach aistriú, allmhairiú nó onnmhairiú a dhéanfar de bhun na forála seo.

*Airteagal 75.* Ní bhainfidh forálacha na Caibidle seo le hoibleagáidí maidir le próiseáil, claochlú nó cumadh mianta, bunábhar nó ábhar inscoilte speisialta a ndeachthas fúthu

*a)* idir daoine nó gnóthais éagsúla, má bhíonn an t-ábhar le teacht ar ais chuig an duine nó an gnóthas bunaidh, tar éis é a phróiseáil, a chlaochlú nó a chumadh; nó

*b)* idir duine nó gnóthas agus eagraíocht idirnáisiúnta nó náisiúnach de thriú Stát i gcás an t-ábhar a phróiseáil, a chlaochlú nó a chumadh lasmuigh den Chomhphobal agus é a chur ar ais ansin chuig an duine nó an gnóthas bunaidh; nó

*c)* idir duine nó gnóthas agus eagraíocht idirnáisiúnta nó náisiúnach de thríú Stát i gcás an t-ábhar a phróiseáil, a chlaochlú nó a chumadh laistigh den Chomhphobal agus é a chur ar ais ansin chuig an eagraíocht nó an náisiúnach bunaidh nó chuig aon choinsíní eile lasmuigh den Chomhphobal a d'ainmneodh an eagraíocht nó an náisiúnach sin.

Ar a shon sin, cuirfidh na daoine agus na gnóthais lena mbaineann in iúl don Ghníomhaireacht go bhfuil na hoibleagáidí sin ann agus, a luaithe a shíneofar na conarthaí, na cainníochtaí den ábhar lenar bhain na gluaiseachtaí sin. Féadfaidh an Coimisiún cosc a chur leis na hoibleagáidí dá dtagraítear i bhfomhír *b)* a ghabháil de láimh má mheasann sé nach féidir an claochlú nó an cumadh a dhéanamh go héifeachtúil sábháilte agus gan caillteanas ábhair chun aimhleasa an Chomhphobail.

Beidh an hábhair lena mbaineann na hoibleagáidí sin faoi réir na gcoimircí atá leagtha síos i gCaibidil VII i gcríocha na mBallstát. Ní bhainfidh forálacha

Chaibidil VIII, áfach, le hábhar inscoilte speisialta a chuimsítear sna hoibleagáidí dá dtagraítear i bhfomhír *c*).

*Airteagal 76.* Ar thionscnamh Ballstáit nó an Choimisiúin, go háirithe má thagann ganntanas ginearálta de dheasca imthosca gan choinne, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól, forálacha na Caibidle seo a mhodhnú. Beidh ar an gCoimisiún fiosrú a dhéanamh faoi aon iarratas a dhéanfaidh Ballstát.

Ar dhul in éag do thréimhse seacht mbliana ó dháta an Chonartha a theacht i bhfeidhm, féadfaidh an Chomhairle na forálacha sin a dhaingniú ina n-iomláine. Mura ndaingnítear iad, déanfar forálacha nua a bhainfidh le hábhar na Caibidle seo a ghlacadh de réir an nós imeachta atá leagtha amach sa mhir roimhe seo.

## CAIBIDIL VII. COIMIRCÍ

*Airteagal 77.* De réir na bhforálacha atá sa Chaibidil seo, deimhneoidh an Coimisiún dó féin,

*a*) nach ndéanfar, i gcríocha na mBallstát, mianta, bunábhair agus ábhair inscoilte speisialta a chlaonadh ó na húsáidí a ceapadh dóibh de réir mar a dhearbhaigh na húsáidirí;

*b*) go ndéanfar, i gcríocha na mBallstát, na forálacha a chomhlíonadh a bhaineann le soláthairtí agus le haon oibleagáidí áirithe maidir le coimirce a bheidh gafa air féin ag an gComhphobal faoi chomhaontú a rinneadh le tríú stát nó le heagraíocht idirnáisiúnta.

*Airteagal 78.* Aon duine a bheidh ag bunú nó ag oibriú suiteála chun bunábhair nó ábhair inscoilte speisialta a tháirgeadh, a dheighilt nó a úsáid ar dhóigh eile nó chun breoslaí núicléacha ionradaithe a phróiseáil, dearbhóidh sé don Choimisiún airíona bunúsacha teicniúla na suiteála sin más gá eolas ar na hairíona sin chun na haidhmeanna atá leagtha amach in Airteagal 77 a ghnóthú.

Ní foláir na teicníochtaí a bheidh le húsáid don phróiseáil cheimiceach ar ábhair ionradaithe a bheith formheasta ag an gCoimisiún a mhéid is gá sin, chun na haidhmeanna atá leagtha amach in Airteagal 77 a ghnóthú.

*Airteagal 79.* Ceanglóidh an Coimisiún go ndéanfar taifid oibriúcháin a choimeád agus a thabhairt ar aird sa chaoi go bhféadfar cuntas a thabhairt i mianta, i mbunábhair agus in ábhair inscoilte speisialta a úsáideadh nó a táirgeadh. Beidh feidhm ag an gceanglas sin freisin i gcás bunábhair agus ábhair inscoilte speisialta a iompar.

Iad siúd a bheidh faoi réir na gceanglas sin, cuirfidh siad in iúl d'údaráis an Bhallstáit a bheidh i gceist aon scéala a thug siad don Choimisiún de bhun Airteagal 78 agus na chéad mhíre den Airteagal seo.

Déanfar nádúr agus scóip na gceanglas dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal seo a shainiú i rialachán a dhéanfaidh an Coimisiún agus a fhormheasfaidh an Chomhairle.

*Airteagal 80.* Féadfaidh an Coimisiún a cheangal go ndéanfar aon bharraíocht d'ábhar inscoilte speisialta a shaothrófar nó a gheofar mar sheachtháirgí, agus nach bhfuil á n-úsáid iarbhír nó réidh lena n-úsáid, a thaisceadh leis an nGníomhaireacht nó i stóir eile atá faoi mhaoirsiú, nó inmhaoirsithe, ag an gCoimisiún.

Ní foláir ábhair inscoilte speisialta a thaiscfear amhlaidh a thabhairt ar ais láithreach dóibh siúd lena mbaineann siad ar iad á iarraidh sin.

*Airteagal 81.* Féadfaidh an Coimisiún cigirí a chur isteach i gcríocha Ballstát. Sula gcuirfidh sé cigire ar a chéad chuairt chigireachta i gcríoch Bhallstáit, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Stát áirithe; is leor an dáil chomhairle sin do gach uile chuairt chigireachta feasta ag an gcigire sin.

Ar scríbhinn i gcruthúnas ar a gcáilíochtaí a thabhairt ar aird, beidh rochtain ag na cigirí, gach tráth, ar gach áit, ar gach sonra agus ar gach duine a bheidh, de bharr a shlí bheatha, ag déileáil le hábhair, le trealamh nó le suiteálacha atá faoi réir na gcoimircí dá bhforáiltear sa Chaibidil seo, sa mheid gur gá sin chun na coimircí sin a chur chun beidhme ar mhianta, ar bhunábhair agus ar ábhair inscoilte speisialta agus chun a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha Airteagal 77. Má iarrann an Stát áirithe é, beidh ionadaithe ó údaráis an Stáit sin in éineacht leis na cigirí a bheidh ceaptha ag an gCoimisiún; ach ní chuirfear moill, ná bac ar bith eile, ar na cigirí dá bhíthin sin i gcomhlíonadh a ndualgas.

Má chuirtear in aghaidh cigireacht a dhéanamh, déanfaidh an Coimisiún iarratas chuig Uachtarán na Cúirte Breithiúnais ar ordú á chinntiú go ndéanfar an chigireacht sin go héigeantach. Tabharfaidh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais a bhreith laistigh de thrí lá.

Má bhaineann contúirt le moill, féadfaidh an Coimisiún féin ordú i scríbhinn a eisiúint, a bheidh ina chinneadh de réir foirme, chun dul ar aghaidh leis an gcigireacht. Déanfar, gan mhoill, an t-ordú sin a chur faoi bhráid Uachtarán na Cúirte Breithiúnais lena fhormheas dá éis sin.

Tar éis an t-ordú nó an cinneadh a eisiúint, áiritheoidh údaráis an Stáit áirithe go mbeidh rochtain ag na cigirí ar na háiteanna a sonraíodh san ordú nó sa chinneadh.

*Airteagal 82.* Is é an Coimisiún a earcóidh cigirí.

Beidh siad freagrach sna taifid dá dtagraítear in Airteagal 79 a fháil agus a fhíorú. Cuirfidh siad aon sárú in iúl don Choimisiún.

Féadfaidh an Coimisiún treoir a thabhairt á ghairm ar an mBallstát áirithe na bearta uile is gá a dhéanamh, laistigh de theorainn ama a bheidh leagtha síos ag an gCoimisiún, chun deireadh a chur leis an sárú sin; cuirfidh sé é sin in iúl don Chomhairle.

Mura gcomhlíonfaidh an Ballstát treoir an Choimisiúin laistigh den teorainn ama shonraithe, féadfaidh an Coimisiún nó aon Bhallstát lena mbaineann, de mhaolú ar Airteagail 141 agus 142, an t-ábhar a thabhairt láithreach os comhair na Cúirte Breithiúnais.

*Airteagal 83.* 1. I gcás sárú ag daoine nó gnóthais ar na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an gCaibidil seo, féadfaidh an Coimisiún smachtbhannaí a fhorchur ar na daoine nó ar na gnóthais sin.

Is iad seo na smachtbhannaí, in ord déine:

*a*) rabhadh;

*b*) sochair áirithe, mar shampla, cúnamh airgeadais nó teicniúil, a tharraingt siar;

*c*) an gnóthas a chur, ar feadh tréimhse nach faide ná ceithre mhí, faoi riaradh duine nó boird arna cheapadh de thoil a chéile ag an gCoimisiún agus ag an Stát a bhfuil dlínse aige ar an ngnóthas;

*d*) bunábhair nó ábhair inscoilte speisialta a tharraingt siar go hiomlán nó go páirteach.

2. Is cinntí atá inchurtha i bhfeidhm na cinntí á éileamh go dtabharfar suas ábhair a dhéanfaidh an Coimisiún chun mír 1 a chur i ngníomh. Féadfar iad a chur i bhfeidhm i gcríocha Ballstát de réir Airteagal 164.

De mhaolú ar Airteagal 157, beidh éifeacht fhionraíochta le hachomhairc a thabharfar ós comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne cinntí ón gCoimisiún a fhorchuirfidh aon smachtbhanna dá bhforáiltear i mír 1. Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, áfach, ar iarratas ón gCoimisiún nó ó aon Bhallstát lena mbaineann, a ordú go bhfuil an cinneadh le cur i bhfeidhm láithreach.

Beidh nós imeachta dlíthiúil iomchuí ann chun a áirithiú go gcosnófar leasanna dá ndearnadh dochar.

3. Féadfaidh an Coimisiún aon mholtaí a chur faoi bhráid Ballstát maidir le dlíthe nó rialacháin atá ceaptha chun a áirithiú go gcomhlíonfar ina gcríocha na hoibleagáidí a éireoidh faoin gCaibidil seo.

4. Áiritheoidh Ballstáit go gcuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm agus, nuair is gá, go ndéanfaidh lucht déanta na sáruithe iad a leigheas.

*Airteagal 84*. Nuair a chuirtear coimircí chun feidhme, ni dhéanfar aon idirdhealú mar gheall ar an úsáid atá ceaptha do mhianta, bunábhair agus ábhair inscoilte speisialta.

Cloífidh réim na gcoimircí agus an nós imeachta ina dtaobh agus cumhachtaí na gcomhlachtaí a bheidh freagrach as a gcur i bhfeidhm le gnothú na spriocanna atá leagtha amach sa Chaibidil seo.

Ní fhéadfaidh na coimircí sroicheadh chuig ábhair atá beartaithe a úsáid chun freastal do riachtanais na cosanta agus atá á bpróiseáil go speisialta chuige sin nó a dnéanfar, tar éis a bpróiseáilte amhlaidh, iad a chur nó a stóráil i bhforas míleata, de réir plean oibriúcháin.

*Airteagal 85*. I gcás inar gá sin mar gheall ar imthosca nua, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún agus tar ési dul i gcomhairle leis an Tionól, oiriúnú a dhéanamh ar an nos imeachta chun an coimircí a chur chun feidhme atá leagtha síos sa Chaibidil seo, arna iarraidh sin do Bhallstát nó don Choimisiún. Scrúdóidh an Coimisiún aon iarratas den sórt sin a dhéanfaidh Ballstát.

## CAIBIDIL VIII. ÚINÉIREACHT MHAOINE

*Airteagal 86*. Is leis an gComhphobal ábhair inscoilte speisialta.

Sroichfidh ceart úinéireachta an Chomhphobail chuig na hábhair inscoilte speisialta a tháirgfidh nó a allmhaireoidh Ballstát, duine nó gnóthas agus a bheidh faoi réir na gcoimircí dá bhforáiltear i gCaibidil VII.

*Airteagal 87*. Beidh cearta neamhtheoranta ag Ballstáit, daoine nó gnóthais chun ábhair inscoilte speisialta a tháinig ina seilbh go cuí a úsáid agus a ídiú, faoi réir na n-oibleagáidí a fhorchuirtear orthu leis an gConradh seo, go háirithe maidir le coimircí, leis an gceart chun rogha a thugtar don Ghníomhaireacht agus le sláinte agus sábháilteacht.

*Airteagal 88.* Coimeádfaidh an Ghníomhaireacht cuntas speisialta, in ainm an Chomhphobail, ar a dtabharfar "Cuntas Airgeadais ar Ábhair Inscoilte Speisialta".

*Airteagal 89.* 1. Sa Chuntas Airgeadais ar Ábhair Inscoilte Speisialta:

*a)* Déanfar luach na n-ábhar inscoilte speisialta a fágadh i seilbh, nó a cuireadh ar láimh, Ballstáit, dhuine nó ghnóthais a chur de shochar an Chomhphobail agus de dhochar an Bhallstáit, an duine nó an ghnóthais sin.

*b)* Déanfar luach ábhar inscoilte speisialta a tháirg nó a d'allmhairigh Ballstát, duine nó gnóthas agus a ndéanfaidh maoin an Chomhphobail díobh a chur de dhochar an Chomhphobail agus de shochar an Bhallstáit, an duine nó an ghnóthais sin. Déanfar taifead dá shamhail nuair a thabharfaidh Ballstát, duine no gnóthas ar ais don Chomhphobal ábhair inscoilte speisialta a fágadh i seilbh nó a cuireadh ar láimh an Stáit, an duine nó an ghnóthais roimhe sin.

2. Athruithe luacha a dhéanfaidh difear do na cainníochtaí d'ábhair incoilte speisialta, léireofar iad chun críocha cuntasaíochta ar dhóigh nach mbainfidh aon chaillteanas ná gnóchan don Chomhphobal dá gcionn. Is ar an sealbhóir a thitfidh aon chaillteanas agus is chuige a fhaibhreoidh aon ghnóchan.

3. Tiocfaidh iarmhéideanna as na hidirbhearta dá dtagraítear thuas chun bheith dlíte láithreach arna n-iarraidh ag an gcreidiúnaí.

4. Chun críocha na Caibidle seo, measfar an Ghníomhaireacht a bheith ina gnóthas chomh fada is a bhaineann le hidirbhearta a dhéanfar dá cuntas féin.

*Airteagal 90.* Más gá sin, mar gheall ar imthosca nua, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól, na forálacha den Chaibidil seo a bhaineann le ceart úinéireachta an Chomhphobail a oiriúnú arna iarraidh sin do Bhallstát nó don Choimisiún. Scrúdóidh an Coimisiún aon iarratas den sórt sin ó Bhallstát.

*Airteagal 91.* Déanfar an córas úinéireachta is infheidhme maidir leis na nithe, na hábhair agus na sócmhainní uile nach bhfuil dílsithe don Chomhphobal faoin gCaibidil seo a chinneadh le dlí gach Ballstáit.

## CAIBIDIL IX. AN CÓMHARGADH NÚICLÉACH

*Airteagal 92.* Bainfidh forálacha na Ciabidle seo leis na hearraí agus na táirgí a shonráitear sna Liostaí in Iarscríbhinn IV atá i gceangal leis an gConradh seo.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, na Liostaí sin a mhodhnú arna iarraidh sin don Choimisiún nó do Bhallstát.

*Airteagal 93.* Díothóidh Ballstáit eatarthu féin, bliain tar éis dáta an chonartha seo a theacht i bhfeidhm, na dleachtanna custam uile ar allmhairí agus onnmhairí nó muirir chomhéifeachta, agus na srianta cainníochtúla uile ar allmhairí agus onnmhairí, i gcás:

*a)* na táirgí i Liostaí $A^1$ agus $A^2$;

*b)* na táirgí i Liosta B má tá siad faoi réir comhtharaife custam agus go ngabhann deimhniú leo a d'eisigh an Coimisiún á rá gur chun críocha núicléacha iad.

Ach féadfaidh críocha neamhEorpacha atá faoi dhlínse Ballstáit leanúint de dhleachtanna a thobhach ar allmhairí agus onnmhairí nó muirir chomhéifeachta más de chineál fioscach go hiomlán iad. Ní bheidh rátaí na ndleachtanna agus na

muirear sin ná córas a rialaithe ina gcúis le haon idirdhealú idir an Stát sin agus na Ballstáit eile.

*Airteagal 94.* Cuirfidh na Ballstáit comhtharaif chustam ar bun de réir na bhforálacha seo a leanas:

*a)* Maidir leis na táirgí a shonraítear i Liosta A[1], socrófar an chomhtharaif chustam ar leibhéal na taraife ab ísle a bhí i bhfeidhm in aon Bhallstát an 1 Eanáir 1957.

*b)* Maidir leis na táirgí a shonraítear i Liosta A[2], déanfaidh an Coimisiún gach beart is iomchuí chun a áirithiú go dtosófar ar chaibidlí idir na Ballstáit laistigh de thrí mhí ó dháta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm. Más rud é, i gcás táirgí áirithe díobh sin, nárbh fheidir teacht ar chomhaontú faoi dheireadh na chéad bliana tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm, cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, na dleachtanna is infheidhme sa chomhtharaif chustam.

*c)* Cuirfear an chomhtharaif chustam ar na táirgí a shonraítear i Liostaí A[1] agus A[2] chun feidhme ó dheireadh na chéad bhliana tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm.

*Airteagal 95.* Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún, a chinneach go ndéanfar na dleachtanna comhtharaife custam ar tháirgí i Liosta B a chur chun feidhme níos luaithe i gcás ina gcuideodh beart dá leithéid le forbairt an fhuinnimh núicléigh sa Chomhphobal.

*Airteagal 96.* Díothóidh na Ballstáti gach srian, mar gheall ar náisiúntacht, ar chearta náisiúnach d'aon Bhallstát gabháil le fostaíocht oilte i réimse an fhuinnimh núicléigh, faoi réir na dteorainneacha a thig ó bhunriachtanais an bheartais phoiblí, na slándála poiblí agus na sláinte poiblí.

Tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, a iarrfaidh tuairim an Choiste Eacnamaigh agus Sóisialta ar dtús, treoracha a eisiúnt maidir leis an nós imeachta a bhainfidh leis an Airteagal seo a chur chun feidhme.

*Airteagal 97.* Ní chuirfear aon srianta mar gheall an náisiúntacht i bhfeidhm ar dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, poiblí ná príobháideach, faoi dhlínse Bhallstáit, más mian leo bheith rannpháirteach i bhfoirgniú suiteálacha núicléacha de chineál eolaíoch nó tionsclaíoch sa Chomhphobal.

*Airteagal 98.* Déanfaidh Ballstáit gach beart is gá chun go n-éascófar déanamh conarthai árachais a chumhdóidh fiontair núicléacha.

Laistigh de dhá bhliain ó dhátá an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di tri thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, a iarrfaidh tuairim an Choiste Eacnamaigh agus Sóisialta ar dtús, agus tar éis di dul i gcomhairle leis an Tionól, treoracha a eisiúint maidir leis an nós imeachta chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme.

*Airteagal 99.* Féadfaidh an Coimisiún moltaí ar bith a dhéanamh le go n-éascófar na gluaiseachtaí caipitil atá beartaithe chun na gníomhaíochtaí tionscail in Iarscríbhinn II atá i gceangal leis an gConradh seo a mhaoiniú.

*Airteagal 100.* Gabhann gach Ballstát air féin go n-údaróidh sé in airgead reatha an Bhallstáit ina gcónaíonn an creidiúnaí nó an tairbhí, aon íocaíochtaí i ndáil le gluaiseacht earraí, seirbhísí nó caipitil maille le haon aistriú ar chaipiteal

agus ar thuilleamh, go feadh a mbeidh de léirscaoileadh ar ghluaiseacht earraí, seirbhísí, caipitil agus daoine déanta idir na Ballstáit de bhun an Chonartha seo.

CAIBIDIL X. CAIDREAMH EACHTRACH

*Airteagal 101.* Féadfaidh an Comhphobal, laistigh de theorainneacha a chumhachtaí agus a inniúlachtaí, dul faoi oibleagáidí tri chomhaontuithe nó conarthaí a dhéanamh le tríú Stát, le heagraíocht idirnáisiúnta nó le náisiúnach de thríú Stát.

Déanfaidh an Coimisiún na comhaontuithe nó na conarthaí sin a chaibidil de réir treoracha na Comhairle; tabharfaidh an Coimisiún i gcrích iad le formheas na Comhairle, a ghníomhóidh trí thromlach cáilithe.

Ach na comhaontuithe nó na conarthaí nach gá gníomhaíocht ón gComhairle lena gcur i bhfeidhm agus ar féidir iad a dhéanamh laistigh de theorainneacha an bhuiséid iomchuí, is é an Coimisiún amháin a dhéanfaidh caibidil ina leith agus a thabharfaidh i gcrích iad; coimeádfaidh an Coimisiún an Chomhairle san eolas ina dtaobh.

*Airteagal 102.* Comhaontuithe nó conarthai a dhéanfar le tríú Stát, le heagraíocht idirnáisiúnta nó le náisiúnach de thríú Stát, agus a bhfuil Ballstát amháin nó níos mó, i dteannta an Chomhphobail, ina bpáirtithe iontu, ní thiocfaidh siad a bhfeidhm go dtí go gcuirfidh na Ballstáit uile lena mbaineann in iúl don Choimisiún go bhfuil na comhaontuithe nó na conarthai sin tar éis teacht chun bheith infheidhme de réir forálacha a ndlíthe náisiúnta faoi seach.

*Airteagal 103.* Beidh ar Bhallstáit dréacht-chomhaontuithe nó dréacht-chonarthaí le tríú Stát, le heagraíocht idirnáisiúnta nó le náisiúnach de thríú Stát a chur in iúl don Choimisiún, má bhaineann na comhaontuithe nó na conarthaí sin le hábhair a thagann faoi réim an Chonartha seo.

Má bhíonn i ndréacht-chomhaontú nó i ndréacht-chonradh clásail a chuireann bac ar fheidhmiú an Chonartha seo, cuirfidh an Coimisiún a bharúlacha i bhfios don Stát lena mbaineann laistigh de mhí tar éis scéala dá réir sin a fháil.

Ní fhéadfaidh an Stát an comhaontú nó an conradh atá beartaithe a thabhairt i gcrích go dtí go sásóidh sé agóidí an Choimisiúin nó go gcomhlíonfaidh sé rialú ón gCúirt Bhreithiúnais, agus breithniú á dhéanamh go práinneach aici ar iarratas ón Stát, ar luí na gclásal beartaithe le forálacha an Chonartha seo. Féadfar iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Breithiúnais tráth ar bith tar éis don Stát barúlacha an Choimisiúin a fháil.

*Airteagal 104.* Ní fhéadfaidh duine ná gnóthas ar bith a bheidh ag déanamh nó ag athnuachan comhaontú nó conradh le tríú Stát, le heagraíocht idirnáisiúnta nó le náisiúnach de thriú Stát, tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm, an comhaontú nó an conradh sin a agairt chun na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis an gConradh seo a sheachaint.

Déanfaidh gach Ballstát cibé bearta is gá leis chun gach faisnéis a thabhairt don Choimisiún, arna iarraidh don Choimisiún, i dtaobh comhaontuithe nó conarthaí a dhéanfaidh aon duine nó gnóthas le tríú Stát, le heagraíocht idirnáisiúnta nó le náisiúnach de thríú Stát, tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm, agus a thagann faoi réim an Chonartha seo. Ní fhéadfaidh an Coimisiún faisnéis mar sin a éileamh ach amháin chun a fhiorú nach bhfuil sna comhaontuithe ná sna conarthaí sin clásail a chuireann bac ar fheidhmiú an Chonartha seo.

Ar iarratas ón gCoimisiún, tabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais rialú ar luí na gcomhaontuithe nó na gconarthaí sin le forálacha an Chonartha seo.

*Airteagal 105.* Ní bhainfear leas as forálacha an Chonartha seo chun cosc a chur le comhaontuithe nó conarthaí a chur i ngníomh a bhí tugtha i gcrích ag Ballstát, duine nó gnóthas le tríú Stát, le heagraíocht idirnáisiúnta nó le náisiúnach de thríú Stat roimh theacht i bhfeidhm don Chonradh seo, má chuirtear na comhaontuithe nó na conarthaí sin in iúl don Choimisiún tráth nach déanaí ná tríocha lá tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm.

Ach comhaontuithe nó conarthaí a thabharfaidh duine nó gnóthas i gcrích le tríú Stát, le heagraíocht idirnáisiúnta nó le náisiúnach de thríú Stát, idir dáta an Chonartha seo a shíniú agus dáta a theacht i bhfeidhm, ní bhainfear leas astu chun gan an Conradh seo a chur i ngníomh más rud é, i dtuairim na Cúirte Breithiúnais, ag rialú di ar iarratas ón gCoimisiún, gur chun éalú a bheith aige ó fhorálacha an Chonartha seo cúis amháin de na cúiseanna cinntitheacha a bhí ag ceachtar páirtí leis an gcomhaontú nó an conradh a thabhairt i gcrích.

*Airteagal 106.* Ballstáit a mbeidh comhaontuithe tugtha i gcrích acu le tríú tíortha, roimh theacht i bhfeidhm don Chonradh seo, a bhfuil foráil iontu le haghaidh comharaíochta i réimse an fhuinnimh núicléigh, beidh orthu, i gcomhpháirt leis an gCoimisiún, dul i mbun caibidlí mar is gá leis na tríú Stáit sin chun a áirithiú go nglacfaidh an Comhphobal chuige féin, a mhéid is féidir, na cearta agus na hoibleagáidí a thiocfaidh as na comhaontuithe sin.

Aon chomhaontú nua thiocfaidh as na caibidlí sin, is gá dó toiliú an Bhallstáit nó na mBallstát a shínigh na comhaontuithe dá dtagraítear thuas mar aon le formheas na Comhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe.

## TEIDEAL A TRÍ. FORÁLACHA AG RIALÚ NA N-INSTITIÚIDÍ

### CAIBIDIL I. INSTITIÚIDÍ AN CHOMHPHOBAIL

### *Roinn I.* AN TIONÓL

*Airteagal 107.* Is iad a bheidh ar an Tionól ionadaithe do phobail na Stát arna dtabhairt le chéile sa Chomhphobal, agus feidhmeoidh sé na cumhachtaí comhairleacha agus maoirseachta a thugtar dó leis an gConradh seo.

*Airteagal 108.* I. Is iad a bheidh ar an Tionól toscairí a bheidh le ceapadh ag na Parlaimintí faoi seach as líon a gcomhaltaí de réir an nós imeachta a bheidh leagtha síos ag gach Ballstát.*

2. Is mar a leanas a bheidh líon na dtoscairí sin:

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 14 |
| An Danmhairg | 10 |
| An Ghearmáin | 36 |

* NÓTA Ó NA HEAGARTHÓIRÍ. Titfidh mír 1 ar lár ar dháta an chéad chruinnithe a chomórfar den chéad Tionól a thoghfar de bhun forálacha na hIomstraime maidir le toghadh ionadaithe don Tionól (feic Airteagal 14 den Ionstraim, lch. 14).

Feic Airteagal 1 den Ionstraim réamhluaite arb é seo a leanas a théacs:

"Déanfar na hionadaithe sa Tionól ó phobail na Stát atá tugtha le chéile sa Chomhphobal a thoghadh trí vótáil chomhchoiteann dhíreach."

| | |
|---|---|
| An Fhrainc | 36 |
| Éire | 10 |
| An Iodáil | 36 |
| Lucsamburg | 6 |
| An Ísiltir | 14 |
| An Ríocht Aontaithe | 36*, ** |

3. Tarraingeoidh an Tionól suas tograí do thoghcháin trí vótáil chomhchoiteann dhíreach de réir nós imeachta chomhionann sna Ballstáit go léir.***

Leagfaidh an Chomhairle síos, ag gníomhú di d'aontoil, na forálacha iomchui a mholfaidh sí do na Ballstáit lena nglacadh de réir a rialacha bunreachtúla faoi scach.

*Airteagal 109.* Beidh seisiún in aghaidh na bliana ag an Tionól. Tiocfaidh sé le chéile, gan a bheith de riachtanas é a chomóradh, an dara Máirt de Mhárta.****, *****

Féadfaidh an Tionól teacht le chéile i seisiún urghnách arna iarraidh sin ag tromlach a chomhaltaí nó arna iarraidh ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún.

*Airteagal 110.* Toghfaidh an Tionól a Uachtarán agus oifigigh as líon a chomhaltaí.

Féadfaidh comhaltaí den Choimisiún bheith í láthair ag gach cruinniú agus, ar iad dá iarraidh sin, tabharfar éisteacht dóibh thar ceann an Choimisiúin.

Freagróidh an Coimisiún ó bhéal nó i scríbhinn ceisteanna a chuirfidh an Tionól nó comhaltaí an Tionóil chuige.

Tabharfaidh an Tionól éisteacht don Chomhairle de réir na gcoinníollacha a bheidh leagtha síos ag an gComhairle ina rialacha nós imeachta.

*Airteagal 111.* Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt leis an gConradh seo, gníomhóidh an Tionól trí thromlach glan de na vótaí a caitheadh.

Socrófar an córam leis an rialacha nós imeachta.

*Airteagal 112.* Glacfaidh an Tionól a rialacha nós imeachta, ag gníomhú dó trí thromlach dá chomhaltaí.

---

* Mír 2 mar atá arna leasú le hAirteagal 10 den lonstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 4 den Chinneadh Oiriúnuithe.

** NÓTA Ó NA HEAGARTHÓIRÍ. Titfidh mír 2 ar lár ar dháta an chéad chruinnithe a chomórfar den chéad Tionól a thoghfar de bhun forálacha na hIonstraime maidir le toghadh ionadaithe don Tionól (feic Airteagal 14 den Ionstraim, lch. 14).

Feic Airteagal 2 den Ionstraim réamhluaite arb é seo a leanas a théacs:

"Is mar a leanas a bheidh líon na n-ionadaithe a thoghfar i ngach Ballstát:

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 24 |
| An Danmhairg | 16 |
| An Ghearmáin | 81 |
| An Fhrainc | 81 |
| Éire | 15 |
| An Iodáil | 81 |
| Lucsamburg | 6 |
| An Ísiltír | 25 |
| An Ríocht Aontaithe | 81." |

*** Feic freisin sa chomhthéacs seo Airteagal 7(1) agus (2) den lonstraim maidir le toghadh ionadaithe don Tionól.

**** An chéad mhír mar atá arna leasú le hAirteagal 27(1) den Chonradh Comhcheangail.

***** Maidir leis an dara abairt den mhír seo, feic freisin Airteagal 10(3) den Ionstraim maidir le toghadh ionadaithe don Tionól.

Foilseofar imeachtaí an Tionóil ar an modh a leagtar síos ina rialacha nós imeachta.

*Airteagal 113.* Pléifidh an Tionól i seisiún poiblí an tuarascáil ghinearálta bhliantúil a bheidh curtha faoina bhráid ag an gCoimisiún.

*Airteagal 114.* Má leagtar faoi bhráid an Tionóil tairiscint ag cáineadh gníomhaíochtaí an Choimisiúin, ní vótálfaidh an Tionól ar an tairiscint sin go ceann trí lá ar a laghad tar éis an tairiscint a leagan faoina bhráid, agus is trí vótáil phoiblí a dhéanfar sin.

Má ritear an tairiscint cháinte le tromlach dhá thrian de na vótaí a caitheadh, agus gurb ionann sin agus tromlach comhaltaí an Tionóil, éireoidh comhaltaí an Choimisiún as a n-oifig d'aonbhuíon. Leanfaidh siad orthu ag déileáil le gnó reatha go dtí go gceapfar daoine ina n-ionad de réir Airteagal 127.

*Roinn II.* AN CHOMHAIRLE

*Airteagal 115.* Déanfaidh an Chomhairle a dualgais, agus feidhmeoidh sí a cumhachtaí chun cinntí a ghlacadh de réir forálacha an Chonartha seo.

Déanfaidh sí gach beart is féidir de réir a cumhachtaí chun gníomhartha na mBallstát agus gníomhartha an Chomhphobail a chomheagrú.

*Airteagal 116. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 7 den Chonradh Comhcheangail)*

[*Feic Airteagal 2 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

Ionadaithe do na Ballstáit a bheidh ar an gComhairle. Cuirfidh gach Rialtas comhalta dá chuid mar thoscaire chuici.

Sealbhóidh gach comhalta den Chomhairle, ar a uain, oifig an Uachtaráin ar feadh téarma sé mhí in ord seo a leanas na mBallstát: an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Fhrainc, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Ríocht Aontaithe.*]

*Airteagal 117. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 7 den Chonradh Comhcheangail)*

[*Feic Airteagal 3 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

Tiocfaidh an Chomhairle le chéile arna comóradh ag a hUachtarán uaidh féin nó arna iarraidh sin ag comhalta den Chomhairle nó ag an gCoimisiún.]

*Airteagal 118.* 1. Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Chonradh seo, is le tromlach dá comhaltaí a ghníomhóidh an Chomhairle.

2. **Nuair a cheanglaítear ar an gComhairle gníomhú trí thromlach cáilithe, gabhfaidh meáchan mar a leanas le vótaí a comhaltaí:

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 5 |
| An Danmhairg | 3 |

* An dara mír mar atá arna leasú le hAirteagal 11 den Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 5 den Chinneadh Oiriúnuithe.

** Mír 2 mar atá arna leasú le hAirteagal 14 den Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 8 den Chinneadh Oiriúnuithe.

| | |
|---|---|
| An Ghearmáin | 10 |
| An Fhrainc | 10 |
| Éire | 3 |
| An Iodáil | 10 |
| Lucsamburg | 2 |
| An Ísiltír | 5 |
| An Ríocht Aontaithe | 10 |

Chun go nglacfar leo, is gá do ghníomhartha na Comhairle cuid nach lú ná:

— vóta is daichead ina bhfabhar sa chás ina gceanglaíonn an Conradh seo iad ghlacadh ar thogra ón gCoimisiún;

— vóta is daichead ina bhfabhar, arna gcaitheamh ag sé chomhalta ar a laghad, i gcásanna eile.

3. Ní bac ar an gComhairle do ghlacadh le gníomhartha ar gá aontoilíocht dóibh comhaltaí a bheidh i láthair go pearsanta nó trí ionadaíocht a staonadh ó vótáil.

*Airteagal 119.* Nuair a ghníomhóidh an Chomhairle, de bhun an Chonartha seo, ar thogra ón gCoimisiún, is gá aontoilíocht le gníomh arb é atá ann leasú ar an togra sin.

Fad a bheidh an Chomhairle gan gníomhú, féadfaidh an Coimisiún a thogra bunaidh a athrú, go háirithe má chuathas i gcomhairle leis an Tionól i dtaobh an togra sin.

*Airteagal 120.* Má dhéantar vótáil, féadfaidh comhalta ar bith den Chomhairle gníomhú freisin thar ceann comhalta amháin eile ar a mhéid.

*Airteagal 121. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 7 den Chonradh Comhcheangail)*

[*Feic Airteagail 5 agus 4 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a dtéacs:*

*Airteagal 5:* Glacfaidh an Chomhairle a rialacha nós imeachta.

*Airteagal 4:* Beidh coiste arna chomhdhéanamh de Bhuan-Ionadaithe na mBallstát freagrach as obair na Comhairle a ullmhú agus as na cúraimí a chuirfidh an Chomhairle air a chur i gcrích.]

*Airteagal 122.* Féadfaidh an Chomhairle a iarraidh ar an gCoimisiún dul i mbun aon staidéir a mheasann an Chomhairle a bheith fóinteach chun na comhaidhmeanna a ghnóthú, agus aon tograí iomchuí a chur faoi bhráid na Comhairle.

*Airteagal 123. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 7 den Chonradh Comhcheangail)*

[*Feic Airteagal 6 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, tuarastail, liúntais agus pinsin Uachtarán agus comhaltaí an Choimisiúin agus Uachtarán, Breithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais. Cinnfidh an Chomhairle chomh maith, le tromlach cáilithe freisin, aon íocaíocht is intugtha in ionad luach saothair.]

Roinn III. AN COIMISIÚN

*Airteagal 124.* Chun forbairt fuinnimh adamhaigh laistigh den Chomhphobal a áirithiú, comhlíonfaidh an Coimisiún na cúraimí seo a leanas:

— féachfaidh sé chuige go gcuirfear chun feidhme forálacha an Chonartha seo agus na bearta a ghlacfaidh na hinstitiúidí dá mbun;

— foirmeoidh sé moltaí nó tabharfaidh sé tuairimí ar ábhair a ndéileáiltear leo sa Chonradh seo, má fhoráiltear sin go sainráite ann nó má mheasann an Coimisiún gur gá é;

— beidh cumhacht dá chuid féin aige chun cinneadh a ghlacadh agus rannpháirteoidh sé i gcumadh bearta a ghlacfaidh an Chomhairle agus an Tionól ar an modh dá bhforáiltear sa Chonradh seo;

— feidhmeoidh sé na cumhachtaí a thabharfaidh an Chomhairle dó chun na rialacha a chur i ngníomh a bheidh leagtha síos ag an gComhairle.

*Airteagal 125. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 19 den Chonradh Comhcheangail)*

*[Feic Airteagal 18 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

Foilseoidh an Coimisiún go blaintúil, tráth nach déanaí ná mí roim oscailt shéisiún an Tionóil, tuarascáil ghinearálta ar ghníomhaíochtaí na gComhphobal.]

*Airteagal 126. (Aisgaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 19 den Chonradh Comhcheangail)*

*[Feic Airteagal 10 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

1. Beidh ar an gCoimisiún trí chomhalta dhéag, a roghnófar de bharr a n-inniúlachta i gcoitinne agus nach bhfuil a neamhspleáchas inchurta in amhras.*

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, líon comhaltaí an Choimisiúin a athrú.

Ní féidir a bheith ina gcomhaltaí den Choimisiún ach amháin náisiúnaigh de na Ballstáit.

Ní mór náisiúnach amháin ar a laghad as gach Ballstát a bheith ar an gCoimisiún, ach ní féidir thar dhá chomhalta is náisiúnaigh den Stát céanna a bheith ar an gCoimisiún.

2. Beidh comhaltaí an Choimisiúin, chun leasa na gComhphobal i gcoitinne, neamhspleách ar fad i gcomhlíonadh a ndualgas.

I gcomhlíonadh na ndualgas sin dóibh, ní iarrfaidh ná ní ghlacfaidh siad teagaisc ó aon Rialtas ná ó chomhlacht ar bith eile. Staonfaidh siad ó ghníomh ar bith nach luíonn lena ndualgais. Gabhann gach Ballstát air féin urraim a thabhairt don phrionsabal seo agus gan féachaint le tionchar a oibriú ar chomhaltaí an Choimisiúin i gcomhlíonadh a gcúraimí dóibh.

* An chéad fhomhír mar atá arna leasú le Cinneadh na Comhairle den 1 Eanáir 1973 ag athrú líon comhaltaí an Choimisiúin (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. L 2, 1 Eanáir 1973, lch. 28).

Ní cead do chomhaltaí an Choimisiún, le linn a dtéarma oifige, gabháil le haon slí bheatha eile, sochrach ná neamhshocrach. Ar dhul i mbun a ndualgas dóibh, tabharfaidh siad gealltanas sollúnta go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiaidh, na hoibleagáidí a leanann as a n-oifig agus go háirithe a ndualgas chun bheith ionraic stuama i dtaobh ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis scor dá n-oifig dóibh. Má dhéantar sárú ar bith ar na hoibleagáidí sin, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gComhairle nó ón gCoimisiún, a rialú, de réir na n-imthosca, go bhfuil an comhalta áirithe le scor go héigeantach de réir forálacha Airteagal 13* nó go bhfuil a cheart chun pinsin nó chun sochar eile in ionad pinsin le baint de.]

*Airteagal 127. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 19 den Chonradh Comhcheangail)*

*[Feic Airteagal 11 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

Is iad Rialtais na mBallstát a cheapfaidh, de thoil a chéile, comhaltaí an Choimisiúin.

Ceithre bliana is téarma oifige dóibh. Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan.]

*Airteagal 128. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 19 den Chonradh Comhcheangail)*

*[Feic Airteagal 12 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

Amach ó ghnáthathrú ar chomhaltaí nó i gcás comhalta d'fháil bháis, críochnóidh dualgais chomhalta den Choimisiún ar é d'éirí as oifig nó ar é a scor go héigeantach.

Déanfar folúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige an chomhalta. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, a chinneadh nach gá fulúntas den sórt sin a líonadh.

Ach amháin i gcás a scortha go héigeantach faoi fhorálacha Airteagal 13,** fanfaidh comhaltaí an Choimisiúin i seilbh oifige go dtí go ngabhfar a n-ionad.]

*Airteagal 129. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 19 den Chonradh Comhcheangail)*

*[Feic Airteagal 13 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

Aon chomhalta den Choimisiún nach bhfuil na coinníollachais gá chun a dhualgais a dhéanamh á gcomhlíonadh aige a thuilleadh nó atá ciontach i mi-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gComhairle nó ón gCoimisiún, é a scor go héigeantach.]

*Airteagal 130. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 19 den Chonradh Comhcheangail)*

*[Feic Airteagal 14 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

* Airteagal 13 den Chonradh Comhcheangail. Feic Airteagal 129 anseo ina dhiaidh seo.
** Airteagal 13 den Chonradh Comhcheangail. Feic Airteagal 129 thíos.

Déanfar Uachtarán agus cúig Leas-Uachtarán an Choimisiúin a cheapadh as líon a chomhaltaí go ceann téarma dhá bhliain de réir nós imeachta mar atá leagtha síos do cheapadh comhaltaí an Choimisiúin. Féadfar a gceapacháin a athnuachan.*

Ach amháin i gcás athrú ar chomhaltaí uile an Choimisiúin, is tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún a dhéanfar na ceapacháin sin.

I gcás a scortha nó a n-éagtha, lionfar ionaid an Uachtaráin agus na Leas-Uachtarán ar feadh a bhfuil fágtha dá dtéarma oifige de réir na bhforálacha sin roimhe seo.]

*Airteagal 131. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 19 den Chonradh Comhcheangail)*

*[Feic Airteagal 15 agus 16 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a dtéacs:*

*Airteagal 15:* Rachaidh an Chomhairle agus an Coimisiún i gcomhairle lena chéile agus socróidh siad de thoil a chéile a modhanna comharaíochta.

*Airteagal 16:* Glacfaidh an Coimisiún a rialacha nós imeachta chun a áirithiú go n-oibreoidh sé féin agus a ranna de réir forálacha na gConarthaí ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach. Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus an Chonartha seo. Airitheoidh sé go bhfoilseofar na rialacha sin.]

*Airteagal 132. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 19 den Chonradh Comhcheangail)*

*[Feic Airteagal 17 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

Gníomhóidh an Coimisiún trí thromlach den líon comhaltaí dá bhforáiltear in Airteagal 10.**

Ní bailí don chruinniú den Choimisiún mura mbíonn i láthair an líon comhaltaí atá leagtha síos ina rialacha nós imeachta.]

*Airteagal 133****

*Airteagal 134.* 1. Bunaítear leis seo Coiste Eolaíoch agus Teicniúil; bheidh sé i gceangal leis an gCoimisiún agus beidh stádas comhairleach aige.

Ni foláir dul i gcomhairle leis an gCoiste i gcás ina bhforáiltear sin leis an gConradh seo. Féadfar dul i gcomhairle leis an gCoiste i ngach cás inar dóigh leis an gCoimisiún gur cuí sin.

2. Seacht gcomhalta is fiche a bheidh ar an gCoiste agus is í an Chomhairle a cheapfaidh iad tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.****

Déanfar comhaltaí an Choiste cheapadh ina gcáil phearsanta ar feadh cúig bliana. Féadfar a gceapachán a athnuachan. Ní bheidh siad faoi cheangal ag aon teagaisc shainordaitheacha.

* An chéad mhír mar atá arna leasú le hAirteagal 16 den Ionstraim Aontachais.

** Airteagal 10 den Chonradh Comhcheangail. Feic Airteagal 126 anseo roimhe seo.

*** Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 19 den Chonradh Comhcheangail.

**** An chéad fhomhír mar atá arna leasú le hAirteagal 23 den Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 12 den Chinneadh Oiriúnuithe.

Toghfaidh an Coiste Eolaíoch agus Teicniúil a chathaoirleach agus a oifigigh as líon a chomhaltaí gach bliain.

*Airteagal 135.* Féadfaidh an Coimisiún dul in aon dáil chomhairle agus aon ghrúpaí staidéir a bhunú is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh.

*Roinn IV.* AN CHÚIRT BHREITHIÚNAIS

*Airteagal 136.* Áiritheoidh an Chúirt Bhreithiúnais go gcomhlíonfar an dlí i léiriú an Chonartha seo agus á chur chun feidhme.

*Airteagal 137.* Naonúr Breitheamh a bheidh ar an gCúirt Bhreithiúnais.*

Suífidh an Chúirt Bhreithiúnais i seisiún iomlánach. Féadfaidh sí, áfach, eagar dlísheomraí a chur uirthi féin, a mbeidh trí Bhreitheamh nó cúig Bhreitheamh i ngach dlísheomra díobh, chun réamhfhiosrúcháin áirithe a ghabháil de láimh nó chun breith a thabhairt ar chásanna de chineálacha áirithe de réir rialacha arna leagan síos chun na gcríocha sin.

Is i seisiún iomlánach a shuífidh an Chúirt Bhreithiúnais aon uair a bheidh cásanna á n-éisteacht aici a thug Ballstát nó ceann d'institiúidí an Chomhphobail os a comhair nó a bheidh réamhrialú le tabhairt aici ar cheisteanna a cuireadh faoina bráid de bhun Airteagal 150, sa mhéid nach dtugann na rialacha nós imeachta inniúlacht do dhlí sheomraí na Cúirte.**

Má iarrann an Chuirt Bhreithinúnais é, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, líon na mBreithiúna a mhéadú agus na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh ar an dara agus an tríú mír den Airteagal seo agus ar an dara mír d'Airteagal 139.

*Airteagal 138.* Beidh ceithre Abhcóide Ginearálta de chúnamh ag an gCúirt Bhreithiúnais.***

Beidh de dhualgas ar an Abhcóide Ginearálta, ag gníomhú dó le neamhchlaontacht agus neamhspleáchas iomlán, aighneachtaí réasúnaithe a dhéanamh i gcúirt oscailte ar chásanna a tugadh os comhair na Cúirte Breithiúnais, chun cuidiú leis an gCúirt i gcomhlíonadh an chúraim a shanntar di in Airteagal 136.

Má iarrann an Chúirt Bhreithiúnais é, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, líon na nAbhcóidí Ginearálta a mhéadú agus na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh ar an tríú mír d'Airteagal 139.

*Airteagal 139.* Roghnófar na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta ó dhaoine nach bhfuil neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu na cáilíochtaí is gá chun a gceaptha do na hoifigí breithiúnacha is airde ina dtiortha faoi seach nó is dlí-eolaithe a n-aithnítear a n-inniúlacht; ceapfaidh Rialtais na mBallstát iad de thoil a chéile ar feadh téarma sé bliana.

Athrófar cuid de na Breithiúna i gceann gach trí bliana. Athrófar chúigear agus ceathrar díobh gach re seach.****

---

* An chéad mhír mar atá leasú le hAirteagal 17 den Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 9 den Chinneadh Oiriúnuithe.

** An tríú mír mar atá arna leasú le hAirteagal 1 den Chinneadh ón gComhairle den 26 Samhain 1974 (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. L 318, 28 Samhain 1974, lch. 22).

Níor foilsíodh leagan Gaeilge ar bith den Chinneadh seo san *Iris Oifigiúil*, ach soláthraíodh aistriúchán Gaeilge den leasú lena mbaineann chun críocha an eagráin seo.

*** An chéad mhír mar atá arna leasú le hAirteagal 1 den gCinneadh ón gComhairle den 1 Eanáir 1973 ag méadú líon na nAbhcóidi Ginearálta (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. L 2, 1 Eanáir 1973, lch. 29).

**** An dara mír mar atá arna leasú le hAirteagal 19 den Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 10 den Chinneadh Oiriúnuithe.

Athrófar cuid de na hAbhcóidí Ginearálta i gceann gach trí bliana. Athrófar dhá Abhcóide Ginearálta ar gach ócáid.*

Féadfar na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta a bheidh ag scor a athcheapadh.

Toghfaidh na Breithiúna Uachtarán na Cúirte Breithiúnais as a líon féin ar feadh téarma trí bliana. Féadfar é a atoghadh.

*Airteagal 140.* Ceapfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a Cláraitheoir agus leagfaidh sí síos na rialacha a bhainfidh lena sheirbhís.

*Airteagal 141.* Má mheasann an Coimisiún gur mhainnigh Ballstát oibleagáid faoin gConradh seo a chomhlíonadh, tabharfaidh sé tuairim réasúnaithe ina thaobh sin tar éis caoi a thabhairt don Stát áirithe ráiteas ina thaobh a chur isteach.

Mura ndéanfaidh an Stát a bheidh i gceist de réir na tuairime laistigh den tréimhse a bheidh leagtha síos ag an gCoimisiún, féadfaidh an Coimisiún an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais.

*Airteagal 142.* Aon Bhallstát a mheasfaidh gur mhainnigh Ballstát eile oibleagáid faoin gConradh seo a chomhlíonadh, féadfaidh sé an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais.

Sula dtabharfaidh Ballstát caingean in aghaidh Ballstáit eile mar gheall ar shárú a líomhnaítear a bheith déanta ar oibleagáid faoin gConradh seo, tabharfaidh sé an t-ábhar os comhair an Choimisiúin.

Tabharfaidh an Coimisiún tuairim réasúnaithe tar éis caoi a bheith tugtha do gach Stát dá mbeidh i gceist a chás féin agus a ráiteas ar chás an pháirtí eile a chur faoi bhráid an Choimisiúin ó bhéal agus i scríbhinn.

Mura mbíonn tuairim tugtha ag an gCoimisiún laistigh de thrí mhí ón dáta a tugadh an t-ábhar os a chomhair, ní fhágfaidh easnamh na tuairime sin nach bhféadfar an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais.

*Airteagal 143.* Má fhaigheann an Chúirt Bhreithiúnais gur mhainnigh Ballstát oibleagáid faoin gConradh seo a chomhlíonadh, cuirfear de cheangal ar an Stát sin na bearta is gá a ghlacadh chun breithiúnas na Cúirte Breithiúnais a chomhlíonadh.

*Airteagal 144.* Beidh dlínse gan teorainn ag an gCúirt Bhreithiúnais:

*a)* in imeachtaí arna dtionscnamh faoi Airteagal 12 chun a chinneadh cad iad na teármaí iomchuí faoina bhféadfaidh an Coimisiún ceadúnais no focheadúnais a dheonú;

*b)* in imeachtaí arna dtionscnamh ag daoine nó ag gnóthais i gcoinne smachtbhannaí a chuir an Coimisiún orthu faoi Airteagal 83.

*Airteagal 145.* Má mheasann an Coimisiún go ndearna duine nó gnóthas sárú ar an gConradh seo ar sárú é nach mbaineann forálacha Airteagal 83 leis, iarrfaidh sé ar an mBallstát a bhfuil dlínse aige ar an duine nó ar an ngnóthas sin a chur faoi deara smachtbhannaí a chur i bhfeidhm i leith an tsáraithe de réira reachtaíochta náisiúnta.

Mura ngéillfidh an Stát a bheidh i gceist don iarratas laistigh den tréimhse a bheidh leagtha síos ag an gCoimisiún, féadfaidh an Coimisiún caingean a thabhairt

* An tríú mír mar atá arna leasú le hAirteagal 2 den gCinneadh ón gComhairle den 1 Eanáir 1973 ag méadú líon na nAbhcóidí Ginearálta (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. L 2, 1 Eanáir 1973, lch. 29).

os comhair na Cúirte Breithiúnais d'fhonn an sárú inar cúisíodh an duine nó an gnóthas a shuíomh.

*Airteagal 146.* Déanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais léirmheas ar dhlíthiúlacht ghníomhartha de chuid na Comhairle agus an Choimisiúin seachas moltaí nó tuairimí. Chuige sin beidh dlínse aici i gcaingne a thionscain Ballstát, an Chomhairle nó an Coimisiún mar gheall ar easpa inniúlachta, ar sháru ceanglais fhíor-riachtanaigh ó thaobh nós imeachta, ar shárú an Chonartha seo nó aon rialach dlí a bhaineann lena fheidhmiú nó ar mhí-úsáid cumhachtaí.

Féadfaidh duine nádúrtha nó duine dlítheanach ar bith, faoi na coinníollacha céanna, imeachtaí a thionscnamh in aghaidh chinneadh a díríodh chun an duine sin nó in aghaidh chinneadh is dá chúram go díreach agus go leithleach, cé gur i bhfoirm rialacháin dó nó i bhfoirm chinneadh a díríodh chun duine eile.

Déanfar na himeachtaí dá bhforáiltear san Airteagal seo a thionscnamh laistigh de dhá mhí ón uair a foilsíodh an beart, nó a cuireadh in iúl don ghearánach é nó, murar cuireadh, ón lá a fuair sé fios air, cibé acu é.

*Airteagal 147.* Má tá foras ar fónamh leis an gcaingean, dearbhóidh an Chúirt Bhreithiúnais an gníomh áirithe a bheith ar neamhní.

I gcás rialacháin, áfach, cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais in iúl, má mheasann sí gur gá é, cé acu d'éifeachtaí an rialacháin a dhearbhaigh sí a bheith ar neamhní is inmheasta a bheith cinntitheach.

*Airteagal 148.* Más rud é, de shárú ar an gConradh seo, go mainneoidh an Chomhairle nó an Coimisiún gníomhú, féadfaidh na Ballstáit agus institiúidí eile an Chomhphobail caingean a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais chun an sárú sin a shuíomh.

Ní bheidh glacadh leis an gcaigean ach amháin sa chás inar iarradh i dtosach ar an institiúid áirithe gníomhú. Más rud é, laistigh de dhá mhí tar éis a iarrtha sin uirthi, go mbeidh an institúid áirithe gan a seasamh sa chás a shonrú, féadfar an chaingean a thabhairt ar aghaidh laistigh de thréimhse bhreise dhá mhí.

Féadfaidh duine nádúrthe nó duine dlítheanach ar bith, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sna míreanna roimhe seo, gearán a dhéanamh leis an gCúirt Bhreithiúnais gur mhainnigh ceann d'institiúidí an Chomhphobail aon ghníomh seachas moladh nó tuairim a dhíriú chun an duine sin.

*Airteagal 149.* An institiúid ar dearbhaíodh a gníomh a bheith ar neamhní nó ar dearbhaíodh a neamhghníomh a bheith contrártha don Chonradh seo, ceanglófar uirthi na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnas na Cúirte Breithiúnais a chomhlíonadh.

Ní dhéanfaidh an oibleagáid sin difear ar bith d'aon oibleagáid ab fhéidir a theacht ón dara mír d'Airteagal 188 a chur chun feidhme.

*Airteagal 150.* Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais chun réamhrialú a thabhairt:

*a)* ar léiriú an Chonartha seo;

*b)* ar bhailíocht agus léiriú gníomhartha de chuid institiúidí an Chomhphobail;

*c)* ar léiriú reachtanna aon chomhlachtaí a bunaíodh le gníomh de chuid na Comhairle, ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt sna reachtanna sin.

Nuair a thabharfar ceist den sórt sin ar aird os comhair aon chúirte nó binse de chuid Ballstáit, féadfaidh an chúirt nó an binse sin, má mheasann sé nó sí gur gá cinneadh ar an gceist ionas go bhféadfaidh an chúirt nó an binse sin breithiúnas a thabhairt, a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais rialú a thabhairt ar an gceist sin.

Má thugtar aon cheist den sórt sin ar aird i gcás a bheidh ar feitheamh os comhair cúirte nó binse de chuid Ballstáit, agus nach bhfuil leigheas breithiúnach faoin dlí náisiúnta in aghaidh cinntí na cúirte nó an bhinse sin, tabharfaidh an chúirt nó an binse sin an t-ábhar os comhair na Cúirte Breithiúnais.

*Airteagal 151.* Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais i ndíospóidí maidir leis an gcúiteamh i ndamáiste dá bhforáiltear sa dara mír d'Airteagal 188.

*Airteagal 152.* Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais in aon díospóid idir an Comhphobal agus a sheirbhísigh faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha atá leagtha síos sna Rialacháin Foirne nó sna Coinníollacha Fostaíochta.

*Airteagal 153.* Beidh dlínse ag an gCúirt Brheithiúnais chun breithiúnas a thabhairt de bhun aon chlásail eadrána i gconradh arna dhéanamh ag an gComhphobal nó thar a cheann, cibé acu faoin dlí poiblí nó faoin dlí príobháideach don chonradh sin.

*Airteagal 154.* Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais in aon díospóid idir Ballstáit a bhaineann le hábhar an Chonartha seo, má chuirtear an díospóid faoina bráid faoi chomhaontú speisialta idir na páirtithe.

*Airteagal 155.* Ach amháin mar a dtugann an Conradh seo dlínse don Chúirt Bhreithiúnais, ní bheidh díospóidí ar páirtí iontu an Comhphobal eisiata ar an bhforas sin ó dhlínse cúirteanna nó binsí na mBallstát.

*Airteagal 156.* D'ainneoin an tréimhse atá leagtha síos sa tríú mír d'Airteagal 146 a bheith caite, féadfaidh páirtí ar bith, i gcás imeachtaí ina mbeidh rialachán ón gComhairle nó ón gCoimisiún faoi shaincheist, na forais a phléadáil a shonraítear sa chéad mhír d'Airteagal 146, d'fhonn neamhfheidhmeacht an rialacháin sin a agairt os comhair na Cúirte Breithiúnais.

*Airteagal 157.* Ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt sa Chonradh seo, ní bheidh éifeacht fionraíochta le caingne a thabharfar os comhair na Cúirte Breithiúnais. Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, áfach, má mheasann sí gur gá sin sna himthosca, a ordú go bhfionrófar feidhm an ghnímh a chonspóidtear.

*Airteagal 158.* Féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ia aon chásanna os a comhair, aon bhearta idirlinne is gá a ordú.

*Airteagal 159.* Beidh breithiúnais na Cúirte Breithiúnais inchurtha i bhfeidhm faoi na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 164.

*Airteagal 160.* Tá Reacht na Cúirte Breithiúnais leagtha síos i bPrótacal ar leith.

Glacfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a rialacha nós imeachta. Is gá formheas d'aontoil ón gComhairle a bheith leo.

## CAIBIDIL II. FORÁLACHA IS COITEANN D'INSTITIÚIDÍ ÉAGSÚLA

*Airteagal 161.* Chun a gcúram a chur i gcrích, déanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún, de réir forálacha an Chonartha seo, rialacháin a cheapadh, treoracha a eisiúint, cinntí a ghlacadh agus moltaí nó tuairimí a thabhairt.

Beidh feidhm ghinearálta ag rialachán. Beidh sé ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Beidh treoir ina ceangal, maidir leis an toradh atá le gnóthú, ar gach Ballstát chun a ndíreofar í, ach fágfar faoi na húdaráis náisiúnta foirm agus modhanna a roghnú.

Beidh cinneadh ina cheangal go huile agus go hiomlán orthu siúd a ndíreofar chucu é.

Ní bheidh aon bhrí cheangailteach le moltaí ná le tuairimí.

*Airteagal 162.* Luafar i rialacháin, i dtreoracha agus i gcinntí ón gComhairle agus ón gCoimisiún na réasúin is bun leo agus tagrófar iontu d'aon tograí nó tuairimí ba ghá a fháil de bhun an Chonartha seo.

*Airteagal 163.* Foilseofar rialacháin in Iris Oifigiúil an Chomhphobail. Tiocfaidh siad i bhfeidhm ar an dáta a shonrófar iontu nó, mura sonraítear dáta chuige, ar an bhfichiú lá tar éis a bhfoilsithe.

Cuirfear treoracha agus cinntí in iúl dóibh siúd chun a ndíreofar iad, agus gabhfaidh éifeacht leo ar iad a chur in iúl amhlaidh.

*Airteagal 164.* Rialófar an cur i bhfeidhm leis na rialacha i dtaobh nós imeachta shibhialta atá i bhfeidhm sa Stát ar ina chríoch a dhéantar an cur i bhfeidhm. Beidh an t-ordú á chur i bhfeidhm i gceangal leis an gcinneadh, gan d'fhoirmiúlacht ach fíorú ar bharántúlacht an chinnte, ón údarás náisiúnta a cheapfaidh Rialtas gach Ballstáit chuige sin agus a chuirfidh sé i bhfios don Choimisiún, don Chúirt Bhreithiúnais agus don Choiste Eadrána a bunaiodh faoi Airteagal 18.

Nuair a bheidh na foirmiúlachtaí sin comhlánaithe, ar iarratas ón bpáirtí atá i gceist, féadfaidh seisean dul i gceann an churtha i bhfeidhm de réir an dlí náisiúnta tríd an ábhar a thabhairt go díreach os comhair an údaráis inniúil.

Ní féidir an cur i bhfeidhm a fhionraí ach amháin trí bhreith na Cúirte Breithiúnais. Ach beidh dlínse ag cúirteanna na tíre lena mbaineann ar ghearáin go bhfuil an cur i bhfeidhm á dhéanamh ar dhóigh neamhrialta.

## CAIBIDIL III. AN COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA

*Airteagal 165.* Bunaítear leis seo Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta. Stádas comhairleach a bheidh aige.

Is iad a bheidh ar an gCoiste ionadaithe ó na haicmí éagsulá sa saoil eacnamaíoch agus sóisialta.

*Airteagal 166.* Is mar a leanas a bheidh líon comhaltaí an Choiste:

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 12 |
| An Danmhairg | 9 |
| An Ghearmáin | 24 |
| An Fhrainc | 24 |
| Éire | 9 |
| An Iodáil | 24 |
| Lucsamburg | 6 |

| | |
|---|---|
| An Ísiltír | 12 |
| An Ríocht Aontaithe | 24*. |

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, comhaltaí an Choiste a cheapadh go ceann ceithre bliana. Féadfar a gceapacháin a athnuachan.

Is ina gcáil phearsanta a cheapfar comhaltaí an Choiste agus ní bheidh siad inchurtha faoi cheangal ag aon teagaisc shainordaitheacha.

*Airteagal 167.* 1. D'fhonn comhaltaí an Choiste a cheapadh, soláthróidh gach Ballstát don Chomhairle liosta ar a mbeidh a dhá oiread iarrthóirí agus atá de shuíocháin in áirithe dá náisiúnaigh.

I gcomhdhéanamh an Choiste tabharfar aird ar a riachtanaí atá sé a áirithiú go bhfuil ionadaíocht leormhaith air do na haicmí éagsúla sa saol eacnamaíoch agus sóisialta.

2. Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis an gCoimisiún. Féadfaidh sí tuairim a fháil ó chomhlachtaí Eorpacha a fheidhmíonn ar son na n-earnálacha éagsúla, eacnamaíoch agus sóisialta, ar cúram leo gníomhaíochtaí an Chomhphobail.

*Airteagal 168.* Déanfaidh an Coiste a chathaoirleach agus a oifigigh a thoghadh as líon a chomhaltaí go ceann téarma dhá bhliain.

Glacfaidh sé a rialacha nós imeachta agus cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle iad lena bhformheas, nach foláir a bheith d'aontoil.

Déanfaidh a chathaoirleach an Coiste a chomóradh, arna iarraidh sin ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún.

*Airteagal 169.* Féadfar an Coiste a roinnt ina rannóga sainfheidhme.

Oibreoidh na rannóga sainfheidhme sin laistigh de théarmaí tagartha ginearálta an Choiste. Ní cead dul i gcomhairle leo gan spleáchas leis an gCoiste.

Féadfar fochoistí a bhunú freisin laistigh den Choiste, chun dréacht-tuairimí a ullmhú ar cheisteanna sonracha nó i réimeanna sonracha lena gcur faoi bhráid an Choiste chun a mbreithnithe aige.

Leagfaidh na rialacha nós imeachta síos modhanna comhdhéanta na rannóg sainfheidhme agus na bhfochoistí agus na téarmaí tagartha dóibh.

*Airteagal 170.* Caithfidh an Chomhairle nó an Coimisiún dul i gcomhairle leis an gCoiste sna cásanna ina bhforáiltear sin leis an gConradh seo. Féadfaidh na hinstitiúidí sin dul i gcomhairle leis an gCoiste i ngach cás inar cuí leo é.

Má mheasann an Chomhairle nó an Coimisiún gur gá sin sonróidh siad don Choiste, chun a thuairim a chur isteach, tréimhse theoranta nach giorra ná deich la ón dáta ar a bhfaighidh an cathaoirleach scéala dá réir sin. Ar an tréimhse sin a bheith caite, mura bhionn tuairim faighte ní chuirfidh sin cosc le dul ar aghaidh tuilleadh.

Cuirfear ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún tuairim an Choiste agus tuairim na rannóige sainfheidhme, maille le taifead ar na himeachtaí.

* An chéad mhír mar atá arna leasú le hAirteagal 21 den Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 11 den Chinneadh Oiriúnuithe.

## TEIDEAL A CEATHAIR. FORÁLACHA AIRGEADAIS

*Airteagal 171.* 1. Déanfar meastacháin a tharraingt suas do gach bliain airgeadais d'ioncam agus caiteachas uile an Chomhphobail, seachas ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta agus na nGnóthas Comhpháirteach, agus taispeánfar an t-ioncam agus an caiteachas sin sa bhuiséad oibre nó sa bhuiséad taighde agus infheistíochta.

Ní foláir an t-ioncam agus an caiteachas a thaispeánfar i ngach buiséad a bheith ar comhardú.

2. Déanfar buiséadú i gcuntas speisialta la haghaidh ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta, a oibreoidh de réir prionsabal tráchtála.

Déanfar an modh chun an t-ioncam agus an caiteachas sin a mheas, a chur i ngníomh agus a iniúchadh a leagan síos, agus aird chuí á thabhairt ar reachtanna na Gníomhaireachta, i rialacháin airgeadais a dhéanfar de bhun Airteagal 183.

3. Cuirfear na meastacháin d'ioncam agus caiteachas, mar aon le cuntais oibríochta agus cláir chomhardaithe na nGnóthas Comhpháirteach do gach bliain airgeadais, faoi bhráid an Choimisiúin, na Comhairle agus an Tionóil de réir reachtanna na nGnóthas sin.

*Airteagal 172.* 1. Áireofar ar ioncam an bhuiséid oibre, ar leithligh ó aon ioncam reatha eile, ranníocaí airgeadais ó Bhallstáit ar an scála seo a leanas:

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 7.9 |
| An Ghearmáin | 28 |
| An Fhrainc | 28 |
| An Iodáil | 28 |
| Lucsamburg | 0.2 |
| An Ísiltír | 7.9 |

2. Áireofar ar ioncam an bhuiséid taighde agus infheistíochta, ar leithligh ó aon acmhainní eile, ranníocaí airgeadais ó Bhallstáit ar an scála seo a leanas:

| | |
|---|---|
| An Bheilg | 9.9 |
| An Ghearmáin | 30 |
| An Fhrainc | 30 |
| An Iodáil | 23 |
| Lucsamburg | 0.2 |
| An Ísiltír | 6.9 |

3. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, na scálaí a mhodhnú.

4. Cruinneofar iasachtaí chun taighde nó infheistíocht a mhaoiniú ar théarmaí a chinnfidh an Chomhairle mar a fhoráiltear in Airteagal 177(5).

Féadfaidh an Comhphobal iasacht a chruinniú ar mhargadh caipitil Ballstáit, de réir na bhforálacha dlí a bhaineann le heisiúintí sa Stát féin, nó, mura bhfuil aon fhorálacha den sórt sin i mBallstát, tar éis don Bhallstát áirithe agus don Choimisiún dul i gcomhairle le chéile agus teacht ar réiteach maidir leis an iasacht atá beartaithe.

Ní fhéadfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit áirithe a n-aontú a dhiúltú ach amháin má bhionn cúis ann lena cheapadh go dtarlóidh suaitheadh tromchúiseach ar mhargadh caipitil an Stáit sin.

*Airteagal 173.* Féadfar na fáltais as tobhaigh, arna mbailiú ag an gComhphobal sna Ballstáit, a chur, go hiomlán nó go páirteach, in ionad na ranníocaí airgeadais ó Bhallstáit a bhforáiltear dóibh in Airteagal 172.

Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle tograí maidir le measúnú na dtobhach sin, an modh chun an ráta a shocrú agus an nós imeachta chun iad a bhailiú.

Tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól i dtaobh na dtograí sin, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, na forálacha iomchuí a leagan síos a mholfaidh sí do na Ballstáit lena nglacadh de réir a rialacha bunreachtúla faoi seach.

*Airteagal 174.* 1. Áireofar go háirithe ar an gcaiteachas a thaispeánfar sa bhuiséad oibre:

*a*) caiteachas riaracháin;

*b*) caiteachas a bhaineann le coimircí agus le sláinte agus sábháilteacht.

2. Áireofar go háirithe ar an gcaiteachas a thaispeánfar sa bhuiséad taighde agus infheistíochta:

*a*) caiteachas a bhaineann le clár taighde an Chomhphobail a chur i ngníomh;

*b*) aon pháirtíocht i gcaipiteal na Gníomhaireachta agus ina caiteachas infheistíochta;

*c*) caiteachas a bhaineann le forais oiliúna a threalmhú;

*d*) aon pháirtíocht sna Gnóthais Comhpháirteacha nó i gcomhoibríochtaí áirithe.

*Airteagal 175.* Beidh an caiteachas a thaispeántar sa bhuiséad oibre údaraithe d'aon bhliain airgeadais amháin, mura bhforáiltear a mhalairt leis na rialacháin a bheidh déanta de bhun Airteagal 183.

De réir coinníollacha a bheidh leagtha síos de bhun Airteagal 183, aon leithreasaí, seachas iad siúd a bhaineann le caiteachas ar fhoireann, a bheidh gan caitheamh i ndeireadh na bliana airgeadais, féadfar iad a thabhairt ar aghaidh chuig an mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, ach ní níos faide ná sin.

Aicmeofar na leithreasaí chun caiteachas a chumhdach faoi chaibidlí éagsúla, agus míreanna caiteachais á ngrúpáil de réir a gcineáil nó a gcuspóra, agus á bhforoinnt, a mhéid is gá sin, de réir na rialachán a bheith déanta de bhun Airteagal 183.

Déanfar caiteachas an Tionóil, na Comhairle, an Choimisiúin agus na Cúirte Breithiúnais a leagan amach i gcodanna leithleacha den bhuiséad gan dochar do shocruithe speisialta le haghaidh míreanna áirithe caitheachais a bheidh orthu i gcoiteannas.

*Airteagal 176.* 1. Faoi réir na dteorainneacha a thig de chláir nó de chinntí lena mbaineann caiteachas agus, ar ghá de bhun an Chonartha seo, aontoilíocht na Comhairle dóibh, áireofar sna suimeanna a dháilfear do chaiteachas ar thaighde agus ar infheisíocht:

*a*) leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí a chumdhaíonn rannchuid míreanna a dhéanann aonad ar leith agus iomlán comhtháite;

*b*) leithreasal íocaíochta atá in ionannas leis an tsuim uasta is iníoctha gach bliain í gcomhair na n-oibleagáidí ina ndeachthas faoi fhomhír *a*).

2. Déanfar sceideal na ndátaí a bheidh na hoibleagáidí agus na híocaíochtaí sin dlite a chur mar iarscríbhinn leis an dréacht-bhuiséad comhréireach atá á thairiscint ag an gCoimisiún.

3. Déanfar leithreasaí le haghaidh taighde agus infheistíochta a aicmiú faoi chaibidlí éagsúla de réir a gcineáil nó a gcuspóra agus iad a roinnt, sa mhéid gur gá sin, de réir na rialachán a bheidh déanta de bhun Airteagal 183.

4. Déanfar údaráis íocaíochta nár úsáideadh a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad bhliain airgeadais eile le cinneach ón gCoimisiún, mura ndéanfaidh an Chomhairle a mhalairt de chinneadh.

*Airteagal 177**. 1. Tosóidh an bhliain airgeadais an 1 Eanáir agus críochnóidh sí an 31 Nollaig.

De réir brí an Airteagail seo folóidh ''buiséad'' an buiséad oibre agus an buiséad taighde agus infheistíochta.

2. Déanfaidh gach Institiúid de chuid an Chomhphobail, roimh an 1 Iúil, meastacháin ar a caiteachas a tharraingt suas. Comhdhlúthóidh an Coimisiún na meastacháin sin i réamhdhréacht do bhuiséad. Cuirfidh sé ag gabháil leis tuairim a bhféadfadh malairt meastachán a bheith inti.

Beidh meastachán ar ioncam agus meastachán ar chaiteachas sa réamhdhréacht sin.

3. Cuirfidh an Coimisiún an réamhdhréacht do bhuiséad faoi bhráid na Comhairle lá nach déanaí ná an 1 Meán Fómhair sa bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur i ngníomh.

Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis an gCoimisiún agus, más iomchuí, leis na hInstitiúidí eile lena mbaineann, aon uair a bheidh d'intinn aici imeacht ón réamhdhréacht sin

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an dréacht-bhuiséad a bhunú agus é a chur ar aghaidh chuig an Tionól.

4. Cuirfear an dréacht-bhuiséad faoi bhráid an Tionóil lá nach danaí ná an 5 Deireadh Fómhair sa bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur i ngníomh.

Beidh de cheart ag an Tionól, ag gníomhú dó trí thromlach a chomhaltaí, an dréacht-bhuiséad a leasú agus a thairiscint don Chomhairle, ag gníomhú trí thromlach glan de na vótaí a caitheadh, go ndéanfar modhnuithe ar an dréacht ina mbaineann le caiteachas a éiríonn ó riachtanas de dhroim an Chonartha nó de dhroim gníomhartha lenar glacadh dá réir.

Más rud é, laistigh de chúig lá is daichead ó cuireadh an dréacht-bhuiséad faoina bhráid, go mbeidh an Tionól tar éis a fhormheas a thabhairt, beidh an buiséad arna ghlacadh go críochnaitheach. Más rud é, laistigh den tréimhse sin, nach mbeidh an Tionól tar eis an dréacht-bhuiséad a leasú nó aon mhodhnú air a thuairiscint, measfar go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad.

Más rud é, laistigh den tréimhse sin, go mbeidh an Tionól tar éis glacadh le leasuithe nó tar éis modhnuithe a thairiscint, cuirfear an dréacht-bhuiséad, mar aon leis na leasuithe nó na modhnuithe a tairgeadh, ar aghaidh chuig an gComhairle.

---

* Téacs an Airteagail seo mar atá arna leasú le hAirteagal 20 den Chonradh a leasaíonn forálacha áirithe airgeadais.

5. Tar éis don Chomhairle an dréacht-bhuiséad sin a phlé leis an gCoimisiún agus, más iomchuí, leis na hInstitiúidí eile lena mbaineann, gníomhóidh sí faoi na coinníollacha seo a leanas:

(*a*) Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, aon leasú lenar ghlac an Tionól a mhodhnú.

(*b*) Maidir leis na modhnuithe a tairgeadh:

— mura mbíonn d'éifeacht le modhnú a thairg an Tionól méadú a thabhairt ar chaiteachas iomlán Institiúide, de bhrí go háirithe go mbeadh an méadú caiteachais a ghabhfadh leis á chúiteamh go sainráite ag modhnú nó modhnuithe a tairgeadh ag déanamh a chomhoiread sin de laghdú ar chaiteachas, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, diúltú don mhodhnú a tairgeadh. Mura dtugtar cinneadh ag diúltú dó, seasfaidh an modhnú a tairgeadh mar mhodhnú ar gabhadh leis;

— má bhíonn d'éifeacht le modhnú a thairg an Tionól méadú a thabhairt ar chaiteachas iomlán Institiúide, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, gabháil leis an modhnú sin a tairgeadh. Mura dtugtar cinneadh ag gabháil leis, seasfaidh an modhnú a tairgeadh mar mhodhnú ar diúltaíodh dó;

— más rud é, de bhun forálacha cheann den dá fhomhír roimhe seo, go mbeidh an Chomhairle tar éis diúltú do mhodhnú a tairgeadh, féadfaidh sí, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an tsuim a thaispeántar sa dréacht-bhuiséad a choinneáil no suim eile a shocrú.

Modhnófar an dréacht-bhuiséad de réir na modhnuithe a tairgeadh agus ar ghabh an Chomhairle leo.

Más rud é, laistigh de chúig lá dhéag ó cuireadh an dréacht-bhuiséad sin faoina bráid, nach mbeidh an Chomhairle tar éis modhnú a dhéanamh ar aon cheann de na leasuithe lenar ghlac an Tionól agus má gabhadh leis na modhnuithe a thairg an Tionól, measfar go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad. Cuirfidh an Chomhairle i bhfios don Tionól nár mhodhnaigh sé aon cheann de na leasuithe agus gur gabhadh leis na modhnuithe a tairgeadh.

Más rud é, laistigh den tréimhse sin, go mbeidh an Chomhairle tar éis modhnú a dhéanamh ar cheann nó níos mó de na leasuithe lenar ghlac an Tionól nó má diúlaíodh do na modhnuithe a thairg an Tionól, nó má modhnaíodh iad, cuirfear an dréacht-bhuiséad arna mhodhnú chuig an Tionól arís. Cuirfidh an Chomhairle torthaí a pléití i bhfios don Tionól.

6. Laistigh de chúig lá dhéag tar éis an dréacht-bhuiséad sin a chur faoina bhráid, agus fios tugtha dó ar cad a tharla i dtaobh na modhnuithe a thairg sé, féadfaidh an Tionól, ag gníomhú trí thromlach a chomhaltaí agus le trí chúigiú de na vótaí a caitheadh, modhnuithe na Comhairle ar leasuithe an Tionól a leasú nó a dhiúltú, agus glacfaidh sé leis an mbuiséad dá réir sin. Mura mbeidh an Tionól tar éis gníomhú laistigh den tréimhse sin, measfar go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad.

7. Nuair a bheidh an nós imeachta dá bhforáiltear san Airteagal seo críochnaithe, dearbhóidh Uachtarán an Tionól go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad.

8. Ach féadfaidh an Tionól, ag gníomhú dó trí thromlach a chomhaltaí agus le dhá thrian de na vótaí a caitheadh, ar chúiseanna tábhachtacha, diúltú don dréacht-bhuiséad agus a iarraidh go gcuirfí dréacht nua faoina bhráid.

9. Déanfar uasráta méadaithe maidir le caiteachas den saghas céanna i gcaitheamh na bliana airgeadais reatha a shocrú gach bliain don chaiteachas go léir seachas an méid a thig ó riachtanas de dhroim an Chonartha nó de dhroim gníomhartha lenar glacadh dá bhun.

Cinnfidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um Beartas Eacnamaíoch, cad é méid an uasráta sin, de réir mar is toradh é:

— ar an treo atá, i dtéarmaí toirte, ar an olltáirgeacht náisiúnta sa Chomhphobal;

— ar an meánathrú i mbuiséid na mBallstát; agus

— ar threo an chostais mhaireachtála i gcaitheamh na bliana airgeadais roimhe sin.

Cuirfear an t-uasráta in iúl, roimh an 1 Bealtaine, d'Institiúidí uile an Chomhphobail. Beidh de cheangal orthu sin cloí leis le linn imeachtaí an bhuiséid, faoi réir forálacha an ceathrú agus an cúigiú fomhír den mhír seo.

Más rud é, i gcas caiteachais seachas a dtig ó riachtanas de dhroim an Chonartha nó de dhroim gníomhartha lenar glacadh dá bhun, go bhfuil ráta an mhéadaithe de dhroim an dréacht-bhuiséid a bhunaigh an Chomhairle os cionn leath an uasráta, féadfaidh an Tionól, i bhfeidhmiú a cheart leasúcháin, suim iomlán an chaiteachais sin a mhéadú tuilleadh go feadh leath an uasráta.

Más rud é go measfaidh an Tionól, an Chomhairle nó an Coimisiún gur gá do ghníomhaíochtaí na gComhphobal gabháil thar an ráta a cinneadh de réir an nós imeachta atá leagtha síos sa mhír seo, féadfar ráta eile a shocrú trí chomhaontú idir an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, agus an Tionól, ag gníomhú dó trí thromlach a chomhaltaí agus le trí chúigiú de na vótaí a caitheadh.

10. Feidhmeoidh gach Institiúid na cumhachtaí a thugtar di leis an Airteagal seo, agus aird chuí aici ar fhorálacha an Chonartha agus ar ghníomhartha lenar glacadh dá réir, go háirithe na cinn a bhaineann le hacmhainní dílse na gComhphobal féin agus leis an gcomhardú idir ioncam agus caiteachas.

*Airteagal 178**. Más rud é, i dtosach bliana airgeadais, nach bhfuil an buiséad vótáilte fós, féadfar suim nach mó ná an dóú cuid déag de na leithreasaí buiséid don bhliain airgeadais roimhe sin a chaitheamh gach mí i leith aon chaibidil nó foroinn eile den bhuiséad, de réir forálacha na rialachán a bheidh déanta de bhun Airteagal 183; ach ní bheidh d'éifeacht leis an socrú sin go gcuirfear ar láimh an Choimisiúin leithreasaí de bhreis ar an dóú cuid déag díobh siúd dá bhforáiltear sa dréacht-bhuiséad ata á ullmhú.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, agus ar chuntar go gcomhlíontar na coinníollacha eile atá leagtha síos sa chéad fhomhír, caiteachas de bhreis ar an dóú cuid déag a údarú.

Má bhaineann an cinneadh sin le caiteachas nach dtig ó riachtanas de dhroim an Chonartha nó de dhroim gníomhartha lena glacadh dá réir, cuirfidh an Chomhairle ar aghaidh chuig an Tionól é láithreach: laistigh de 30 lá, féadfaidh an

* Téacs an Airteagail seo mar atá arna leasú le hAirteagal 21 den Chonradh a leasaíonn forálacha áirithe airgeadais.

Tionól, ag gníomhú dó trí thromlach a chomhaltaí agus le trí chúigiú de na vótaí a caitheadh, glacadh le cinneadh éagsúil ar an gcaiteachas de bhreis ar an dóú cuid déag dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Beidh an chuid sin de chinneadh na Comhairle ar fionraí go dtí go mbeidh a chinneadh tugtha ag an Tionól. Más rud é nach mbeidh an Tionól tar éis cinneadh atá éagsúil le cinneadh na Comhairle a ghlacadh laistigh den tréimhse sin measgar go bhfuil glactha go críochnaitheach le cinneadh na Comhairle.

Leagfar síos leis na cinntí dá bhforáiltear da dara agus sa tríú fomhír na bearta is gá maidir le hacmhainní chun a áirithiú go gcuirfear an tAirteagal seo chun feidhme.

*Airteagal 179.* Cuirfidh an Coimisiún an buiséid i ngníomh, de réir forálacha na rialachán a bheidh déanta de bhun Airteagal 183, ar a threagracht féin agus laistigh de theorainneacha na leithreasaí.

Leagfaidh na ríalacháin síos rialacha mionchruinne do gach institiúid maidir lena páirt ag déanamh a caitheachais féin.

Laistigh de na buiséid, féadfaidh an Coimisiún, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagadh síos sna rialacháin a bheidh déanta de bhun Airteagal 183, leithreasaí a aistriú ó chaibidil go chéile nó ó fhoroinn go chéile.

*Airteagal 179*a*. Cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle agus an Tionóil gach bliain cuntais na bliana airgeadais roimhe sin maidir leis an mbuiséad a chur i ngníomh. Cuirfidh an Coimisiún chucu freisin ráiteas airgeadais ar shócmhainní agus dlíteanais an Chomhphobail.

*Airteagal 180***. 1. Bunaítear leis seo Cúirt Iniúchóirí.

2. Naoi gcomhalta a bheidh ar an gCúirt Iniúchóirí.

3. Roghnófar comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí as daoine a bhain nó a bhaineann ina dtíortha faoi seach le comhlachtaí iniúchóireachta seachtraí nó a bhfuil cáilíocht speisialta acu le haghaidh na hoifige sin. Ní foláir a neamhspleáchas a bheith slán ó amhras.

4. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól, eomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí a cheapadh go ceann téarma sé bliana.

Ach nuair a bheidh na chéad cheapacháin á ndéanamh roghnófar ceithre chomhalta den Chúirt iniúchóirí trí chrannchur agus gan a bheith acu de théarma oifige ach ceithre bliana.

Féadfar comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí a athcheapadh.

Toghfaidh siad Uachtarán na Cúirte Iniúchóirí, as a líon féin go ceann téarma trí bliana. Féadfar an tUachtarán a atoghadh.

5. Beidh comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí, ar mhaithe le leas an Chomhphobail i gcoitinne, neamhspleách ar fad i gcomhlíonadh a ndualgas.

I gcomhlíonadh na ndualgas sin, ní iarrfaidh ná ní glacfaidh siad teagaisc ó aon rialtas, ná ó chomhlacht ar bith eile. Staonfaidh siad ó gníomh ar bith nach luíonn lena ndualgais.

* Airteagal a cuireadh isteach le hAirteagal 22 den Chonradh a leasaíonn forálacha áirithe airgeadais.

** Téacs an Airteagail seo mar atá arna leasú le hAirteagal 23 den Chonradh a leasaíonn forálacha áirithe airgeadais.

6. Ní cead do chomhaltaí na Cúirte Iniúchóirí, le linn a théarma oifige, gabháil le haon slí bheatha eile, sochrach ná neamhshochrach. Ar dhul i mbun a ndualgas dóibh, tabharfaidh siad gealltanas sollúnta go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiaidh, na hoibleagáidí a leanann as a n-oifig agus go háirithe a ndualgas chun bheith ionraic stuama i dtaobh ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis scor dá n-oifig dóibh.

7. Amach ó ghnáthathrú ar chomhaltaí, nó i gcás comhalta d'fháil bháis, críochnóidh dualgais chomhalta den Chúirt Iniúchóirí ar é a éirí as oifig, nó ar é a scor go héigeantach de bhíthin breithe ón gCúirt Bhreithiúnais de bhun mhír 8.

Ceapfar comhalta nua in ionad an chomhalta sin don tréimhse a bheidh fágtha dá théarma oifige.

Ach amháin i gcás comhalta a scor go héigeantach faoi fhorálacha mhír 8, fanfaidh comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí i seilbh oifige go dtí go ngabhfar a n-ionad.

8. Ní fhéadfar a oifig na a cheart chun pinsin nó sochar eile ina ionad sin a bhaint de chomhalta den Chúirt Iniúchóirí ach amháin i gcás ina dtabharfaidh an Cúirt Bhreithiúnais de bhreith, ar iarratas ón gCúirt Iniúchóirí, nach bhfuil coinníollacha riachtanacha a oifige á gcomhlíonadh nó na hoibleagáidí a ghabhann léí á bhfreastal aige a thuilleadh.

9. Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, coinníollacha fostaíochta Uachtarán agus comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí agus go háirithe a dtuarastail, a liúntais agus a bpinsin. Cinnfidh an Chomhairle chomh maith, leis an tromlach céanna, aon liúntais is intugtha in ionad luach saothair.

10. Na forálacha den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí na gComhphobal Eorpach a bhaineann le Breithiúna na Cúirte Breithiúnais, bainfidh siad freisin le comhaltaí na Cúirte Iniúchóirí.

*Airteagal 180*a*. 1. Scrúdóidh an Chúirt Iniúchóirí na cuntais ar ioncam agus caiteachas uile an Chomhphobail. Scrúdóidh sí freisin na cuntais ar ioncam agus caiteachas uile gach comhlachta a bunaíodh ag an gComhphobal, sa mhéid nach gcuireann ionstraim a bhunaithe bac ar an scrúdú sin.

2. Déanfaidh an Chúirt Iniúchóirí scrúdú féachaint an bhfuarthas an t-ioncam, agus ar tabhaíodh an caiteachas, ar mhodh dlíthiúil rialta, agus an ndearnadh bainistíocht fhónta ar an airgeadas.

Iniúchfar an t-ioncam ar bhonn ráiteas agus ar bhonn iocaíochtaí ioncaim leis an gComhphobal.

Iniúchfar an caíteachas ar bhonn mortabhálacha a glacadh agus íocaíochtaí a rinneadh.

Féadfar an iniúchóireacht sin a dhéanamh roimh dhúnadh na gcuntas don bhliain airgeadais atá i gceist.

3. Bunófar an iniúchóireacht ar thaifid agus, más gá, déanfar ar an bhfód í in Institiúidí an Chomhphobail, agus sna Ballstáit. Sna Ballstáit déanfar an iniúchóireacht i gcuibhreann leis na hInstitiúidí náisiúnta iniúchóireachta nó, mura mbíonn na cumhachtaí riachtan a cha acu sin, leis na ranna náisiúnta inniúla. Cuirfidh na hInstitiúidí nó na ranna sin i bhfios don Chúirt Iniúchóirí an bhfuil siad chun páirt a ghlacadh san iniúchóireacht.

* Airteagal a cuireadh isteach le hAirteagal 24 den Chonradh a leasaíonn forálacha áirithe airgeadais.

Cuirfidh Institiúidí an Chomhphobail agus na hInstitiúidí náisiúnta iniúchóireachta nó, mura mbíonn na cumhachtaí riachtanacha acu sin, na ranna náisiúnta inniúla, ar aghaidh chuig an gCúirt Iniúchóirí, arna iarradh sin di, aon doiciméad nó faisnéis is gá chun a cúram a chomhlíonadh.

4. Tar éis deireadh gach bliana airgeadais, tarraingeoidh an Chúirt Iniúchóirí suas tuarascáil bhliantúil. Cuirfear ar aghaidh chuig Institiúidí an Chomhphobail í agus foilseofar í, mar aon le freagraí na nInstitiúidí sin ar ráitis na Cúirte Iniúchóirí, in *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach.*

Féadfaidh an Chúirt Iniúchóirí ina theannta sin, tráth ar bith, ráitis ar cheisteanna sonracha a chur isteach agus tuairimí a thabhairt, ar iarratas a fháil ó cheann d'Institiúidí an Chomhphobail.

Glacfaidh sí a tuarascálacha bliantúla, nó tuairimí, trí thromlach a comhaltaí.

Cabhróidh sí leis an Tionól agus leis an gComhairle i bhleidhmiú a gcumhachtaí urlámhais chun a buiséad a chur i bhfeidhm.

*Airteagal 180*b*. Déanfaidh an Tionól, ar mholadh ón gComhairle agus í ag gníomhú trí thromlach cáilithe, urscaoileadh a thabhairt don Choimisiún i leith an buiséad a chur i ngníomh. Chun na críche sin, déanfaidh an Tionól, i ndiaidh na Comhairle, scrúdú ar na cuntais agus an ráiteas airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 179*a*, agus ar an tuarascáil bhliantúil ón gCúirt Iniúchóirí maille le freagraí na nInstitiúidí faoi iniúchadh ar ráitis na Cúirte Iniúchóirí.

*Airteagal 181*. Tarraingeofar suas an buiséid agus an cuntas dá bhforáiltear in Airteagal 171(1) agus (2) san aonad cuntais a cinneadh de réir forálacha na rialachán airgeadais a bheidh déanta de bhun Airteagal 183.

Déanfaidh na Ballstáit na ranníocaí airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 172 a chur ar láimh an Chomhphobail ina n-airgead reatha náisiúnta.

Taiscfear le Státchistí na mBallstát, nó le comhlachtaí a shonróidh siad a mbeidh ar fáil d'iarmhéideanna na ranníocaí sin. Le linn na cistí sin a bheith i dtaisce, coinneoidh siad an luach a fhreagraíonn don chothrom a bhí ann lá a dtaiscthe i leith an aonaid chuntais dá dtagraítear sa chéad mhír.

Féadfar na hiarmhéideanna a infheistiú ar théarmaí ar a gcomhaontóidh an Coimisiún agus an Ballstát áirithe.

*Airteagal 182*. 1. Féadfaidh an Coimisiún, ach é chur in iúl d'údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann, aistriú go hairgead reatha cheann de na Ballstáit a dhéanamh ar a bhfuil ina sheilbh aige d'airgead reatha Ballstáit eile, a mhéid is gá le go bhféadfar é a úsáid chun na críocha a cheaptar dó leis an gConradh seo. Seachnóidh an Coimisiún aistriú dá leithéid sin, chomh fada agus is féidir, má bhíonn airgead nó sócmhainní insóinseáilte ar seilbh aige sna hairgid reatha áta ag teastáil uaidh.

2. Déileálfaidh an Coimisiún le gach Ballstát trid an údarás a bheidh sonraithe ag an Stát áirithe. Chun oibríochtaí airgeadais a chur i gcrích, bainfidh an Coimisiún leas as seirbhísí bhanc eisiúna an Bhallstáit atá i gceist nó aon institiúide airgeadais eile a bheidh formheasta ag an Stát sin.

3. Maidir leis an gcaiteachas nach foláir don Chomhphobal a thabhú in airgid reatha tríú tíortha, déanfaidh an Coimisiún, sula nglacfar go críochnaitheach

* Airteagal a cuireadh isteach le hAirteagal 25 den Chonradh a leasaíonn forálacha áirithe airgeadais.

leis na buiséid, clár a chur faoi bhráid na Comhairle ina leagfar amach an t-ioncam agus an caiteachas réamh-mheasta sna hairgid reatha éagsúla.

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an clár seo a fhormheas. Féadfar é a mhodhnú i gcaitheamh na bliana airgeadais de réir an nós imeachta chéanna.

4. Déanfaidh na Ballstáit airgead reatha tríú tíortha a mbeidh gá leis faoi chomhair an chaiteachais a thaispeánfar sa chlár dá bhforáiltear i mír 3 a aistriú chun an Choimisiúin de réir na scálaí atá leagtha síos in Airteagal 172. Déanfar suimeanna a bhaileoidh an Coimisiún in airgead reatha tríú tíortha a aistriú chun na mBallstát de réir na scálaí céanna.

5. Féadfaidh an Coimisiún aon suimeanna in airgead reatha tríú tíortha, a fuarthas i bhfoirm iasachtaí a fuair sé sna tíortha sin, a úsáid gan bhac.

6. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún, na socruithe i dtaobh malairte dá bhforáiltear sna míreanna roimhe seo a chur chun feidhme, go hiomlán nó go páirteach, ar an nGníomhaireacht agus ar Ghnóthais Chomhpháirteacha, agus, nuair is iomchuí sin, na socruithe sin a chur in oiriúint dá riachtanais oibríochta.

*Airteagal 183**. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól agus tuairim na Cúirte Iniúchóirí a fháil:

(*a*) rialacháin airgeadais ina sonrófar go háirithe an nós imeachta is inleanta chun an buiséad a bhunú agus a chur i ngníomh agus chun cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh;

(*b*) na modhanna agus an nós imeachta a chinneadh ar dá réir a bheidh an t-ioncam buiséid dá bhforáiltear faoi na socruithe i draobh acmhainní dílse na gComhphobal féin le cur ar fáil don Choimisiún agus na bearta a chinneadh a bheith le feidhmiú, más gá, chun freastal do riachtanais airgeadais;

(*c*) rialacha a leagan síos i dtaobh freagracht oifigeach údaráis agus oifigeach cuntais agus i dtaobh socruithe iomchuí le hagnaidh cigireachta.

## TEIDEAL A CÚIG. FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 184*. Beidh pearsantacht dhlítheanach ag an gComhphobal.

*Airteagal 185*. I ngach ceann de na Ballstáit, beidh ag an gComhphobal an inniúlacht dhlítheanach is fairsinge atá ar fáil faoina dhlíthe ag daoine dlítheanacha; féadfaidh sé, go háirithe, maoin shochorraithe agus maoin dhochorraithe a fháil nó a dhiúscairt agus féadfaidh sé bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla. Chuige sin, feidhmeoidh an Coimisiún ar son an Chomhphobail.

*Airteagal 186. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 24(2) den Chonradh Comhcheangail)*

[*Feic Airteagal 24(1) den Chonradh Comhcheangail arb sé seo a leanas a théacs:*

1. Beidh oifigigh agus seirbhísigh eile an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an

* Téacs an Airteagail seo mar atá arna leasú le hAirteagal 26 den Chonradh a leasaíonn forálacha áirithe airgeadais.

Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, ar dháta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm, ina n-oifigigh agus ina seirbhísigh eile do na Comhphobail Eorpacha agus ina gcuid de riarachán aonair na gComhphobal sin.

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile lena mbaineann, Rialacháin Foirne na n-oifigeach do na Comhphobail Eorpacha agus Coinníollacha Fostaíochta na seirbhíseach eile do na Comhphobail sin a leagan síos.]

*Airteagal 187.* Chun na cúraimí a chuirtear air a chomhlíonadh, féadfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis a chruinniú, agus aon fhíorú is gá a dhéanamh, faoi na teorainneacha agus na coinníollacha a bheidh leagtha síos ag an gComhairle de réir forálacha an Chonartha seo.

*Airteagal 188.* Beidh dliteanas conarthach an Chomhphobail faoi rialú ag an dlí a bhaineann leis an gconradh atá i gceist.

I gcás dliteanais neamhchonarthaigh, déanfaidh an Comhphobal, de réir na bprionsabal ginearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste a shlánú a raibh a institiúidí nó sheirbhísigh ina siocair leis ag comhlíonadh a ndualgas dóibh.

Beidh dliteanas pearsanta a sheirbhísigh i leith an Chomhphobail faoi rialú ag na forálacha a bheidh leagtha síos sna Rialacháin Foirne nó sna Coinníollacha Fostaíochta a bhaineann leo.

*Airteagal 189.* Cinnfidh Rialtais na mBallstát, de thoil a chéile, suíomh institiúidí an Chomhphobail.

*Airteagal 190.* Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, na rialacha i dtaobh teangacha institiúidí an Chomhphobail a chinneadh, gan dochar do na forálacha atá i rialacha nós imeachta na Cúirte Breithiúnais.

*Airteagal 191. (Aisghaireadh an tAirteagal seo leis an dara mir d'Airteagal 28 den Chonradh Comhcheangail)*

[*Feic an chéad mhír d'Airteagal 28 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

Beidh ag na Comhphobail Eorpacha, i gcríocha na mBallstát, na pribhléidí agus na díolúintí is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Phrótacal atá i gceangal leis an gConradh seo. Bainfidh an céanna leis an mBanc Eorpach Infheistíochta.]

*Airteagal 192.* Déanfaidh na Ballstáit gach beart is cuí, go ginearálta nó go leithleach, chun a chinneadh go gcomhlíonfar na hoibleagáidí a thiocfaidh as an gConradh seo nó as gníomh ag institiúidí an Chomhphobail. Éascóidh siad comhlíonadh a chúraimí ag an gComhphobal.

Staonfaidh siad ó aon bheart a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do ghnóthú aidhmeanna an Chonartha seo.

*Airteagal 193.* Gabhann na Ballstáit orthu féin nach gcuirfidh siad díospóid maidir le léiriú nó feidhmiú an Chonartha seo á réiteach ar mhodh ar bith seachas mar a fhoráiltear ann.

*Airteagal 194.* 1. Beidh de cheangal ar chomhaltaí institiúidí an Chomhphobail, ar chomhaltaí coistí, ar oifigigh agus seirbhísigh eile an Chomhphobail,

agus ar aon daoine eile, a mbeidh orthu, i ngeall ar a ndualgais nó a gcaidreamh, poiblí nó príobháideach, le hinstitiúidí nó le suiteálacha an Chomhphobail nó leis na Gnóthais Chomhpháirteacha, aon fhíorais, faisnéis, eolas, doiciméid nó nithe, a bheidh faoi chóras slándála de réir forálacha a bheidh leagtha síos ag Ballstát nó ag institiúid de chuid an Chomhphobail, a fháil, nó fios a fháil orthu, na fíorais, an fhaisnéis, an t-eolas, na doiciméid agus na nithe sin a choimeád ina rún ó aon duine neamhúdaraithe agus ón bpobal i gcoitinne, fiú tar éis deireadh a theacht leis na dualgais nó leis an gcaidreamh sin.

Féachfaidh gach Ballstát ar aon sárú a dhéanfar ar an oibleagáid sin mar ghníomh atá dochrach dá rialacha féin maidir le rúndacht agus mar ghníomh a thig, ó thaobh forais agus dlínse, faoi réim dlíthe an Bhallstáit maidir le gníomhartha atá dochrach do shlándáil an Stáit nó le nochtadh rún gairmiúil. Déanfaidh an Ballstát sin, ar aon Bhallstát lena mbaineann nó an Coimisiún á iarraidh sin, aon duine laistigh dá dhlínse a chúiseamh a dhéanfaidh aon sárú den sórt sin.

2. Cuirfidh gach Ballstát in iúl don Choimisiún na forálacha go léir a rialaíonn, laistigh dá chríocha, rúnaicmiú agus rúndacht faisnéise, eolais, doiciméad nó nithe lena mbaineann an Conradh seo.

Déanfaidh an Coimisiún deimhin de go gcuirfear na forálacha sin in iúl do na Ballstáit eile.

Déanfaidh gach Ballstát na bearta go léir is iomchuí chun gur fusa córas slándála chomh mór ar chomhrian agus chomh cuimsitheach agus is féidir a bhunú go comhleanúnach. Féadfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit áirithe, moltaí a dhéanamh chun na críche sin.

3. Beidh de cheangal ar institiúidí an Chomhphobail agus ar a suiteálacha agus ar na Gnóthais Chomhpháirteacha feidhm a thabhairt do rialacha an chórais slándála atá i bhfeidhm sa chríoch ina bhfuil gach ceann acu.

4. Aon údarás a thabharfaidh institiúid de chuid an Chomhphobail nó Ballstát do dhuine a fheidhmíonn a ghníomhaíochtaí sa réimse lena mbaineann an Conradh seo chun rochtain a bheith aige ar fhíorais, faisnéis, doiciméid nó nithe lena mbaineann an Conradh seo agus atá faoi chóras slándála, tabharfaidh gach institiúid eile agus gach Ballstát eile aitheantas dó.

5. Ní bheidh forálacha an Airteagail seo ina gcosc ar fheidhmiú forálacha speisialta a thiocfaidh ó chomhaontuithe a rinneadh idir Ballstát agus tríú Stát nó eagraíocht idirnáisiúnta.

*Airteagal 195.* Nuair a bheidh an Conradh seo á chur chun feidhme, comhlíonfaidh institiúidí an Chomhphobail, an Ghníomhaireacht agus na Gnóthais Chomhpháirteacha na coinníollacha maidir le rochtain ar mhianta, ar bhunábhair agus ar ábhair inscoilte speisialta atá leagtha síos i rialacha agus i rialacháin náisiúnta a rinneadh ar chúiseanna a bhain leis an mbeartas poiblí nó leis an tsláinte phoiblí.

*Airteagal 196.* Chun críocha an Chonartha seo agus mura bhforáiltear a mhalairt ann:

*a*) Ciallaíonn "duine" aon duine nádúrtha a dhéanann a ghníomhaíochtaí go léir, nó cuid acu, i gcríocha na mBallstát laistigh den réimse a shonraítear sa Chaibidil iomchuí den Chonradh seo.

*b*) Ciallíonn "gnóthas" aon ghnóthas nó institiúid a dhéanann a ghníomhaíochtaí go léir no cuid acu i gcríocha na mBallstát laistigh den réimse a shon-

raítear sa chaibidil iomchuí den Chonradh seo, cibé stádas dlíthiúil, poiblí nó príomháideach, atá aige.

*Airteagal 197.* Chun críocha an Chonartha seo:

1. Ciallaíonn "ábhair inscoilte speisialta" plutóiniam-239; úráiniam-233; úráiniam saibhrithe in úráiniam-235 nó úráiniam-233; aon substaint ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na hiseatóipí roimhe seo agus cibé ábhair inscoilte eile a shonróidh an Chomhairle, ag gniomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún; níl bunábhair ar áireamh, áfach, sa téarma "ábhair inscoilte speisialta".

2. Ciallaíonn "úráiniam saibhrithe in úráiniam-235 nó úráiniam-233" úráiniam ina bhfuil an cion sin d'úráiniam-235 nó d'úráiniam-233, nó den dá cheann, a thabharfaidh gur mó an coibhneas líonmhaireachta idir suim na n-iseatóipí sin agus iseatóip 238 ná an coibhneas atá sa nádur idir iseatóip 235 agus iseatóip 238.

3. Ciallaíonn "bunábhair" úráiniam ina bhfuil an meascán iseatóipí atá sa nádúr; úráiniam ar lú ná an normal an cion d'úráiniam-235 atá ann; tóiriam; aon cheann de na hábhair roimhe seo i bhfoirm miotail, cóimhiotail, comhdhúile ceimicí nó tiubhacháin; substaint ar bith eile ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na hábhair roimhe seo i dtiubhachán mar a shonróidh an Chomhairle, ag gniomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiun.

4. Ciallaíonn "mianta" aon mhian ina bhfuil, i meán-tiubhachán mar a shonróidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, substaintí ar féidir na bunábhair a shainítear thuas a fháil astu tríd an bpróiseáil cheimiceach agus fhisiciúil is iomchuí.

*Airteagal 198.* Ach amháin mar a bhforáiltear a mhalairt, beith feidhm ag an gConradh seo maidir le críocha Eorpacha na mBallstát agus leis na críocha neamh-Eorpacha atá faoina ndlínse.

Beidh feidhm aige freisin maidir leis na críocha Eorpacha a bhfuil Ballstát freagrach ina gcaidreamh eachtrach.

*De mhaolú ar na míreanna roimhe seo:

*a)* Ní bhainfidh an Conradh seo le hOileáin Fháró. Féadfaidh Rialtas Ríocht na Danmhairge, áfach, a fhógairt, trí dhearbhú a thaisceadh tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 1975 le Rialtas Phoblacht na hIodáile, go bhfuil an Conradh seo infheidhme i leith na n-oileán sin, agus cuirfidh an Rialtas sin cóip dheimhnithe den dearbhú sin chuig Rialtas gach Ballstáit eile. Sa chás sin, bainfidh an Conradh seo leis na hoileáin sin amhail ón gcéad lá den dara mí tar éis an dearbhú sin a thaisceadh.

*b)* Ní bhainfidh an Conradh seo le limistéir cheannasachta Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann sa Chipir.

*c)* Ní bhainfidh an Conradh seo leis na tíortha agus na críocha thar lear a bhfuil caidreamh speisialta acu le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus nach bhfuil luaite sa liosta in Iarscríbhinn IV den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.

* Cuireadh isteach an tríú mír le hAirteagal 27 den Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 16 den Chinneadh Oiriúnuithe.

*d*) Ní bhainfidh forálacha an Chonartha seo le hOileáin Mhuir nIocht ná le hOileán Mhanann ach a mhéid is gá chun a áirithiú go bhfeidhmeofar an córas dá bhforáiltear do na hoileáin sin sa Chonradh i dtaobh aontachas na mBallstát nua le Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a síníodh an 22 Eanáir 1972.

*Airteagal 199.* Is de dhualgas an Choimisiúin é a áirithiú go gcoimeádfar gach caidreamh iomchuí le horgáin na Náisiún Aontaithe, a sainghníomhaireachtaí agus an Chomhaontaithe Ghinearálta ar Tharaifí agus Trádáil.

Déanfaidh an Coimisiún freisin caidreamh mar is iomchuí a choimeád le gach eagraíocht idirnáisiúnta.

*Airteagal 200.* Bunóidh an Comhphobal gach cineál comharaíochta is iomchuí le Comhairle na hEorpa.

*Airteagal 201.* Bunóidh an Comhphobal dlúthchomharaíocht leis an Eagraíocht um Chomhar Eacnamaíoch san Eoraip; socrófar na sonraí de thoil a chéile.

*Airteagal 202.* Ní chuirfidh forálacha an Chonartha seo bac le haontais réigiúnacha idir an Bheilg agus Lucsamburg, nó idir an Bheilg, Lucsamburg agus an Ísiltír, a bheith ann nó a chomhlánú, sa mhéid nach bhfuil aidhmeanna na n-aontas réigiúnach sin á ngnóthú trí fheidhmiú an Chonartha seo.

*Airteagal 203.* Má tharlaíonn, gur gá don Chomhphobal gníomhú chun aidhm de chuid an Chomphobail a ghnóthú agus nach dtugtar sa Chonradh seo na cumhachtaí is gá, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól, na bearta iomchuí a ghlacadh.

*Airteagal 204.* Féadfaidh Rialtas aon Bhallstáit nó an Coimisiún tograí a chur faoi bhráid na Comhairle chun an Conradh seo a leasú.

Má dhéanann an Chomhairle, tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól, agus, nuair is iomchuí, leis an gCoimisiún, tuairim a thabhairt i bhfabhar comhdháil d'ionadaithe ó Rialtais na mBallstát a ghairm, comórfaidh Uachtarán na Comhairle an chomhdáil chun na leasuithe a bheidh le déanamh ar an gConradh seo a chinneadh de thoil a chéile.

Tiocfaidh na leasuithe i bhfeidhm tar éis a ndaingnithe ag na Ballstáit go léir de réir a rialacha bunreachtúla faoi seach.

*Airteagal 205.* Féadfaidh aon Stát Eorpach iarratas a dhéanamh chun bheith ina chomhalta den Chomhphobal. Díreoidh sé a iarratas chun na Comhairle, agus gníomhóidh an Chomhairle d'aontoil tar éis di tuairim an Choimisiúin a fháil.

Na coinníollacha ar a ligfear Stát isteach agus na hoiriúnuithe is gá dá chionn sin ar an gConradh seo, beidh siad ina n-ábhar do chomhaontú idir na Ballstáit agus an Stát iarrthach. Cuirfear an comhaontú sin faoi bhráid na Stát conarthach uile lena dhaingniú acu de réir a rialacha bunreachtúla faoi seach.

*Airteagal 206.* Féadfaidh an Comhphobal comhaontuithe a thabhairt i gcrích le tríú Stát, le haontas Stát nó le heagraíocht idirnáisiúnta, ag bunú comhlachais lena ngabhfaidh cearta agus oibleagáidí cómhalartacha, comhghníomhaíocht agus nósanna imeachta speisialta.

Tabharfaidh an Chomhairle na comhaontuithe sin i gcrích, ag gníomhú di d'aontoil tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól.

I gcás inar gá leasuithe ar an gConradh seo de dhroim na gcomhaontuithe sin, déanfar i dtosach báire na leasuithe sin a ghlacadh de réir an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 204.

*Airteagal 207.* Is cuid dhílis den Chonradh seo na Prótacail atá i gceangal leis de chomhthoil na mBallstát.

*Airteagal 208.* Tá an Conradh seo tugtha i gcrích go ceann tréimhse gan teorainn.

## TEIDEAL A SÉ. FORÁLACHA MAIDIR LEIS AN TRÉIMHSE TOSAIGH

### *Roinn I.* NA hINSTITIÚIDÍ A THIONSCNAMH

*Airteagal 209.* Tiocfaidh an Chomhairle le chéile laistigh de mhí tar éis an Conradh seo a theacht i bhfeidhm.

*Airteagal 210.* Déanfaidh an Chomhairle, laistigh de thrí mhí óna céad chruinniú, gach beart iomchuí chun an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a chomhdhéanamh.

*Airteagal 211.* Tiocfaidh an Tionól le chéile laistigh de dhá mhí ó chéad chruinniú na Comhairle, arna chomóradh ag Uachtarán na Comhairle, chun a oifigigh a thoghadh agus a rialacha nós imeachta a tharraingt suas. Go dtí go mbeidh a oifigigh arna dtoghadh, is é an comhalta is sine a bheidh i gceannas air.

*Airteagal 212.* Rachaidh an Chúirt Bhreithiúnais i mbun a dualgas a luaithe a bheidh an comhaltaí ceaptha. Ceapfar a céad Uachtarán go ceann trí bliana ar an modh céanna ar a gceaptar an comhaltaí.

Glacfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a rialacha nós imeachta laistigh de thrí mhí ó dhul i mbun a dualgas di.

Ní féidir ábhar ar bith a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais go dtí go mbeidh a rialacha nós imeachta foilsithe. Ní rithfidh an tréimhse chun caingean a thionscnamh ach amháin ó dháta a bhfoilsithe.

Ar é a cheapadh, feidhmeoidh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais na cumhachtaí a thugtar dó leis an gConradh seo.

*Airteagal 213.* Rachaidh an Coimisiún i mbun a dhualgas agus gabhfaidh sé chuige na freagrachtaí a chuirtear air leis an gConradh seo a luaithe a bheidh a chomhaltaí ceaptha.

Ar dhul i mbun a dhualgas don Choimisiún, gabhfaidh sé láithreach i gceann an staidéir agus socróidh sé na comhtheagmhálacha le Ballstáit, gnóthais, oibrithe agus tomhaltóirí is gá chun suirbhéireacht ghinearálta a dhéanamh ar staid na dtionscal núicléach sa Chomhphobal. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar an ábhar sin faoi bhráid an Tionóil laistigh de shé mhí.

*Airteagal 214.* 1. Rithfidh an chéad bhliain airgeadais ó dháta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig dá éis sin. Má tharlaíonn, áfach, gur sa dara leath den bhliain a thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm, rithfidh an chéad bhliain airgeadais go dti an 31 Nollaig an bhliain dá éis sin.

2. Go dtí go mbeidh buiséid na chéad bhliana airgeadais bunaithe tabharfaidh Ballstáit airleacain saor ó ús don Chomhphobal agus bainfear iad sin dá ranníocaí airgeadais chun na buiséid a chur i ngníomh.

3. Go dtí go socrófar na Rialacháin Foirne d'oifigigh an Chomhphobail agus na Coinníollacha Fostaíochta dá sheirbhísigh eile, mar a fhoráiltear in Airteagal 186, déanfaidh gach institiúid an fhoireann a theastaíonn uaithi a earcú agus chuige sin tabharfaidh sí conarthaí tréimhse teoranta i gcrích.

Scrúdóidh gach institiúid in éineacht leis an gComhairle aon cheist a bhaineann le líon, luach saothair agus dáileadh post.

### *Roinn II.* FORÁLACHA DO THOSACH FEIDHME AN CHONARTHA SEO

*Airteagal 215.* 1. Déanfar túschlár taighde agus teagaisc mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn V atá i gceangal leis an gConradh seo, agus, mura gcinnfidh an Chomhairle d'aontoil ar a mhalairt, nach rachaidh a chostas thar 215 mhilliún aonad cuntais AEI, a chur i gcrích laistigh de chúig bliana tar éis dáta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm.

2. Tá miondealú ar an gcaiteachas is gá chun an clár sin a chur i ngníomh leagtha amach chun críche léiriúcháin faoi phríomh-cheannteidil in Iarscríbhinn V.

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún, an clár sin a mhodhnú.

*Airteagal 216.* Cuirfear faoi bhráid na Comhairle laistigh de bhliain tar éis dáta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm tograí an Choimisiúin maidir leis an modh ar a n-oibreofar an institiúid ar stádas ollscoile dá dtagraítear in Airteagal 9.

*Airteagal 217.* Na rialacháin slándála dá bhforáiltear in Airteagal 24 maidir leis na gráid slándála éagsúla a bhainfidh le leathadh faisnéise, glacfaidh an Chomhairle leo laistigh de shé mhí tar éis dáta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm.

*Airteagal 218.* Cinnfear na bunchaighdeáin de réir forálacha Airteagal 31 laistigh de bhliain tar éis dáta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm.

*Airteagal 219.* Na forálacha reachtaíochta nó rialúcháin nó riaracháin chun a áirithiú go gcosnófar sláinte an phobail i gcoitinne agus an lucht oibre i gcríocha na mBallstát ar na contúirtí ó radaíochtaí ianúcháin, déanfaidh na Ballstáit sin, de réir forálacha Airteagal 33, iad a chur in iúl don Choimisiún laistigh de thrí mhí tar éis dáta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm.

*Airteagal 220.* Cuirfear faoi bhráid na Comhairle laistigh de thrí mhí tar éis dáta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm tograí an Choimisiúin maidir le reachtanna na Gníomhaireachta dá bhforáiltear in Airteagal 54.

### *Roinn III.* FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA

*Airteagal 221.* Beidh feidhm, faoi na coinníollacha seo a leanas, ag forálacha Airteagail 14 go 23, agus ag forálacha Airteagail 25 go 28, maidir le paitinní, le cearta paitinne ag a bhfuil cosaint shealadach agus le cuspaí áisiúlachta agus le hiarratais a rinneadh roimh theacht i bhfeidhm don Chonradh seo ar phaitinní agus ar chuspaí áisiúlachta:

1. Nuair a bheidh an tréimhse arna dá dtagraítear in Airteagal 17(2) á meas, déanfar lamháltas, i bhfabhar an úinéara, don chor nua a bheidh ann mar gheall ar an gConradh seo a theacht i bhfeidhm.

2. Maidir le haireagán, nach aireagán rúnda, a chur in iúl, i gcás an tréimhse trí mhí nó an tréimhse ocht mí dhéag, nó an dá thréimhse, dá dtagraítear in Airteagal 16 a bheith caite ar dháta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm, tosóidh tréimhse eile sé mhí an lá sin.

Má bhíonn ceann amháin de na tréimhsí sin, nó an dá cheann, gan a bheith caite an lá sin, cuirfear tréimhse sé mhí leo ón lá a rachaidís in éag murach sin.

3. Beidh feidhm ag na forálacha céanna maidir le haireagán rúnda an chur in iúl de réir Airteagal 16 agus Airteagal 25(1), ach amháin go measfar, i gcás den sórt sin, gurb é an lá a thiocfaidh na rialacháin slándála dá dtagraítear in Airteagal 24 i bhfeidhm an pointe tosaigh don tréimhse nua nó don fhadú ar an tréimhse reatha.

*Airteagal 222.* Le linn na tréimhse idir dáta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm agus an dáta a shocróidh an Coimisiún don Ghníomhaireacht dul i mbun a dualgas, ní thabharfar comhaontuithe agus conarthaí i gcrích maidir le soláthar mianta, bunábhar nó ábhar inscoilte speisialta, ná ní athnuafar iad, ach amháin le ceadú roimh ré ón gCoimisiún.

Ni thabharfaidh an Coimisiún a cheadú d'aon chomhaontuithe ná d'aon conarthaí a thabhairt i gcrích nó a athuachan ar dóigh leis gur comhaontuithe nó conarthaí iad a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don Chonradh seo a chur i ngníomh. Féadfaidh sé a fhoráil go háirithe go mbeidh a cheadú ag brath ar chlásail a chur sna comhaontuithe nó sna conarthaí á cheadú don Ghníomhaireacht bheith páirteach ina gcur i ngníomh.

*Airteagal 223.* De mhaolú ar fhorálacha Airteagal 60, má tharlaíonn d'imoibritheorí a suiteáladh i gcríocha Ballstáit iad d'éirí criticiúil roimh dheireadh tréimhse seacht mbliana ó dháta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm, déanfar, ar feadh tréimhse nach faide ná deich mbliana ón dáta céanna, d'fhonn obair agus staidéir a tionscnaíodh cheana féin a chur sa chuntas, tosaíocht a thabhairt dóibh a fhéadfar a fheidhmiú i leith soláthairtí de mhianta nó de bhunábhair a thig as críocha an Stáit sin agus fós i leith soláthairtí de bhunábhair nó d'ábhair inscoilte speisialta lena mbaineann comhaontú déthaobhach a tugadh i gcrích roimh theacht i bhfeidhm don Chonradh seo agus a cuireadh in iúl don Choimisiún de réir Airteagal 105.

Deonófar an tosaíocht chéanna sa tréimhse chéanna deich mbliana i leith soláthairtí le haghaidh aon ghléasra scartha iseatóipí, cibé acu is Gnóthas Comhpháirteach é nó nach ea, a thiocfaidh i bhfeidhm oibre i gcríoch Bhallstáit roimh dheireadh tréimhse seacht mbliana ó dháta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht na conarthaí iomchuí a thabhairt i gcrích tar éis don Choimisiún a chinntiú gur comhlíonadh na coinníollacha chun an ceart tosaíochta a fheidhmiú.

## *Forálacha Críochnaitheacha*

*Airteagal 224.* Déanfaidh na hArdpháirtithe Conarthacha daingniú ar an gConradh seo de réir a rialacha bunreachtúla faoi seach. Taiscfear na hionstraimí daingniúhcáin le Rialtas Phoblacht na hIodáile.

Tiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí i ndiaidh taisceadh na hionstraime daingniúcháin ag an gceann is déanaí de Stáit a shínithe a dhéanfaidh an taisceadh sin. Más rud é, áfach, go ndéanfar an taisceadh sin faoi bhun cúig lá dhéag roimh thús na míosa le teacht, ní thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm go dtí an chéad lá den dara mí tar éis dáta an taiscthe sin.

*Airteagal 225.* Tarraingíodh an Conradh seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, san Iodáilis agus san Ollainnis, agus comhúdarás ag gach ceann de na ceithre téacs; taiscfear é i gcartlann Rialtas Phoblacht na hIodáile, agus cuirfidh an Rialtas sin cóip dheimhnithe chuig Rialtas gach ceann eile de Stáit a shínithe.

DÁ FHIANÚ SIN, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an gConradh seo.

ARNA DHÉANAMH sa Róimh, an cúigiú lá is fiche de Mhárta sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

P. H. SPAAK

J. CH. SNOY ET D'OPPUERS

ADENAUER

HALLSTEIN

PINEAU

M. FAURE

ANTONIO SEGNI

GAETANO MARTINO

BECH

LAMBERT SCHAUS

J. LUNS

J. LINTHORST HOMAN

## IARSCRÍBHINNÍ

*[Annexes I to V are not published herein in accordance with article 12(2) of the General Assembly regulations to give effect to Article 102 of the Charter of the United Nations as amended in the last instance by General Assembly resolution 33/141 A of 19 December 1978.]*

*[Les annexes I à V ne sont pas publiées ici conformément au paragraphe 2 de l'article 12 du règlement de l'Assemblée générale destiné à mettre en application l'Article 102 de la Charte des Nations Unies tel qu'amendé en dernier lieu par la résolution 33/141 A de l'Assemblée générale en date du 19 décembre 1978.]*

# II. PRÓTACAIL

## PRÓTACAL MAIDIR LEIS AN gCONRADH AG BUNÚ AN COMHPHOBAIL EORPAIGH DO FHUINNEAMH ADAMHACH A CHUR CHUN FEIDHME AR NA CODANNA NEAMHEORPACHA DE RÍOCHT NA hÍSILTÍRE

Tá na hArdpháirtithe Conarthacha,

Ós mian leo, tráth sínithe an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, réim na bhforálacha atá in Airteagal 198 den Chonradh seo i leith Ríocht na hÍsiltíre a shainiú,

Tar éis comhaontú ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh seo:

Mar gheall ar chóiriú bunreachtúil Ríocht na hÍsiltíre de thoradh Reacht an 29 Nollaig 1954, bheidh Rialtas Ríocht na hÍsiltíre i dteideal, de mhaolú ar fhorálacha Airteagal 198, an Conradh seo a dhaingniú thar ceann Ríocht na hÍsiltíre ina hiomláine nó thar ceann na Ríochta san Eoraip agus Nua-Ghuine na hÍsiltíre. Sa chás nach mbainfidh an daingniú ach leis an Ríocht san Eoraip agus le Nua-Ghuine na hÍsiltíre, féadfaidh Rialtas Ríocht na hÍsiltíre tráth ar bith, trí fhógra a thabhairt do Rialtas Phoblacht na hIodáile mar thaiscí na n-ionstraimí daingniúcháin, a dhearbhú go bhfuil feidhm ag an gConradh seo freisin ar Shuranam, nó ar Aintillí na hÍsiltíre, nó ar Shuranam agus ar Aintillí na hÍsiltíre.

ARNA DHÉANAMH sa Róimh, an cúigiú lá is fiche de Mhárta sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

P. H. SPAAK
J. CH. SNOY ET D'OPPUERS
ADENAUER
HALLSTEIN
PINEAU
M. FAURE
ANTONIO SEGNI
GAETANO MARTINO
BECH
LAMBERT SCHAUS
J. LUNS
J. LINTHORST HOMAN

# PRÓTACAL AR REACHT CHÚIRT BHREITHIÚNAIS AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH DE FHUINNEAMH ADAMHACH

Tá na hArdpháirtithe Conarthacha sa Chonradh ag Bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ós mian leo Reacht na Cúirte dá bhforáiltear in Airteagal 160 den Chonradh seo a leagan síos,

Tár éis na daoine seo a leanas a cheapadh mar Lánchumhachtaigh chuige sin:

A Shoilse Rí na mBeilgeach: An Barún J. Ch. Snoy et d'Oppuers, Ardrúnaí na hAireachta Gnóthaí Eacnamaíochta, Uachtarán Thoscaireacht na Beilge ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

Uachtarán Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine: An Dr. Carl Freidrich Ophüls, Ollamh, Ambasadóir Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Uachtarán Thoscaireacht na Gearmáine ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

Uachtarán Phoblacht na Fraince: M. Robert Marjolin, Ollamh Dlí, Leas-Uachtarán Thoscaireacht na Fraince ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

Uachtarán Phoblacht na hIodáile: M. V. Badini Confalonieri, Forúnaí Stáit san Aireacht Gnóthaí Eachtracha, Uachtarán Thoscaireacht na hIodáile ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

A Mórgacht Ríoga Ard-Bhandiúc Lucsamburg: M. Lambert Schaus, Ambasadóir Ard-Diúiceacht Lucsamburg, Uachtarán Thoscaireacht Lucsamburg ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

A Soilse Banríon na hÍsiltíre: M. J. Linthorst Homan, Uachtarán Thoscaireacht na hÍsiltíre ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

noch a rinne, tar éis dóibh a Lánchumhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chuí, a thabhairt ar aird dá chéile,

Comhaontú ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis san gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

*Airteagal 1.* An Chúirt a bunaíodh le hAirteagal 3 den Chonradh seo, comhdhéanfar í agus feidhmeoidh sí de réir forálacha an Chonartha seo agus an Reachta seo.

## TEIDEAL I. BREITHIÚNA AGUS ABHCÓIDÍ GINEARÁLTA

*Airteagal 2.* Sula rachaidh sé i mbun a dhualgas glacfaidh gach Breitheamh mionn, i gcúirt oscailte, go gcomhlíonfaidh sé a dhualgais go neamhchlaon coinsiasach agus go gcoiméadfaidh sé plé na Cúirte faoi rún.

*Airteagal 3.* Beidh na Breithiúna díolmhaithe ó imeachtaí dlíthiúla. Tar éis dóibh scor dá n-oifig, leanfaidh siad de dhíolúine a bheith acu i leith gníomhartha a rinne siad ina gcáil oifigiúil, lena n-áirítear a bhfocail labhartha nó scríofa.

Féadfaidh an Chúirt, ina suí di i seisiún iomlánach, an díolúine a tharscaoileadh.

I gcás inar tarscaoileadh díolúine agus ina dtionscnófar imeachtaí coiriúla i gcoinne Breithimh, ní intriailte é, in aon cheann de na Ballstáit, ach amháin ag an gCúirt atá inniúil ar bhreithiúnas a thabhairt ar na breithiúna is airde dlínse náisiúnta.

*Airteagal 4.* Ní féadfaidh na Breithiúna oifig pholaitíochta ná riaracháin a shealbhú.

Ní fhéadfaidh siad bheith ag gabháil d'aon slí bheatha, sochrach ná neamhshochrach, mura dtabharfaidh an Chomhairle díolúine d'eisceacht.

Nuair a rachaidh siad i mbun a ndualgas, tabharfaidh siad gealltanas sollúnta go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiaidh sin, na hoibleagáidí a bheidh orthu de bharr na hoifige sin, go háirithe an dualgas chun bheith ionraic discréideach maidir le ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis dóibh scor dá n-oifig.

Déanfar aon amhras ina thaobh sin a shocrú le breith ón gCúirt.

*Airteagal 5.* Amach ó ghnáthathrú ar Bhreithiúna, nó i gcás Breitheamh d'fháil bháis, críochnóidh dualgais Bhreithimh ar é d'éirí as oifig.

Nuair a éireoidh Breitheamh as oifig, díreofar a litir ag éirí as oifig chuig Uachtarán na Cúirte lena tarchur chuig Uachtarán na Comhairle. Ar an bhfógra sin a thabhairt beidh folúntas ar an mBinse.

Ach amháin i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 6, fanfaidh Breitheamh i seilbh a oifige go dtí go rachaidh a chomharba í mbun a dhualgas.

*Airteagal 6.* Ní fhéadfar a oifig ná a cheart chun pinsin nó sochar eile ina ionad sin a bhaint de Bhreitheamh, ach amháin más rud é, i dtuairim d'aontoil Breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta na Cúirte, nach bhfuil coinníollacha riachtanacha a oifige á gcomhlíonadh nó na hoibleagáidí a ghabhann léi á bhfreastal aige a thuilleadh. Ní ghlacfaidh an Breitheamh a bheidh i gceist páirt in aon phlé den sórt sin.

Cuirfidh Cláraitheoir na Cúirte breith na Cúirte in iúl d'Uachtarán an Tionóil agus d'Uachtarán an Choimisiúin agus tabharfaidh sé fógra faoi d'Uachtarán na Comhairle.

I gcás breithe ag baint a oifige de Bhreitheamh, beidh folúntas ar an mBinse nuair a thabharfar an fógra sin is déanaí atá luaite.

*Airteagal 7.* Breitheamh a ghabhfaidh ionad comhalta den Chúirt nach bhfuil a théarma oifige caite, ceapfar é go ceann a bhfuil fágtha de théarma a réamhtheachtaí.

*Airteagal 8.* Bainfidh forálacha Airteagail 2 go 7 leis na hAbhcóidí Ginearálta.

## TEIDEAL II. EAGRAÍOCHT

*Airteagal 9.* Glacfaidh an Cláraitheoir mionn os comhair na Cúirte go gcomhlíonfaidh sé a dhualgais go neamhchlaon coinsiasach agus go gcoimeádfaidh sé plé na Cúirte faoi rún.

*Airteagal 10.* Déanfaidh an Chúirt socrú chun duine a dhul in ionad an Chláraitheora ar ócáidí nach féidir dó freastal ar an gCúirt.

*Airteagal 11.* Beidh oifigigh agus seirbhísigh eile ag gabháil leis an gCúirt ionas go bhféadfaidh sí feidhmiú. Beidh siad freagrach don Chláraitheoir faoi údarás an Uachtaráin.

*Airteagal 12.* Ar thogra ón gCúirt, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, socrú a dhéanamh chun Rapóirtéirí Cúnta a cheapadh agus na rialacha a

leagan síos a rialóidh a seirbhís. Féadfar a cheangal ar Rapóirtéirí Cúnta, faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta, páirt a ghlacadh i réamhfhiosrúcháin i gcásanna atá ar feitheamh os comhair na Cúirte agus comhoibriú leis an mBreitheamh a ghníomhaíonn mar Rapóirtéir.

Roghnófar na Rapóirtéirí Cúnta as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil na cailíochtaí dlí acu is gá; is í an Chomhairle a cheapfaidh iad. Glacfaidh siad mionn os comhair na Cúirte go gcomhlíonfaidh siad a ndualgais go neamhchlaon coinsiasach agus go gcoimeádfaidh siad plé na Cúirte faoi rún.

*Airteagal 13.* Beidh de cheangal ar na Breithiúna, ar na hAbhcóidí Ginearálta agus ar an gCláraitheoir cónaí san áit a bhfuil suíomh na Cúirte.

*Airteagal 14.* Leanfaidh an Chúirt go buan ar seisiún. Cinnfidh an Chúirt, ag féachaint go cuí do riachtanais a gnó, tréimhsí na saoire breithiúnta.

*Airteagal 15*.* Ni bheidh breitheanna na Cúirte bailí ach amháin nuair is uimhir chorr dá comhaltaí a bheidh ina suí le linn an phlé. Beidh breitheanna na Cúirte iomláine bailí má bhíonn seacht gcomhalta ina suí. Ní bheidh breitheanna na nDlísheomraí bailí ach amháin i gcás trí Bhreitheamh a bheith ina suí; i gcás nach féidir do dhuine de Bhreithiúna Dlísheomra suí, féadfar glaoch ar Bhreitheamh Dlísheomra eile chun suí de réir coinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

*Airteagal 16.* Ní fhéadfaidh aon Bhreitheamh ná Abhcóide Ginearálta páirt a ghlacadh i dtriail aon cháis inar ghlac sé páirt roimhe sin mar ghníomhaire nó comhairleoir nó inar ghníomhaigh sé thar ceann duine de na páirtithe, nó inar glaodh air breith a thabhairt mar Chomhalta de chúirt nó de bhinse, de choimisiún fiosrúcháin nó in aon cháil eile.

Má mheasann aon Bhreitheamh nó Abhcóide Ginearálta nach ceart dó, ar chúis speisialta éigin, páirt a ghlacadh sa bhreithiúnacht nó sa scrúdú ar aon chás áirithe, cuirfidh sé é sin in iúl don Uachtarán. Má mheasann an tUachtarán, ar chúis speisialta éigin, nach ceart go suífeadh Breitheamh nó Abhcóide Ginearálta áirithe nó go ndéanfadh sé aighneachtaí i gcás áirithe, cuirfidh sé sin in iúl dó.

Socrófar le breith ón gCúirt aon deacracht a éireoidh maidir leis an Airteagal seo a chur chun feidhme.

Ní fhéadfaidh páirtí athrú ar chomhdhéanamh na Cúirte ná Dlísheomra dá cuid a iarraidh mar gheall ar náisiúntacht Bhreithimh nó toisc Breitheamh de náisiúntacht an pháirtí sin a bheith as láthair ón gCúirt nó ón Dlísheomra.

## TEIDEAL III. NÓS IMEACHTA

*Airteagal 17.* Beidh gníomhaire a cheapfar do gach cás ag Stáit agus institiúidí an Chomhphobail chun feidhmiú ar a son os comhair na Cúirte; féadfaidh an gníomhaire comhairleoir nó dlíodóir atá i dteideal cleachtadh os comhair cúirte Ballstáit a bheith aige de chúnamh dó.

Caithfidh páirtithe eile dlíodóir atá i dteideal cleachtadh os comhair cúirte Ballstáit a bheith acu chun feidhmiú ar a son.

Beidh ag na gníomhairí, na comhairleoirí agus na dlíodóirí sin nuair a láithreoidh siad os comhair na Cúirte, na cearta agus na díolúintí is gá lena

* An téacs mar atá arna leasú le hAirteagal 20 den Ionstraim Aontachais.

ndualgais a fheidhmiú go neamhspleách, faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Maidir leis na comhairleoirí agus na dlíodóirí a láithreoidh os a comhair, beidh ag an gCuirt na cumhachtaí a thugtar de ghnáth do chúirteanna dlí, faoi chonníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Múinteoirí ollscoile is náisiúnaigh de Bhallstát a dtugann a dhlí ceart éisteachta dóibh, beidh acu os comhair na Cúirte na cearta céanna a thugtar leis an Airteagal seo do dhlíodóirí atá i dteideal cleachtadh os comhair cúirte Ballstáit.

*Airteagal 18.* Roinnfear an nós imeachta os comhair na Cúirte ina dhá chuid: i scríbhinn agus ó bhéal.

Is éard é an nós imeachta i scríbhinn, iarratais, ráitis cháis, cosaintí agus tuairimí, agus freagraí, más ann, mar aon leis na páipéir agus na doiciméid uile i dtaca leo, nó cóipeanna deimhnithe díobh, a chur chuig na páirtithe agus chuig na hinstitiúidí den Chomhphobal a bhfuil a gcinntí faoi dhíospóid.

Cuirfidh an Cláraitheoir na nithe sin chucu san ord agus laistigh den am a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Is éard é an nós imeachta ó bhéal, an tuarascáil a léamh a thíolaic Breitheamh ag gníomhú dó mar Rapóitéir, an Chúirt d'éisteacht gníomhairí, comhairleoirí agus dlíodóirí atá i dteideal cleachtadh os comhair cúirte Ballstáit, agus aighneachtaí ón Abhcóide Ginearálta, agus, ina theannta sin, má bhíonn ann, finnéithe agus saineolaithe a éisteacht.

*Airteagal 19.* Tabharfar cás os comhair na Cúirte trí iarratas scríofa arna dhíriú chun an Chláraitheora. Beidh san iarratas ainm agus buanseoladh an iarratasóra agus tuairisc an tsínitheora, ainm an pháirtí ar ina choinne a rinneadh an t-iarratas, ábhar na díospóide, na haighneachtaí agus ráiteas gearr ar na forais ar a bhfuil an t-iarratas bunaithe.

Beidh ag gabháil leis an iarratas, nuair is cuí sin, an beart a bhfuil a neamhniú á iarraidh nó, sna himthosca dá dtagraítear in Airteagal 148 den Chonradh seo, fianaise dhoiciméid ar an dáta a iarradh ar institiúid gníomhú, de réir an Airteagail sin. Mura gcuirfear na doiciméid isteach i dteannta an iarratais, iarrfaidh an Cláraitheoir ar an bpáirtí lena mbaineann iad a thabhairt ar aird laistigh de thréimhse réasúnach, ach, más mar sin a bheidh, ní thitfidh cearta a pháirtí ar lár bíodh is nach dtabharfar na doiciméid sin ar aird go dtí tar éis an tráth chun imeachtaí a bhunú.

*Airteagal 20.* Sna cásanna a rialaíonn Airteagal 18 den Chonradh seo, is trí achomharc arna dhíriú chun an Chláraitheora a thabharfar an t-ábhar os comhair na Cúirte. Beidh san achomharc ainm agus buanseoladh an achomharcóra agus tuairisc an tsínitheora, tagairt don chinneadh ar ina aghaidh a rinneadh an t-achomharc, ainmneacha na bhfreagróirí, ábhar an díospóide, na haighneachtaí a rinneadh agus ráiteas gearr ar na príomhfhorais ar a bhfuiltear ag seasamh.

Beidh ag gabháil leis an achomharc cóip dheimhnithe den chinneadh ón gCoiste Eadrána atá á dhíospóid.

Má dhiúltaíonn an Chúirt don achomharc, tiocfaidh cinneadh an Choiste Eadrána chun bheith ina chinneadh críochnaitheach.

Má neamhníonn an Chúirt cinneadh an Choiste Eadrána, féadfar an t-ábhar a tharraingt anuas athuair, más iomchuí, ar thionscnamh cheann de na páirtithe sa

chás, os comhair an Choiste Eadrána. Déanfaidh an Coiste sin de réir aon chinntí ón gCúirt maidir le pointí dlí.

*Airteagal 21.* Sna cásanna a rialaíonn Airteagal 150 den Chonradh seo, nuair a chinnfidh cúirt nó binse de chuid Ballstáit ar a himeachtaí a fhionraí agus cás a tharchur chun na Cúirte, cuirfidh an chúirt nó an binse sin an cinneadh sin in iúl don Chúirt. Ansin cuirfidh Cláraitheoir na Cúirte an cinneadh i bhfios do na páirtithe, do na Ballstáit agus don Choimisiún, agus, freisin, don Chomhairle, más í an Chomhairle a thionscain an gníomh a bhfuil a bhailíocht nó a léiriú faoi dhíospóid.

Laistigh de dhá mhí ó cuireadh é sin i bhfios amhlaidh, beidh na páirtithe, na Ballstáit, an Coimisiún agus, más cuí sin, an Chomhairle, i dteideal ráitis cháis nó tuairimí scríofa a chur faoi bhráid na Cúirte.

*Airteagal 22.* Féadfaidh an Chúirt a cheangal ar na páirtithe na doiciméid go léir a thabhairt ar aird, agus an fhaisnéis go léir a sholáthar, a mheasfaidh an Chúirt is inmhianaithe. Déanfar nóta foirmiúil d'aon diúltú.

Féadfaidh an Chúirt a cheangal, freisin, ar na Ballstáit agus ar na hinstitiúidí nach páirtithe iad sa chás gach faisnéis a thabhairt a mheasfaidh an Chúirt is gá le haghaidh na n-imeachtaí.

*Airteagal 23.* Féadfaidh an Chúirt tráth ar bith dul ar iontaoibh duine, comhlachta, údaráis, coiste nó eagraíochta eile ar bith is rogha léi chun tuairim shaineolach a thabhairt.

*Airteagal 24.* Féadfar finnéithe a éisteacht faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

*Airteagal 25.* Maidir le finnéithe mainneachtana beidh ag an gCúirt na cumhachtaí is gnách a thabhairt do chúirteanna agus do bhinsí agus féadfaidh sí pionóis airgid a ghearradh faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

*Airteagal 26.* Féadfar finnéithe agus saineolaithe a éisteacht faoi mhionn arna ghlacadh san fhoirm a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta nó ar an modh atá leagtha síos i ndlí thír an fhinné nó an tsaineolaí.

*Airteagal 27.* Féadfaidh an Chúirt a ordú go n-éistfear finné nó saineolaí ag údarás breithiúnach a áite buanchónaithe.

Cuirfear an t-ordú lena fheidhmiú go dtí an t-údarás breithiúnach inniúil faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta. Cuirfear ar ais chun na Cúirte faoi na coinníollacha céanna na doiciméid a tarraingíodh suas i gcomlíonadh na litreacha rogáide.

Íocfaidh an Chúirt an caiteachais, gan dochar don cheart chun iad a mhuirearú, nuair is cuí sin, ar na páirtithe.

*Airteagal 28.* Déileáfaidh Ballstát le haon sárú mionna ag finné nó saineolaí ionann is dá mba os comhair cheann dá chúirteanna a bhfuil dlínse aici in imeachtaí sibhialta a rinneadh an cion. Ar thionscnamh na Cúirte, déanfaidh an Ballstát an ciontóir a ionchúiseamh os comhair a chúirte inniúla.

*Airteagal 29.* Is i gcúirt oscailte a éistfear cásanna mura ndéanfaidh an Chúirt, uaithi féin nó ar iarratas ó na páirtithe, a mhalairt a chinneadh ar chúiseanna troma.

*Airteagal 30.* Le linn na héisteachta féadfaidh an Chúirt na saineolaithe, na finnéithe agus na páirtithe féin a cheistiú. Ní fhéadfaidh siad siúd, áfach, an Chúirt a aitheasc ach amháin trína n-ionadaithe.

*Airteagal 31.* Scríobhfar miontuairiscí ar gach éisteacht agus síneoidh an tUachtarán agus an Cláraitheoir iad.

*Airteagal 32.* Socróidh an tUachtarán liosta na gcásanna.

*Airteagal 33.* Beidh plé na Cúirte ina rún agus fanfaidh sé amhlaidh.

*Airteagal 34.* Luafaidh na breithiúnais na réasúin ar a bhfuil siad bunaithe. Beidh iontu ainmneacha na mbreithiúna a ghlac páirt sa phlé.

*Airteagal 35.* Síneoidh an tUachtarán agus an Cláraitheoir na breithiúnais. Léifear amach iad i gcúirt oscailte.

*Airteagal 36.* Breithneoidh an Chúirt na costais.

*Airteagal 37.* Féadfaidh Uachtarán na Cúirte, i modh imeachta achomair ar féidir, a mhéid is gá sin, difear a bheith idir é agus cuid de na rialacha atá sa Reacht seo agus a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta, breithniú a dhéanamh ar iarratais chun forghníomhú a fhionraí, mar a fhoráiltear in Airteagal 157 den Chonradh seo, nó bearta eatramhacha a ordú de bhun Airteagal 158, nó forfheidhmiú a fhionraí de réir na míre deiridh d'Airteagal 164.

Mura féidir don Uachtarán bheith i láthair, gabhfaidh Breitheamh eile a ionad faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta.

Rialú sealadach a bheidh i rialú an Uachtaráin nó an Bhreithimh a ghabhfaidh a ionad agus ní bheidh dochar ansin ar dhóigh ar bith do bhreith na Cúirte ar shubstaint an cháis.

*Airteagal 38.* Féadfaidh Ballstáit agus institiúidí an Chomhphobail idiragairt i gcásanna os comhair na Cúirte.

Beidh an ceart céanna ar fáil d'aon duine eile a shuífidh leas i dtoradh aon cháis a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, ach amháin i gcásanna idir Ballstáit, idir institiúidí de chuid an Chomhphobail, nó idir Ballstáit agus institiúidí de chuid an Chomhphobail.

Na haighneachtaí a dhéanfar in iarratas ar idiragairt, ní bheidh iontu ach aighneachtaí i dtacaíocht leis na haighneachtaí ó cheann de na páirtithe.

*Airteagal 39.* Má mhainníonn páirtí an chosanta, arna thoghairm go cuí, aighneachtaí scríofa cosanta a chomhadhú, tabharfar breithiúnas mainneachtana i gcoinne an pháirtí sin. Féadfar agóid i gcoinne an bhreithiúnais sin a thaisceadh laistigh de mhí tar éis é a thógairt. Ní chuirfidh an agóid bac ar fhorghníomhú an bhreithiúnais mhainneachtana, mura gcinnfidh an Chúirt a mhalairt.

*Airteagal 40.* Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí an Chomhphobail agus aon duine eile, nádúrtha nó dlítheanach, i gcásanna agus faoi choinníollacha a bheidh le cinneadh leis na rialacha nós imeachta, imeachtaí tríú páirtí a thionscnamh chun breithiúnas a chomhrac a tugadh gan éisteacht a thabhairt dóibh, má théann an breithiúnas chun dochair dá gcearta.

*Airteagal 41.* Má bhíonn amhras ann faoi bhrí nó réim breithiúnais, forléireoidh an Chúirt é ar iarratas ó aon pháirtí nó ó aon institiúid de chuid an Chomhphobail a shuífidh a leas ann.

*Airteagal 42.* Ní fhéadfar athbhreithniú breithiúnais a iarraidh ar an gCúirt ach amháin má aimsítear fíoras is de chineál cinntitheach agus nárbh eol, nuair a tugadh an breithiúnas, don Chúirt ná don pháirtí a bhfuil an t-athbhreithniú á éileamh aige.

Tosófar an t-athbhreithniú le breithiúnas ón gCúirt á thaifeadadh go sainráiteach fíoras nua a bheith ann, á aithint gur fíoras é de chinéal a leathann an cás ar oscailt chun a athbhreithnithe agus á dhearbhú go bhfuil an t-iarratas inghlachta ar an bhforas sin.

Ní bheidh aon iarratas ar athbhreithniú indéanta tar éis deich mbliana a bheith caite ó dháta an bhreithiúnais.

*Airteagal 43.* Cinnfear leis na rialacha nós imeachta tréimhsí breise a bhunófar ar an bhfad ó láthair.

Ní dochar é do cheart ar bith tréimhse ama a bheith imithe in éag má chruthaíonn an páirtí lena mbaineann gur tharla imthosca nárbh fhéidir a thuar nó go raibh *force majeure* ann.

*Airteagal 44.* Beidh imeachtaí i gcoinne an Chomhphobail in ábhair a éireoidh as dliteanais neamhchonarthacha faoi urchosc tar éis tréimhse cúig bliana ó tharla an teagmhas as ar éirigh siad. Brisfear an tréimhse teorann má thionscnaítear imeachtaí os comhair na Cúirte nó má dhéanann an páirtí éagóraithe iarratas roimhe sin chun na hinstitiúide iomchúi de chuid an Chomhphobail. Sa chás deireanach sin, caithfear na himeachtaí a thionscnamh laistigh den tréimhse dhá mhí dá bhforáiltear in Airteagal 146; beidh feidhm ag forálacha an dara mír d'Airteagal 148 nuair is cuí sin.

*Airteagal 45.* Amach ó na forálacha atá beartaithe leis an Reacht seo, beidh i rialacha nós imeachta na Cúirte, dá bhforáiltear in Airteagal 160 den Chonradh seo, aon fhorálacha eile is gá chun é a chur chun feidhme agus, más gá, chun é a thorlíonadh.

*Airteagal 46.* Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, cibé oiriúnuithe breise a dhéanamh ar fhorálacha an Reachta seo a mbeidh gá leo mar gheall ar bhearta arna ndéanamh ag an gComhairle de réir na míre deiridh d'Airteagal 137 den Chonradh seo.

*Airteagal 47.* Díreach tar éis an mionn a bheith glactha, rachaidh Uachtarán na Comhairle i mbun na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta sin a roghnú, trí chrannchur, a rachaidh a dtéarmaí oifige in éag i ndeireadh na chéad trí bliana de réir an dara agus an tríú mír d'Airteagal 139 den Chonradh seo.

DÁ FHIANÚ SIN, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an bPrótacal seo.

ARNA DHÉANAMH a Bhruiséil, an seachtú lá déag d'Aibreán sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

J. CH. SNOY ET D'OPPUERS
C. F. OPHÜLS
ROBERT MARJOLIN
VITTORIO BADINI CONFALONIERI
LAMBERT SCHAUS
J. LINTHORST HOMAN

# CONARTHAÍ[1,2] A LEASAÍONN NA CONARTHAÍ AG BUNÚ NA gCOMHPHOBAL EORPACH AGUS IONSTRAIMÍ A BHAINEANN LEIS NA COMHPHOBAIL

# COINBHINSIÚN AR INSTITIÚIDÍ ÁIRITHE IS COITEANN DO NA COMHPHOBAL EORPACHA

A Shoilse Rí na mBeilgeach, Uachtarán Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Uachtarán Phoblacht na Fraince, Uachtarán Phoblacht na hIodáile, A Mórgacht Ríoga Ard-Bhandiúc Lucsamburg, A Soilse Banríon na hÍsiltíre,

Ós é a miangas teorainn a chur le líon na n-institiúidí atá freagrach i gcrúraimí comhchosúla a chur i gcrích sna Comhphobail Eorpacha a bhunaigh siad,

Tar éis cinneadh ar institiúidí aonair áirithe a chur ar bun do na Comhphobail sin agus chun na críche sin tar éis na daoine seo a leanas a cheapadh mar Lánchumhachtaigh:

A Shoilse Rí na mBeilgeach:

M. Paul-Henri Spaak, Aire Gnóthaí Eachtracha;

An Barún J. Ch. Snoy et d'Oppuers, Ardrúnaí na hAireachta Gnóthaí Eacnamaíochta, Uachtarán Thoscaireacht na Beilge ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

Uachtarán Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine:

An Dr. Konrad Adenauer, Seansailéir na Cónaidhme;

An Dr. Walter Hallstein, Ollamh, Stát-Rúnaí Oifig Gnóthaí Eachtracha na Cónaidhme;

Uachtarán Phoblacht na Fraince:

M. Christian Pineau, Aire Gnóthaí Eachtracha;

M. Maurice Faure, Forúnaí Stáit san Aireacht Gnóthaí Eachtracha;

Uachtarán Phoblacht na hIodáile:

M. Antonio Segni, Uachtarán Chomhairle na nAirí;

An tOllamh Gaetano Martino, Aire Gnóthaí Eachtracha;

A Mórgacht Ríoga Ard-Bhandiúc Lucsamburg:

M. Joseph Bech, Uachtarán an Rialtais, Aire Gnóthaí Eachtracha;

M. Lambert Schaus, Ambasadóir, Uachtarán Thoscaireacht Lucsamburg ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

[1] For the English translation, see United Nations, *Treaty Series*, vol. 298, p. 267 — Pour la traduction anglaise, voir le *Recueil des Traités* des Nations Unies, vol. 298, p. 267.

[2] Pour le texte français, voir le *Recueil des Traités* des Nations Unies, vol. 294, p. 411 — For the French text, see United Nations, *Treaty Series*, vol. 294, p. 411.

A Soilse Banríon na hÍsiltíre:

M. Joseph Luns, Aire Gnóthaí Eachtracha;

M. J. Linthorst Homan, Uachtarán Thoscaireacht na hÍsiltíre ag an gComhdháil Idir-Rialtasach;

noch a rinne, tar éis dóibh a Lánchumhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chuí, a thabhairt ar aird dá chéile, comhaontú mar a leanas:

*Roinn I.* AN TIONÓL

*Airteagal 1.* Na cumhachtaí agus an dlínse a thugtar don Tionól leis an gConradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, beidh siad á bhfeidhmiú, de réir na gConarthaí sin, ag Tionól aonair a bheidh comhdhéanta agus ceaptha mar a fhoráiltear in Airteagal 138 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus in Airteagal 108 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

*Airteagal 2.* 1. Ar dhul i mbun a dhualgas dó, gabhfaidh an Tionól aonair dá dtagraítear in Airteagal 1 ionad an Chomh-Thionóil dá bhforáiltear in Airteagal 21 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach. Feidhmeoidh sé na cumhachtaí agus an dlínse a thugtar don Chomh-Thionól leis an gConradh sin de réir a fhorálacha.

2. Chun na críche sin, déanfar Airteagal 21 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach a aisghairm ar an dáta a rachaidh an Tionól aonair dá dtagraítear in Airteagal 1 i mbun a dhualgas, agus cuirfear na forálacha seo a leanas ina ionad:

"*Airteagal 21.* 1. Is iad a bheidh ar an Tionól toscairí a bheidh le ceapadh ag na Parlaimintí faoi seach as líon a gcomhaltaí de réir an nós imeachta a bheidh leagtha síos ag gach Ballstát.

2. Is mar a leanas a bheidh líon na dtoscairí sin:

| | |
|---|---|
| An Ghearmáin | 36 |
| An Bheilg | 14 |
| An Fhrainc | 36 |
| An Iodáil | 36 |
| Lucsamburg | 6 |
| An Ísiltir | 14 |

3. Tarraingeoidh an Tionól suas tograí do thoghcháin trí vótáil chomhchoiteann dhíreach de réir nós imeachta chomhionann sna Ballstáit go léir.

Leagfaidh an Chomhairle síos, ag gníomhú di d'aontoil, na forálacha iomchui a mholfaidh sí do na Ballstáit lena nglacadh de réir a rialacha bunreachtúla faoi seach."

*Roinn II.* AN CHÚIRT BREITHIÚNAIS

*Airteagal 3.* An dlínse a thugtar don Chúirt Bhreithiúnais leis an gConradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, beidh si á feidhmiú, de

réir na gConarthaí sin, ag Cúirt Bhreithiúnais aonair a bheidh comhdhéanta agus ceaptha mar a fhoráiltear in Airteagail 165 go 167 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus in Airteagail 137 go 139 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

*Airteagal 4.* 1. Ar dhul i mbun a dualgas di, gabhfaidh an Chúirt Bhreithiúnais aonair dá dtagraítear in Airteagal 3 ionad na Cúirte dá bhforáiltear in Airteagal 32 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach. Feidhmeoidh sí an dlínse a thugtar don Chúirt sin leis an gConradh sin de réir a fhorálacha.

Feidhmeoidh Uachtarán na Cúirte Breithiúnais aonair dá dtagraítear in Airteagal 3 na cumhachtaí a thugtar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach do Uachtarán na Cúirte dá bhforáiltear sa Chonradh sin.

2. Chun na críche sin, ar an dáta a rachaidh an Chúirt Bhreithiúnais aonair dá dtagraítear in Airteagal 3 i mbun a dualgas:

*a*) Déanfar Airteagal 32 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach a aisghairm agus na forálacha seo a leanas a chur ina ionad:

"*Airteagal 32.* Seacht mBreitheamh a bheidh ar an gCúirt.

Suífidh an Chúirt i seisiún iomlánach. Féadfaidh sí, áfach, eagar dlísheomraí a chur uirthi féin, a mbeidh trí Bhreitheamh nó cúig bhreitheamh i ngach dlísheomra díobh, chun réamhfhiosrúcháin áirithe a ghabháil de láimh nó chun breith a thabhairt ar chásanna de chineálacha áirithe de réir rialacha arna leagan síos chun na gcríocha sin.

Is i seisiún iomlánach a shuífidh an Chúirt aon uair a bheidh cásanna á n-éisteacht aici a thug Ballstát nó ceann d'institiúidí an Chomhphobail os a comhair nó a bheidh réamhrialú le tabhairt aici ar cheisteanna a cuireadh faoina bráid de bhun Airteagal 41.

Má iarrann an Chuirt é, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, lion na mBreithiúna a mhéadú agus na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh ar an dara agus an tríú mír den Airteagal seo agus ar an dara mír d'Airteagal 32*b*."

"*Airteagal 32*a. Beidh dhá Abhcóide Ginearálta de chúnamh ag an gCúirt.

Beidh de dhualgas ar an Abhcóide Ginearálta, ag gníomhú dó le neamhchlaontacht agus neamhspleáchas iomlán, aighneachtaí réasúnaithe a dhéanamh i gcúirt oscailte ar chásanna a tugadh os comhair na Cúirte, chun cuidiú leis an gCúirt i gcomhlíonadh an chúraim a shanntar di in Airteagal 31.

Má iarrann an Chúirt é, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, líon na nAbhcóidí Ginearálta a mhéadú agus na hoiriúnuithe is gá a dhéanamh ar an tríú mír d'Airteagal 32*b*."

"*Airteagal 32*b. Roghnófar na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta ó dhaoine nach bhfuil neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil acu na cáilíochtaí is gá chun a gceaptha do na hoifigí breithiúnacha is airde ina dtíortha faoi seach nó is dlí-eolaithe a n-aithnítear a n-inniúlacht; ceapfaidh Rialtais an Chomhphobail iad de thoil a chéile ar feadh téarma sé bliana.

Athrófar cuid de na Breithiúna i gceann gach trí bliana; athrófar triúr agus ceathrar díobh gach re seach. Roghnófar trí chrannchur na trí Bhreitheamh a bhfuil a dtéarmaí oifige le dul in éag i ndeireadh na chéad trí bliana.

Athrófar cuid de na hAbhcóidí Ginearálta i gceann gach trí bliana. Roghnófar trí chrannchur an tAbhcóide Ginearálta a bhfuil a théarma oifige le dul in éag i ndeireadh na chéad trí bliana.

Féadfar na Breithiúna agus na hAbhcóidí Ginearálta a bheidh ag scor a athcheapadh.

Toghfaidh na Breithiúna Uachtarán na Cúirte as a líon féin ar feadh téarma trí bliana. Féadfar é a atoghadh."

"*Airteagal 32c.* Ceapfaidh an Chúirt a Cláraitheoir agus leagfaidh sí síos na Rialacha a bhainfidh lena sheirbhís."

*b)* Déanfar na forálacha den Phrótacal ar Reacht na Cúirte Breithiúnais, atá i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach a aisghairm a mhéid atá siad contrártha d'Airteagail 32 go 32*c* den Chonradh sin.

*Roinn III.* AN COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓSIALTA

*Airteagal 5.* 1. Na feidhmeanna a thugtar don Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta leis an gConradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, beidh siad á bhfeidhmiú, de réir na gConarthai sin, ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta aonair a bheidh comhdhéanta agus ceaptha mar a fhoráiltear in Airteagal 194 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus in Airteagal 166 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

2. Sa Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta aonair dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo beidh rannóg de lucht saineolais, agus féadfaidh fochoistí a bleidh ann atá inniúil, ar na réimeanna nó na ceisteanna lena ndéileáiltear sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

3. Bainfidh forálacha Airteagail 193 agus 197 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta aonair dá dtagraítear i mír 1.

*Roinn IV.* MAOINIÚ NA nINSTITIÚIDÍ SIN

*Airteagal 6. (Aisghaireadh an tAirteagal seo le hAirteagal 23 den Chonradh Comhcheangail)*

*[Feic Airteagal 20 den Chonradh Comhcheangail arb é seo a leanas a théacs:*

1. Taispeánfar i mbuiséad na gComhphobal Eorpach, de réir forálacha iomchuí na gConarthaí ag bunú na dtrí Chomhphobal, caiteachas riaracháin an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, agus an t-ioncam a bhaineann leis, ioncam agus caiteachas Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, agus ioncam agus caiteachas an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, cé is moite de chuid na Gníomhaireachta Soláthair agus na nGnóthas Comhpháirteach. Gabhfaidh an buiséad sin, a gcomhardófar ioncam agus caiteachas ann, ionad bhuiséad riaracháin en Chomh-

phobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, bhuiséad Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus bhuiséad oibre agus bhuiséad taighde agus infheistíochta an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.*

2. An cion den chaiteachas sin a chumhdaítear leis na tobhaigh dá bhforáiltear in Airteagal 49 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, socraítear figiúr ocht milliún déag aonad cuntais dó.

Amhail ón mbliain airgeadais dar tosach 1 Eanáir 1967, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle gach bliain tuarascáil a mbunóidh an Chomhairle scrúdú uirthi féachaint an gá an figiúr sin a oiriúnú d'athruithe ar bhuiséad na gComhphobal. Gníomhóidh an Chomhairle tríd an tromlach atá leagtha síos sa chéad abairt den cheathrú mír d'Airteagal 28 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach. Is é is bonn don oiriúnú sin measúnú ar fhorás an chaiteachais de dhroim an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach a chur chun feidhme.

3. An cion de na tobhaigh a chuirfear ag cumhdach an chaiteachais faoi bhuiséad na gComhphobal, leithroinnfidh an Coimisiún é chun an buiséad sin a chur i ngníomh de réir an tráthchláir a leagadh síos sna rialacháin airgeadais lenar glacadh de bhun Airteagal 209(*b*) den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Airteagal 183(*b*) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, i leith na modhanna agus an nós imeachta chun na ranníocaí ó na Ballstáit a chur ar fáil.]

*Forálacha Críochnaitheacha*

*Airteagal 7.* Déanfaidh na hArdpháirtithe Conarthacha daingniú ar an gCoinbhinsiún seo de réir a rialacha bunreachtúla faoi seach. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le Rialtas Phoblacht na hIodáile.

Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm an tráth céanna a thiocfaidh an Conradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach i bhfeidhm.

*Airteagal 8.* Tarraingíodh an Coinbhinsiún seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, san Iodáilis agus san Ollanais, agus comhúdarás ag gach ceann de na ceithre téacs; taiscfear é i gcartlann Rialtas Phoblacht na hIodáile, agus cuirfidh an Rialtas sin cóip dheimhnithe chuig Rialtas gach ceann eile de Stáit a shínithe.

DÁ FHIANÚ SIN, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an gCoinbhinsiún seo.

ARNA DHÉANAMH sa Róimh, an cúigiú lá is fiche de Mhárta sa bhliain míle naoi gcéad caoga a seacht.

| | |
|---|---|
| P. H. SPAAK | J. CH. SNOY ET D'OPPUERS |
| ADENAUER | HALLSTEIN |
| PINEAU | M. FAURE |
| ANTONIO SEGNI | GAETANO MARTINO |
| BECH | LAMBERT SCHAUS |
| J. LUNS | J. LINTHORST HOMAN |

* Mír 1 mar atá arna leasú le hAirteagal 10 den Chonradh a Leasaíonn Forálacha Buiséadachta Áirithe.

# PRÓTACAL[1,2] MAIDIR LE HALLMHAIRIÚ ISTEACH I gCOMHPHOBAL EACNAMAÍOCHTA NA hEORPA AR THÁIRGÍ PEITRILIAM ARNA SCAGADH IN AINTILLÍ NA hÍSILTÍRE*

Tá na hArdpháirtithe Conarthacha,

Ós mian leo cruinneas a bheith ag baint leis na socruithe trádála is infheidhme maidir le hallmhairiú isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa ar tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre,

Tar éis comhaontú ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh seo:

*Airteagal 1.* Baineann an Prótacal seo leis na táirgí peitriliam faoi cheannteidil 27.10, 27.11, 27.12, ex 27.13 (pairifín, céireacha peitriliam nó scealla agus iarmhair phairifíneacha) agus 27.14 in ainmníocht na Bruiséile a allmhairítear lena gcur i n-úsáid sna Ballstáit.

*Airteagal 2.* Gabhann na Ballstáit orthu féin go dtabharfar do tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre na buntáistí taraife a thig dá gcomhlachú leis an gComhphobal, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sa Phrótacal seo. Beidh feidhm leis na forálacha sin, cibé rialacha i dtaobh tionscnamh earraí a chuireann na Ballstáit chun feidhme.

*Airteagal 3.* 1. Nuair a shonróidh an Coimisiún, ar iarratas ó Bhallstát nó uaidh féin, go bhfuil an t-allmhairiú isteach sa Chomhphobal ar tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre, faoin socrú dá bhforáiltear in Airteagal 2 thuas, ag tarraingt deacraí iarbhír ar mhargadh Ballstáit nó Ballstát, cinnfidh sé go ndéanfaidh na Ballstáit lena mbaineann na dleachtanna custam is inchurtha ar na hallmhairí sin a thabhairt isteach, a mhéadú nó a atabhairt isteach, a mhéid is gá agus don tréimhse is gá chun freagairt don chór sin. Ní fhéadfaidh rátaí na ndleachtanna custam a thabharfar isteach, a mhéadófar nó a atabharfar isteach amhlaidh bheith níos mó ná rátaí na ndleachtanna custam is infheidhme i leith tríú tíortha i gcás na dtáirgí céanna.

2. Féadfar na forálacha atá leagtha síos sa mhír roimhe seo a chur chun feidhme i ngach cás nuair a shroichfidh a n-allmhaireófar isteach sa Chomhphobal de tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre dhá mhilliún tonna méadrach sa bhliain.

3. Cuirfear i bhfios don Chomhairle na cinntí a ghlac an Coimisiún de bhua na míreanna roimhe seo, lena n-áirítear na cinntí a bhéarfadh go ndiúltófaí don iarratas ó Bhallstát. Féadfaidh an Chomhairle gníomhú ina leith ar iarratas ó gach Ballstát agus féadfaidh sí i gcónaí iad a leasú nó iad a chúlghairm le cinneadh arna ghlacadh trí thromlach cáilithe.

*Airteagal 4.* 1. Má mheasann Ballstát go bhfuil allmhairiú táirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre, go díreach nó trasna Ballstáit eile, faoin socrú

[1] For the English text, see United Nations, *Treaty Series*, vol. 1377, p. 185 — Pour le texte anglais, voir le *Recueil des Traités* des Nations Unies, vol. 1377, p. 185.

[2] Pour le texte français, voir le *Recueil des Traités* des Nations Unies, vol. 1461, n° A-4300 — For the French text, see United Nations, *Treaty Series*, vol. 1461, n° A-4300.

* Arna chur isteach le hAirteagal 2 de Choinbhinsiún an 13 Samhain 1962, a d'athraigh an Conradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. 150, 1 Deireadh Fómhair 1964, lch. 2414).

dá bhforáiltear in Airteagal 2 thuas, ag tarraingt deacraí iarbhir ar a mhargadh agus gur gá gníomhú láithreach chun freagairt dóibh, féadfaidh sé a chinneadh uaidh féin ar dhleachtanna custam a chur ar na hallmhairí sin nach mbeidh a rátaí níos mó ná rátaí na ndleachtanna custam is infheidhme i leith tríú tíortha i gcás na dtáirgí céanna. Cuirfidh sé an cinneadh sin i bhfios don Choimisiún agus cinnfidh an Coimisiún laistigh de thréimhse míosa cé acu a fhéadfar cloí leis na bearta a ghlac an Stát nó a dhlífear iad a leasú nó a chealú. Bainfidh forálacha Airteagal 3(3) le cinneadh sin an Choimisiúin.

2. I gcás a n-allmhaireófar de tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre, go díreach nó trasna Ballstáit eile faoin socrú dá bhforáiltear in Airteagal 2 thuas, isteach i mBallstát amháin nó níos mó de Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa a dhul, i rith bliana feilire, thar na tonnaistí a thaispeántar in Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo, measfar na bearta a bhéadh le glacadh de bhun mhír 1 ag an mBallstát nó ag na Ballstáit sin don bhliain reatha a bheith ina mbearta bailí. Déanfaidh an Coimisiún, ar a bheith deimhin de gur sroicheadh na tonnaistí socraithe, na bearta a glacadh a thabhairt dá aire. Sa chás sin, ní chuirfidh na Ballstáit eile aon iarratas faoi bhráid na Comhairle.

*Airteagal 5.* Má chinneann an Comhphobal ar shrianta cáinníochtúla a chur chun feidhme ar allmhairiú táirgí peitriliam ó gach áit, féadfar na srianta sin a chur chun feidhme chomh maith ar allmhairiú na dtáirgí sin ó Aintillí na hÍsiltíre. I gcás den sórt sin déanfar cóir fhábhrach i gcomparáid le tríú tíortha a áirithiú d'Aintillí na hÍsiltíre.

*Airteagal 6.* 1. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil tar éis dul i gcomhairle leis an Tionól agus leis an gCoimisiún, na forálacha atá leagtha síos in Airteagail 2 go 5 a leasú, ar chomhshainiú tionscnaimh a ghlacadh i gcás na dtáirgí peitriliam ó thríú tíortha agus ó tíortha comhlachaithe nó ar chinntí a ghlacadh faoi chuimsiú comhbheartais tráchtála do na táirgí atá i gceist nó ar chomhbheartas fuinnimh a bhunú.

2. Ach, nuair a dhéanfar leasú amhlaidh, dlífear i ngach cás buntáistí coibhéiseacha a choinneáil ar bun i leith Aintillí na hÍsiltíre i bhfoirm iomchuí agus le haghaidh cáinníocht nach lú ná dhá mhilliún go leith tonna méadrach de tháirgí peitriliam.

3. Féadfar oibleagáidí an Chomhphobail maidir leis na buntáistí coibhéiseacha atá luaite i mír 2 den Airteagal seo a chionroinnt, más gá sin, idir na tíortha, agus na tonnaistí a thaispeántar san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal seo a gcur san áireamh.

*Airteagal 7.* Chun an Prótacal seo a chomhalladh, beidh de chúram ar an gCoimisiún faire a choimeád ar a mbeidh á n-allmhairiú isteach sna Ballstáit de tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre. Déanfaidh na Ballstáit gach faisnéis fhóinteach ina leith sin a chur in iúl don Choimisiún, a áiritheoidh go dtabharfar leathantas di, ar na módhanna riaracháin a mholfaidh sé.

DÁ FHIANÚ SIN, chuir na lánchúmhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an bPrótacal seo.

H. FAYAT

R. LAHR

J.-M. BOEGNER

C. RUSSO

E. SCHAUS

H. R. VAN HOUTEN

W. F. M. LAMPE

ARNA DHÉANAMH sa Bhruiséil, an tríú lá déag de Shamhain sa bhliain míle naoi gcéad seasca a dó.

## IARSCRÍBHINN LEIS AN BPRÓTACAL

Chun go gcuirfear i ngníomh mír 2 d'Airteagal 4 den Phrótacal a bhaineann le hallmhairiú isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa ar tháirgí peitriliam arna scagadh in Aintillí na hÍsiltíre, tá na hÁrdpáirtithe Conarthacha tar éis a chinneadh go ndéanfar dhá mhilliún tonna méadrach de tháirgí peitriliam ó na hAintillí a chionroinnt mar a leanas idir na Ballstáit:

| | |
|---|---|
| An Ghearmáin | 625 000 tonna méadrach |
| Aontas Eacnamaíochta na Beilge-Lucsamburg | 200 000 tonna méadrach |
| An Fhrainc | 75 000 tonna méadrach |
| An Iodáil | 100 000 tonna méadrach |
| An Ísiltír | 1 000 000 tonna méadrach |

# CONRADH[1,2] AG BUNÚ COMHAIRLE AONAIR AGUS COIMISIÚN AONAIR DE NA COMHPHOBAIL EORPACHA*

## 1. TÉACS AN CHONARTHA

Tá Shoilse Rí na mBeilgeach, Uachtarán Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Uachtarán Phoblacht na Fraince, Uachtarán Phoblacht na hIodáile, A Mhórgacht Ríoga Ard-Diúc Lucsamburg, A Soilse Banríon na hÍsiltíre,

Ag féachaint d'Airteagal 96 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach,

Ag féachaint d'Airteagal 236 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa,

Ag féachaint d'Airteagal 204 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ar a bheith beartaithe acu leanúint ar aghaidh ar an mbealach chun aontacht na hEorpa,

Ar a bheith socraithe acu aontú na dtrí Chomhphobal a thabhairt in éifeacht,

Ós fios dóibh a mhéid a chuidíonn sé leis an aontú sin institiúidí aonair den Chomhphobal a bhunú,

Tar éis cinneadh ar Chomhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha a bhunú agus, chun na críche sin, tar éis na daoine seo a leanas a cheapadh mar Lánchumhachtaigh:

A Shoilse Rí na mBeilgeach, M. Paul-Henri Spaak, Leas-Phríomh-Aire agus Aire Gnóthaí Eachtracha;

Uachtarán Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, M. Kurt Schmücker, Aire Gnóthaí Eacnamaíochta;

Uachtarán Phoblacht na Fraince, M. Maurice Couve de Murville, Aire Gnóthaí Eachtracha;

Uachtarán Phoblacht na hIodáile, M. Amintore Fanfani, Aire Gnóthaí Eachtracha;

A Mhórgacht Ríoga Ard-Diúc Lucsamburg, M. Pierre Werner, Uachtarán an Rialtais, Aire Gnóthaí Eachtracha;

A Soilse Banríon na hÍsiltíre, M. J. M. A. H. Luns, Aire Gnóthaí Eachtracha;

noch a rinne, tar éis dóibh a Lánchunhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chuí, a thabhairt ar aird dá chéile, comhaontú ar na forálacha seo a leanas:

### CAIBIDIL 1. COMHAIRLE NA gCOMHPHOBAL EORPACH

*Airteagal 1.* Bunaítear leis seo Comhairle de na Comhphobail Eorpacha (dá ngairtear "an Chomhairle" anseo feasta). Gabhfaidh an Chomhairle sin ionad

[1] For the English translation, see United Nations, *Treaty Series*, vol. 1348, p. 3 — Pour la traduction anglaise, voir le *Recueil des Traités* des Nations Unies, vol. 1348, p. 3.

[2] Pour le texte français, voir le *Recueil des Traités* des Nations Unies, vol. 1348, p. 3 — For the French text, see United Nations, *Treaty Series*, vol. 1348, p. 3.

* *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. 152, 13 Iúil 1967, lch. 2.

Chomhairle Speisialta Airí an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, Chomhairle Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Chomhairle an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

Feidhmeoidh sí na cumhachtaí agus na hinniúlachtaí a thugtar do na hinstitiúidí sin faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sna Conarthaí ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, faoi seach, agus sa Chonradh seo.

*Airteagal 2.* Ionadaithe do na Ballstáit a bheidh ar an gComhairle. Cuirfidh gach Rialtas comhalta dá chuid mar thoscaire chuici.

Sealbhóidh gach comhalta den Chomhairle, ar a uain, oifig an Uachtaráin ar feadh téarma sé mhí in ord seo a leanas na mBallstát: an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Fhrainc, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Ríocht Aontaithe.*

*Airteagal 3.* Tiocfaidh an Chomhairle le chéile arna comóradh ag a hUachtarán uaidh féin nó arna iarraidh sin ag comhalta den Chomhairle nó ag an gCoimisiún.

*Airteagal 4.* Beidh coiste arna chomhdhéanamh de Bhuan-Ionadaithe na mBallstát freagrach as obair na Comhairle a ullmhú agus as na cúraimí a chuirfidh an Chomhairle air a chur i gcrích.

*Airteagal 5.* Glacfaidh an Chomhairle a rialacha nós imeachta.

*Airteagal 6.* Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, tuarastail, liúntais agus pinsin Uachtarán agus comhaltaí an Choimisiúin agus Uachtarán, Breithiúna, Abhcóidí Ginearálta agus Cláraitheoir na Cúirte Breithiúnais. Cinnfidh an Chomhairle chomh maith, le tromlach cáilithe freisin, aon íocaíocht is intugtha in ionad luach saothair.

*Airteagal 7.* Aisghairtear Airteagal 27, an chéad mhír d'Airteagal 28, Airteagal 29 agus Airteagal 30 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, Airteagail 146, 147, 151 agus 154 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, agus Airteagail 116, 117, 121 agus 123 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

*Airteagal 8.* 1. Leasaítear de réir míreanna 2 agus 3 na coinníollacha a rialaíonn feidhmiú na n-inniúlachtaí a thugtar don Chomhairle Speisíalta Airí leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach agus leis an bPrótacal ar Reacht na Cúirte Breithiúnais atá i gceangal leis.

2. Leasaítear mar a leanas Airteagal 28 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach:

*a)* Déanfar forálacha an tríú mír de, atá sna focail seo:

"In aon chás ina n-éilíonn an Conradh seo cinneadh d'aontoil nó aontú d'aontoil, beidh an cinneadh nó an t-aontú sin tugtha go cuí má votálann comhaltaí uile na Comhairle dó.",

* An dara mír mar atá arna leasú le hAirteagal 11 den Ionstraim Aontachais, mar atá arna leasú le hAirteagal 5 den Chinneadh Oiriúnuithe.

a chomhlánú leis na forálacha seo a leanas:

"Ach, d'fhonn Airteagail 21, 32, 32*a*, 78*d*, 78*f* den Chonradh seo agus Airteagal 16, an tríú mír d'Airteagal 20, an cúigiú mír d'Airteagal 28 agus Airteagal 44 den Phrótacal ar Reacht na Cúirte Breithiúnais a chur chun feidhme, má staonann comhaltaí atá i láthair go pearsanta nó trí ionadaíocht, ni bheidh sin ina chosc ar ghníomhartha ón gComhairle a ghlacadh ar gá aontoilíocht dóibh."

*b*) Déanfar forálacha an ceathrú mír de, atá sna focail seo:

"Déanfar cinntí ón gComhairle, seachas na cinn ar gá tromlach cáilithe nó aontoilíocht dóibh, a ghlacadh trí vóta an tromlaigh de líon iomlán comhaltaí na Comhairle. Measfar an tromlach sin a bheith faighte má bhíonn ann an tromlach glan d'ionadaithe an mBallstát, agus orthu sin vóta an ionadaí ó cheann de na Stáit a dtáirgeann gach Stát díobh an séú cuid ar a laghad de luach iomlán a dtáirgtear sa Chomhphobal de ghual agus cruach.",

a chomhlánú leis na forálacha seo a leanas:

"Ach, d'fhonn na forálacha sin d'Airteagal 78, 78*b* agus 78*d* den Chonradh seo a éilíonn tromlach cáilithe a chur chun feidhme, gabhfaidh meáchan mar a leanas le vótaí na gcomhaltaí den Chomhairle: an Bheilg 2, an Ghearmáin 4, An Fhrainc 4, an Iodáil 4, Lucsamburg 1, an Ísiltír 2. Glacfar gníomhartha má fuair siad ar a laghad 12 vóta tacaíochta, arna gcaitheamh ag ceithre chomhalta ar a laghad."

3. Leasófar mar a leanas an Prótacal ar Reacht na Cúirte Breithiúnais, atá i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach:

*a*) Aisghairtear Airteagail 5 agus 15.

*b*) Aisghairtear Airteagal 16 agus gabhfaidh na forálacha seo a leanas a ionad:

"1. Beidh oifigigh agus seirbhísigh eile ag gabháil leis an gCúirt ionas go bhféadfaidh sí feidhmiú. Beidh siad freagrach don Chláraitheoir, faoi údarás an Uachtaráin.

2. Ar thogra ón gCúirt, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, socrú a dhéanamh chun Rapóirtéirí Cúnta a cheapadh agus na rialacha a leagan síos a rialóidh a seirbhís. Féadfar a cheangal ar Rapóirtéirí Cúnta, faoi choinníollacha a bheidh leagtha síos sna rialacha nós imeachta, páirt a ghlacadh i réamhfhiosrúcháin i gcásanna atá ar feitheamh os comhair na Cúirte agus comhoibriú leis an mBreitheamh a ghníomhaíonn mar Rapóirtéir.

Roghnófar na Rapóirtéirí Cúnta as measc daoine nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras agus a bhfuil na cáilíochtaí dlí acu is gá; is í an Chomhairle a cheapfaidh iad. Glacfaidh siad mionn os comhair na Cúirte go gcomhlíonfaidh siad a ndualgais go neamhchlaon coinsiasach agus go gcoimeádfaidh siad plé na Cúirte faoi rún."

*c*) Déanfar an tríú mír d'Airteagal 20 agus an cúigiú mír d'Airteagal 28 a leasú trí na focail seo a leanas a chur leo: "ag gníomhú di d'aontoil".

*d*) Aisghairtear an chéad abairt d'Airteagal 44 agus gabhfaidh na forálacha seo a leanas a hionad:

"Glacfaidh an Chúirt Bhreithiúnais a rialacha nós imeachta. Is gá formheas d'aontoil ón gComhairle dóibh."

## CAIBIDIL II. COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

*Airteagal 9.* Bunaítear leis seo Coimisiún de na Comhphobail Eorpacha (dá ngairtear "an Coimisiún" anseo feasta). Gabhfaidh an Coimisiún sin ionad Ard-Údarás an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, Choimisiún Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Choimisiún an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

Feidhmeoidh an Coimisiún na cumhachtaí agus na hinniúlachtaí a thugtar do na hinstitiúidí sin faoi réir na coinníollacha dá bhforáiltear sna Conarthaí ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, faoi seach, agus sa Chonradh seo.

*Airteagal 10.* 1. Beidh ar an gCoimisiún trí chomhalta dhéag, a roghnófar de bharr a n-inniúlachta i gcoitinne agus nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras.*

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, líon comhaltaí an Choimisiúin a athrú.

Ní féidir a bheith ina gcomhaltaí den Choimisiún ach amháin náisiúnaigh de na Ballstáit.

Ní mór náisiúnach amháin ar a laghad as gach Ballstát a bheith ar an gCoimisiún, ach ní féidir thar dhá chomhalta is náisiúnaigh den Stát céanna a bheith ar an gCoimisiún.

2. Beidh comhaltaí an Choimisiúin, chun leasa na gComhphobal i gcoitinne, neamhspleách ar fad i gcomhlíonadh a ndualgas.

I gcomhlíonadh na ndualgas sin dóibh, ní iarrfaidh ná ní ghlacfaidh siad teagaisc ó aon Rialtas ná ó chomhlacht ar bith eile. Staonfaidh siad ó ghníomh ar bith nach luíonn lena ndualgais. Gabhann gach Ballstát air féin urraim a thabhairt don phrionsabal seo agus gan féachaint le tionchar a oibriú ar chomhaltaí an Choimisiúin i gcomhlíonadh a gcúraimí dóibh.

3. Ní cead do chomhaltaí an Choimisiún, le linn a dtéarma oifige, gabháil le haon slí bheatha eile, sochrach ná neamhshocrach. Ar dhul i mbun a ndualgas dóibh, tabharfaidh siad gealltanas sollúnta go n-urramóidh siad, le linn a dtéarma oifige agus ina dhiaidh, na hoibleagáidí a leanann as a n-oifig agus go háirithe a ndualgas chun bheith ionraic stuama i dtaobh ceapacháin nó sochair áirithe a ghlacadh tar éis scor dá n-oifig doíbh. Má dhéantar sárú ar bith ar na hoirbleagáidí sin, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gComhairle nó ón gCoimisiún, a rialú, de réir na n-imthosca, go bhfuil an comhalta áirithe le scor go héigeantach de réir forálacha Airteagal 13 nó go bhfuil a cheart chun pinsin nó chun sochar eile in ionad pinsin le baint de.

*Airteagal 11.* Is iad Rialtais na mBallstát a cheapfaidh, de thoil a chéile, comhaltaí an Choimisiúin.

Ceithre bliana is téarma oifige dóibh. Féadfar a dtéarma oifige a athnuachan.

*Airteagal 12.* Amach ó ghnáthathrú ar chomhaltaí nó i gcás comhalta d'fháil bháis, críochnóidh dualgais chomhalta den Choimisiún ar é d'éirí as oifig nó ar é a scor go héigeantach.

* An chéad fhomhír mar atá arna leasú le Cinneadh na Comhairle den 1 Eanáir 1973 ag athrú líon comhaltaí an Choimisiúin (*Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. L 2, 1 Eanáir 1973, lch. 28).

Déanfar folúntas a tharlóidh amhlaidh a líonadh ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige an chomhalta. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, a chinneadh nach gá folúntas den sórt sin a líonadh.

Ach amháin i gcás a scortha go héigeantach faoi fhorálacha Airteagal 13, fanfaidh comhaltaí an Choimisiúin i seilbh oifige go dtí go ngabhfar a n-ionad.

*Airteagal 13.* Aon chomhalta den Choimisiún nach bhfuil na coinníollacha is gá chun a dhualgais a dhéanamh á gcomhlíonadh aige a thuilleadh nó atá ciontach i mí-iompar tromchúiseach, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar iarratas ón gComhairle nó ón gCoimisiún, é a scor go héigeantach.

*Airteagal 14.* Déanfar Uachtarán agus cúig Leas-Uachtarán an Choimisiúin a cheapadh as líon a chomhaltaí go ceann téarma dhá bhliain de réir nós imeachta mar atá leagtha síos do cheapadh comhaltaí an Choimisiúin. Féadfar a gceapacháin a athnuachan.*

Ach amháin i gcás athrú ar chomhaltaí uile an Choimisiún, is tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún a dhéanfar na ceapacháin sin.

I gcás a scortha nó a n-éagtha, lionfar ionaid an Uachtaráin agus na Leas-Uachtarán ar feadh a bhfuil fágtha dá dtéarma oifige de réir na bhforálacha sin roimhe seo.

*Airteagal 15.* Rachaidh an Chomhairle agus an Coimisiún i gcomhairle lena chéile agus socróidh siad de thoil a chéile a modhanna comharaíochta.

*Airteagal 16.* Glacfaidh an Coimisiún a rialacha nós imeachta chun a áirithiú go n-oibreoidh sé féin agus a ranna de réir forálacha na gConarthaí ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach. Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus an Chonartha seo. Áiritheoidh sé go bhfoilseofar na rialacha sin.

*Airteagal 17.* Gníomhóidh an Coimisiún trí thromlach den líon comhaltaí dá bhforáiltear in Airteagal 10.

Ní bailí don chruinniú den Choimisiún mura mbíonn i láthair an líon comhaltaí atá leagtha síos ina rialacha nós imeachta.

*Airteagal 18.* Foilseoidh an Coimisiún go bliantúil, tráth nach déanaí ná mí roimh oscailt sheisiún an Tionóil, tuarascáil ghinearálta ar ghníomhaíochtaí na gComhphobal.

*Airteagal 19.* Aisghairtear leis seo Airteagail 156 go 163 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, Airteagail 125 go 133 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus Airteagail 9 go 13, an tríú mír d'Airteagal 16, Airteagal 17 agus an séú mír d'Airteagal 18 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach.

## CAIBIDIL III. FORÁLACHA AIRGEADAIS

*Airteagal 20.* 1. Taispeánfar i mbuiséad na gComhphobal Eorpach, de réir forálacha iomchuí na gConarthaí ag bunú na dtri Chomhphobal, caiteachas riaracháin an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, agus an t-ioncam a bhaineann leis, ioncam agus caiteachas Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, agus ioncam agus caiteachas an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh

* An chéad mhír mar atá arna leasú le hAirteagal 16 den Ionstraim Aontachais.

Adamhach, cé is moite de chuid na Gníomhaireachta Soláthair agus na nGnóthas Comhpháirteach. Gabhfaidh an buiséad sin, a gcomhardófar ioncam agus caiteachas ann, ionad bhuiséad riaracháin an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, bhuiséad Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus bhuiséad oibre agus bhuiséad taighde agus infheistíochta an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.*

2. An cion den chaiteachas sin a chumhdaítear leis na tobhaigh dá bhforáiltear in Airteagal 49 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, socraítear figiúr ocht milliún déag aonad cuntais dó.

Amhail ón mbliain airgeadais dar tosach 1 Eanáir 1967, cuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle gach bliain tuarascáil a mbunóidh an Chomhairle scrúdú uirthi féachaint an gá an figiúr sin a oiriúnú d'athruithe ar bhuiséad na gComhphobal. Gníomhóidh an Chomhairle tríd an tromlach atá leagtha síos sa chéad abairt den cheatrhú mír d'Airteagal 28 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach. Is é is bonn don oiriúnú sin measúnú ar fhorás an chaiteachais de dhroim an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach a chur chun feidhme.

3. An cion de na tobhaigh a chuirfear ag cumhdach an chaiteachais faoi bhuiséad na gComhphobal, leithroinnfidh an Coimisiún é chun an buiséad sin a chur i ngníomh de réir an tráthchláir a leagadh síos sna rialacháin airgeadais lenar glacadh de bhun Airteagal 209(*b*) den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Airteagal 183(*b*) den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, i leith na modhanna agus an nós imeachta chun na ranníocaí ó na Ballstáit a chur ar fáil.

*Airteagal 21.* Aisghairtear leis seo Airteagal 78 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaig do Ghual agus Cruach agus gabhfaidh na forálacha seo a leanas a ionad:

"*Airteagal 78.* 1. Tosóidh bhliain airgeadais an 1 Eanáir agus críochnóidh sí an 31 Nollaig.

2. Áireofar ar chaiteachas riaracháin an Chomhphobail caiteachas an Ard-Údaráis, lena n-áirítear a mbaineann le feidhmiú an Choiste Chomhairligh, agus caiteachas na Cúirte, an Tionóil agus na Comhairle.

3. Déanfaidh gach institiúid de chuid an Chomhphobail, meastacháin ar a caiteachas riaracháin a tharraingt suas. Comhdhlúthóidh an tArd-Údarás na meastacháin sin i réamhdhréacht buiséid riaracháin. Cuirfidh sé ag gabháil leo tuairim a bhféadfadh malairt meastachán a bheith inti.

Cuirfidh an tArd-Údarás an réamhdhréacht buiséid faoi bhráid na Comhairle lá nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair sa bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur i ngníomh.

Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis an Ard-Údarás agus, más iomchuí, leis na hinstitiúidí eile lena mbaineann, aon uair a bheidh d'intinn aici imeacht ón réamhdhréacht buiséid.

4. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an dréachtbhuiséad riaracháin a bhunú agus a chur ar aghaidh chuig an Tionól.

* Mír 1 mar atá arna leasú le hAirteagal 10 den Chonradh a Leasaíonn Forálacha Buiséadachta Áirithe.

Cuirfear an dréacht-bhuiséad riaracháin faoi bhráid an Tionóil lá nach déanaí ná an 31 Deireadh Fómhair sa bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur i ngníomh.

Beidh de cheart ag an Tionól modhnuithe ar an dréacht-bhuiséad riaracháin a thairiscint don Chomhairle.

5. Más rud é, laistigh de mhí ó cuireadh an dréacht-bhuiséad riaracháin faoina bhráid, go mbeidh an Tionól tar éis a fhormheas a thabhairt, nó nach mbeidh sé tar éis a thuairim a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, measfar go bhfuil glactha go críochnaiteach leis an dréacht-bhuiséad riaracháin.

Más rud é, laistigh den tréimhse sin, go mbeidh an Tionól tar éis modhnuithe a thairiscint, cuirfear an dréacht-bhuiséad riaracháin arna mhodhnú amhlaidh ar aghaidh chuig an gComhairle. Pléifidh an Chomhairle é leis an Ard-Údáras agus, más iomchuí, leis na hinstitúidí eile lena mbaineann, agus glacfaidh sí go críochnaitheach leis an mbuiséad riaracháin ag gníomhú di trí thromlach cáilithe.

6. Nuair a bheidh glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad riaracháin, beidh d'éifeacht leis sin go n-údarófar don Ard-Údarás agus go gceanglófar air an t-ioncam comhréireach a bhailiú de réir forálacha Airteagal 49.

*Airteagal 78*a. Déanfar an buiséad riaracháin a tharaingt suas san aonad cuntais a bheidh socraithe de réir forálacha na rialachán a bheidh déanta de bhun Airteagal 78*f*.

Beidh an caiteachas a thaispeántar sa bhuiséad riaracháin údaraithe d'aon bhliain airgeadais amháin, mura bhforáiltear a mhalairt leis na rialacháin a bheidh déanta de bhun Airteagal 78*f*.

Faoi réir coinníollacha a bheidh leagtha síos de bhun Airteagal 78*f*, aon leithreasaí, seachas iad siúd a bhaineann le caiteachas ar fhoireann, a bheidh gan caitheamh i ndeireadh na bliana airgeadais, féadfar iad a thabhairt ar aghaidh chuig an mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, ach ní níos faide ná sin.

Aicmeofar na leithreasaí faoi chaibidlí éagsúla, agus míreanna caiteachais á ngrúpáil de réir a gcineáil nó a gcuspóra, agus á bhforoinnt, a mhéid is gá sin, de réir na rialachán a dhéanfar de bhun Airteagal 78*f*.

Déanfar caiteachas an Tionól, na Comhairle, an Ard-Údaráis agus na Cúirte a leagan amach i gcodanna leithleacha den bhuiséad riaracháin, gan dochar do shocruithe speisialta le haghaidh caiteachas comhchoiteann áirithe.

*Airteagal 78*b. 1. Más rud é, i dtosach bliana airgeadais, nach bhfuil an buiséad riaracháin vótáilte fós, féadfar suim is comhionann le méid nach mó ná an dóú cuid déag de leithreasaí an bhuiséid riaracháin don bhliain airgeadais roimhe sin a chaitheamh gach mí i leith aon chaibidil nó foroinn eile den bhuiséad riaracháin de réir forálacha na rialachán a bheidh déanta de bhun Airteagal 78*f*; ach ní bheidh d'éifeacht leis an socrú sin go gcuirfear an láimh an Ard-Údaráis leithreasaí de bhreis ar an dóú chuid déag díobh siúd dá bhforáiltear sa dréacht-bhuiséad riaracháin atá á ullmhú.

Údaraítear don Ard-Údarás agus ceanglaítear air tobhaigh a bhailiú go feadh méid na leithreasaí don bhliain airgeadais roimhe sin, ach ní gabhfaidh

sé, leis sin, thar an méid a thiocfadh den dréacht-bhuiséad riaracháin a ghlacadh.

2. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, agus ar chuntar go gcomhlíontar na coinníollacha eile atá leagtha síos i mír 1 den Airteagal seo, caiteachas de bhreis ar an dóú cuid déag a údarú. Féadfar oiriúnú dá réir sin a dhéanamh ar an údarás agus an oibleagáid chun na tobhaidh a bhailiú.

*Airteagal 78*c. Cuirfidh an tArd-Údarás an buiséad riaracháin i ngníomh, de réir forálacha na rialachán a bheidh déanta de bhun Airteagal 78*f*, ar a fhreagracht féin agus laistigh de theorainneacha na leithreasaí.

Leagfaidh na rialacháin síos rialacha mionchruinne do gach institúid maidir lena páirt ag déanamh a caiteachais féin.

Laistigh den bhuiséad riaracháin, féadfaidh an tArd-Údarás, faoi réir na dteorainneacha agus na gcoinníollacha a leagadh síos sna rialacháin a bheidh déanta de bhun Airteagal 78*f*, leithreasaí a aistriú ó chaibidil go chéile nó ó fhoroinn go chéile.

*Airteagal 78*d. Déanfaidh Bord Iniúchóireachta d'iniúchóirí nach bhfuil a neamhspleáchas inchurtha in amhras, agus a mbeidh duine díobh ina chathaoirleach air, scrúdú ar chuntais an chaiteachais riaracháin uile dá dtagraítear in Airteagal 78(2) agus an ioncaim de chinéal riarthach agus an ioncaim as an gcáin i bhfabhar an Chomhphobail a forchuireadh ar thuarastail, pá agus éadálacha a oifigeach agus a sheirbhíseach eile. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, líon na n-iniúchóirí a chinneadh. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, iniúchóirí agus cathaoirleach an Bhord Iniúchóireachta a cheapadh go ceann tréimhse chúig bliana. Déanfaidh an Chomhairle a luach saothair a chinneadh, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe.

Is taifid is bonn don inúchóireacht agus, más gá, déanfar ar an bhfód é; is é is cuspóir di a shuiomh go bhfuarthas an t-ioncam uile agus gur tabhaíodh an caiteachas uile ar mhodh dleathach rialta agus go ndearnadh bainistíocht fhónta ar an airgeadas. Tar éis deireadh gach bliana airgeadais, tarraingeoidh an Bord Iniúchóireachta suas tuarascáil, lena nglacfaidh tromlach a chomhaltaí.

Cuirfidh an tArd-Údarás faoi bhráid na Comhairle agus an Tionóil gach bliain cuntais na bliana airgeadais roimhe sin maidir leis an mbuiséad riaracháin a chur i ngníomh, mar aon le tuarascáil an Bhoird Iniúchóireachta. Cuirfidh an tArt-Údarás chucu sin freisin ráiteas airgeadais ar shócmhainní agus dlíteanais an Chomhphobail ina bhfuil faoi chumhdach sa bhuiséad sin.

Tabharfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, urscaoileadh don Ard-Údarás i leith an buiséad riaracháin a chur i ngníomh. Cuirfidh sí a cinneadh in iúl don Tionól.

*Airteagal 78*e. Ceapfaidh an Chomhairle iniúchóir chun fónamh go ceann trí bliana tarraingeoidh sé suas tuarascáil bhliantúil á chur in iúl an ndearnadh cuntasaíocht agus bainistíocht airgeadais an Ard-Údaráis ar mhodh rialta; ní áireofar sa tuarascáil sin taifid a bhaineann leis an gcaiteachas riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 78(2), leis an ioncam riaracháin ná leis an ioncam as an gcáin i bhfabhar an Chomhphobail a

toibhíodh ar thuarastail, pá agus éadalacha a oifigeach agus a sheirbhíseach eile. Tarraingeoidh sé suas an tuarascáil sin laistigh de shé mhí tar éis deireadh na bliana airgeadais lena mbaineann na cuntais, agus cuirfidh sé chuig an Ard-Údarás agus chuig an gComhairle í. Seolfaidh an tArd-Údarás ar aghaidh chun an Tionóil í.

Beidh an t-iniúchóir neamhspleách ar fad i gcomhlíonadh a dhualgas. Ní luífidh oifig iniúchóra le hoifig ar bith eile in aon institiúid ná roinn de chuid na gComhphobal, seachas oifig chomhalta den Bhord Iniúchóireachta dá bhforáiltear in Airteagal 78*d*. Féadfar a théarma oifige a athnuachan.

*Airteagal 78*f. Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón Ard-Údarás:

*a*) rialacháin airgeadais ina sonrófar go háirithe an nós imeachta is inleanta chun on buiséad riaracháin a tharraingt suas agus a chur i ngníomh agus chun cuntais a thíolacadh agus a iniúchadh;

*b*) rialacha a leagan síos i dtaobh freagracht oifigeach údaráis agus oifigeach cuntais agus i dtaobh socruithe iomchui le haghaidh cigireachta."

*Airteagal 22**. 1. Na cumhachtaí agus na hinniúlachtaí a thugtar don Chúirt Iniúchóirí a bunaíodh le hAirteagal 78*e* den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, le hAirteagal 206 den Chonradh ag bunú Chomphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus le hAirteagal 180 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, déanfaidh Cúirt Iniúchóirí Aonair de na Comhphobail Eorpacha, arna comhdhéanamh mar a fhoráiltear sna hAirteagail sin, iad a fheidhmiú de réir na gcoinníollacha a fhoráiltear sna Conarthaí sin faoi seach.

2. Gan dochar do na comhachtaí agus na hinniúlachtaí a luaitear i mír 1, feidhmeoidh Cúirt Iniúchóirí na gComhphobal Eorpach na cumhachtaí agus na hinniúlachtaí a bhí dílsithe, roimh theacht i ngníomh don Chonradh seo, do Bhord Iniúchóireachta na gComhphobal Eorpach agus d'Iniúchóir an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach sna coinníollacha atá leagtha síos leis na hionstraimí éagsúla a thagraíonn don Bhord Iniúchóireachta agus don Iniúchóir. Sna hionstraimí sin go léir cuirfear na focail "Cúirt Iniúchóirí" in ionad na bhfocal "Bord Iniúchóireachta" agus "Iniúchóir".

*Airteagal 23*. Aisghairtear leis seo Airteagal 6 den Choinbhinsiún ar Institiúid Áirithe is Coiteann do na Comhphobail Eorpacha.

## CAIBIDIL IV. OIFIGIGH AGUS SEIRBHÍSIGH EILE NA gCOMHPHOBAL EORPACH

*Airteagal 24*. 1. Beidh oifigigh agus seirbhísigh eile an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, ar dháta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm, ina n-oifigigh agus ina seirbhísigh eile do na Comhphobail Eorpacha agus ina gcuid de riarachán aonair na gComhphobal sin.

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile lena mbaineann, Rialacháin Foirne na n-oifigeach do na Comhphobail Eorpacha agus Coinníollacha Fostaíochta na seirbhíseach eile do na Comhphobail sin a leagan síos.

* Téacs mar atá arna leasú ag Airteagal 27 den Chonradh a leasaíonn forálacha áirithe airgeadais.

2. Aisghairtear mír 3 d'Airteagal 7 den Choinbhinsiún ar Fhorálacha Idirthréimhseacha atá i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, Airteagal 212 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Airteagal 186 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

*Airteagal 25.* Go dtí go mbeidh feidhm ag na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta chomhionanna dá bhforáiltear in Airteagal 24 agus ag na rialacháin atá le déanamh de bhun Airteagal 13 den Phrótacal atá i gceangal leis an gConradh seo, leanfaidh oifigigh agus seirbhísigh eile a earcaíodh roimh dháta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm de bheith faoi réir na bhforálacha a bhain leo go dtí sin.

Oifigigh agus seirbhísigh eile a earcófar ar dháta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm agus dá éis sin, beidh siad, go dtí go n-eiseofar na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta chomhionanna dá bhforáiltear in Airteagal 24 agus na rialacháin atá le déanamh de bhun Airteagal 13 den Phrótacal atá i gceangal leis an gConradh seo, faoi rialú na bhforálacha a bhaineann le hoifigigh agus seirbhísigh eile Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

*Airteagal 26.* Aisghairtear an dara mír d'Airteagal 40 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach agus gabhfaidh an méid seo a leanas a hionad:

> "Beidh dlínse freisin ag an gCúirt a ordú don Chomhphobal aon díobháil a shlánú a tharla de dhroim éagóir phearsanta arna déanamh ag seirbhíseach de chuid an Chomhphobail i gcomhlíonadh a dhualgas. Beidh dliteanas pearsanta a sheirbhíseach i leith an Chomhphobail faoi rialú ag forálacha a bheidh leagtha síos sna Rialacháin Foirne nó sna Coinníollacha Fostaíochta a bhaineann leo."

## CAIBIDIL V. FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 27.* 1. Aisghairtear an chéad mhír d'Airteagal 22 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, an chéad mhír d'Airteagal 139 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an chéad mhír d'Airteagal 109 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus gabhfaidh an méid seo a leana a n-ionad:

> "Beidh seisiún in aghaidh na bliana ag an Tionól. Tiocfaidh sé le chéile, gan a bheith de riachtanas é a chomóradh, an dara Máirt de Mhárta."

2. Aisghairtear an dara mír d'Airteagal 24 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach agus gabhfaidh an méid seo a leanas a hionad:

> "Má leagtar faoi bhráid an Tionóil tairiscint ag cáineadh gníomhaíochtaí an Ard-Údaráis, ni vótálfaidh an Tionól ar an tairiscint sin go ceann trí lá ar a laghad tar éis a tairiscint a leagan faoina bhráid agus is trí vótáil phoiblí a dhéanfar sin".

*Airteagal 28.* Beidh ag an Comhphobail Eorpacha, i gcríocha na mBallstát, na pribhléidí agus na diolúintí is gá chun a gcúraimí a chomhlíonadh, faoi na coinníollacha atá leagtha síos sa Phrótacal atá i gceangal leis an gConradh seo. Bainfidh an céanna leis an mBanc Eorpach Infheistíochta.

Aisghairtear Airteagal 76 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, Airteagal 218 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Airteagal 191 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, na Prótacail ar Phribhléidí agus Díolúintí i gceangal leis na tri Chonradh sin, an ceathrú mír d'Airteagal 3 agus an dara mír d'Airteagal 14 den Phrótacal ar Reacht na Cúirte Breithiúnais atá i gceangal leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach; agus an dara fomhír d'Airteagal 28(1) den Phrótacal ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta atá i gceangal leis an gConradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.

*Airteagal 29.* Déanfar na hinniúlachtaí a thugtar don Chomhairle le hAirteagail 5, 6, 10, 12, 13, 24, 34 agus 35 den Chonradh seo agus leis an bPrótacal atá i gceangal leis a fheidhmiú de réir na rialacha atá leagtha síos in Airteagail 148, 149 agus 150 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Airteagail 118, 119 agus 120 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

*Airteagal 30.* Na forálacha de na Conarthaí ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a bhaineann le dlínse na Cúirte Breithiúnais agus le feidhmiú na dlínse sin, beidh feidhm acu maidir le forálacha an Chonartha seo agus an Phrótacail atá i gceangal leis, cé is moite de na forálacha sin atá i bhfoirm leasuithe ar Airteagail den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, a bhfanfaidh feidhm ina leith ag forálacha an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach.

*Airteagal 31.* Rachaidh an Chomhairle i mbun a dualgas ar dháta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm.

Amhail ón dáta sin, déanfaidh an comhalta den Chomhairle a bhí, de réir na rialacha atá leagtha síos leis na Conarthaí ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, le dul i seilbh oifig Uachtarán Chomhairle Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, Oifig Uachtarán na Comhairle a shealbhú go ceann a bhfuil fágtha dá théarma oifige. Ar dhul in éag don téarma oifige sin, sealbhófar oifig an Uachtaráin de réir ord na mBallstát mar atá leagtha síos in Airteagal 2 den Chonradh seo.

*Airteagal 32.* 1. Go dtí an dáta a thiocfaidh an Conradh ag bunú Comhphobal Eorpach Aonair i bhfeidhm, nó go ceann trí bliana tar éis a chomhaltaí a cheapadh, cibé acu is luaithe, beidh ceithre chomhalta dhéag ar an gCoimisiún.

Ar feadh na tréimhse sin ní cead líon na gcomhaltaí a bhfuil náisiúntacht an Stáit chéanna acu a dhul thar thriúr.

2. Ceapfar Uachtarán, Leas-Uachtaráin agus comhaltaí an Choimisiúin a luaithe a thiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm. Rachaidh an Coimisiún i mbun a dhualgas an cúigiú lá tar éis a chomhaltaí a cheapadh. Ag an am céanna beidh deireadh le téarma oifige comhaltaí an Ard-Údaráis agus Choimisiúin Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

*Airteagal 33.* Beidh deireadh ar an dáta atá leagtha síos in Airteagal 32(1) le téarma oifige comhaltaí an Choimisiúin dá bhforáiltear in Airteagal 32. Ceapfar

comhaltaí an Choimisiúin dá bhforáiltear in Airteagal 10 mí ar a dhéanaí roimh an dáta sin.

Sa mhéid go mbeadh gach ceann nó cinn áirithe de na ceapacháin sin gan déanamh laistigh den tréimhse is gá, ní bhainfidh forálacha an tríú mír d'Airteagal 12 leis na gcomhalta sin, i measc náisiúnaigh gach Ballstáit, is ísle sinsearacht mar chomhalta de cheann de na Coimisiúin nó den Ard-Údarás nó, i gcás comhshinsearachta, leis an gcomhalta is óige díobh. Ach leanfaidh forálacha an tríú mír d'Airteagal 12 d'fheidhm a bheith acu maidir leis na comhaltaí go léir arb ionann náisiúntacht dóibh, más rud é, roimh an dáta atá leagtha síos le hAirteagal 32(1), go mbeidh comhalta den náisiúntacht sin tar éis scor dá oifig a shealbhú gan duine a theacht ina ionad.

*Airteagal 34.* Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil, socruithe airgeadais i gcomhair iarchomhaltaí den Ard-Údarás agus de Choimisiúin Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a bheidh, tar éis scor dóibh dá n-oifig a shealbhú de bhun Airteagal 32, gan ceapadh ina gcomhaltaí den Choimisiún.

*Airteagal 35.* 1. Déanfar an chéad bhuiséad de chuid na gComhphobal a bhunú agus a ghlacadh don bhliain airgeadais a thosóidh an 1 Eanáir tar éis teacht i bhfeidhm don Chonradh seo.

2. I gcás an Conradh seo a theacht i bhfeidhm roimh an 1 Iúil 1965, déanfar na meastacháin ghinearálta ar chaiteachas riaracháin an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach a chríochnaíonn ar an 1 Iúil a fhadú go dtí an 31 Nollaig an bhliain chéanna. Déanfar na leithreasaí faoi na meastacháin sin a mhéadú go comhréireach, mura ndéanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, a mhalairt a chinneadh.

I gcás an Conradh seo a theacht i bhfeidhm tar éis an 30 Meitheamh 1965, glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún, na cinntí is iomchuí ag féachaint dá riachtanaí atá sé go n-áiritheofar dea-oibriú na gComhphobal agus go nglacfar le céad bhuiséad na gComhphobal a luaithe is féidir.

*Airteagal 36.* Rachaidh cathaoirleach agus comhaltaí Bhord Iniúchóireachta Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach i mbun dualgas mar chathaoirleach agus mar chomhaltaí Bhord Iniúchóireachta na gComhphobal Eorpach ar theacht i bhfeidhm don Chonradh seo agus go ceann a bhfuil fágtha dá seantéarma oifige.

An t-iniúchóir a bheidh ag feidhmiú a dhualgas, de bhun Airteagal 78 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, go dti dáta an Chonartha seo a theacht i bhfeidhm, rachaidh sé i mbun dualgas an iniúchóra dá bhforáiltear in Airteagal 78*e* den Chonradh sin go ceann a bhfuil fágtha dá sheantéarma oifige.*

*Airteagal 37.* Gan dochar d'fheidhmiú Airteagal 77 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, Airteagal 216 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, Airteagal 189 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus an dara mír d'Airteagal 1 den Phrótacal ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta,

* Feic Airteagal 22 anseo roimhe seo.

déanfaidh na hionadaithe ó Rialtais na mBallstát, de thoil a chéile, na forálacha a leagan síos is gá d'fhonn fadhbanna áirithe a réiteach a bhaineann go sonrach le hArd-Diúiceacht Lucsamburg agus a thig de bhunú Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha.

Tiocfaidh cinneadh an n-ionadaithe ó Rialtais na mBallstát i bhfeihdm ar an dáta céanna leis an gConradh seo.

*Airteagal 38.* Déanfaidh na hArdpháirtithe Conarthacha daingniú ar na gConradh seo de réir a rialacha bunreachtúla faoi seach. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le Rialtas Phoblacht na hIodáile.

Tiocfaidh an Conradh seo i bhfeihdm an chéad lá den mhí i ndiaidh taisceadh na hionstraime daingniúcháin ag an gceann is déanaí de Stáit a shínithe a dhéanfaidh an taisceadh sin.

*Airteagal 39.* Tarraingíodh an Conradh seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, san Iodáilis agus san Ollanais, agus comhúdarás ag gach ceann de na ceithre théacs; taiscfear é i gcartlann Rialtas Phoblacht na hIodáile, agus cuirfidh an Rialtas sin cóip dheimhnithe chuig Rialtas gach ceann eile de Stáit a shínithe.

DÁ FHIANÚ SIN, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an gConradh seo.

ARNA DHÉANAMH sa Bhruiséil, an t-ochtú lá d'Aibreán sa bhliain míle naoi gcéad seasca a cúig.

Pour sa Majesté le Roi des Belges :
Voor Zijne Majesteit de Koning der Belgen:

PAUL-HENRI SPAAK

Für den Präsidenten der Bundesrepublik Deutschland:

KURT SCHMÜCKER

Pour le Président de la République française :

MAURICE COUVE DE MURVILLE

Per il Presidente della Repubblica italiana:

AMINTORE FANFANI

Pour Son Altesse Royale le Grand-Duc de Luxembourg :

PIERRE WERNER

Voor Hare Majesteit de Koningin der Nederlanden:

J. M. A. H. LUNS

# 2. PRÓTACAL AR PHRIBHLÉIDÍ AGUS DÍOLÚINTÍ NA gCOMHPHOBAL EORPACH

Tá na hArdpháirtithe Conarthacha,

De bhrí, de réir Airteagal 28 den Chonradh ag bunú Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha, go mbeidh ag na Comhphobail sin agus ag an mBanc Eorpach Infheistíochta, i gcríocha na mBallstát, na pribhléidí agus na díolúintí is gá chun a gcúraimí a chur i gcrích,

Tar éis comhaontú ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh seo:

## CAIBIDIL I. MAOIN, CISTÍ, SÓCMHAINNÍ AGUS OIBRÍOCHTAÍ NA gCOMHPHOBAL EORPACH

*Airteagal 1.* Beidh áitribh agus foirgnimh na gComhphobal dosháraithe. Beidh siad díolmhaithe ó chuardach, foréileamh, coigistiú nó díshealbhú. Ní bheidh maoin agus sócmhainní na gComhphobal ina n-ábhar d'aon bheart comhéigin, riarthach ná dlíthiúil, gan údarás na Cúirte Breithiúnais.

*Airteagal 2.* Beidh cartlann na gComhphobal dosháraithe.

*Airteagal 3.* Beidh na Comhphobail, a sócmhainní, a n-ioncam agus a maoin eile saortha ó gach cáin dhíreach.

Déanfaidh Rialtais na mBallstát, i ngach cás inar féidir é, na bearta is iomchuí chun méid na gcánacha indíreacha nó na gcánacha díolacháin a bheidh ar áireamh i bpraghas maoine sochorraithe nó dochorraithe a mhaitheamh nó a aisíoc nuair a dhéanann na Comhphobail, le haghaidh a n-úsáide oifigiúla, ceannacháin tábhachtacha a bhfuil cánacha den sórt sin ar áireamh ina bpraghas. Ní chuirfear na forálacha sin chun feidhme, áfach, ionas go mbeidh de thoradh orthu iomáiocht laistigh de na Comhphobail a shaobhadh.

Ní dheonófar saoirseacht ar bith i leith muirir, cánacha agus dleachtanna nach bhfuil iontu ach táillí as seirbhísí fóntais phoiblí.

*Airteagal 4.* Beidh na Comhphobail saortha ó gach dleacht chustam, ó gach toirmeasc agus ó gach srian ar allmhairí agus onnmhairí maidir le hearraí le haghaidh a n-úsáide oifigiúla; ní dhéanfar earraí a allmhaireofar amhlaidh a dhiúscairt, ar íocaíocht nó gan iocaíocht, i gcríoch na tíre ar allmhairíodh isteach inti iad, ach amháin faoi choinníollahca arna bhformheas ag Rialtas na tíre sin.

Beidh na Comhphobail saortha freisin ó aon dleachtanna custam agus ó aon toirmisc agus srianta ar allmhairí agus onnmhairí maidir lena bhfoilseacháin.

*Airteagal 5.* Féadfaidh an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach airgead reatha de chineál ar bith a shealbhú agus cuntas a bheith aige in airgead reatha de chineál ar bith.

## CAIBIDIL II. CUMARSÁIDÍ AGUS LAISSEZ-PASSER

*Airteagal 6.* Le haghaidh a gcumarsáidí oifigiúla agus do tharchur a ndoiciméad go léir, gheobhaidh institiúidí na gComhphobal i gcríoch gach Ballstáit an chóir a thugann an Stát sin do mhisin taidhleoireachta.

Ní bheidh comhfhreagras oifigiúil ná cumarsáidí oifigiúla eile de chuid institiúidí na gComhphobal inchurtha faoi chinsireacht.

*Airteagal 7.* 1. Féadfaidh Uachtaráin institiúidí na gComhphobal laissez-passer i bhfoirm a ordóidh an Chomhairle, agus a dtabharfaidh údaráis na mBallstát aitheantas dóibh mar dhoiciméid taistil bhailí, a eisiúint chuig comhaltaí agus seirbhísigh na n-institiúidí sin. Eiseofar na laissez-passer sin chuig oifigigh agus seirbhísigh eile faoi choinníollacha arna leagan síos i Rialacháin Foirne oifigeach agus i gCoinníollacha Fostaíochta seirbhíseach eile do na Comhphobail.

Féadfaidh an Coimisiún comhaontuithe a dhéanamh chun na laissez-passer sin a aithint mar dhoiciméid taistil bhailí i gcríocha tríú tíortha.

2. Ar a shon sin, leanfaidh forálacha Airteagal 6 den Phrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Chomhphobail Eorpaigh de Ghual agus Cruach d'fheidhm a bheith acu maidir leis na comhaltaí agus na seirbhísigh de chuid na n-institiúidí atá, ar theacht i bhfeidhm don Chonradh seo, i seilbh na laissez-passer dá bhforáiltear san Airteagal seo, go dtí go gcuirfear forálacha mhír 1 den Airteagal seo chun feidhme.

## CAIBIDIL III. COMHALTAÍ AN TIONÓIL

*Airteagal 8.* Ní chuirfear aon srian riaracháin ná aon srian eile ar shaorghluaiseacht chomhaltaí an Tionóil ag taisteal dóibh go dtí áit chruinnithe an Tionóil nó uaidh.

Tabharfar do chomhaltaí an Tionóil, maidir le custaim agus rialú malairte:

*a*) óna Rialtas féin, na saoráidí céanna a thugtar d'oifigigh shinsearacha agus iad ag taisteal ar an gcoigcrích ar mhisin oifigiúla shealadacha;

*b*) ó Rialtais Bhallstát eile, na saoráidí céanna a thugtar d'ionadaithe Rialtas eachtrach ar mhisin oifigiúla shealadacha.

*Airteagal 9.* Ní bheidh comhaltaí an Tionóil inchurtha faoi aon saghas fiosrúcháin, coinneála ná imeachtaí dlíthiúla i leith tuairimí a thug siad nó vótaí a chaith siad ag comhlíonadh a ndualgas dóibh.

*Airteagal 10.* Le linn seisiúin an Tionóil, beidh ag an chomhaltaí:

*a*) i gcríoch a Stáit féin, na díolúintí a thugtar do chomhaltaí a bparlaiminte féin;

*b*) i gcríoch aon Bhallstáit eile, díolúine ó aon bheart coinneála agus ó imeachtaí dlíthiúla.

Bainfidh an díolúine mar an gcéanna le comhaltaí ag taisteal dóibh go dtí áit chruinnithe an Tionóil agus uaidh.

Ní féidir díolúine a éileamh nuair a gheofar comhalta i mbun cion a dhéanamh ná ní choiscfidh sí an Tionól a cheart a fheidhmiú chun díolúine dhuine dá chomhaltaí a tharscaoileadh.

## CAIBIDIL IV. IONADAITHE BALLSTÁT A GHLACANN PÁIRT IN OBAIR INSTITIÚIDÍ NA gCOMHPHOBAL EORPACH

*Airteagal 11.* Na hionadaithe do Bhallstáit a ghlacann páirt in obair institiúidí na gComhphobal, beidh acu féin agus ag a gcomhairleoirí agus a saineolaithe teicniúla, i gcomhlíonadh a ndualgas agus le linn a dtaistil go dtí áit an chruinnithe agus uaidh, na pribhléidí, na díolúintí agus na saoráidí is gnách.

Bainfidh an tAirteagal seo freisin le comhaltaí de chomhlachtaí comhairleacha na gComhphobal.

CAIBIDIL V. OIFIGIGH AGUS SEIRBHÍSIGH EILE NA gCOMHPHOBAL EORPACH

*Airteagal 12.* I gcríoch gach Ballstáit agus cibé náisiúntacht atá acu, na hoifigigh agus na seirbhísigh eile do na Comhphobail:

*a)* beidh siad díolmhaithe ó imeachtaí dlíthiúla i leith gníomhartha a rinne siad ina gcáil oifigiúil, lena n-áirítear a bhfocail labhartha nó scríofa, faoi réir forálacha na gConarthaí a bhaineann, ar thaobh amháin, leis na rialacha i dtaobh freagracht oifigeach agus seirbhíseach eile i leith na gComhphobal, agus ar an taobh eile, le dlínse na Cúirte chun breith a thabhairt ar ábhair atá faoi dhíospóid idir na Comhphobail agus a n-oifigigh agus a seirbhísigh eile. Fanfaidh an díolúine sin acu tar éis scor dá n-oifig;

*b)* ní bheidh siad féin ná a gcéilí ná daoine cleithiúnacha dá dteaghlaigh inchurtha faoi shrianta inimirce ná faoi fhoirmiúlachtaí chun eachtrannaigh a chlárú;

*c)* tabharfar dóibh, maidir le rialacháin airgid reatha nó mhalairte, na saoráidí céanna is gnách a thabhairt d'oifigigh eagraíochtaí idirnáisiúnta;

*d)* beidh acu an ceart chun a dtroscán agus a n-éifeachtaí a allmhairiú saor ó dhleacht, ag dul i mbun a bpoist i gcéaduair dóibh sa tír áirithe, agus an ceart chun a dtroscán agus a n-éifeachtaí a athonnmhairiú saor ó dhleacht ar chríochnú a ndualgas sa tír sin, ach i gceachtar cás díobh faoir réir na gcoinníollacha is riachtanach le Rialtas na tíre ina bhfeidhmítear an ceart sin;

*e)* beidh acu an ceart chun gluaisteán le haghaidh a n-úsáide pearsanta féin a allmhairiú saor ó dhleacht, más gluaisteán é a fuarthas sa tír dheiridh ina raibh cónaí orthu nó sa tír ar náisiúnaigh di iad, ar théarmaí mhargadh baile na tíre sin, agus é a athonnmhairiú saor ó dhleacht, ach i gceachtar cás díobh faoi réir na gcoinníollacha is riachtanach le Rialtas na tíre áirithe.

*Airteagal 13.* Beidh oifigigh agus seirbhísigh eile na gComhphobal inchurtha faoi cháin, chun tairbhe do na Comhphobail, ar thuarastail, pá agus éadálacha a d'íoc na Comhphobail leo, de réir na gcoinníollacha agus an nós imeachta a leagfaidh an Chomhairle síos, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún.

Beidh siad díolmhaithe ó chánacha náisiúnta ar thuarastail, pá agus éadálacha a íocfaidh na Comhphobail.

*Airteagal 14.* Maidir le cáin ioncaim, cáin rachmais, agus dleachtanna báis a chur chun feidhme agus maidir le coinbhinsiúin chun cánachas dúbailte a sheachaint, a tugadh i gcrích idir Ballstáit de na Comhphobail, a chur chun feidhme, na hoifigigh agus na seirbhísigh eile do na Comhphobail a dhéanann, d'aontoisc mar gheall ar chomhlíonadh a ndualgas i seirbhís na gComhphobal, áit chónaithe a bhunú a gcríoch Bhallstáit seachas a dtí, shainchónaithe chun críocha cánach le linn dóibh dul isteach i seirbhís na gComhphobal, measfar i dtír a gcónaithe iarbhír agus sa tír shainchónaithe chun críocha cánach, gur chothaigh siad a sainchónaí sa tír sin is déanaí atá luaite, ar choinníoll gur comhalta de na Comhphobail í. Bainfidh an fhoráil sin le céile freisin, sa mhéid nach bhfuil an céile sin ag gabháil go leithleach do phost sochair, agus le leanaí atá i gcleithiúnas agus faoi chúram na ndaoine dá dtagraítear san Airteagal seo.

Beidh maoin shochorraithe le daoine dá dtagraítear sa mhír roimhe seo agus atá i gcríoch na tíre ina bhfuil siad ag cur fúthú saortha ó dhleachtanna báis sa tír sin; measfar, chun an dleacht sin a mheasúnú, an mhaoin sin a bheith sa tír shainchónaithe chun críocha cánach, faoi réir cearta tríú tíortha agus ar an gcuntar

go bhféadfadh sé go gcuirfí chun feidhme forálacha coinbhinsiún idirnáisiúnta ar chánachas dúbailte.

Ag cur forálacha an Airteagail seo chun feidhme, déanfar neamhshuim d'aon sainchónaí a fuarthas d'aontoisc mar gheall ar dhualgais a chomhlíonadh i seirbhís eagraíochtaí idirnáisiúnta eile.

*Airteagal 15.* Leagfaidh an Chomhairle síos, ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún, scéim na sochar slándála sóisialaí d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile na gComhphobal.

*Airteagal 16.* Cinnfidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle leis na hinstitiúidí eile lena mbaineann, na haicmí oifigeach agus seirbhíseach eile do na Comhphobail a mbainfidh forálacha Airteagal 12, an dara mír d'Airteagal 13 agus Airteagal 14 leo, go hiomlán nó go páirteach.

Cuirfear ainmneacha, gráid agus seoltaí na n-oifigeach agus na seirbhíseach eile a áirítear sna haicmí sin in iúl ó am go chéile do Rialtais na mBallstát.

CAIBIDIL VI. PRIBHLÉIDÍ AGUS DÍOLÚINTÍ MISEAN Ó THRÍÚ TÍORTHA A CREIDIÚNAÍODH DO NA COMHPHOBAIL EORPACHA

*Airteagal 17.* Déanfaidh an Ballstát ar ina chríoch atá a suíomh ag na Comhphobail na díolúintí agus na pribhléidí taidhleoireachta is gnách a thabhairt do mhisin tríú tíortha atá creidiúnaithe do na Comhphobail.

CAIBIDIL VII. FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 18.* Is chun leasa na gComhphobal agus chuige sin amháin a thabharfar pribhléidí, díolúintí agus saoráidí d'oifigigh agus do sheirbhísigh eile na gComhphobal.

Beidh de cheangal ar gach institiúid de chuid na gComhphobal an díolúine a tugadh d'oifigeach nó do sheirbhíseach eile a tharscaoileadh aon uair a mheasfaidh an institiúid sin nach bhfuil tarscaoileadh na díolúine sin contrártha do leasanna na gComhphobal.

*Airteagal 19.* D'fhonn an Prótacal seo a chur chun feidhme, comhoibreoidh institiúidí na gComhphobal le húdaráis fhreagracha na mBallstát lena mbaineann.

*Airteagal 20.* Bainfidh Airteagail 12 go 15 agus Airteagal 18 le comhaltaí an Choimisiúin.

*Airteagal 21.* Bainfidh Airteagal 12 go 15 agus Airteagal 18 le Breithiúna, Abhcóidí Ginearálta, Cláraitheoir agus Rapóirtéirí Cúnta na Cúirte Breithiúnais, gan dochar do na forálacha d'Airteagal 3 de na Prótacail ar Reacht na Cúirte Breithiúnais a bhaineann le Breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta a bheith díolmhaithe ó imeachtaí dlíthiúla.

*Airteagal 22.* Bainfidh an Prótacal seo freisin leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, le comhaltaí a orgán, lena fhoireann agus le hionadaithe na mBallstát a ghlacann páirt ina ghníomhaíochtaí, gan dochar d'fhorálacha an Phrótacail ar Reacht an Bhainc.

Beidh an Banc Eorpach Infheistíochta saortha ina theannta sin ó aon saghas cánachais nó aon mhuirir dá shamhail ar ócáid aon mhéadaithe ar a chaipiteal agus ó na foirmiúlachtaí éagsúla ab fhéidir a bheith ag baint leis na nithe sin sa Stát ina bhfuil suíomh an Bhainc. Ar an gcuma chéanna, nó thiocfaidh aon mhuirear de

dhíscaoileadh ná de leachtú an Bhainc. Ar deireadh thiar, ní bheidh na gníomhaíochtaí de chuid an Bhainc agus a orgán a dhéanfar de réir a Reachta inchurtha faoi aon cháin láimhdeachais.

DÁ FHIANÚ SIN, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sinithe a lámh leis a bProtacal seo.

ARNA DHÉANAMH sa Bhruiséil, an t-ochtú lá d'Aibreán sa bhliain míle naoi gcéad seasca a cúig.

PAUL-HENRI SPAAK

KURT SCHMÜCKER

MAURICE COUVE DE MURVILLE

AMINTORE FANFANI

PIERRE WERNER

J. M. A. H. LUNS

## 3. IONSTRAIM CHRÍOCHNAITHEACH

Tá na Lánchumhachtaigh óna Shoilse Rí na mBeilgeach, ó Uachtarán Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, ó Uachtarán Phoblacht na Fraince, ó Uachtarán Phoblacht na hIodáile, óna Mhórgacht Ríoga Ard-Diúc Lucsamburg, óna Soilse Banríon na hÍsiltíre,

Ar theacht le chéile dóibh sa Bhruiséil an 8 Aibreán 1965 do shíniú an Chonartha ag bunú Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha,

Tar éis glacadh leis na téacsanna seo a leanas:

An Conradh ag bunú Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha,

An Prótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí na gComhphobal Eorpach.

Tráth sínithe na dtéacsanna sin, rinne na Lánchumhachtaigh:

— an cúram atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a chur ar an gCoimisiún de na Comhphobail Eorpacha; agus

— an Dearbhú ó Rialtas Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a thabhairt dá n-aire.

DÁ FHIANÚ SIN, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an Ionstraim Chríochnaitheach seo.

ARNA DHÉANAMH sa Bhruiséil, an t-ochtú lá d'Aibreán sa bhliain míle naoi gcéad seasca a cúig.

PAUL-HENRI SPAAK

KURT SCHMÜCKER

MAURICE COUVE DE MURVILLE

AMINTORE FANFANI

PIERRE WERNER

J. M. A. H. LUNS

# IARSCRÍBHINNÍ

## IARSCRÍBHINN I. CÚRAM A CUIREADH AR AN gCOIMISIÚN DE NA COMHPHOBAIL EORPACHA

Beidh de chúram ar an gCoimisiún de Comhphobail Eorpacha gach beart is gá a dhéanamh, faoi chuimsiú a fhreagrachtaí, chun a ranna a réasúnú laistigh de thréimhse réasúnach nach mbeidh rófhada agus nach faide ná bliain. Chun na críche sin, féadfaidh an Coimisiún gach tuairim is iomchuí a fháil. Ionas go bhféadfadh an Chomhairle dul chun cinn na hoibríochta sin a leanúint, iarrtar ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid na Comhairle ó am go chéile.

## IARSCRÍBHINN II. DEARBHÚ Ó RIALTAS PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE I DTAOBH AN CONRADH AG BUNÚ COMHAIRLE AONAIR AGUS COIMISIÚN AONAIR DE NA COMHPHOBAIL EORPACHA AGUS AN CONRADH AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH DO GHUAL AGUS CRUACH A CHUR CHUN FEIDHME AR BHEIRLIN

Forcoimeádann Rialtas Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine aige féin an ceart chun a dhearbhú, ar a ionstraimí daingniúcháin a bheith á dtaisceadh aige, go mbeidh feidhm ar Land Bheirlín freisin ag an gConradh ag bunú Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha agus ag an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach.

# CINNEADH[1,2] AG IONADAITHE Ó RIALTAIS NA mBALLSTÁT MAIDIR LE SUÍOMH SEALADACH INSTITIÚIDÍ ÁIRITHE AGUS RANNA ÁIRITHE DE CHUID NA gCOMHPHOBAL*

Tá na hIonadaithe ó Rialtais na mBallstát,

Ag féachaint d'Airteagal 37 den Chonradh ag bunú Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha,

De bhrí, gan dochar d'fheidhm Airteagal 77 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, Airteagal 216 den Conradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, Airteagal 189 den Chornadh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus an dara mír d'Airteagal 1 den Phrótacal ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, gur gá, le linn Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha a chur ar bun, agus d'fhonn fadhbanne áirithe a rialú a bhaineann go sonrach le hArd-Diúiceacht Lucsamburg, socruithe a dhéanamh chun institiúidí áirithe agus ranna áirithe a shuíomh go sealadach i Lucsamburg,

Tar éis a chinneadh:

*Airteagal 1.* Fanfaidh Lucsamburg, an Bhruiséil agus Strasbourg mar áiteanna oibre sealadacha ag institiúidí na gComhphobal.

*Airteagal 2.* I rith Aibreáin, Meithimh agus Deireadh Fómhair, is i Lucsamburg a bheidh a cruinnithe ag an gComhairle.

*Airteagal 3.* Fanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais i Lucsamburg.

Is i Lucsamburg freisin a bheidh suíomh ar na comhlachtaí breithiúnacha agus quasi-breithiúnacha, lena n-áirítear na comhlachtaí atá inniúil ar na rialacha iomaíochta a chur chun feidhme, atá ar fáil nó le cur ar fáil de bhun na gConarthaí ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, nó de bhun coinbhinsiún arna dtabhairt i gcrích faoi chuimsiú na gComhphobal, cibé acu idir Ballstáit nó le tríú tíortha é.

*Airteagal 4.* Fanfaidh Ard-Rúnaíocht an Tionóil agus a ranna i Lucsamburg.

*Airteagal 5.* Is i Lucsamburg a bheidh suíomh ar an mBanc Eorpach Infheistíóchta agus is ann a bheidh a chomhlachtaí ceannais agus a fheidhmeofar a ghníomhaíochtaí go léir.

Baineann an fhoráil sin go háirithe le gníomhaíochtaí láithreacha a fhorbairt, go mór mór iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 130 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, leis na gníomhaíochtaí sin a leathnú i gceann aimsire go réimeanna eile agus le haon chúraimí nua a chuirfear ar an mBanc.

Déanfar oifig chomhcheangail idir an Coimisiún agus an Banc Eorpach Infheistíochta a shuíomh i Lucsamburg, go háirithe, d'fhonn oibríochtaí an Chiste Eorpaigh Fhorbraíochta a éascú.

[1] For the English translation, see United Nations, *Treaty Series*, vol. 1348, p. 99 — Pour la traduction anglaise, voir le *Recueil des Traités* des Nations Unies, vol. 1348, p. 99.

[2] Pour le texte français, voir le *Recueil des Traités* des Nations Unies, vol. 1348, p. 99 — For the French text, see United Nations, *Treaty Series*, vol. 1348, p. 99.

* *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. 152, 13 Iúil 1967, lch. 18.

*Airteagal 6.* Is i Lucsamburg agus sa Bhruiséil a thiocfaidh an Coiste Airgeadaíochta le chéile.

*Airteagal 7.* Is i Lucsamburg a bheidh suíomh ar ranna airgeadais an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach. Áireofar orthu Ard-Stiúrthóireacht an Chreidmheasa agus na hInfheistíochta agus an roinn atá freagrach i mbailiú tobhach, mar aon lean ranna cuntasaíochta.

*Airteagal 8.* Déanfar Oifig Foilseachán Oifigiúil do na Comhphobail Eorpacha, lena ngabhfaidh comhoifig dhíolacháin agus seirbhís aistriúcháin, meántéarma agus fadtéarma, a shuíomh i Lucsamburg.

*Airteagal 9.* Is i Lucsamburg freisin a bheidh suíomh ar na ranna seo a leanas den Choimisiún:

*a*) An Oifig Staitistice agus an Roinn Ríomhaireachta;

*b*) ranna sláinteachais agus sábháilteachta tionscail Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach;

*c*) an Ard-Stiúrthóireacht chun Faisnéis a Leathadh, an Stiúrthóireacht chun Sláinte a Chosaint, agus an Stiúrthóireachtchun chun Slándáil a Rialú a bhaineann leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach;

mar aon leis an mbonneagar riarthach agus teichniúil is iomchuí.

*Airteagal 10.* Beidh Rialtais na mBallstát ullamh chun comhlachtaí agus ranna eile de chuid na gComhphobal a shuíomh i Lucsamburg nó a aistriú chuige, go háirithe na cinn a bhaineann le hairgeadas sa mhéid go n-áiritheofar a ndea-oibriú.

Chun na críche sin, iarrfaidh siad ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoina mbráid gach bliain ar an staid mar atá maidir le suíomh comhlachtaí agus ranna na gComhphobal agus le hindéantacht beart nua d'fhonn éifeacht a thabhairt don fhoráil seo, á chur san áireamh an riachtanas atá le dea-oibriú na gComhphobal.

*Airteagal 11.* D'fhonn dea-oibriú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach a áirithiú, iarrtar ar an gCoimisiún na ranna éagsúla a aistriú de réir a chéile agus go comhordaitheach, agus aistriú ranna bainistiochta namargaí guail agus cruach a bheith ar an gceann deiridh.

*Airteagal 12.* Faoi réir na bhforálacha roimhe seo, ní dhéanfaidh an cinneadh seo difear d'áiteanna oibre sealadacha institiúidí agus ranna na gComhphobal Eorpach, mar atá socraithe de thoradh cinntí roimhe seo ag na Rialtais; ná ní dhéanfaidh sé difear don athghrúpáil ar na ranna de dhroim Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair a bhunú.

*Airteagal 13.* Tiocfaidh an cinneadh seo i bhfeidhm ar an dáta céanna leis an gConradh ag bunú Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha.

ARNA DHÉANAMH sa Bhruiséil, an t-ochtú lá d'Aibreán sa bhliain míle naoi gcéad seasca a cúig.

| | |
|---|---|
| PAUL-HENRI SPAAK | AMINTORE FANFANI |
| KURT SCHMÜCKER | PIERRE WERNER |
| MAURICE COUVE DE MURVILLE | J. M. A. H. LUNS |

# CONRADH[1,2] A LEASAÍONN FORÁLACHA BUISÉADACHTA ÁIRITHE DE NA CONARTHAÍ AG BUNÚ NA gCOMHPHOBAL EORPACH AGUS DEN CHONRADH AG BUNÚ COMHAIRLE AONAIR AGUS COIMISIÚN AONAIR DE NA COMHPHOBAIL EORPACHA*

Tá A Shoilse Rí na mBeilgeach, Uachtarán Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine, Uachtarán Phoblacht na Fraince, Uachtarán Phoblacht na hIodáile, A Mhórgacht Ríoga Ard-Diúc Lucsamburg, A Soilse Banríon na hÍsiltíre,

Ag féachaint d'Airteagal 96 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach;

Ag féachaint d'Airteagal 236 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa;

Ag féachaint d'Airteagal 204 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamach;

De bhrí go mbeidh faoina réir ag na Comhphobail a n-acmhainní dílse féin faoi chomhair a gcaiteachas iomlán,

De bhrí gur gá, mar gheall ar acmhainní dílse na gComhphobal féin a chur in ionad ranníocaí airgeadais na mBallstát, cumhachtaí buiséadachta an Tionóil a neartú,

Ar a bheith beartaithe acu an Tionól a chomhlachú go dlúth sa mhaoirseacht ar bhuiséad na gComhphobal a chur i ngníomh,

Tar éis a chinneadh leasú a dhéanamh ar fhorálacha buiséadachta áirithe de na Conarthaí ag bunú na gComhphobal Eorpach agus den Chonradh ag bunú Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha agus chun na críche sin tar éis na daoine seo a leanas a cheapadh mar Lánchumhachtaigh:

A Shoilse Rí na mBeilgeach: M. Pierre Harmel, Aire Gnóthai Eachtracha;

Uachtarán Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine: M. Walter Scheel, Aire Gnóthaí Eachtracha;

Uachtarán Phoblacht na Fraince: M. Maurice Schumann, Aire Gnóthaí Eachtracha;

Uachtarán Phoblacht na hIodáile: M. Aldo Moro, Aire Gnóthaí Eachtracha;

A Mhórgacht Ríoga Ard-Diúc Lucsamburg: M. Gaston Thorn, Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála Coigríche;

A Soilse Banríon na hÍsiltíre: M. H. J. de Koster, Leasrúnaí Stáit do Ghnóthaí Eachtracha;

[1] For the English text, see United Nations, *Treaty Series*, vol. 1377, p. 210 — Pour le texte anglais, voir le *Recueil des Traités* des Nations Unies, vol. 1377, p. 210.
[2] Pour le texte français, voir le *Recueil des Traités* des Nations Unies, vol. 1427, n° A-4300 — For the French text, see United Nations, *Treaty Series*, vol. 1427, No. A-4300.
* *Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach*, Uimh. L 2, 2 Eanáir 1971, lch. 1.

noch a rinne, tar éis dóibh a Lánchumhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chuí, a thabhairt ar aird dá chéile,

Comhaontú mar a leanas:

CAIBIDIL I. FORÁLACHA A LEASAÍONN AN CONRADH AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH DO GHUAL AGUS CRUACH

*Airteagal 1.* 1. Cuirfear na forálacha seo a leanas in ionad Airteagal 78 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach:

"*Airteagal 78.* 1. Tosóidh an bhliain airgeadais an 1 Eanáir agus críochnóidh sí an 31 Nollaig.

Áireofar ar chaiteachas riaracháin an Chomhphobail caiteachas an Ard-Údaráis, lena n-áirítear a mbaineann le feidhmiú an Choiste Chomhairligh, agus caiteachas na Cúirte, an Tionóil agus na Comhairle.

2. Déanfaidh gach institiúid de chuid an Chomhphobail, roimh an 1 Iúil, meastacháin ar a caiteachas riaracháin a tharraingt suas. Comhdhlúthóidh an tArd-Údarás na meastacháin sin i réamhdhréacht buiséid riaracháin. Cuirfidh sé ag gabháil leis tuairim a bhféadfadh malairt meastachán a bheith inti.

Beidh meastachán ar ioncam agus meastachán ar chaiteachas sa réamhdhréacht buiséid.

3. Cuirfidh an tArd-Údarás an réamhdhréacht buiséid riaracháin faoi bhráid na Comhairle lá nach déanaí ná an 1 Meán Fómhair sa bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur i ngníomh.

Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis an Ard-Údarás agus, más iomchuí, leis na hinstitiúidí eile lena mbaineann, aon uair a bheidh d'intinn aici imeacht ón réamhdhréacht buiséid.

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an dréacht-bhuiséad riaracháin a bhunú agus a chur ar aghaidh chuig an Tionól.

4. Cuirfear an dréacht-bhuiséad riaracháin faoi bhráid an Tionóil lá nach déanaí ná an 5 Deireadh Fómhair sa bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur i ngníomh.

Beidh de cheart ag an Tionól an dréacht-bhuiséad a leasú, ag gníomhú dó trí thromlach a chomhaltaí, agus a thairiscint don Chomhairle, ag gníomhú trí thromlach glan de na vótaí a caitheadh, go ndéanfar modhnuithe ar an dréacht-bhuiséad a bhaineann le caiteachas a éiríonn ó riachtanas de dhroim an Chonartha seo nó de dhroim gníomhartha lenar glacadh dá réir.

Más rud é, laistigh de chúig lá is daichead ó cuireadh an dréacht-bhuiséad riaracháin faoina bhráid, go mbeidh an Tionól tar éis a fhormheas a thabhairt, beidh an buiséad riaracháin arna ghlacadh go críochnaitheach. Mas rud é, laistigh den tréimhse sin, nach mbeidh an Tionól tar éis an dréacht-bhuiséad riaracháin a leasú ná aon mhodhnuithe air a thairiscint, measfar go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad riaracháin.

Más rud é, laistigh den tréimhse sin, go mbeidh an Tionól tar éis glacadh le leasuithe nó tar éis modhnuithe a thairiscint, cuirfear an dréacht-bhuiséad riaracháin, mar aon leis na leasuithe nó leis na modhnuithe a tairgeadh, ar aghaidh chuig an gComhairle.

5. Tar éis don Chomhairle an dréacht-bhuiséad riaracháin a plé leis an Ard-Údáras agus, nuair is iomchui, leis na hinstitiúidú eile lena mbaineann, féadfaidh sí, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, modhnú a dhéanamh ar aon cheann de na leasuithe lenar ghlac an Tionól agus tabharfaidh sí breith, trí thromlach cáilithe freisin, ar na modhnuithe a thairg an Tionól. Modhnófar an dréacht-bhuiséad riaracháin ar bhonn na modhnuithe a tairgeadh agus ar ghlac an Chomhairle leo.

Más rud é, laistigh de chúig lá dhéag ó cuireadh an dréachtbhuiséad riaracháin faoina bráid, nach mbeidh an Chomhairle tar éis modhnú a dhéanamh ar aon cheann de na leasuithe lenar ghlac an Tionól agus go mbeidh sí tar éis glacadh leis na modhnuithe a thairg an Tionól, measfar go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad riaracháin. Cuirfidh an Chomhairle in iúl don Tionól nár mhodhnaigh sí aon cheann de na leasuithe agus go bhfuil glactha aici leis na modhnuithe a tairgeadh.

Más rud é, laistigh den tréimhse sin, go mbeidh an Chomhairle tar éis modhnú a dhéanamh ar cheann nó níos mó de na leasuithe lenar ghlac an Tionól nó nach mbeidh glactha aici leis na modhnuithe a thairg an Tionól, cuirfear an dréacht-bhuiséad riaracháin ar aghaidh chuig an Tionól arís. Cuirfidh an Chomhairle torthaí a plé i bhfios don Tionól.

6. Laistigh de chúig lá dhéag tar éis an dréacht-bhuiséad riaracháin a chur faoina bhráid, gníomhóidh an Tionól, agus fios tugtha dó ar cad a rinneadh i dtaobh na modhnuithe a thairg sé, trí thromlach a chomhaltaí agus le trí chúigiú de na vótaí a caitheadh, maidir leis na modhnuithe a rinne an Chomhairle ar a leasuithe, agus glacfaidh sé leis an mbuiséad riaracháin dá réir sin. Mura mbíonn an Tionól tar éis gníomhú laistigh den tréimhse sin, measfar go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad riaracháin.

7. Nuair a bheidh an nós imeachta dá bhforáiltear san Airteagal seo críochnaithe, dearbhóidh Uachtarán an Tionól go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad riaracháin.

8. Déanfar uasráta méadaithe maidir an gcaiteachas den saghas céanna a thabhófar i gcaitheamh na bliana reatha a shocrú go bliantúil don chaiteachas iomlán seachas méid a thig ó riachtanas de dhroim an Chonartha seo nó de dhroim gniomhartha lenar glachad dá réir.

Cinnfidh an tArd-Údarás, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um Beartas in Alt na hUaire agus leis an gCoiste um Beartas Buiséadachta, cad é méid an uasráta sin de réir mar is toradh é:

— ar an treo atá, i dtéarmaí toirte, ar an olltáirgeacht náisiúnta sa Chomhphobal;

— ar an meánathrú i mbuiséid na mBallstát; agus

— ar threo an chostais mhaireachtála i gcaitheamh na bliana airgeadais roimhe sin.

Cuirfear an t-uasráta i bhfios, roimh an 1 Bealtaine, d'institiúidí uile an Chomhphobail. Beidh de cheangal ar na hinstitiúidí sin cloí leis sin le linn imeachtaí an bhuiséid, faoi réir forálacha an ceathrú agus an cúigiú fomhír den mhír seo.

Más rud é, i gcas caiteachais seachas a dtiocfaidh ó riachtanas de dhroim an Chonartha seo nó de dhroim gníomhartha lenar glacadh dá réir, go bhfuil

dearbhráta an mhéadaithe sa dréacht-bhuiséad riaracháin atá bunaithe ag an gComhairle os cionn leath an uasráta, féadfaidh an Tionól, i bhfeidhmiú a cheart leasúcháin, suim iomlán an chaiteachais sin a mhéadú tuilleadh go teorainn nach mó ná leath an uasráta.

Más rud é, i gcásanna eisceachtúla, go measfaidh an Tionól, an Chomhairle nó an tArd-Údarás gur gá do ghníomhaíochtaí na gComhphobal gabháil thar an ráta a cinneadh de réir an nós imeachta atá leagtha síos sa mhír seo, féadfar ráta eile a shocrú trí chomhaontú idir an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, agus an Tionól, ag gníomhú dó trí thromlach a chomhaltaí agus le trí chúigiú de na vótaí a caitheadh.

9. Feidhmeoidh gach institiúid na cumhachtaí a thugtar di leis an Airteagal seo, agus aird chuí aici ar fhorálacha an Chonartha seo agus ar ghníomhartha lenar glacadh dá réir, go háirithe na cinn a bhaineann le hacmhainní dílse na gComhphobal féin agus leis an gcomhardú idir ioncam agus caitheachas.

10. Nuair a bheidh glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad riaracháin, beidh d'éifeacht leis sin go n-údarófar don Ard-Údarás agus go gceanglófar air an t-ioncam comhréireach a bhailiú de réir forálacha Airteagal 49."

*Airteagal 2.* Cuirfear na forálacha seo a leanas leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach:

"*Airteagal 78*a. De mhaolú ar fhorálacha Airteagal 78, bainfidh na forálacha seo a leanas le buiséid do bhlianta airgeadais roimh an mbliain airgeadais 1975:

1. Tosóidh an bhliain airgeadais an 1 Eanáir agus críochnóidh sí an 31 Nollaig.

Áireofar ar chaiteachas riaracháin an Chomhphobail caiteachas an Ard-Údaráis, lena n-áirítear a mbaineann le feidhmiú an Choiste Chomhairligh, agus caiteachas na Cúirte, an Tionóil agus na Comhairle.

2. Déanfaidh gach institiúid de chuid an Chomhphobail, roimh an 1 Iúil, meastacháin ar a caiteachas riaracháin a tharraingt suas. Comhdhlúthóidh an tArd-Údarás na meastacháin sin i réamhdhréacht buiséid riaracháin. Cuirfidh sé ag gabháil leis tuairim a bhféadfadh malairt meastachán a bheith inti.

Beidh meastachán ar ioncam agus meastachán ar chaiteachas sa réamhdhréacht buiséid.

3. Cuirfidh an tArd-Údarás an réamhdhréacht buiséid riaracháin faoi bhráid na Comhairle lá nach déanaí ná an 1 Meán Fómhair sa bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur i ngníomh.

Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis an Ard-Údarás agus, más iomchuí, leis na hinstitiúidí eile lena mbaineann, aon uair a bheidh d'intinn aici imeacht ón réamhdhréacht buiséid.

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an dréacht-bhuiséad riaracháin a bhunú agus a chur ar aghaidh chuig an Tionól.

4. Cuirfear an dréacht-bhuiséad riaracháin faoi bhráid an Tionóil lá nach déanaí ná an 5 Deireadh Fómhair sa bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur i ngníomh.

Beidh de cheart ag an Tionól modhnuithe ar an dréacht-bhuiséad riaracháin a thairiscint don Chomhairle.

Más rud é, laistigh de chúig lá is daichead ó cuireadh an dréacht-bhuiséad riaracháin faoina bhráid, go mbeidh an Tionól tar éis a fhormheas a thabhairt nó nach mbeidh sé tar éis aon mhodhnuithe ar an dréacht-bhuiséad a thairiscint, measfar go bhfuil glactha go criochnaitheach leis an mbuiséad riaracháin.

Más rud é, laistigh den tréimhse sin, go mbeidh an Tionól tar éis modhnuithe a thairiscint, cuirfear an dréacht-bhuiséad riaracháin, mar aon leis na modhnuithe a tairgeadh, ar aghaidh chuig an gComhairle.

5. Tar éis don Chomhairle an dréacht-bhuiséad riaracháin a phlé leis an Ard-Údarás agus, más iomchuí, leis na hinstitiúidí eile lena mbaineann, glacfaidh sí leis an mbuiséad riaracháin, laistigh de thríocha lá ó cuireadh an dréacht-bhuiséad faoina bráid, ar na coinníollacha seo a leanas.

Mura mbíonn d'eifeacht le modhnú a thairg an Tionól méadú a thabhairt ar chaiteachas iomlán institiúide, de bhrí go háirithe go mbeadh an méadú caiteachais a ghabhfadh leis á chúiteamh go sainráite ag modhnú nó modhnuithe a tairgeadh ag déanamh a chomhoiread sin de laghdú ar chaiteachas, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, diúltú don mhodhnú a tairgeadh. Mura dtugtar cinneadh ag diúltú dó, seasfaidh an modhnú a tairgeadh mar mhodhnú ar glacadh leis.

Má bhíonn d'éifeacht le modhnú a thairg an Tionól méadú a thabhairt ar chaiteachas iomlán institiúide, caithfidh an Chomhairle gníomhú trí thromlach cáilithe ag glacadh di leis an modhnú a tairgeadh.

Más rud é, de bhun an dara nó an tríú fomhír den mhír seo, go mbeidh an Chomhairle tar éis diúltú do mhodhnú a tairgeadh nó nach mbeidh glactha aici leis, féadfaidh si, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an tsuim a thaispeántar sa dréacht-bhuiséad riaracháin a choinneáil nó suim eile a shocrú.

6. Nuair a bheidh an nós imeachta dá bhforáiltear san Airteagal seo críochnaithe, dearbhóidh Uachtarán na Comhairle go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad riaracháin.

7. Feidhmeoidh gach institiúid na cumhachtaí a thugtar di leis an Airteagal seo, agus aird chuí aici ar fhorálacha an Chonartha seo agus ar ghníomhartha lenar glacadh dá réir, go háirithe na cinn a bhaineann le hacmhainní dílse na gComhphobal féin agus leis an gcomhardú idir ioncam agus caitheachas.

8. Nuair a bheidh glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad riaracháin, beidh d'éifeacht leis sin go n-údarófar don Ard-Údarás agus go gceanglófar air an t-ioncam comhréireach a bhailiú de réir forálacha Airteagal 49."

*Airteagal 3.* Cuirfear na forálacha seo a leanas in ionad na míre deiridh d'Airteagal 78*d* den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach:

"Tabharfaidh an Chomhairle agus an Tionól urscaoileadh don Ard-Údarás i leith an buiséad riaracháin a chur i ngníomh. Chun na críche sin, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, agus an Tionól, ar a n-uain, tuarascáil an Bhoird Iniúchóireachta a scrúdú. Ní bheidh

an tArd-Údarás urscaoilte go dtí go mbeidh an Chomhairle agus an Tionól taréis gníomhú."

CAIBIDIL II. FORÁLACHA A LEASAÍONN AN CONRADH AG BUNÚ CHOMHPHOBAL EACNAMAÍOCHTA NA hEORPA

*Airteagal 4.* Cuirfear na forálacha seo a leanas in ionad Airteagal 203 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa:

"*Airteagal 203.* 1. Tosóidh an bhliain airgeadais an 1 Eanáir agus críochnóidh sí an 31 Nollaig.

2. Déanfaidh gach institiúid den Chomhphobal, roimh an 1 Iúil, meastacháin ar a caiteachas a tharraingt suas. Comhdhlúthóidh an Coimisiún na meastacháin sin i réamhdhréacht buiséid. Cuirfidh sé ag gabháil leis tuairim a bhféadfadh malairt meastachán a bheith ann.

Beidh meastachán ar ioncam agus meastachán ar chaiteachas sa réamhdhréacht buiséid.

3. Cuirfidh an Coimisiún an réamhdhréacht buiséid faoi bhráid na Comhairle lá nach déanaí ná an 1 Meán Fómhair sa bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur i ngníomh.

Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis an gCoimisiún agus, más iomchuí, leis na hinstitiúidí eile lena mbaineann, aon uair a bheidh d'intinn aici imeacht ón réamhdhréacht buiséid.

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an dréacht-bhuiséad a bhunú agus a chur ar aghaidh chuig an Tionól.

4. Cuirfear an dréacht-bhuiséad faoi bhráid an Tionóil lá nach déanaí ná an 5 Deireadh Fómhair sa bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur i ngníomh.

Beidh de cheart ag an Tionól an dréacht-bhuiséad a leasú, ag gníomhú dó trí thromlach a chomhaltaí, agus a thairiscint don Chomhairle, ag gníomhú trí thromlach glan de na vótaí a caitheadh, go ndéanfar modhnuithe ar an dréacht-bhuiséad a bhaineann le caiteachas a éiríonn ó riachtanas de dhroim an Chonartha seo nó de dhroim gníomhartha lenar glacadh dá réir.

Más rud é, laistigh de chúig lá is daichead ó cuireadh an dréacht-bhuiséad faoina bhráid, go mbeidh an Tionól tar éis a fhormheas a thabhairt, beidh an buiséad arna ghlacadh go críochnaitheach. Más rud é laistigh den tréimhse sin nach mbeidh an Tionól tar éis an dréacht-bhuiséad a leasú ná aon mhodhnuithe air a thairiscint, measfar go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad.

Más rud é, laistigh den tréimhse sin, go mbeidh an Tionól tar éis glacadh le leasuithe nó tar éis modhnuithe a thairiscint, cuirfear an dréacht-bhuiséad, mar aon leis na leasuithe nó na modhnuithe a tairgeadh, ar aghaidh chuig an gComhairle.

5. Tar éis don Chomhairle an dréacht-bhuiséad a phlé leis an gCoimisiún agus, nuair is iomchuí, leis na hinstitiúidí eile lena mbaineann, féadfaidh sí, ag gníomhú dí trí thromlach cáilithe, modhnú a dhéanamh ar aon cheann de na leasuithe lenar ghlac an Tionól agus tabharfadh sí breith, trí thromlach cáilithe freisin, ar na modhnuithe a thairg an Tionól. Modhnófar an

dréachtbhuiséad ar bhonn na modhnuithe a tairgeadh agus ar ghlac an Chomhairle leo.

Más rud é, laistigh de chúig lá dhéag ó cuireadh an dréachtbhuiséad faoina bráid, nach mbeidh an Chomhairle tar éis modhnú a dhéanamh ar aon cheann de na leasuithe lenar ghlac an Tionól agus go mbeidh sí tar éis glacadh leis na modhnuithe a thairg sé measfar go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad. Cuirfidh an Chomhairle in iúl don Tionól nár mhodhnaigh sé aon cheann de na leasuithe agus go bhfuil glactha aici leis na modhnuithe a tairgeadh.

Más rud é, laistigh den tréimhse sin, go mbeidh an Chomhairle tar éis modhnú a dhéanamh ar cheann nó níos mó de na leasuithe lenar ghlac an Tionól nó nach mbeidh glactha aici leis na modhnuithe a thairg an Tionól, cuirfear an dréacht-bhuiséad ar aghaidh chuig an Tionól arís. Cuirfidh an Chomhairle torthaí a plé i bhfios don Tionól.

6. Laistigh de chúig lá dhéag tar éis an dréacht-bhuiséad a chur faoina bhráid, gníomhóidh an Tionól, agus fios tugtha dó ar cad a rinneadh i dtaobh na modhnuithe a thairg sé, trí thromlach a chomhaltaí agus le trí chúigiú de na vótaí a caitheadh, maidir leis na modhnuithe a rinne an Chomhairle ar a leasuithe, agus glacfaidh sé leis an mbuiséad dá réir sin. Mura mbíonn an Tionól tar éis gníomhú laistigh den tréimhse sin, measfar go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad.

7. Nuair a bheidh an nós imeachta dá bhforáiltear san Airteagal seo críochnaithe, dearbhóidh Uachtarán an Tionóil go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad.

8. Déanfar uasráta méadaithe maidir leis an gcaiteachas den saghas céanna a thabhófar i gcaitheamh na bliana reatha a shocrú go bliantúil don chaiteachas iomlan seachas an méid a thig ó riachtanas de dhroim an Chonartha seo nó de dhroim gníomhartha lenar glacadh dá réir.

Cinnfidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um Beartas in Alt na hUaire agus leis an gCoiste um Beartas Buiséadachta, cad é méid an uasráta sin, de réir mar is toradh é:

— ar an treo atá, i dtéarmaí toirte, ar an olltáirgeacht náisiúnta sa Chomhphobal;

— ar an meánathrú i mbuiséid na mBallstát; agus

— ar threo an chostais mhaireachtála i gcaitheamh na bliana airgeadais roimhe sin.

Cuirfear an t-uasráta i bhfios, roimh an 1 Bealtaine, d'institiúidí uile an Chomhphobail. Beidh de cheangal ar na hinstitiúidí sin cloí leis sin le linn imeachtaí an bhuiséid, faoi réir forálacha an ceathrú agus an cúigiú fomhír den mhír seo.

Más rud é, i gcas caiteachais seachas a dtiocfadh ó riachtanas de dhroim an Chonartha seo nó de dhroim gníomhartha lenar glacadh dá réir, go bhfuil dearbhráta an mhéadaithe sa dréachtbhuiséad atá bunaithe ag gChomhairle os cionn leath an uasráta, féadfaidh an Tionól, i bhfeidhmiú a cheart leasúcháin, suim iomlán an chaiteachais sin a mhéadú tuilleadh go teorainn nach mó ná leath an uasráta.

Más rud é, i gcásanna eisceachtúla, go measfaidh an Tionól, an Chomhairle nó an Coimisiún gur gá do ghníomhaíochtaí na gComhphobal gabháil thar an ráta a cinneadh de réir an nós imeachta atá leagtha síos sa mhír seo, féadfar ráta eile a shocrú trí chomhaontú idir an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, agus an Tionól, ag gníomhú dó trí thromlach a chomhaltaí agus le trí chúigiú de na vótaí a caitheadh.

9. Feidhmeoidh gách institiúid na cumhachtaí a thugtar di leis an Airteagal seo, agus aird chuí aici ar fhorálacha an Chonartha seo agus ar ghníomhartha lenar glacadh dá réir, go háirithe na cinn a bhaineann le hacmhainní dílse na gComhphobal féin agus leis an gcomhardú idir ioncam agus caitheachas."

*Airteagal 5.* Cuirfear na forálacha seo a leanas leis an gConradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa.

"*Airteagal 203*a. De mhaolú ar fhorálacha Airteagal 203, bainfidh na forálacha seo a leanas le buiséid do bhlianta airgeadais roimh an mbliain airgeadais 1975:

1. Tosóidh an bhliain airgeadais an 1 Eanáir agus críochnóidh sí an 31 Nollaig.

2. Déanfaidh gach institiúid den Chomhphobal, roimh an 1 Iúil, meastacháin ar a caiteachas a tharraingt suas. Comhdhlúthóidh an Coimisiún na meastacháin sin i réamhdhréacht buiséid. Cuirfidh sé ag gabháil leis tuairim a bhféadfadh malairt meastachán a bheith ann.

Beidh meastachán ar ioncam agus meastachán ar chaiteachas sa réamhdhréacht buiséid.

3. Cuirfidh an Coimisiún an réamhdhréacht buiséid faoi bhráid na Comhairle lá nach déanaí ná an 1 Meán Fómhair sa bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur i ngníomh.

Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis an gCoimisiún agus, más iomchuí, leis na hinstitiúidí eile lena mbaineann, aon uair a bheidh d'intinn aici imeacht ón réamhdhréacht buiséid.

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an dréacht-bhuiséad a bhunú agus a chur ar aghaidh chuig an Tionól.

4. Cuirfear an dréacht-bhuiséad faoi bhráid an Tionóil lá nach déanaí ná an 5 Deireadh Fómhair sa bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur i ngníomh.

Beidh de cheart ag an Tionól modhnuithe ar an dréacht-bhuiséad a thairiscint don Chomhairle.

Más rud é, laistigh de chúig lá is daichead ó cuireadh an dréacht-bhuiséad faoina bhráid, go mbeidh an Tionól tar éis a fhormheas a thabhairt nó nach mbeidh sé tar éis aon mhodhnuithe ar an dréacht-bhuiséad a thairiscint, measfar go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad.

Más rud é, laistigh den tréimhse sin, go mbeidh an Tionól tar éis modhnuithe a thairiscint, cuirfear an dréacht-bhuiséad, mar aon leis na modhnuithe a tairgeadh, ar aghaidh chuig an gComhairle.

5. Tar éis don Chomhairle an dréacht-bhuiséad a phlé leis an gCoimisiún agus, más iomchuí, leis na hinstitiúidí eile lena mbaineann,

glacfaidh sí leis an mbuiséad, laistigh de thríocha lá ó cuireadh an dréacht-bhuiséad faoina bráid, ar na coinníollacha seo a leanas.

Mura mbíonn d'éifeacht le modhnú a thairg an Tionól méadú a thabhairt ar chaiteachas iomlán institiúide, de bhrí go háirithe go mbeadh an méadú caiteachais a ghabhfadh leis á chúiteamh go sainráite ag modhnú nó modhnuithe a tairgeadh ag déanamh a chomhoiread sin de laghdú ar chaiteachas, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, diúltú don mhodhnú a tairgeadh. Mura dtugtar cinneadh ag diúltú dó, seasfaidh an modhnú a tairgeadh mar mhodhnú ar glacadh leis.

Má bhíonn d'éifeacht le modhnú a thairg an Tionól méadú a thabhairt ar chaiteachas iomlán institiúide, caithfidh an Chomhairle gníomhú trí thromlach cáilithe ag glacadh di leis an modhnú a tairgeadh.

Más rud é, de bhun an dara nó an tríú fomhír den mhír seo, go mbeidh an Chomhairle tar éis diúltú do mhodhnú a tairgeadh nó nach mbeidh glactha aici leis, féadfaidh sí, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an tsuim a thaispeántar sa dréacht-bhuiséad a choinneáil nó suim eile a shocrú.

6. Nuair a bheidh an nós imeachta dá bhforáiltear san Airteagal seo críochnaithe, dearbhóidh Uachtarán na Comhairle go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad.

7. Feidhmeoidh gach institiúid na cumhachtaí a thugtar di leis an Airteagal seo, agus aird chuí aici ar fhorálacha an Chonartha seo agus ar ghníomhartha lenar glacadh dá réir, go háirithe na cinn a bhaineann le hacmhainní dílse na gComhphobal féin agus leis an gcomhardú idir ioncam agus caitheachas."

*Airteagal 6.* Cuirfear na forálacha seo a leanas in ionad na míre deiridh d'Airteagal 206 den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa:

"Tabharfaidh an Chomhairle agus an Tionól urscaoileadh don Choimisiún i leith an buiséad a chur i ngníomh. Chun na críche sin, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, agus an Tionól, ar a n-uain, tuarascáil an Bhoird Iniúchóireachta a scrúdú. Ní bheidh an Coimisiún urscaoilte go dtí go mbeidh an Chomhairle agus an Tionól tar éis gníomhú."

## CAIBIDIL III. FORÁLACHA A LEASAÍONN AN CONRADH AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

*Airteagal 7.* Cuirfear na forálacha seo a leanas in ionad Airteagal 177 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

"*Airteagal 177.* 1. Tosóidh an bhliain airgeadais an 1 Eanáir agus críochnóidh sí an 31 Nollaig.

De réir brí an Airteagail seo, folóidh "buiséad" an buiséad oibre agus an buiséad taighde agus infheistíochta.

2. Déanfaidh gach institiúid den Chomhphobal, roimh an 1 Iúil, meastacháin ar a caiteachas a tharraingt suas. Comhdhlúthóidh an Coimisiún na meastacháin sin i réamhdhréacht buiséid. Cuirfidh sé ag gabháil leis tuairim a bhféadfadh malairt meastachán a bheith inti.

Beidh meastachán ar ioncam agus meastachán ar chaiteachas sa réamhdhréacht buiséid.

3. Cuirfidh an Coimisiún an réamhdhréacht buiséid faoi bhráid na Comhairle lá nach déanaí ná an 1 Meán Fómhair sa bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur i ngníomh.

Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis an gCoimisiún agus, más iomchuí, leis na hinstitiúidí eile lena mbaineann, aon uair a bheidh d'intinn aici imeacht ón réamhdhréacht buiséid.

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an dréacht-bhuiséad a bhunú agus a chur ar aghaidh chuig an Tionól.

4. Cuirfear an dréacht-bhuiséad faoi bhráid an Tionóil lá nach déanaí ná an 5 Deireadh Fómhair sa bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur i ngníomh.

Beidh de cheart ag an Tionól an dréacht-bhuiséad a leasú, ag gníomhú dó trí thromlach a chomhaltaí, agus a thairiscint don Chomhairle, ag gníomhú trí thromlach glan de na vótaí a caitheadh, go ndéanfar modhnuithe ar an dréacht-bhuiséad a mbaineann le caiteachas a éiríonn ó riachtanas de dhroim an Chonartha seo nó de dhroim gníomhartha lenar glacadh dá réir.

Más rud é, laistigh de chúig lá is daichead ó cuireadh an dréacht-bhuiséad faoina bhráid, go mbeidh an Tionól tar éis a fhormheas a thabhairt, beidh an buiséad arna ghlacadh go críochnaitheach. Más rud é, laistigh den tréimhse sin nach mbeidh an Tionól tar éis an dréacht-bhuiséad a leasú ná aon mhodhnuithe air a thairiscint, measfar go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad.

Más rud é, laistigh den tréimhse sin, go mbeidh an Tionól tar éis glacadh le leasuithe nó tar éis modhnuithe a thairiscint, cuirfear an dréacht-bhuiséad, mar aon leis na leasuithe nó na modhnuithe a tairgeadh, ar aghaidh chuig an gComhairle.

5. Tar éis don Chomhairle an dréacht-bhuiséad a phlé leis an gCoimisiún agus, nuair is iomchuí, leis na hinstitiúidí eile lena mbaineann, féadfaidh sí, ag gníomhú dí trí thromlach cáilithe, modhnú a dhéanamh ar aon cheann de na leasuithe lenar ghlac an Tionól agus tabharfaidh sí breith, trí thromlach cáilithe freisin, ar na modhnuithe a thairg an Tionól. Modhnófar an dréacht-bhuiséad ar bhonn na modhnuithe a tairgeadh agus ar ghlac an Chomhairle leo.

Más rud é, laistigh de chúig lá dhéag ó cuireadh an dréacht-bhuiséad faoina bráid, nach mbeidh an Chomhairle tar éis modhnú a dhéanamh ar aon cheann de na leasuithe lenar ghlac an Tionól agus go mbeidh sí tar éis glacadh leis na modhnuithe a thairg sé, measfar go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad. Cuirfidh an Chomhairle in iúl don Tionól nár mhodhnaigh si aon cheann de na leasuithe agus go bhfuil glactha aici leis na modhnuithe a tairgeadh.

Más rud é, laistigh den tréimhse sin, go mbeidh an Chomhairle tar éis modhnú a dhéanamh ar cheann nó níos mó de na leasuithe lenar ghlac an Tionól nó nach mbeidh glactha aici leis na modhnuithe a thairg an Tionól, cuirfear an dréacht-bhuiséad ar aghaidh chuig an Tionól arís. Cuirfidh an Chomhairle torthaí a plé i bhfios don Tionól.

6. Laistigh de chúig lá dhéag tar éis an dréacht-bhuiséad a chur faoina bhráid, gníomhóidh an Tionól, agus fios tugtha dó ar cad a rinneadh i dtaobh

na modhnuithe a thairg sé, trí thromlach a chomhaltaí agus le trí chúigiú de na vótaí a caitheadh, maidir leis na modhnuithe a rinne an Chomhairle ar a leasuithe, agus glacfaidh sé leis an mbuiséad dá réir sin. Mura mbíonn an Tionól tar éis gníomhú laistigh den tréimhse sin, measfar go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad.

7. Nuair a bheidh an nós imeachta dá bhforáiltear san Airteagal seo críochnaithe, dearbhóidh Uachtarán an Tionól go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad.

8. Déanfar uasráta méadaithe maidir an gcaiteachas den saghas céanna a thabhófar i gcaitheamh na bliana reatha a shocrú go bliantúil don chaiteachas iomlán seachas an méid a thig ó riachtanas de dhroim an Chonartha seo nó de dhroim gníomhartha lenar glacadh dá réir.

Cinnfidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um Beartas in Alt na hUaire agus leis an gCoiste um Beartas Buiséadachta, cad é méid an uasráta sin de réir mar is toradh é:

— ar an treo atá, i dtéarmaí toirte, ar an olltáirgeacht náisiúnta sa Chomhphobal;

— ar an meánathrú i mbuiséid na mBallstát; agus

— ar threo an chostais mhaireachtála i gcaitheamh na bliana airgeadais roimhe sin.

Cuirfear an t-uasráta i bhfios, roimh an 1 Bealtaine, d'institiúidí uile an Chomhphobail. Beidh de cheangal ar na hinstitiúidí sin cloí leis sin le linn imeachtaí an bhuiséid, faoi réir forálacha an ceathrú agus an cúigiú fomhír den mhír seo.

Más rud é, i gcas caiteachais seachas a dtiocfadh ó riachtanas de dhroim an Chonartha seo nó de dhroim gníomhartha lenar glacadh dá réir, go bhfuil dearbhráta an mhéadaithe sa dréacht-bhuiséid atá bunaithe ag an gChomhairle os cionn leath an uasráta, féadfaidh an Tionól, i bhfeidhmiú a cheart leasúcháin, suim iomlán an chaiteachais sin a mhéadú tuilleadh go teorainn nach mó ná leath an uasráta.

Más rud é, i gcásanna eisceachtúla, go measfaidh an Tionól, an Chomhairle nó an Coimisiún gur gá do ghníomhaíochtaí na gComhphobal gabháil thar an ráta a cinneadh de réir an nós imeachta atá leagtha síos sa mhír seo, féadfar ráta eile a shocrú trí chomhaontú idir an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, agus an Tionól, ag gníomhú dó trí thromlach a chomhaltaí agus le trí chúigiú de na vótaí a caitheadh.

9. Feidhmeoidh gach institiúid na cumhachtaí a thugtar di leis an Airteagal seo, agus aird chuí aici ar fhorálacha an Chonartha seo agus ar ghníomhartha lenar glacadh dá réir, go háirithe na cinn a bhaineann le hacmhainní dílse na gComhphobal féin agus leis an gcomhardú idir ioncam agus caiteachas."

*Airteagal 8*. Cuirfear na forálacha seo a leanas leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

"*Airteagal 177*a. De mhaolú ar fhorálacha Airteagal 177, bainfidh na forálacha seo a leanas le buiséid do bhlianta airgeadais roimh an mbliain airgeadais 1975:

1. Tosóidh an bhliain airgeadais an 1 Eanáir agus críochnóidh sí an 31 Nollaig.

De réir brí an Airteagail seo, folóidh "buiséad" an buiséad oibre agus an buiséad taighde agus infheistíochta.

2. Déanfaidh gach institiúid den Chomhphobal, roimh an 1 Iúil, meastacháin ar a caiteachas a tharraingt suas. Comhdhlúthóidh an Coimisiún na meastacháin sin i réamhdhréacht buiséid. Cuirfidh sé ag gabháil leis tuairim a bhféadfadh malairt meastachán a bheith ann.

Beidh meastachán ar ioncam agus meastachán ar chaiteachas sa réamhdhréacht buiséid.

3. Cuirfidh an Coimisiún an réamhdhréacht buiséid faoi bhráid na Comhairle lá nach déanaí ná an 1 Meán Fómhair sa bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur i ngníomh.

Rachaidh an Chomhairle i gcomhairle leis an gCoimisiún agus, más iomchuí, leis na hinstitiúidí eile lena mbaineann, aon uair a bheidh d'intinn aici imeacht ón réamhdhréacht buiséid.

Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an dréacht-bhuiséad a bhunú agus a chur ar aghaidh chuig an Tionól.

4. Cuirfear an dréacht-bhuiséad faoi bhráid an Tionóil lá nach déanaí ná an 5 Deireadh Fómhair sa bhliain roimh an mbliain a bheidh an buiséad le cur i ngníomh.

Beidh de cheart ag an Tionól modhnuithe ar an dréacht-bhuiséad a thairiscint don Chomhairle.

Más rud é, laistigh de chúig lá is daichead ó cuireadh an dréacht-bhuiséad faoina bhráid, go mbeidh an Tionól tar éis a fhormheas a thabhairt nó nach mbeidh sé tar éis aon mhodhnuithe ar an dréacht-bhuiséad a thairiscint, measfar go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad.

Más rud é, laistigh den tréimhse sin, go mbeidh an Tionól tar éis modhnuithe a thairiscint, cuirfear an dréacht-bhuiséad, mar aon leis na modhnuithe a tairgeadh, ar aghaidh chuig an gComhairle.

5. Tar éis don Chomhairle an dréacht-bhuiséad a phlé leis an gCoimisiún agus, más iomchuí, leis na hinstitiúidí eile lena mbaineann, glacfaidh si leis an mbuiséad, laistigh de thríocha lá ó cuireadh an dréacht-bhuiséad faoina bráid, ar na coinníollacha seo a leanas.

Mura mbíonn d'éifeacht le modhnú a thairg an Tionól méadú a thabhairt ar chaiteachas iomlán institiúide, de bhrí go háirithe go mbeadh an méadú caiteachais a ghabhfadh leis á chúiteamh go sainráite ag modhnú nó modhnuithe a tairgeadh ag déanamh a chomhoiread sin de laghdú ar chaiteachas, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, diúltú don mhodhnú a tairgeadh. Mura dtugtar cinneadh ag diúltú dó, seasfaidh an modhnú mar mhodhnú ar glacadh leis.

Má bhíonn d'éifeacht le modhnú a thairg an Tionól méadú a thabhairt ar chaiteachas iomlán institiúide, caithfidh an Chomhairle gníomhú trí thromlach cáilithe ag glacadh di leis an modhnú a tairgeadh.

Más rud é, de bhun an dara nó an tríú fomhír den mhír seo, go mbeidh an Chomhairle tar éis diúltú do mhodhnú a tairgeadh nó nach mbeidh glactha aici

leis, féadfaidh sí, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, an tsuim a thaispeántar sa dréacht-bhuiséad a choinneáil nó suim eile a shocrú.

6. Nuair a bheidh an nós imeachta dá bhforáiltear san Airteagal seo críochnaithe, dearbhóidh Uachtarán na Comhairle go bhfuil glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad.

7. Feidhmeoidh gach institiúid na cumhachtaí a thugtar di leis an Airteagal seo, agus aird chuí aici ar fhorálacha an Chonartha seo agus ar ghníomhartha lenar glacadh dá réir, go háirithe na cinn a bhaineann le hacmhainní dílse na gComhphobal féin agus leis an gcomhardú idir ioncam agus caitheachas."

*Airteagal 9.* Cuirfear na forálacha seo a leanas in ionad na míre deiridh d'Airteagal 180 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

"Tabharfaidh an Chomhairle agus an Tionól urscaoileadh don Choimisiún i leith gach buiséad a chur i ngníomh. Chun na críche sin, déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, agus an Tionól, ar a n-uain, tuarascáil an Bhoird Iniúchóireachta a scrúdú. Ní bheidh an Coimisiún urscaoilte go dtí go mbeidh an Chomhairle agus an Tionól tar éis gníomhú."

## CAIBIDIL IV. FORÁLACHA A LEASAÍONN AN CONRADH AG BUNÚ COMHAIRLE AONAIR AGUS COIMISIÚN AONAIR DE NA COMHPHOBAIL EORPACHA

*Airteagal 10.* Cuirfear na forálacha seo a leanas in ionad Airteagal 20(1) den Chonradh ag bunú Comhairle Aonair agus Coimisiún Aonair de na Comhphobail Eorpacha:

"1. Taispeánfar i mbuiséad na gComhphobal Eorpach, de réir forálacha iomchuí na gConarthaí ag bunú na dtri Chomhphobal, caiteachas riaracháin an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, agus an t-ioncam a bhaineann leis, ioncam agus caiteachas Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, agus ioncam agus caiteachas an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, cé is moite de chuid na Gníomhaireachta Soláthair agus na nGnóthas Comhpháirteach. Gabhfaidh an buiséad sin, a gcomhardófar ioncam agus caiteachas ann, ionad bhuiséad riaracháin an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, bhuiséad an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, bhuiséad Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus bhuiséad oibre agus bhuiséad taighde agus infheistíochta an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach."

## CAIBIDIL V. FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 11.* Déanfaidh na hArdpháirtithe Conarthacha daingniú ar an gConradh seo de réir a rialacha bunreachtúla faoi seach. Taiscfear na hionstraimí daingniúcháin le Rialtas Phoblacht na hIodáile.

*Airteagal 12.* Tiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí i ndiaidh taisceadh na hionstraime daingniúcháin ag an gceann is déanaí de Stáit a shínithe a dhéanfaidh an taisceadh sin.

Más rud é, áfach, nach mbeidh gach ceann de Stáit a shínithe tar éis an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 7 de Chinneadh an 21 Aibreán 1970, ar acmhainní dílse na gComhphobal féin a chur in ionad ranníocaí airgeadais ó Bhallstáit, a thabhairt

roimh an dáta sin, tiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis an fhógra deireanach a bheith tugtha.

Má thagann an Conradh seo i bhfeidhm le linn imeachtaí an bhuiséid, déanfaidh an Chomhairle, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, na bearta a leagan síos is gá chun gur fusaide an Conradh seo a chur chun feidhme ar a bhfuil fágtha d'imeachtaí an bhuiséid.

*Airteagal 13.* Tarraingíodh an Conradh seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, san Iodáilis agus san Ollainnis, agus comhúdarás ag gach ceann de na ceithre théacs; taiscfear é i gcartlann Rialtas Phoblacht na hIodáile, agus cuirfidh an Rialtas sin cóip dheimhnithe chuig Rialtas gach ceann eile de Stáit a shínithe.

DÁ FHIANÚ SIN, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe a lámh leis an gConradh seo.

ARNA DHÉANAMH i Lucsamburg an dóú lá is fiche d'Aibreán sa bhliain míle naoi gcéad seachtó.

Pour sa Majesté le Roi des Belges :
Voor Zijne Majesteit de Koning der Belgen:

PIERRE HARMEL

Für den Präsidenten der Bundesrepublik Deutschland:

WALTER SCHEEL

Pour le Président de la République française :

MAURICE SCHUMANN

Per il Presidente della Repubblica italiana:

ALDO MORO

Pour Son Altesse Royale le Grand-Duc de Luxembourg :

GASTON THORN

Voor Hare Majesteit de Koningin der Nederlanden:

H. J. DE KOSTER